
Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR

LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# Tuarascáil Bhliantúil 2023




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Co-funded by the European Union

Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# Clár na nÁbhar


Teachtaireacht ón gCathaoirleach ............ 3

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh ............ 4

Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ............ 5

Tinreamh ag Cruinnithe Boird ............ 7

An Bord ............ 11

Feidhmeanna ............ 11

Eitic ............ 12

Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna ............ 12

Cruinnithe Boird ............ 12

Dualgas na hEarnála Poiblí ............ 12

Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna ............ 13

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ............ 13

**Achoimre Airgeadais** ............ 22

Rannán na Scoileanna ............ 23

Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna ............ 42

Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2023 - Nuashonrú ar Sholáthar Seirbhíse ............ 55

**Teachtaireacht ón gCathaoirleach**



Is mór agam mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Tuarascáil Bhliantúil 2023 a chur i láthair.

Is cúis áthais dom agus mé ag breathnú siar ar 2023, go ndeachaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in oiriúint do thimpeallacht dhúshlánach arís chun na riachtanais athraitheacha a tháinig chun cinn dár Mic Léinn, dár bhFoghlaimeoirí agus don Phobal i gcoitinne a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an mBord, leis na Boird Bhainistíochta, le Comhairlí na Mac Léinn, an Príomhfheidhmeannach, an fhoireann, scoláirí agus foghlaimeoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, as ucht a gcuid dianoibre leanúnaí, agus as ucht a gcuid gairmiúlachta agus díograise agus sinn ag leanúint ar aghaidh ag obair as lámha a chéile chun muintir an réigiúin a chumhachtú le hoideachas agus le hoiliúint ar ardchaighdeán.

An Comhairleoir Kieran O'Hanlon

Cathaoirleach
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

**Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh**



Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais Luimnigh agus an Chláir 2023 a chur in bhur láthair. Is léiriú príomha ar chuntasacht phoiblí dár mBord Oideachais agus Oiliúna é foilsiú ár dtuarascála bliantúla agus ár ráitis airgeadais. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na seirbhísí a soláthraíodh agus ar an dul chun cinn a rinneadh in 2023 faoi na ceithre phríomhsprioc atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022-2026 agus faoi na gealltanais a rinne an t-údarás i bPlean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2023.

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil 2023 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla atá leagtha amach in Alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. In Alt 28 (1) luaitear:
*Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i gcaitheamh na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirfear an tuarascáil faoina bhráid, agus déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis an tuarascáil a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.*

Chuir an t-údarás Aiseolas maidir le Monatóireacht agus Meastóireacht isteach mar chuid d'Aguisín 1 den Tuarascáil Bhliantúil seo agus achoimre ann maidir leis an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2023 i ndáil leis na gealltanais a leagadh amach i bPlean Seirbhíse BOO 2023 a chomhlíonadh.

Is léiriú í an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2023 ar bhliain eile inar tháinig deiseanna agus dúshláin shóisialta, eacnamaíocha, agus chultúrtha nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe chun cinn. Is léiriú í ar thosaíochtaí náisiúnta chomh maith, arna leagan amach ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. D'éirigh leis an eagraíocht a cuid gealltanas mar a leagadh amach i bPlean Seirbhíse 2023 a chomhlíonadh mar sin féin, mar thoradh ar chur chuige comhoibritheach, ar chomhoibriú, ar sholúbthacht agus ar ghairmiúlacht na foirne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le gach ball de Bhord BOO, de na Boird Bhainistíochta agus de na fochoistí, chomh maith leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta as ucht a gcuid díograise leanúnaí le 12 mhí anuas.

George O'Callaghan
Príomhfheidhmeannach
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

**Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as a chuid feidhmeanna a stiúradh agus a rialú mar is cuí i limistéir údaráis áitiúil Luimnigh agus an Chláir.

Cloíonn BOO leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Imlitir 0002/2019 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is é cuspóir an chóid ná a chinntiú go gcuireann an BOO prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

**Feidhmeanna Bhord BOO**

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) d'Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus in Imlitir 0002/2019 - Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, agus tá sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin atá le cur i gcrích ag an bPríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil Alt 51 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 á chomhlíonadh ag na Ráitis Airgeadais. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird.

Nuair a bhíonn na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:
(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

D'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas i rith 2023;

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Freastal údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha
- Fáil, sealbhú agus diúscairt ceadaithe talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cinntíodh gur coimeádadh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

**Cruinnithe Boird:**

| Ainm | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|
| An Comhairleoir Kieran O'Hanlon **(Cathaoirleach)** | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir Clare Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Michael Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Michael Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Elaina Fitzgerald, Uasal | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Liam Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUasal Michael Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| Kate Hehir, Uasal | Ionadaí Foirne |
| Sheila Hickey, Uasal | Ionadaí Tuismitheora |
| An Comhairleoir Gabriel Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Comhairleoir Sarah Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir Joe Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Sean McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Paul Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Comhairleoir Ann Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Mark O'Dea | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUasal Dónal Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| Marian Petty, Uasal | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Elena Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir John Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir Brigid Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird**

Tháinig na comhaltaí Boird le chéile seacht n-uaire i rith na bliana, agus tá sonraí tinrimh leagtha amach sa tábla seo thíos:

| | 17/01 | 28/02 | 28/03 | 18/04 | 23/05 | 19/09 | 21/11 | Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *An Comhairleoir Kieran O'Hanlon,* ***(Cathaoirleach)*** | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7 |
| *An Comhairleoir Clare Colleran Molloy* | X | X | √ | √ | √ | √ | √ | 5 |
| *An tUasal Michael Cregan* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X | 6 |
| *An Comhairleoir Michael Donegan* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7 |
| *Elaina Fitzgerald, Uasal* | X | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6 |
| *An Comhairleoir Liam Galvin* | √ | X | √ | X | X | X | √ | 3 |
| *An tUasal Michael Guilfoyle* | √ | X | √ | √ | √ | √ | X | 5 |
| *Catherine Hehir, Uasal* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7 |
| *Sheila Hickey, Uasal* | √ | X | X | X | X | X | √ | 2 |
| *An Comhairleoir Gabriel Keating* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7 |
| *An Comhairleoir Sarah Kiely* | X | √ | √ | X | √ | X | √ | 4 |
| *An Comhairleoir Joe Killeen* | √ | √ | √ | X | √ | X | √ | 5 |
| *An tUasal Sean McMahon* | X | √ | √ | X | X | √ | √ | 4 |
| *An Comhairleoir Paul Murphy* | X | √ | √ | √ | X | X | √ | 4 |
| *An Comhairleoir Ann Norton* | √ | X | √ | √ | X | √ | √ | 5 |
| *An tUasal Mark O'Dea* | √ | √ | X | √ | X | X | √ | 4 |
| *An tUasal Donal Ó hAiniféin** | √ | √ | √ | √ | √ | N/B | N/B | 5 |
| *Marian Petty, Uasal* | X | √ | √ | X | X | X | √ | 3 |
| *An Comhairleoir Elena Secas* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7 |
| *An Comhairleoir John Sheahan* | √ | √ | X | √ | X | √ | X | 4 |
| *An Comhairleoir Brigid Teefy* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7 |

*D'éirigh an tUasal Ó hAiniféin as an mBord ar an 31 Lúnasa 2023, toisc nach raibh sé incháilithe a thuilleadh.

**Costais Chomhaltaí an Bhoird agus Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu**

Íoctar costais le Comhaltaí Boird as taisteal chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Is féidir an t-eolas seo a fheiceáil sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla de chuid BOO.

**An Coiste Airgeadais 2023**

Comhlíonann Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais BOO trí athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh don Bhord maidir leis an dréachtphlean seirbhíse; cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Plean Seirbhíse á chur i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach, faoi mar a ghlac an Bord leis, agus laistigh de na teorainneacha caiteachais atá leagtha síos ag an Aire; agus cibé ar cheart nó nár cheart don Bhord glacadh leis na cuntais arna gcur i láthair ag an bPríomhfheidhmeannach.

**Ballraíocht an Choiste Airgeadais**

**Seachtrach** **Inmheánach**

An tUasal Sean Conlon, **(Cathaoirleach)**
Sadie Ahern, Uasal
An tUasal Eugene O'Brien
An Comhairleoir John Sheahan
An Comhairleoir Joe Killeen
Elaina Fitzgerald, Uasal

**Cruinnithe an Choiste Airgeadais ar Freastalaíodh Orthu in 2023**

| | An Chéad Chruinniú | An Dara Cruinniú | An Tríú Cruinniú | An Ceathrú Cruinniú | Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta:** | 27/02/2023 | 27/03/2023 | 18/05/2023 | 01/12/2023 | |
| **An tUasal Sean Conlon, Cathaoirleach** | √ | √ | √ | √ | 4 |
| **Sadie Ahern, Uasal** | √ | √ | X | √ | 3 |
| **An tUasal Eugene O'Brien** | √ | √ | √ | √ | 4 |
| **An Comhairleoir John Sheahan** | X | X | √ | √ | 2 |
| **An Comhairleoir Joe Killeen** | √ | √ | √ | X | 3 |
| **Elaina Fitzgerald, Uasal** | √ | √ | √ | √ | 4 |

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**
Comhlíonann Coiste Iniúchta agus Riosca BOO ról tábhachtach i gcreat rialachais BOO trí chabhrú leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach, a chuimsíonn rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamhairgeadais arna gcur i bhfeidhm ag an mbainistíocht feidhmiúcháin. Ní thugann an Coiste faoi fhreagrachtaí bainistíochta agus níl an Coiste ag feidhmiú in ionad rialuithe agus cuntasachtaí bainistíochta eintiteas.

**Coiste Iniúchta agus Riosca an BOO**

**Seachtrach**
An tUasal Donal Fitzgibbon, **(Cathaoirleach)**
An tUasal Fergus Dunne
An Comhairleoir Mary Howard
An tUasal Declan Phillips
An tUasal Matt Power

**Inmheánach**
An Comhairleoir Gabriel Keating
An Comhairleoir Sarah Kiely
An tUasal Sean McMahon

**Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca ar Freastalaíodh Orthu in 2023**

| | An Chéad Chruinniú | An Dara Cruinniú | An Tríú Cruinniú | An Ceathrú Cruinniú | An Cúigiú Cruinniú | Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta:** | 23/02/2023 | 23/03/2023 | 18/05/2023 | 20/10/2023 | 01/12/2023 | |
| **An tUasal Donal Fitzgibbon Cathaoirleach** | √ | √ | √ | √ | √ | 5 |
| **An tUasal Fergus Dunne** | √ | √ | X | X | √ | 3 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Comhairleoir Mary Howard** | X | √ | √ | √ | X | 3 |
| **An Comhairleoir Gabriel Keating** | √ | √ | √ | √ | X | 4 |
| **An tUasal Declan Phillips** | √ | √ | X | √ | X | 3 |
| **An tUasal Matt Power** | √ | X | √ | √ | √ | 4 |
| **An Comhairleoir John Sheahan** | X | X | X | X | √ | 1 |

**Bainistíocht Riosca**

Leanann an Bord ar aghaidh le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2023. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnamh don Bhord a fheidhm bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchta Inmheánach (AII) agus ar a chuid tuarascálacha chomh maith, ar iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) agus ar Iniúchadh seachtrach ar bith amhail iniúchadh CSTE agus iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Lena chois sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear leis an mbreithniú:

- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann bhainistíochta shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa Ráiteas um Rialú Inmheánach (RRI) mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach.

**Córas um Rialú Inmheánach**

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtúlacht an chórais um Rialú Inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 rud a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón uair a fhaightear é ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire

**Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair**

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus go bhfuil an Plean Soláthair Corparáideach á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm acu.

**Cáin**

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

**Ráitis Airgeadais 2023**
Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchadh Oifig ACC tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh BOO na ráitis airgeadais iniúchta chomh luath agus ab fhéidir tar éis do ACC iad a shíniú.

**Tá sonraí airgeadais i ndáil leis an ábhar seo a leanas san áireamh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil**

- Sonraí faoi tháillí neamhthuarastail a íocadh i leith Comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí
- Sonraí comhiomlána cúitimh na príomhbhainistíochta a ndearnadh anailís orthu de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh iomlán bainistíochta;
  - Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha
  - Sochair iarfhostaíochta
  - Sochair foirceanta
- Cúiteamh na príomhfhoirne bainistíochta más ann dó
- Sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe cothrom le idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 agus níos airde, agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

An Comhairleoir Kieran O' Hanlon


Kieran O'Hanlon

Cathaoirleach
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

**An Bord**

**Feidhmeanna**

Seo a leanas Feidhmeanna an Bhoird, mar a leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013:




a) a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,

b) nuair a ordóidh an tAire dó amhlaidh a dhéanamh faoi *alt 20*:
   i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
   ii. lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
   iii. lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
   iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,

c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis sin a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus an soláthar sin a athbhreithniú ina limistéar feidhme:
   i. scoileanna aitheanta nó lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
   ii. saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
   iii. scoileanna coinneála leanaí,
   iv. príosúin, agus
   v. saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,

d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, i gcomhréir le halt 22,
e) scoláireachtaí a bhunú de réir *alt 24*,
f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir *alt 27*,
g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir *alt 47*,
h) comhoibriú le duine ar bith a ainmnítear chun na feidhmeanna iniúchta inmheánacha a chur i gcrích de réir *alt 52*,
i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon duine, agus thar ceann aon duine, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
j) tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh a bhfuil a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ag leibhéal feidhmiúcháin nó forchoimeádta. Is é an Príomhfheidhmeannach a chuireann feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích agus is é an Bord a chuireann feidhmeanna forchoimeádta i gcrích. Tá feidhmeanna forchoimeádta leagtha amach in Alt 12 (2) d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Bunaíodh BOO ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ceanglaítear le hAlt 51 den Acht sin ar BOO cuntais a choinneáil mar is cuí agus mar is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nuair a bhíonn na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil Alt 51 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 á chomhlíonadh ag na Ráitis Airgeadais. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird.

**Eitic**

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**

Ní mór do gach comhalta de Bhord BOO forálacha ábhartha Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 a chomhlíonadh. Foráiltear in Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 do nochtadh leasanna inchláraithe ag sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice. Ceanglaítear ar chomhaltaí boird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna bliantúil a sholáthar maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chomhlíonadh feidhmeanna.

Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 44. (1) Faoi réir alt 45, féadfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna coistí a bhunú—

a) chun feidhm amháin nó níos mó dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, is feidhm nó feidhmeanna a d'fhéadfadh, ina thuairim, coiste a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr nó níos caoithiúla, nó
b) chun comhairle a thabhairt dó i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna aige, agus féadfaidh sé téarmaí tagartha aon choiste den sórt sin a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

Beidh 12 comhaltaí ar a mhéad ar choiste arna bhunú faoi fho-alt (1) agus, faoi réir fho-alt (9) agus fho-alt (12)(c), féadfaidh sé a bheith comhdhéanta go páirteach de chomhaltaí nach comhaltaí den bhord oideachais agus oiliúna lena mbaineann.

**Cruinnithe Boird**

- Sceideal 3: Mír 2 (1) d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 - Faoi réir fhorálacha na míre seo agus alt 31 - tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe, ag cibé tráthanna, agus i cibé áiteanna is cuí leis.
- Sceideal 3: Mír 2 (2) Tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad gach 2 mhí seachas míonna Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
- Sceideal 3: Mír 2 (3) Tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Scríobhtar miontuairiscí agus bíonn siad á gcur i bhfeidhm mar thaca le cruinnithe BOO. Déantar taifead ar thinreamh na mball ag cruinnithe BOO agus déantar tuairisciú ar a gcuid costais sa tuarascáil seo.

**Dualgas na hEarnála Poiblí**

Leagtar amach in Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 an Dualgas Dearfach a cheanglaítear ar Chomhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear an BOO. Tá aird ag an údarás, le linn dó a fheidhm a chomhlíonadh, ar na nithe seo a leanas:

- Deireadh a chur le hidirdhealú
- Tacú le comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a fhoirne agus na ndaoine a bhfuil seirbhísí á soláthar aige dóibh

- Cearta an duine a chuid ball, foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

**Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna**
**Imlitir Uimh. 0002/2019**
Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 an phríomhreachtaíocht lena rialaítear Boird oideachais agus Oiliúna, agus ní mór cloí leis an reachtaíocht seo i gcónaí. Ba cheart glacadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Imlitir Uimh. 0002/2019, ina sonraítear treoirlínte maidir le cásanna áirithe, mar thacar caighdeán do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh comhaltaí agus baill foirne go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí maidir leis an BOO á rialú i gcónaí ag na caighdeáin seo, de réir litir agus spiorad na gcaighdeán seo. Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- ba cheart an Cód a léamh in éineacht leis na forálacha reachtacha lena rialaítear earnáil an BOO agus an Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Leanann na forálacha reachtacha atá ann cheana maidir le hábhair is ábhar don Chód seo freisin d'fheidhm a bheith acu agus chun amhras a sheachaint, i gcás aon choinbhleachta nó neamhréireachta, tá forlámhas ag na forálacha reachtacha;
- féadfaidh an tAire Oideachais na forálacha atá sa Chód a leasú ó am go ham;
- féadfaidh an tAire Oideachais nó an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imlitreacha agus/nó nótaí treorach a eisiúint, ó am go ham, maidir leis an gCód nó nithe gaolmhara;

Soláthraíonn an Cód Cleachtais creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le rialachas corparáideach i mboird oideachais agus oiliúna. Deimhníonn BOO gur glacadh le Cód Cleachtais 2019 um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna a eisíodh in 2019 agus go gcomhlíonann sé ceanglais cothrom le dáta an Chóid maidir lena chleachtais agus lena nósanna imeachta rialachais.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir á threorú ag na prionsabail atá leagtha amach i ndoiciméad an Chóid Cleachtais chun an fhreagracht a chomhlíonadh lena chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí go léir ag teacht leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde.

**Dréachtráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB)**
Ráitis Airgeadais 2023 - Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchadh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh an BOO seo na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón uair a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, rud a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón uair a fhaightear é ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.

**Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta**




Laistigh de BOO, déanann Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maoirseacht ar bhainistiú acmhainní BOO sna ranna seo a leanas - Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, TFC, Caipiteal agus Soláthar.

Is é ról atá ag Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ná bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh riaracháin eagraíochtúla agus straitéiseacha (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha) a chur i bhfeidhm. Cuireann na tionscnaimh seo le cumas BOO na ceithre sprioc atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach agus dea-chleachtas a chinntiú i ndáil le rialachas corparáideach an údaráis. Déantar é seo i gcomhar le Stiúrthóirí rannóga Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna an BOO.




Agus Forbairt agus Tacaíochta Eagraíochta ag obair ar fud na 4 phríomhsprioc, tá sé mar aidhm aici cur le fiúntas BOO. Déantar seo trí fheabhas a chur ar bheartais stuama agus ciallmhara agus ar chórais agus ar phróisis rannpháirtíochta, lena gcinntítear go bhfuil BOO ag cloí leis an reachtaíocht, go meallann sé agus go gcoinníonn sé foireann ar ardchaighdeán, go léiríonn sé barr feabhais i gcúrsaí rialachais agus go dtugann sé tacaíocht don eagraíocht chun fís an údaráis, mar a shainítear sa Ráiteas Straitéise, a bhaint amach.

Is mar thoradh ar iarracht dhíograiseach na foirne atá ag éirí le BOO. Tá fianaise ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht oibre atá tacúil, sábháilte agus sláintiúil le fáil i *Sprioc Thosaíochta 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta*. Is próiseas athraitheach é dearadh eagraíochtúil agus beidh tionchar ag roinnt tionscadal náisiúnta air, lena n-áirítear an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla agus Airgeadais. Lean BOO ar aghaidh ag forbairt agus ag tabhairt beartais agus nósanna imeachta cuí cothrom le dáta le linn 2023 chun a chinntiú go ndéanfar an reachtaíocht ábhartha, dea-chleachtas, seirbhís do chustaiméirí agus rialachas corparáideach a chomhlíonadh.

**Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide**

Rinneadh dul chun cinn maith chomh fada is a bhain le clár feabhsuithe beartaithe le linn 2023, lena n-áirítear béim ar leith a leagan ar réitigh ríomhghnó a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis atá bunaithe cheana féin. Lean ról TFC ag forbairt i ngach réimse de sheirbhísí an BOO le linn 2023. Tá fás suntasach tagtha ar an tábhacht a bhaineann le TFC in obair na heagraíochta agus tá a réimse seirbhísí agus tacaíochtaí d'oifigí riaracháin agus do scoileanna/campais ag forbairt i gcónaí. Tá na nithe seo a leanas i measc na seirbhísí agus tacaíochtaí d'oifigí, do scoileanna agus do champais a chuireann TFC ar fáil:

- Bainistíocht Tionscadail le haghaidh córas nua, nuashonruithe san áireamh
- Forbairt agus bainistíocht bonneagair
- Sainaithint córas bogearraí agus uasghráduithe oiriúnacha
- Forbairt agus cothabháil córas cumarsáide
- Comhordú agus Bainistiú Tacaíocht Theicniúil agus Deasc Chabhrach
- Bainistiú Conraitheoirí
- Seirbhís chomhairleach don fheidhm soláthair
- Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste
- Bainistiú, Cosaint agus Slándáil Sonraí
- Rialachas agus Comhlíonadh TFC
- Traenáil agus Comhroinnt Eolais

- Pleanáil Straitéiseach agus Nuálaíocht

Is í an Rannóg TFC a dhéanann forbairt agus cothabháil ar chórais chumarsáide BOO agus é mar aidhm acu cosaint agus slándáil sonraí a chinntiú ar fud chórais BOO. Leanfaidh an roinn TFC ar aghaidh ag cabhrú leis an soláthar TFC ar fad agus ag cur comhairle ar fáil maidir leis lena chinntiú go gcuirfear Pleananna Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste i gcrích agus go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Tá infheistíocht agus forbairt déanta ag BOO ar chórais chianrochtana a thacaíonn le bealaí oibre nua agus a éascaíonn a leithéid. Tá formhór na seirbhísí a theastaíonn ón bhfoireann ar fáil anois ó áit ar bith trí thairseach. Ciallaíonn forbairtí i néalseirbhísí, agus go príomha rolladh amach Microsoft Office 365 agus uirlisí táirgiúlachta eile, nach bhfuil an BOO ag brath go hiomlán ar a oifigí agus ar a fhoirgnimh chun gnó laethúil a dhéanamh. Moltar Córas um Bainistiú Slándála Faisnéise (CBSF) a chur i bhfeidhm chomh maith.

Chuir an Rannóg TF na bearta seo a leanas i bhfeidhm mar fhreagairt ar an mbagairt a bhaineann le cibearshlándáil:

- Ní bhíonn Cearta Riarthóra ar fáil ar mheaisíní aonair
- Oiliúint leanúnach - Oiliúint Fioscaireachta/ Cúrsa Athnuachana RGCS don fhoireann
- Seisiúin oiliúna feasachta cibearshlándála
- Srianta Geobhlocála Prótacail Idirlín (IP) i bhfeidhm
- Athshocraithe Rialta Pasfhocail i bhfeidhm
- Tairseach Shlán do chianlogáil isteach ar líonra BOO. Ní féidir é seo a dhéanamh ach ar ghléas de chuid an líonra.
- Fíordheimhniú Ilmhodhanna i bhfeidhm
- Cleachtadh fioscaireachta don fhoireann chun tuairim a fháil ar a bhfreagairtí dá ndéanfaí iarracht fioscaireachta orthu “san fhíorshaol”.
- D’fhreastail an fhoireann ar Chomhdháil Chibearshlándála BOOÉ
- Aonrú gléasanna i gcás haiceála
- Plean Athshlánaithe ó Thubaiste i bhfeidhm i gcás ionsaithe
- Rialuithe i bhfeidhm maidir le córais Ghutháin/Fóin
- Árachas Cibearshlándála i bhfeidhm
- Déanann an Ceannasaí TFC ionadaíocht don Earnáil BOO ar an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta um Chibearshlándáil
- Tá machnamh á dhéanamh ag BOO maidir le Lárionad Oibríochtaí Slándála (LOS) agus tairseach do Bhainistiú Imeachtaí agus Teagmhais Slándála (BITS) a chur i bhfeidhm.

**Dlí agus Comhlíonadh**
Léirigh anailís ar bhearnaí a rinneadh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna go bhfuil leibhéal ard comhlíonta faoi ImlitirUimhir 0002/2019. Tá comhlíonadh á léiriú freisin trí athbhreithniú rialta agus obair leantach a dhéanamh ar thorthaí iniúchta.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar oibleagáidí BOO faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus cuireadh gníomhartha i bhfeidhm chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

**Cosaint Sonraí**
Bailíonn, coimeádann agus próiseálann BOO méid mór sonraí maidir le réimse leathan ábhar sonraí sa chaoi is go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí ar fad a bhaineann leo faoi réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018. Tá an BOO tiomanta do bheartas chun cearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe ag an údarás a fheidhmíonn mar phointe teagmhála do gach ceist maidir le príobháideachas sonraí agus tá Beartas Cosanta Sonraí forbartha acu chun cur le Beartas Príobháideachais an údaráis. Tá an BOO ag leanúint ar aghaidh le baill foirne a uasoiliúint sna ceanglais faoin RGSC agus tá cúrsaí oiliúna le cur i gcrích ag gach ball foirne nua mar chuid de phróiseas ionduchtúcháin. Cuirtear oiliúint athnuachana ar fáil ar bhonn rialta chomh maith. Fuair an BOO 18 nIarratas Rochtana Sonraí le linn 2023.

**Saoráil Faisnéise**
Ceanglaítear le hAlt 8 d'Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ar chomhlachtaí Saorála Faisnéise (SF) an oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh de SF, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus 11(3) den Acht. Ceadaíonn sé seo taifid a fhoilsiú nó a rochtain thabhairt orthu lasmuigh de SF, ar choinníoll nach bhfuil cosc ar a leithéid a fhoilsiú nó rochtain a thabhairt orthu de réir dlí. Ceanglaítear ar chomhlachtaí SF faoin scéim faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ngnáthghníomhaíochtaí gnó de réir na scéime seo. Foilsíodh Scéim Foilseachán SF BOO ar an láithreán gréasáin agus tá Oifigeach Saorála Faisnéise ainmnithe acu. Fuair an BOO 8 nIarratas Saorála Faisnéise le linn 2023.

Tháinig na hiarratais seo ó iriseoirí, ó ghrúpaí leasmhara agus ón bhfoireann. Ceadaíodh 1 iarratas amháin, ceadaíodh 1 iarratas eile go páirteach, tarraingíodh 1 iarratas amháin siar, tógadh 1 iarratas eile isteach go 2024 agus diúltaíodh do 4 iarratas.

**Nochtaí Cosanta**
De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, tá oifigeach ainmnithe ag BOO chun glacadh le nochtaí cosanta agus tá Beartas i bhfeidhm acu maidir le Nochtaí Cosanta á Dhéanamh. Tá an beartas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin an BOO. I gcomhar leis an reachtaíocht, spreagfaidh an beartas seo baill foirne chun éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú agus fios acu go nglacfar go dáiríre leis na hábhair atá ag déanamh imní dóibh agus go bhfiosrófar iad, mar is cuí, agus go n-urramófar a rúndacht. De réir mar a éilítear faoi Chuid 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, deimhníonn BOO nach ndearnadh Nochtadh Cosanta ar bith in 2023.

**Bainistíocht Riosca**
Tá Beartas Corparáideach Bainistíochta Riosca i bhfeidhm, bunaithe ar phlean gnó, agus soláthraíonn BOO clár riosca ina léirítear na rioscaí a aithnítear.

Is doiciméad beo é an Clár Riosca a nuashonraítear de réir mar a shainaithnítear rioscaí nua, nó leasaítear dóchúlacht/déine riosca mar gheall ar rialuithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun an riosca a laghdú/a bhaint.

Leanann an Bord ar aghaidh le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2023. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnamh don Bhord a fheidhm bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil ACC agus ar aon Iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh CSTE agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Thairis seo, rinneadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmhéanaigh in 2023 - déantar an t-athbhreithniú seo ar bhonn bliantúil. Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú bainistíochta agus áirítear na nithe seo a leanas leis an ábhar, i measc nithe eile:

- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann ardbhainistíochta, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann ardbhainistíochta lena n-áirítear Oifigeach Comhlíonta BOO
- Clár Iniúchta

Thug Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2023 chun tacú le bainistiú riosca fiontraíochta agus chun dea-rialachas a léiriú. Is é an fhianaise atá mar bhonn leis an obair seo ná an reachtaíocht a bhaineann le BOO agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna (Imlitir Uimhir 0002/2019). Cuireadh na haschuir seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

- Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú ar an gClár Riosca Chorparáidigh
- Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú ar an gClár Riosca Breisoideachais agus Oiliúna
- Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú ar an gClár Riosca Scoileanna
- Ailíniú lenár Ráiteas Straitéise agus PTFanna ábhartha sannta do gach riosca ar scarbhileog

Cuireadh na príomhrioscaí a sainaithníodh faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus bhí obair leanúnach ar siúl chun na rioscaí a sainaithníodh a bhainistiú, riosca a laghdú agus réimsí riosca nua a shainaithint. Díríodh ar na príomhrioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar an BOO an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm, agus ar na bearta rialaithe gaolmhara a bhí le cur i bhfeidhm a chomhlíonadh chun tionchar na rioscaí sin a mhaolú. Chuir Stiúrthóir TFE (Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta) eolas cothrom le dáta i láthair ag gach cruinniú Iniúchta agus Riosca agus ag gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais. Cuireadh an ráiteas inghlacthachta riosca faoi bhráid an Choiste Airgeadais in 2023.

Cuirtear na rioscaí a shainaithnítear san áireamh sa Chlár Riosca agus déantar iad a chatagóiriú mar seo a leanas:

- Rioscaí Comhlíonta
- Rioscaí Conarthacha
- Rioscaí Airgeadais
- Rioscaí Oibríochtúla
- Rioscaí a bhaineann le Cáil agus Straitéis.

Ansin déantar na rioscaí sin a rátáil i dtéarmaí dóchúlachta agus tionchair, agus rangaítear iad dá réir mar rioscaí Dearga, Ómra nó Glasa. A luaithe agus a ndéantar na rioscaí a shainaithint agus a thaifeadadh ar an gclár riosca, déanann an Bhainistíocht breithniú orthu de réir na dtréimhsí seo a leanas: Dearg - gach ráithe, Ómra - sé mhí, Glas - gach bliain. Deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an BOO agus tá sonraí faoi na rioscaí aitheanta seo, lena n-áirítear bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara, curtha faoi bhráid an Aire Oideachais mar Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Deimhníonn Cathaoirleacht BOO go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí. Deimhníonn Bord BOO gur glacadh le Cód Cleachtais 2019 um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna a eisíodh in 2019 agus go bhfuil BOO ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le cur chun feidhme ceanglas cothrom le dáta an Chóid i gcleachtais agus i nósanna imeachta rialachais ar fud na heagraíochta. Tá eolas maidir le réimsí neamh-chomhlíonta le fáil sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

**Saincheisteanna Árachais agus Dlí**

Lean an roinn Seirbhísí Corparáideacha ag tabhairt tacaíochta do gach ball foirne ar fud na heagraíochta agus ag cur comhairle orthu in 2023 maidir le saincheisteanna dlí a thagann chun cinn, éilimh fhéideartha agus éilimh a bhaineann le díobhálacha pearsanta.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Tá sé mar aidhm ag an BOO le rialú rioscaí agus le beartas leanúnach laghdaithe riosca, a chinntiú go seachnaítear timpistí/teagmhais nó neastimpistí. Ar an gcaoi seo, déantar sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí agus na gconraitheoirí a bhfuil cúis acu dul isteach in aon cheann d'fhoirgnimh an údaráis a chosaint. Tá roinnt cúrsaí oiliúna curtha i bhfeidhm ag an BOO trí Inneall Príobháideachais d'fhonn a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh. De réir anailíse ar riachtanais oiliúna, tacaíonn an BOO le hoiliúint sláinte agus sábháilteachta a sholáthar dóibh siúd a aithníodh mar chuid den phróiseas. Aithníodh an gá le saineolas inmheánach agus cuireadh uas-scilliú ar fáil do roinnt baill foirne chun traenálaithe a dhéanamh dóibh le linn 2023. Úsáidtear córais ar líne freisin chun fógra a thabhairt don BOO faoi athruithe sa reachtaíocht a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht. Dhéileáil BOO le 10 dtimpiste a bhí intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2023.

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla**

Bíonnan BOO á threorú ag prionsabail de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus tá siad tiomanta chun na hoibleagáidí a eascraíonn ó na hAchtanna sin a chur i bhfeidhm. Rinne roinnt baill foirne uas-scilliú sa Ghaeilge agus iad ag baint leas as Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil ag leibhéal 2. Deimhníonn an BOO nár tháinig saincheist ar bith i ndáil leis an Acht chun cinn in 2023.

**Acmhainní Daonna**

Chuir Rannóg Acmhainní Daonna an BOO an réimse iomlán seirbhísí, feidhmeanna agus tacaíochtaí AD ar fáil don bhainistíocht agus don fhoireann go léir ar fud na heagraíochta. In 2023, rinne AD bainistiú ar an bpróiseas earcaíochta agus roghnaithe lena bhfuarthas 2,860 iarratas. Rinneadh 304 ceapachán mar thoradh ar an bpróiseas sin, rud a chinntigh go mbeidh soláthar leanúnach ann sna réimsí éagsúla foirne chun freastal ar riachtanais na scoláirí agus na bhfoghlaimeoirí inár gcuid Scoileanna agus Ionad BrOO go léir.

Anuas air an méid a luadh anseo thuas, cheap iar-bhunscoileanna de chuid an údaráis daoine do 52 Post Ceannaireachta agus Bainistíochta in 2023. Bhainistigh an Roinn AD an próiseas earcaíochta inmheánach seo, a bhí mar bhonn le treisiú na foirne Ceannaireachta agus Bainistíochta laistigh de scoileanna BOO, agus leagadh béim ar na caighdeáin is airde a bhaint amach sna torthaí oideachais do mhic léinn chun timpeallacht a chothú a thacóidh le hardchaighdeán i gcúram, i bhfoghlaim agus i dteagasc mac léinn**.**

Ba í an fhoireann Acmhainní Daonna a bhainistigh cur i bhfeidhm na modúl ionduchtaithe ar líne don fhoireann nuacheaptha go léir in 2023.

**Caipiteal agus Soláthar**
Lean BOO ar aghaidh ag déanamh infheistíochta i mbonneagar oideachais ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2023. Le linn 2023, ghlac baill foirne ón roinn Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, agus chuir baill foirne oiliúint ar fáil freisin d'Fhoirne Bainistíochta Sinsearacha Breisoideachais agus Oiliúna (BrOO) agus scoileanna, agus d'fhoireann riaracháin scoile agus ionaid maidir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair agus Plean Soláthair Ilbhliantúil an BOO (PSI).

Dearbhaíonn an Cathaoirleach go gcloítear leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

Lean an roinn Caipitil agus Soláthair agus an roinn Airgeadais ag obair i ndlúthpháirt lena chéile in 2023. Thuairiscigh an tOifigeach Caipitil agus Soláthair do na Coistí Iniúchta agus Airgeadais araon maidir leis an gClár Caipitil agus maidir leis an bhFeidhm Soláthair le linn 2023, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le tuarascálacha maidir le gach tairiscint os cionn €100,000 a chur i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais.

**Straitéis Airgeadais**
Is é cuspóir na roinne Airgeadais tacú leis an mBord na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse bliantúil a chomhlíonadh laistigh den bhuiséad. San áireamh i dtacaíocht airgeadais tá tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach airgid phoiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht reachtúil, agus a chinntiú go bhfuil oibleagáidí an BOO faoin dlí cánach arna chomhlíonadh aige. Deimhníonn Cathaoireach an Bhoird gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

**Cuntasacht Reachtúil**
Dearbhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé go dtugtar léargas cuí ar ioncam agus ar chaiteachas an údaráis agus ar staid chúrsaí an údaráis sna ráitis airgeadais.

**Foinsí Maoinithe**
Tá miondealú mionsonraithe ar fhoinsí maoinithe le fáil inár Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB).

**Ráitis Airgeadais 2023**
Is é BOO atá freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé, bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil do BOO, go dtugtar léargas cuí ar ioncam agus caiteachas an údaráis agus ar staid chúrsaí an údaráis sna ráitis airgeadais.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOO don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC).

Tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) an t-iniúchadh a shíniú, foilseoidh ann BOO na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí ón uair a fhaightear ar ais ón ARCC.

**Fuinneamh agus Gníomhú ar son na hAeráide**


- **Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa**

Laghdaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir méid iomlán na n-astaíochtaí CO2 ón mbonnlíne 3,808,758 (kgCO2) mar a bhí ann in 2016 chuig 2,882,589 (kgCO2) in 2023. Is laghdú 926,169 (kgCO2) é seo san iomlán. Má tá an BOO le spriocanna 2030 a bhaint amach, ní mór laghdú 1,633,426 (kgCO2) eile CO2 a dhéanamh faoi 2030.

**Sainordú Gníomhaithe Aeráide na hEarnála Poiblí a Chur i bhFeidhm**

**Ár Spriocanna**-

- ✓ Tháinig laghdú 926,169 (kgCO2) ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa in 2023.
- ✓ Tá feabhas 100% tar éis teacht ar éifeachtúlacht fuinnimh ó bhonnlíne 2016 i leith.
- ✓ D'eisigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2023.




**Ár bhFoireann-**

- ✓ Is í an Rannóg Chaipitil agus Soláthair atá freagrach as Straitéis Aeráide agus Fuinnimh BOO a chur i bhfeidhm.
- ✓ Bunaíodh Foirne Glasa agus cuireadh acmhainní ar fáil dóibh i bpríomhlimistéir chun éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht a spreagadh.
- ✓ D'ainmnigh an BOO Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta ar ball den Fhoireann Ardbhainistíochta iad.
- ✓ Tá an fhoireann á clárú le haghaidh cúrsaí oiliúna i ngníomhú ar son na haeráide agus in inbhuanaitheacht.
- ✓ Is ball é an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh de Ghrúpa Oibre BOOÉ ar son Gníomhaíochta Aeráide agus Inbhuanaithe.

**Ár Modh Oibre**

- ✓ In 2023, rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tuairisciú i ndáil le hídiú fuinnimh ar fud na heagraíochta ar chóras monatóireachta agus tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).
- ✓ Faoi réir I.R.426, tá sonraí Iniúchtaí Fuinnimh agus Teastais Taispeána Fuinnimh ag an BOO d'fhoirgnimh in 2023.
- ✓ In 2023, tógadh critéir Soláthair Phoiblí Ghlais san áireamh mar chuid de chomórtais soláthair.
- ✓ Lean BOO ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar mhodhanna tógála agus ar phleananna bainistithe acmhainní agus dramhaíola do thionscnaimh a dtabharfar fúthu amach anseo.
- ✓ Leanadh ar aghaidh le digitiú a thabhairt isteach in 2023 chun éifeachtúlacht a uasmhéadú ó thaobh modhanna oibre agus laghdú fuinnimh de, lena n-áirítear socruithe cianoibre.
- ✓ Déantar bailiú dramhaíola a scagadh in ionaid BOO agus a rangú sna catagóirí seo a leanas; dramhaíl ghinearálta, athchúrsáil agus dramhaíl orgánach.

**Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí-**

- ✓ In 2023, rinne BOO athbhreithniú ar roghanna soláthair chun pointí luchtaithe Feithiclí Leictreacha (FL) a fheistiú in oifigí, scoileanna agus campais BrOO de chuid BOO, i gcomhréir le scéim phíolótach Bainistíochta Fuinnimh.
- ✓ Spreagtar soghluaisteacht chomhroinnte ar fud BOO agus bronnadh gradam cré-umha Taisteal Níos Cliste ar Champas BrOO i Sráid Mulgrave in 2023.
- ✓ Taispeántar Teastais Taispeána Fuinnimh i bhfoirgnimh an BOO.
- ✓ In 2023, d'éirigh an BOO as breoslaí iontaise a úsáid sna córais teasa i dtionscnaimh chaipitil nua agus mhóra.
- ✓ Rinne an BOO teagmháil leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus le SOLAS in 2023 mar chuid de chlár Pathfinder BrOO.
- ✓ Chuir an BOO Plean Soláthair Foirgnimh le chéile.
- ✓ Ní mór gach feithicil atá á cheannach a bhreithniú ó thaobh cás gnó de agus caithfear breathnú ar roghanna astaíochtaí nialasacha ar an gcéad ásc.

**Gníomhaíochtaí ar son na hInbhuanaitheachta-**

- ✓ Bunaíodh Grúpa Stiúrtha ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta agus tá baill foirne ón bhFoireann Ardbhainistíochta i measc chomhaltaí an ghrúpa.
- ✓ Ghlac an fhoireann páirt sa Chlár Luathaithe um Dhaoine a Spreagadh chun Gnímh.
- ✓ Chuaigh Scoláirí Iar-bhunscoile ó Choláiste Iosaef, Cill Mocheallóg, go dtí Salzburg mar chuid den tionscnamh taighde dar teideal, 'I dtreo Scoil Inbhuanaithe faoi thionchar Mac Léinn.'
- ✓ Ghlac foireann an BOO páirt i gcúrsa traenála maidir le bunphrionsabail Foirgneamh atá Nach Mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de, ar champas Nuálaíochta Glaise an BOO.

## Achoimre Airgeadais
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
### Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais BOO don bhliain 2023 agus cuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad lena n-iniúchadh. I ndiaidh don ARCC iad a chomhaontú agus i ndiaidh don Roinn Oideachais iad a thíolacadh do Thithe an Oireachtais, foilseofar na Ráitis Airgeadais ar shuíomh gréasáin an BOO agus nascfar iad leis an Tuarascáil Bhliantúil.

**Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil**

- ✓ Táillí neamhthuarastail íoctha i leith chomhaltaí an Choiste;
- ✓ Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha;
- ✓ Sochair iarfhostaíochta;
- ✓ Sochair foirceanta;
- ✓ Cúiteamh don phríomhfhoireann bhainistíochta más cuí;
- ✓ Líon na bhfostaithe a raibh idir €0 agus €59,999 mar shochair fostaí iomlána acu;
- ✓ Líon na bhfostaithe a raibh idir €60,000 agus €69,999 mar shochair fostaí iomlána acu agus a bhí laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- ✓ Figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra.

**Rannán na Scoileanna**

## Rannán Scoileanna

**4** SCOILEANNA POBAIL

**30,000** DUINE ÓG TACAITHE AG AN BHFEIDHM OBAIR ÓIGE

**2** SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL

**18** COLÁISTÍ POBAIL

**13,000** DALTAÍ

**47%** DE ROLLÚ IOMLÁN MAC LÉINN IAR-BHUNSCOILE SA RÉIGIÚN

Tá BOO freagrach as 2 scoil náisiúnta pobail a bhainistiú agus a fheidhmiú, chomh maith leis an seomra ranga satailíte Mol an Óige sa Ghleann Rua, Contae Luimnigh, agus 18 n-iar-bhunscoil i Luimneach agus sa Chlár. Is comhphátrún é an BOO do 4 Scoil Phobail chomh maith. Chomh maith le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna a bhainistiú, tá an rannóg freagrach as Seirbhísí Ógtheagmhála, agus as an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach (CAÓC) chomh maith.

**Tacaíocht a thabhairt do Mhic Léinn a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu**
Tá an BOO tiomanta chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu le raon acmhainní agus seirbhísí atá saincheaptha do riachtanais ar leith a chur ar fáil. Áirítear leis seo, mapáil soláthair, Ranganna Speisialta a bhunú, teicneolaíocht chúnta agus foireann thiomnaithe a bhfuil oiliúint ar leith orthu maidir le tacaíochtaí a sholáthar chun freastal ar réimse leathan riachtanas foghlama. Oibríonn an BOO go dlúth le scoileanna, le teaghlaigh agus leis na heagraíochtaí cuí chun a chinntiú go bhfuil an tacaíocht riachtanach á fáil ag scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, sa chaoi is go mbeidh siad in ann a gcuid spriocanna oideachais a bhaint amach. Baineann an BOO leas as cleachtais ionchuimsitheacha, agus béim ar leith á cur ar chúrsaí rochtana, agus é ar a dhícheall chun timpeallacht a chruthú ina bhféadfaidh gach scoláire teacht faoi bhláth agus barr a gcumas a bhaint amach.

**Leibhéal Bunscoile**
Is bunscoileanna páistelárnacha, ionchuimsitheacha, il-sainchreidmheacha iad an dá scoil phobail náisiúnta agus an soláthar ranga satailíte (Gleann Rua, Co. Luimnigh) de chuid an BOO. Bíonn maoiniú á fháil ag na scoileanna seo ón Stát agus cuireann siad bunoideachas ar ardchaighdeán ar fáil do gach páiste de réir Churaclam Náisiúnta Bunscoile na Roinne Oideachais. Bhí 250 scoláire ar chláir na scoileanna seo in 2023.

Glacann gach scoil páirt sa líonra náisiúnta tacaíochta arna eagrú ag BOOÉ i ndáil leis an gclár *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa* do Scoileanna Náisiúnta Pobail.

| **Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Bunscoil)** | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Rolla** | **Scoil** | **Rollú 2023** | **Rollú Tuartha 2024** |
| 20313J | Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Contae an Chláir | 111 | 111 |
| | Seomra Ranga Satailíte Ghleann Rua, Gleann Rua, Co. Luimnigh (Faoi choimirce Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir) | 36 | 36 |
| 20312H | Scoil Náisiúnta Pobail Choill an Ráithín, Tuaim Gréine, Co. an Chláir | 103 | 105 |
| | **Iomlán** | **250** | **252** |

**Iar-bhunscoileanna**

Cuireann an BOO timpeallacht ionchuimsitheach ar fáil ina gcuirtear fáilte roimhe dhaoine agus tá sé tiomanta chun barr feabhais a bhaint amach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim. Tá sé an-nuálach, freagraíonn sé do riachtanais na bpobal áitiúil agus cuireann sé dea-cheannaireacht scoile ar fáil. Tá clú ar ár scoileanna as cultúr ionchuimsitheach a bheith iontu ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine agus táimid tiomanta chun a chinntiú go mbainfidh gach scoláire barr a gcumas amach. I Meán Fómhair 2023, b'ionann an rollú aitheanta i scoileanna BOO agus 9650 scoláire.

Is í sprioc fhoriomlán Rannóg na Scoileanna ná éifeachtúlacht scoileanna an BOO go léir atá faoina stiúir a fheabhsú trí réimse tacaíochtaí a sholáthar lena gcuirtear níos mó fós le taithí agus le torthaí na scoláirí. Cuirtear é sin i gcrích le teagmháil a dhéanamh le Príomhoidí, le Leas-Phríomhoidí, le grúpaí fóraim ar leith (Fóram Comhordaitheoirí Idirbhliana, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Fóram SENCo, Fóram Príomhoidí Cúnta, Fóram na gCeannairí Digiteacha, Fóram na gCeannairí Curaclaim, Fóram Comhordaitheoirí DEIS agus Fóram Comhordaitheoir na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn), múinteoirí, agus an fhoireann tacaíochta, chun réimsí tosaíochta a shainaithint. Tacaíonn Rannóg na Scoileanna le scoileanna trí riachtanais na Roinne Oideachais a chur i bhfeidhm agus trí dhlúthpháirtíochtaí le príomhsholáthraithe RO le seirbhísí tacaíochta amhail Oide, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, an Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Speisialta Oideachais, an tIonad um Cheannaireacht Scoile, agus comhlachtaí ábhartha eile. Cuireann Rannóg na Scoileanna tacaíochtaí ar fáil trí úsáid a bhaint as na trí phríomhchainéal soláthair seirbhíse seo a leanas: Ceannaireacht i Scoileanna, Foghlaim Ardchaighdeáin, Teagasc agus Measúnú agus Tacaíocht do Mhic léinn agus don Fhoireann.

Tacaíonn BOO le scoileanna aonair chun an ról a imríonn siad sa phobal a fheabhsú le tuilleadh comhoibriú agus cumarsáide leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí, agus eagraíochtaí áitiúla spóirt, pobail agus deonacha.

Baineann iar-bhunscoileanna de chuid BOO leas as an líonra tacaíochta do Phríomhoidí agus do Leas-phríomhoidí agus roinnt pobal cleachtais (PC) arna n-eagrú ag Stiúrthóir na Scoileanna. Faigheann na scoileanna seo cúnamh agus treoir ó Fhoireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna. Cuireadh oiliúint ar bhoird bhainistíochta na scoileanna go léir i ndáil lena gcuid freagrachtaí agus feidhmeanna le linn 2023 ar chruinnithe Zoom, ar mhaithe le héascaíocht na rannpháirtithe.

**Cláir Iar-bhunscoile**

Áirítear na cláir seo a leanas in iar-bhunscoileanna BOO:

- An tSraith Shóisearach (Leibhéal 3, 2 agus 1 agus Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí)
- Cláir na hIdirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cláir na hArdteistiméireachta Feidhmí

I measc na n-ábhar atá ar fáil trí churaclam na scoileanna tá eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic, (ETIM) teangacha, daonnachtaí agus na healaíona ag leibhéal Sóisearach agus Sinsearach araon. Is éard atá i gceist le béim a leagan ar fhorbairt iomlánaíoch ár gcuid mac léinn rannpháirtíocht a spreagadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim lena n-áirítear na healaíona cruthaitheacha, spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán.

**Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Iar-Bhunscoile)**
Léirítear an rollú méadaithe in 2023 sa tábla seo thíos, chomh maith leis an rollú atá tuartha do Mheán Fómhair 2024.

| Uimhir Rolla | Scoil | Rollú 30 Meán Fómhair '23 | Rollú Tuartha 30 Meán Fómhair '24 |
|---|---|---|---|
| **70830N** | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir | 578 | 643 |
| **70860W** | Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl, Co an Chláir | 281 | 294 |
| **70880F** | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co an Chláir | 174 | 180 |
| **70900I** | Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co an Chláir | 450 | 468 |
| **70901K** | Coláiste Phobal Naomh Áine, Cill Dalua, Co an Chláir | 711 | 744 |
| **71700F** | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co Luimnigh | 306 | 283 |
| **71790J** | Coláiste Deasmhumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh | 486 | 496 |
| **71840V** | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co Luimnigh | 748 | 815 |
| **71850B** | Coláiste Collchoille, Droim Collachair, Co Luimnigh | 589 | 578 |
| **76061W** | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 498 | 527 |
| **76070A** | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co Luimnigh | 501 | 507 |
| **76073G** | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach | 1278 | 1342 |
| **76075K** | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co an Chláir | 289 | 292 |
| **76093M** | Coláiste Íde agus Iósef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 644 | 684 |
| **76101I** | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach | 623 | 620 |
| **76414G** | Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach | 614 | 617 |
| **76476F** | Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Luimneach | 880 | 936 |
| | **IOMLÁN** | 9650 | 10026 |

**Tuarascálacha Cigireachta**
In 2023 rinne Cigireacht na Roinne Oideachais cigireachtaí i ndeich scoil de chuid BOO. Cuireann BOO fáilte mhór roimh an aiseolas agus an tacaíocht a chuireann an Chigireacht ar fáil. Is féidir teacht ar thuairiscí na Cigireachta ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais https://www.gov.ie/en/school-reports/.

**Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)**
Tá an clár DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) á chur ar fáil i 6 scoil de chuid an BOO. Cuireadh raon fíor-leathan ábhar ar fáil ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí araon, lena n-áirítear teangacha, na dána, teicneolaíochtaí agus eolaíocht. Spreagadh mic léinn chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim amhail na healaíona cócaireachta, drámaíocht, ceol, teicneolaíocht agus spórt. Chun an caighdeán is airde teagaisc agus foghlama agus an taithí oideachais is fearr is féidir a chinntiú do na mic léinn, chuir Rannóg na Scoileanna tacaíocht ar fáil do gach scoil sna réimsí seo a leanas; Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, Litearthacht Teanga agus Uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, an clár Múinteoirí agus Ceannaireachta, Béarla mar Theanga Bhreise, chomh maith le Cláir Forbartha Ceannaireachta agus Tacaíochta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí, agus Sealbhóirí poist mheánbhainistíochta. Le linn 2023, eagraíodh cruinnithe idir príomhoidí agus comhordaitheoirí DEIS

de chuid na scoileanna DEIS chun dea-chleachtais a bhreithniú agus a chur chun cinn maidir le tacaíocht do mhic léinn i scoileanna DEIS.

**Tacaíocht a thabhairt do Mhic Léinn a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu - Ranganna Speisialta a bhunú**
D'fhreagair BOO don ghá le tuilleadh soláthair agus cúraim do scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais (RBO) acu, dá dtuismitheoirí agus dá gcaomhnóirí, le leathnú suntasach ar líon na ranganna speisialta agus líon na ranganna le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU) le dhá bhliain anuas. Léirigh BOO an sprioc atá aige rang speisialta nó rang NSU a sholáthar i ngach scoil ar fud Luimnigh agus an Chláir sa chéad chúig bliana eile. Tá foráil déanta chun dhá Aonad NSU a chur ar fáil i ngach scoil nua atá á forbairt. Oibríonn BOO i ndlúthpháirt leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun rochtain ar ranganna speisialta agus ar Aonaid NSU i Luimneach agus sa Chlár a fheabhsú.

**Soláthar Reatha agus Beartaithe do scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu**
Mhéadaigh scoileanna BOO líon na ranganna speisialta ó 5 in 2019 go 23 rang speisialta i Meán Fómhair 2023. Is méadú suntasach é seo chun freastal ar riachtanais na scoláirí i measc ár bpobal. Tá Rannóg na Scoileanna ag obair go dlúth le CNOS chun athbhreithniú a dhéanamh ar an riachtanas tuartha do ranganna breise i scoileanna ar fud an réigiúin.

Bíonn múinteoirí a bhfuil taithí agus cáilíochtaí cuí acu ag teastáil chun freastal mar is ceart ar scoláirí i ranganna speisialta. Thairis seo, is fiú go mór, más féidir, taithí a bheith ag na múinteoirí sin ar a bheith ag obair le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Bíonn scoileanna an BOO réamhghníomhach maidir le riachtanais ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach a chomhlíonadh do mhúinteoirí na ranganna speisialta, chomh maith le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais don scoil uile maidir le hoideachas agus le hionchuimsitheacht do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.

**Tacaíochtaí do Scoileanna**
Tacaíodh le scoileanna chun cleachtais scoile ionchuimsitheacha a fhorbairt. Áiríodh leis seo tacaíocht leanúnach do Chomhordaitheoirí Riachtanais Oideachas Speisialta (CROSanna), Fóram na gCeannairí Curaclaim, Foirne Riachtanais Oideachais Breise sna scoileanna, Boird Bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRSanna). Tá eolas soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le hiontrálacha do scoláirí a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu i ngach Beartas Iontrála de chuid an BOO.

**Comhoibriú le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh**
D'óstáil Rannóg na Scoileanna roinnt seimineár ar líne do mhic léinn Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh sular thug siad faoi shocrúchán scoile. Thug gach seimineár ar líne, 'Ag Múineadh le linn COVID-19: Dearcadh na Scoile' léargas ar na réimsí cuí ar fad do na hábhair oidí seo amhail Beartas Náisiúnta agus Treoirlínte, ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta, beartais COVID-19 agus tacaíochtaí do mhúinteoirí.

Tacaíonn an Dr. Jennifer McMahon, ar iarscoláire de chuid Ollscoil Luimnigh í agus a oibríonn i gColáiste Mhuire Gan Smál anois, leis an gclár Síceolaí Cúnta atá i bhfeidhm i 7 n-iar-bhunscoil an BOO.

**Tionscnamh Maoinithe ag Erasmus+ - Rannóg na Scoileanna agus Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach**
D'éirigh le Rannóg na Scoileanna agus Dámh an Oideachais i gColáiste Mhuire gan Smál iarratas a dhéanamh ar thionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh do 16 Acadamh Múinteoirí Erasmus+ nua, a bhainfidh leas as €22.5 milliún ó bhuiséad Erasmus+ thar thréimhse trí bliana chun deiseanna foghlama a sholáthar do mhúinteoirí ag gach céim dá ngairmréime lena n-áirítear soghluaisteacht, ardáin foghlama agus pobail ghairmiúla. Forbróidh Acadamh Múinteoirí IDEAL Futures raon gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus mol digiteach comhoibritheach chun deiseanna a sholáthar d'oideachasóirí chun forbairt mar cheannairí oideachais digiteacha amach anseo. Tacóidh sé le múinteoirí réamhsheirbhíse, inseirbhíse agus le ceannairí oideachais. Beidh siad in ann na dúshláin atá roimh an oideachas amach anseo a mheas, agus fís a fhorbairt bunaithe ar a gcreideamh aonair agus ar riachtanais a bpobal scoile, trí chomhoibriú leis an earnáil oideachais agus teicneolaíochta níos leithne. Tabharfar tacaíocht dóibh chun dúshláin ar leith a réiteach maidir le ceannaireacht dhigiteach oideachais agus ag an am céanna chun na scileanna agus an saineolas riachtanach a fháil trí fhorbairt ghairmiúil fhoirmiúil ar líne.

Forbróidh Acadamh Múinteoirí IDEAL Futures raon gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus mol digiteach comhoibritheach chun deiseanna a sholáthar d'oideachasóirí chun forbairt mar cheannairí oideachais digiteacha amach anseo. Tacóidh sé le múinteoirí réamhsheirbhíse, inseirbhíse agus le ceannairí oideachais. Beidh siad in ann na dúshláin atá roimh an oideachas amach anseo a mheas, agus fís a fhorbairt bunaithe ar a gcreideamh aonair agus ar riachtanais a bpobal scoile, trí chomhoibriú leis an earnáil oideachais agus teicneolaíochta níos leithne. Tabharfar tacaíocht dóibh chun dúshláin shonracha a réiteach go comhuaineach maidir le ceannaireacht oideachais dhigiteach agus chun na scileanna agus an saineolas riachtanach a fháil trí fhorbairt ghairmiúil fhoirmiúil ar líne. Seo a leanas na príomhchuspóirí

- tacú le comhoibriú ardchaighdeáin idir Ollscoileanna OTM, soláthraithe FG Múinteoirí, eagraíochtaí fostaíochta Múinteoirí, Lucht Ceaptha Beartais, agus soláthraithe Teicneolaíochta Oideachais
- na príomhdhúshláin, fadhbanna agus aincheisteanna atá roimh mhúinteoirí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse sa ré dhigiteach a shainaithint i gcomhthéacs éiceachóras na ceannaireachta digití. Tagann siad seo ó pheirspictíochtaí beartais, cleachtais, oideolaíochta
- agus deiseanna a aithint do mhúinteoirí chun cur chuige bunathraithe i leith na ceannaireachta digití san oideachas a athshamhlú agus a threorú,
- samhail oideolaíoch ardcháilíochta illeibhéil a fhorbairt agus a mheas a thacaíonn le hidirphlé bunathraitheach agus as a dtagann cur chuige comhoibríoch agus comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá os comhair an oideachais maidir le ceannaireacht oideolaíoch dhigiteach,
- raon d'ábhar forbartha gairmiúla, gníomhaíochtaí agus micridhintiúir ghaolmhara a chruthú chun an tsamhail oideolaíoch a chur i bhfeidhm. Tacóidh siad seo le hoideachasóirí thar gach leibhéal oideachais scileanna a chothú i gceannaireacht oideachais dhigitigh, lena n-áirítear acmhainní oideachais oscailte foirmiúla, ceardlanna sioncronacha, haiceatóin, breathnuithe piaraí, tionscadail foghlama bhunathraithe agus gníomhaíochtaí taighde dearadhbhunaithe.




D'óstáil BOO seimineár gréasáin do na múinteoirí nuacheaptha ar fad a thosaigh ag obair i scoileanna BOO ó Mheán Fómhair 2022 nó Meán Fómhair 2023 i leith, ag cruinniú ar líne speisialta Dé Luain an 18 Meán Fómhair 2023. Cuireadh tús leis an ócáid le fáilte ón bPríomhfheidhmeannach, an tUasal George O' Callaghan, ó Stiúrthóir na Scoileanna, an tUasal Donncha Ó Treasaigh, Stiúrthóir Thacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta, an tUasal Eamon Murphy, agus Foireann Tacaíochta na Rannóige Scoileanna.

Ba é cuspóir na hócáide seo léargas a thabhairt do bhaill foirne nuacheaptha ar Rannóg Scoileanna an BOO agus ar an tacaíocht atá ar fáil do mhúinteoirí ar fud BOO.

Achoimre ar an Ócáid

- Fáilte ón bPríomhfheidhmeannach, George O' Callaghan
- Ár Scoileanna BOO: Donncha Ó Treasaigh
- Tacaíochtaí Acmhainní Daonna: Eamon Murphy
- Foghlaim, Teagasc agus Measúnú inár Scoileanna: Gráinne Dennison
- Dea-Chaidreamh agus Dea-Atmaisféar a Chothú sa Seomra Ranga: Joe Lynch
- Aire a Thabhairt do d'Fholláine Féin: Gina O' Connor

- Focal Scoir agus Tacaíochtaí

**Seimineáir Meáncheannaireachta**
Eagraíodh trí sheimineár ar líne d'fhoirne Ceannaireachta & Bainistíochta Scoileanna BOO le linn 2023. Ba é cuspóir na seimineár seo ná rannpháirtithe a spreagadh agus tacú leo chun an méid atá i gceist le Meáncheannaireacht a phlé, agus an méid a cheanglaíonn sí ar mhúinteoirí a oibríonn ag an leibhéal seo a cheistiú. Bíonn teoiric an dea-chleachtais agus foghlaim ó thaithí fheidhmeach mar bhonn agus mar thaca leis na gnéithe seo ar fad. Thacaigh an tsraith seo le rannpháirtithe chun cur lena n-inniúlacht agus lena muinín maidir le freagairt d'athruithe i scoileanna.

**Muintearas inár Scoileanna**
D'eagraigh Rannóg Scoileanna an BOO seimineár ar líne d'fhoireann na scoileanna ar fad ar an 30 Samhain 2023 leis an síciteiripeoir iomráiteach, an Dr. Coleman Noctor. Seisiún spreagúil a bhí ann a thug ardú meanman don lucht freastail. Eagraíodh an ócáid chun aitheantas a thabhairt do dhíograis, agus don obair mhór a dhéanann an fhoireann ar fad inár scoileanna.

**Seimineáir do Thuismitheoirí & Caomhnóirí**
D'eagraigh an BOO sraith seimineár speisialta ar líne do thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna BOO maidir le réimse ábhar atá tábhachtach do thuismitheoirí. Díríodh ar thábhacht na codlata agus conas is féidir linn a chinntiú go mbainfidh ár leanaí tairbhe as gnáthamh maith codlata sa chéad seimineár, a bhí á reáchtáil ag an sainchomhairleoir Tom Coleman. D'éascaigh FSS seimineár ar líne do thuismitheoirí mar gheall ar vápáil chomh maith.

Reáchtáladh seimineár gréasáin maidir le cibearshlándáil i mí Aibreáin ar Zoom in éindí leis an Dr. Maureen Griffin. Bhí tinreamh an-ard ag an ócáid seo. Chláraigh breis agus 460 duine don seimineár. Thug an síceolaí fóiréinseach An Dr. Maureen Griffin B.A. M.A. Ph.D., eolas an-fhiúntach do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí maidir le riosca a bhaineann leis an idirlíon agus leis na meáin shóisialta. Tá éileamh ar na seimineáir seo ag méadú i measc tuismitheoirí agus caomhnóirí ar fud na Scoileanna Náisiúnta Pobail, na Coláistí Pobail, agus na Scoileanna Pobail de chuid an BOO, agus i measc na foirne.

**Gradaim BD STEM Stars**
Chuir Rannóg Scoileanna an BOO tús le comhoibriú píolótach trí bliana ó shin dar teideal BD STEM STARS mar thionscnamh a spreagfadh rannpháirtíocht sna hábhair ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, agus Matamaitic). Tugtar deis do scoláirí a ghlacann páirt sa tionscnamh léargas a thabhairt ar mar ar féidir ETIM a úsáid chun fadhbanna sláinte a réiteach san fhíorshaol. Seo é an tríú bliain a bhfuil an tionscnamh á reáchtáil agus é oscailte do na scoileanna go léir san Iarthar Láir.

Is comhlacht domhanda ceannródaíoch leighis é BD, a bhfuil breis is 70,000 fostaí ag obair ar a shon ar fud an domhain. Bhunaigh BD Lárionad Taighde Éireann (LTÉ) i Luimneach i mí Feabhra 2017 mar mhol domhanda taighde agus forbartha. Thóg Coláiste Deasmhumhan an bua leo ag na babhtaí ceannais a reáchtáladh ag Lárionad Taighde Éireann de chuid BD i Luimneach Déardaoin an 30 Márta, 2023: Bhain Coláiste Chiaráin an tríú háit amach sa chomórtas.

**Comhoibriú le BOOÉ**
Tá ár scoileanna, le tacaíocht ó Rannóg na Scoileanna, ag glacadh páirt go gníomhach in dhá chomhoibriú le BOOÉ. Tá na scoileanna ag baint leas as tacaíochtaí maidir le croíluachanna agus maidir le héiteas, chomh maith le mapáil soláthair.

**Comhoibriú idir Ionaid Oideachais Allamuigh na Boirne agus Chill Fhíonáin, agus Scoileanna BOO**
Thacaigh Ionaid Oideachais Allamuigh na Boirne agus Chill Fhíonáin le scoileanna BOO trí champaí lae agus campaí cónaithe a chur ar fáil do scoláirí. Thairis seo, d'óstáil siad Measúnaithe a bhí bunaithe sa seomra ranga agus rinne siad comhordú ar an Imeacht Treodóireachta do scoláirí an dara bliain i bPáirc Foraoise na Cora a raibh breis agus 500 rannpháirtí ann.

**Buaicphointí Scoile in 2023**

**Imeacht 'Luathghairmeacha' na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha**
D'oibrigh Rannóg Scoileanna an BOO le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte, comhpháirtíocht idir Ollscoil Luimnigh (OL), Grúpaí Ospidéal OL agus Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail FSS an Iarthair Láir, chun an ócáid seo a eagrú ar éirigh go seoigh léi. Chuir Ionad Oideachais Luimnigh an ócáid chun cinn mar ócáid náisiúnta. Ba leathnú é seo ar an bhfócas réigiúnach a bhí ann in 2022. Tugadh eolas do scoláirí ag an ócáid mar gheall ar ghairmeacha sláinte. D'fhorbair Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte ag Ollscoil Luimnigh agus Rannóg Scoileanna an BOO an coincheap don ócáid seo le chéile mar chomhréiteach chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna agus le scoláirí, ach go háirithe dóibh siúd san Idirbhliain nach féidir leo dul sna hospidéil nó i láithreacha oibre cliniciúla eile i gcomhair a gcuid taithí oibre. Dearadh an ócáid le go mbeadh oiread eolais agus ab fhéidir le fáil inti, agus go mbeadh sí chomh hidirghníomhach agus ab fhéidir, rud a chuirfeadh cúrsaí leighis in iúl do mhuintir na hIdirbhliana mar rogha gairme. Bhí taighde deisce, grúpaí fócais a raibh scoláirí agus múinteoirí de chuid scoileanna ann BOO páirteach ann agus teagmháil le hIonad Oideachais Luimnigh mar bhonn eolais leis an ócáid seo. D'fhreastail breis agus 17,00 scoláire ar an ócáid.

**An Tionscnamh Care Aware Crew - Iniúchadh ar Thaithí Scoláirí**
Is comhoibriú atá sa Tionscnamh Care Aware Crew idir BOO, Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearaí, Ollscoil Luimnigh, Ospidéal na hOllscoile Luimnigh agus Cúram Sláinte Pobail FSS an Iarthair Láir.

In 2023, ghlac Príomhoidí agus Múinteoirí Ranga as trí scoil déag i Luimneach agus sa Chlár (lena n-áiríodh 17 rang / thart ar 400 scoláire san iomlán) páirt i gCéim 2 den Scéim Phíolótach Care Aware Crew chun fiúntas agus éifeachtúlacht an chláir a thástáil. Is éard atá sa chlár ná cúig cheacht nuálacha ar féidir iad a íoslódáil (formáid MP4). Baineann gach ceacht le gné gharchabhrach ar leith, a d'ullmhaigh gairmithe leighis a bhfuil cónaí orthu go háitiúil tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na múinteoirí agus scoláirí a bhí páirteach sa chlár. Is é an rún ná go n-úsáidfear na ceachtanna i gcomhar le scoláirí Rang 3 agus/nó Rang 4. Thug Foireann an Tionscnaimh leabhair oibre saincheaptha, trealamh leighis agus ábhar eile do mhúinteoirí agus do dhaltaí a chuirfeadh lena dtaithí theagaisc agus foghlama.

Faoi stiúir an Dr J McMahon, rinne foireann Ollscoil Luimnigh taighde ar thaithí na múinteoirí agus na ndaltaí maidir le Céim 2 den Tionscnamh Care Aware Crew (agus eolas á lorg acu faoi maidir leis na gnéithe ar éirigh go maith lep, maidir leis an méid a d'fhoghlaim na daltaí etc.). Táthar ag súil le tuiscint níos fearr ar thaithí na ndaltaí agus na múinteoirí maidir leis an tionscnamh Care Aware Crew, lena bhféadfar buanna agus laigí an chláir a aithint. Beidh an t-eolas sin mar bhonn eolais le forbairt an chláir amach anseo.

Bronnadh maoiniú ó Chiste JP McManus ar an tionscnamh Care Aware Crew le go rachfar ar aghaidh chuig Céim 3 den Scéim Phíolótach (a tharlóidh le linn na scoilbhliana 2023-2024). Ainmníodh an Clár Care Aware Crew le haghaidh Gradam Cúram Sláinte Éireann (2023).

**Seimineár Chat GPT do Phríomhoidí agus do Leas-phríomhoidí - "Tionchar na Teicneolaíochta IS ar an Oideachas a Fhiosrú: Comhiarracht"**
Ó tháinig sí chun cinn i réimse síorathraitheach an oideachais, tá teicneolaíocht na hIntleachta Saorga (IS), lena n-áirítear uirlisí amhail ChatGPT, tar éis plé a spreagadh ar fud na cruinne. D'óstáil BOO seimineár gréasáin i gcomhpháirt le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus le hOllscoil Luimnigh chun Chat GPT a iniúchadh.

Ba é sprioc an tseimineáir ná iniúchadh a dhéanamh ar thionchar ChatGPT d'oidí agus d'fhoghlaimeoirí. D'fhreastail breise agus 500 príomhoide, leas-phríomhoide agus múinteoir ó BOOnna ar fud na hÉireann ar an ócáid, chomh maith le hionadaithe ó na 16 BOO ar fad. Chuir an ócáid deis do dhaoine plé a dhéanamh ar na bealaí ar féidir le scoileanna agus le coláistí an teicneolaíocht seo a chur i bhfeidhm san oideachas. Roinn aoichainteoirí a gcuid saineolais ag an ócáid, lena n-áiríodh an tOllamh Stephen Kinsella agus JJ Collins ón Rannóg Ríomheolaíochta agus Córais Faisnéise in Ollscoil Luimnigh, a thug léiriú ar na dea-fhéidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag IS i ndáil le cúrsaí oideachais. Mar fhreagairt ar ábhar imní i ndáil le IS, chuir Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí béim ar na dúshláin phraiticiúla a chuirtear roimh scoileanna mar thoradh ar IS. I measc na n-ábhar a pléadh, bhí ról IS maidir le foghlaim shainoiriúnaithe agus aiseolas meandrach, chomh maith leis na féidearthachtaí a ghabhann le IS maidir le

mí-úsáid agus bhradaíl. De réir mar a oibríonn na páirtithe leasmhara oideachais leo chun IS á tabhairt isteach, beidh tábhacht ar leith ag baint leis an bplé maidir le heitic, le hionracas, agus le hionracas sna measúnuithe. Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag déanamh measúnú gníomhach ar na rioscaí a bhaineann le IS ó thaobh fhoghlaim na ndaltaí agus ó thaobh próisis measúnaithe de. Cuireadh léargais fhiúntacha agus dearcthaí nua in iúl do dhaoine ag an seimineár agus beidh na tuairimí sin anois mar bhonn eolais le cinnteoireacht agus le rannpháirtíocht réamhghníomhach le teicneolaíocht IS san oideachas. Chun éisteacht leis an bplé ar fad, tá taifead den seimineár gréasáin ar fáil ar líne go mbeidh daoine in ann breathnú air.

**Cócaire Sóisir na Bliana 2023 de chuid Réigiún na Sionainne ina nÚdar Inspioráide don Chéad Ghlúin eile de Laochra Cócaireachta**
Tá an tionscnamh seo, arna éascú ag an gCampas Fáilteachais BrOO de chuid Choláiste BOO i Luimneach, agus ag Rannóg na Scoileanna, ag teacht leis an straitéis náisiúnta BrOO chun 'blaisíní' de chúrsaí gairmoideachais a thabhairt isteach san oideachas dara leibhéil.

Ghlac scoileanna BOO páirt in dhá bhlaschúrsa fáilteachais éagsúla a saincheapadh do scoláirí idirbhliana: 'blaschúrsa printíseachta' cócaire sóisearach agus blaschúrsa scileanna barista. Díríodh na cúrsaí ar scoláirí a bhfuil suim acu gairm a bhaint amach in earnáil an fháilteachais, nó a bhfuil suim acu scil riachtanach fad saoil a fhoghlaim.

Bhí an 'Blaschúrsa Printíseachta' Cócaire Shóisearaigh faoi stiúir foireann phroifisiúnta cócairí feidhmeacha ó Champas Fáilteachais BOO agus ó Phainéal Chócairí na hÉireann. Tugadh an blaschúrsa chun críche le comórtas speisialta do scoláirí idirbhliana - Cócaire Sóisir na Bliana 2023 de chuid Réigiún na Sionainne. Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, físeán speisialta le taispeáint mar chuid den cheiliúradh ag an ócáid chéaduaire.

**Rollú ag Iar-bhunscoileanna in Inis**
D'oibrigh BOO go dlúth le pátrúin na n-iar-bhunscoileanna in Inis (CEIST, Deoise Chill Dalua, Iontaobhas Scoileanna Iognáid Rís agus BOO) chun na próisis chéanna ar éirigh go seoigh leo in 2022 a chur i bhfeidhm arís chun dul i ngleic leis an easpa áiteanna sna scoileanna do scoláirí iar-bhuncoile in Inis.

D'oibrigh na pátrúin agus na príomhoidí leis an éascaitheoir (an tUasal Eamon Stack, Iar-phríomhchigire sa Roinn Oideachais) chun Próiseas Iontrála Comhaontaithe a chur i bhfeidhm ar rollú in Inis do Mheán Fómhair 2023. Tá na pátrúin fíorbhuíoch do na príomhoidí as ucht a gcomhoibrithe leis an bpróiseas nua i mbliana ar éirigh go seoigh leis. Fuair gach scoláire tairiscint ar áit iar-bhunscoile de réir a rogha scoile a léiríodh ar an bhfoirm iarratais choiteann.

**Tugann an tAire Oideachais cuairt ar Choláistí Pobail**
D'iompaigh an tAire Oideachais, Norma Foley TD, an fód i gcampas scoile ilmhilliúin euro do Choláiste Pobail Mhungairit Dé hAoine an 23 Eanáir, 2023. Freastalóidh an campas nua, atá lonnaithe ar láithreán úrnua 10 n-acra, ar 1000 dalta nuair a chríochnófar é. B'údar mór áthais d'fhoireann an BOO fáilte a chur roimh an Aire ar an láthair chun tús oifigiúil na tógála a cheiliúradh. Is infheistíocht €35 milliún euro é an tionscadal faoi Chlár Caipitil Scoile na Roinne Oideachais.

An Síneadh Scoile Úrscothach á oscailt go hoifigiúil ag an Aire Oideachais ag Coláiste Pobail na hInse / Gaelcholáiste An Chláir



Rinne an BOO ceiliúradh ar oscailt oifigiúil an tsínte scoile nua a bhfuil luach na hilmhilliúin euro uirthi, ag Coláiste Pobail na hInse / Gaelcholáiste an Chláir in Inis Dé hAoine an 20 Eanáir. Ba í an tAire Oideachais, Norma Foley TD, a d’oscail an síneadh go hoifigiúil.




AN CHLÁIR


ENNIS COMMUNITY COLLEGE
Discover your Full Potentia
with Ennis Community Coll
Proud of Our Past,
Ambitious for Our Future
Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

**Eolaí Óg BT 2023**

Cuireadh an líon tionscnamh ab airde riamh isteach ar Thaispeántas *Eolaí Óg BT 2023* ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, ón 11 – 14 Eanáir 2023. Seo a leanas achoimre ar na scoileanna, ar líon na dtionscnamh agus ar theidil na dtionscnamh ar éirigh leo sa tábla seo thíos;

| Scoil | Teideal an Tionscnaimh | Catagóir |
|---|---|---|
| **Coláiste Deasmhumhan** | Thuas staighre / Thíos staighre, úsáid an staighre a éascú do dhaoine. | Teicneolaíocht |
| **Coláiste Deasmhumhan** | Tionscadal Fisice ag Díriú ar Dhramhaíl | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Deasmhumhan** | Micreathonn a úsáid chun luas an tsolais a thomhais | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Deasmhumhan** | Áilleacht mharfach. | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Deasmhumhan** | Réiteach ar ghualainn stromptha agus ar fhadhbanna coitianta eile gualainne. | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Chiaráin** | Gléas inchaite a fhorbairt a chuirfidh i gcuimhne do dhaoine uachtar gréine a chur orthu | Teicneolaíocht |
| **Coláiste Chiaráin** | Conas Aerárthach a cheilt ó bhraiteoirí radair | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Chiaráin** | Inmharthanacht Giniúna Gaoithe ar an Micrileibhéal a Fhiosrú | Teicneolaíocht |
| **Coláiste Chiaráin** | Cruinneog phlasma a úsáid chun réimsí leictreacha agus maighnéadacha a theagasc | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Iósaef** | Leitheadúlacht Neamhord Itheacháin i Measc Buachaillí sna Déaga a Fhiosrú i Scoil in Éirinn | Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta |
| **Gaelcholáiste Luimnigh** | Córas Oideachais VS 'Covid' Oideachais! | Eolaíochtaí Sóisialta & Iompraíochta |
| **Coláiste Pobail Mhungairit** | Na Cúinsí a Imríonn Tionchar ar Dhlús Flosca Muóin a Fhiosrú | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Pobail Mhungairit** | Cuireann solas saorga isteach ar chaighdeán fisiceach agus ar chaighdeán cothúcháin na nglasraí glasa duilleacha | Bitheolaíoch & Éiceolaíoch |
| **Coláiste Pobail Mhungairit** | Leasú nádúrtha i gcoinne leasú saorga | Bitheolaíoch & Éiceolaíoch |
| **Coláiste Pobail Naomh Áine Cill Dalua** | Iniúchadh ar an Tionchar a Imríonn Teocht an Uisce ar Dhíghrádú Ábhar Plaisteach, lena ndéantar Ábhar Micreaphlaisteach de | Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha & Matamaitice |
| **Coláiste Pobail Cill Chaoi** | Clúdaigh Chósta | Bitheolaíoch agus Éiceolaíoch |
| **Coláiste Pobail Cill Chaoi** | Todhchaí Leithinis Cheann Léime | Eolaíochtaí Sóisialta agus Iompraíochta |

**Scoil Speisialta Nua á Bunú i Luimneach**
D'fháiltigh BOO roimh an bhfógra a rinne an tAire Oideachais, Norma Foley TD, agus an tAire Stáit a bhfuil freagracht aici as Oideachais Speisialta agus Ionchuimsitheacht, Josepha Madigan TD, a dhearbhaigh go mbunófaí scoil nua speisialta pobail i Luimneach. Oibreofar an scoil nua faoi stiúir am BOO agus osclófar í i mí Mheán Fómhair 2024. Beidh an scoil ag riar ar leanaí a fhad le hocht mbliana déag d'aois, le míchumas foghlama ginearálta measartha agus le riachtanais chasta, agus díreofar ar dtús ar na leanaí sin nach bhfuil tairiscint ar áit i scoil speisialta acu go fóill do mhí Mheán Fómhair 2024.

Tá an Roinn Oideachais, i gcomhair leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), tar éis a bheith ag obair le BOO agus le páirtithe leasmhara eile chun tuilleadh socrúchán i scoileanna speisialta a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gceantar Luimnigh. Chuir Oifigigh na Roinne, am BOO agus CNOS tús le bunú na scoile speisialta nua a phleanáil i mí na Nollag 2023.

**Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach (CÁÓC)**
Is clár í Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach a bhunaigh Éire Ildánach, tionscnamh faoi stiúir an Rialtais lena mbítear ag iarraidh cruthaitheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha a spreagadh ar fud na hÉireann. Díríonn Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach go príomha ar dhaoine óga a spreagadh chun dul i mbun gníomhartha cruthaitheacha agus chun deiseanna a thabhairt dóibh a gcuid scileanna agus suimeanna ealaíonta a fhiosrú. Go hiondúil, oibríonn rialtais áitiúla, eagraíochtaí pobail, scoileanna, grúpaí óige agus ealaíontóirí le chéile ar na comhpháirtíochtaí seo chun cláir chruthaitheacha atá saincheaptha do riachtanais agus do shuimeanna na n-óg a fhorbairt agus a sholáthar. Is é an sprioc ná go gcuirfear ar chumas dhaoine óga iad féin a chur in iúl ar bhealach cruthaitheach, go gcuirfear lena gcuid féinmhuiníne, go bhforbróidh siad scileanna nua, go gcothófar bród iontu dá gcultúr agus dá n-oidhreacht áitiúil agus go mothóidh siad go bhfuil dlúthbhaint acu lena ndúiche agus go bhfuil fáilte rompu inti.

| **Gnéithe agus Grúpaí Cláir** | **Láthair/Dátaí** | **Stádas** | **Líon na Rannpháirtithe** |
|---|---|---|---|
| **Amharclann Óige** | **48 ball san iomlán a bhí páirteach in Amharclann Óige Chill Chaoi i mí na Nollag 2023** | | |
| **Amharclann Óige Chill Chaoi/Pobal na hÚcráine** | Léirigh 16 déagóirí ón Úcráin "The Hysterical History of the Trojan War" ceithre huaire i gCultúrlann Sweeney. D'éirigh go han-mhaith leis an seó. | ***Clár ó cheann ceann na bliana*** | ***18*** |
| | Thosaigh **Amharclann Óige Cill Chaoi, Leanaí 9 mbliana go 12 bhliain d'aois** a gcuid ceardlann sheachtainiúil arís agus tá an dara turas rannpháirtíochta criticiúla beartaithe don 10 Nollaig chuig Ionad Cruthaithe Aerga Éireann i nGallóg. | | ***22*** |
| | Tagann **grúpa déagóirí** le chéile go rialta sa Chultúrlann anois ar bhonn seachtainiúil agus tá 8 ball páirteach ann | ***Ar siúl ó mhí na Bealtaine i leith*** | ***8*** |
| ***Naomh Muire,*** | **Drámaíocht Óige i bParóiste Naomh Muire** Tar éis dóibh a bheith páirteach sa léiriú ***'The Parish'*** i mí Iúil agus arís i mí Mheán Fómhair, léirigh daoine | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| <br><br><br><br><br><br><br>*Amharclann Óige Thuamhan* | óga i mbrainse Shráid San Nioclás de Sheirbhís Óige Luimnigh go bhfuil suim acu leanúint ar aghaidh i mbun aisteoireachta do scannáin. Táimid ag feitheamh ar an ionad óige teacht ar ais chugainn le lá agus am don obair seo agus tá teagascóirí ar fáil dúinn.<br><br>**Amharclann Óige Thuamhan**<br>Bhíomar ag súil go gcuirfí tús le ceardlanna i gColáiste Pobail Thuamhan arís go luath i mí Dheireadh Fómhair. Mhol an scoil go bhfanfaí go dtí mí Eanáir 2024, áfach. Is eol dúinn go bhfuil fonn ar go leor scoláirí 1 bhliana agus 2 bliain a bheith páirteach sa chlár seo. | <br><br><br><br><br><br><br>***Cuireadh na seisiúin dheireanacha i gcrích i mí an Mhárta*** | <br><br><br><br><br>***20+*** |
| **Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnt agus Soláthar Díreach** | Táthar ag leanúint ar aghaidh le **ceardlanna seachtainiúla i ndiaidh na scoile** leis an amharcealaíontóir, James Ryan, i gCnoc an Lisín, mar aon le corr-cheardlann do dhéagóirí.<br>Cuireadh **Tionscnamh Mhúrphictiúr Theach Chathair Maothail** in Iarthar Luimnigh i gcrích. D'oibrigh an teagascóir Rachel Grainger le deichniúr (10) óg ón ionad. Bhíothas ag súil go mbeadh daoine óga a bhfuil cónaí orthu sa chomharsanacht in ann páirt a ghlacadh sa togra ach níor éirigh leis an ngné seo den phlean. | ***Ar siúl ó 2022 i leith***<br><br><br>***Clár aonuaire*** | ***8 go 12 rannpháirtí***<br><br><br>***Deichniúr (10) óg*** |
| ***Scoil na Fáinleoige, Ráth Caola*** | Bogadh an **taispeántas amharcealaíona agus ceardaíochta** ar seoladh é i Leabharlann Ráth Caola i mí Aibreáin, chuig ráillí Pháirc an Phobail agus chuig Músaem an Phobail Luimnigh le haghaidh Oíche Chultúir agus don fhéile Glao agus Freagairt. Rinneadh cárta Nollag de cheann de na híomhánna a rinne an scoláire Leona O'Brien. | ***Taispeántas amuigh faoin aer atá ceaptha leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse éiginnte ón 22 Meán Fómhair ar aghaidh.*** | ***13 rannpháirtí*** |
| ***INSPIRE: Clár na Luathbhlianta An Clár***<br><br><br><br><br><br>***Luimneach*** | <br><br>***Scéalaíocht do Pháistí i gContae an Chláir***<br>D'éirigh go han-mhaith leis an gclár seo. Ba é buaicphointe an chláir ná ócáid i Leabharlann na Sionainne a bhí ar siúl le linn na féile Glao agus Freagairt. Le tacaíocht ó Sheirbhís Leabharlainne an Chláir agus Éire Ildánach an Chláir.<br><br>***INSPIRE: Draíocht***<br>Seó damhsa nuachoimisiúnaithe saincheaptha do leanaí ab ea é Draíocht. Ba í an t-ealaíontóir damhsa Aoife McGarry a chruthaigh an seó i gcomhpháirt le Arianna Guasso, le treoir oideolaíoch ó Mharie-Therese Marry. Léiríodh an seó den chéad uair ar an 1 Deireadh Fómhair agus d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh chun é a léiriú arís. | <br><br><br>***Réidh***<br><br><br><br><br><br>***Ceardlanna fós á gcur ar fáil ag an ealaíontóir***<br><br>***D'fhéadfaí an seó*** | <br><br>***Suas le 50 tuismitheoir agus leanaí***<br><br><br><br><br><br>***Lucht féachana 60 + leanaí agus na daoine fásta a bhí in éindí leo ag Damhsa Luimnigh*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ***idirghníomhach a léiriú arís*** | |
| ***Cláir Scannánaíochta agus Teicneolaíochta*** | Reáchtáladh **Scannánóirí na Todhchaí** arís le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna. D'oibrigh 8 oiliúnaithe sa Chnoc Theas agus i bParóiste Naomh Muire chun gearrscannán dar teideal 'Voices from the Island' a chruthú. Rinneadh taifeadadh ar scannán eile i mbliana mar chuid den chlár seo chomh maith Ionad Oiliúna FAI ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg. Ba iad Dominik Kosicki ó Red Paw Media agus an déantóir scannán Maeve McGrath, a stiúir an próiseas. Tá sé beartaithe an dá scannán a roinnt ar líne roimh an Nollaig. | ***Cuireadh tús leis seo ag tús an tsosa lár téarma i mí Dheireadh Fómhair***<br><br>***Leanúnach*** | ***8 Scannánóirí na Todhchaí***<br><br>***12 rannpháirtithe*** |
| | Is tionscnamh gearrscannáin é **Postcards from North Clare** faoi stiúir Fergus Tighe, a thosaigh i mí an Mheithimh agus atá fós ar siúl. Ba iad na rannpháirtithe ná grúpa déagóirí ón Úcráin agus d'oibrigh an tionscnamh trí Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Chláir Thiar Thuaidh. | ***Cuireadh é seo i gcrích go luath i mí na Nollag. Tá an tEalaíontóir Scannánaíocht a lena fhoilsiú ar líne*** | ***'Beoirs' Mhainistir na Féile*** |
| | ***Teagmháil Chriticiúil***<br>I dteannta le hAmharclann Óige Chill Chaoi agus 'Beoirs' Mhainistir na Féile, roghnaíodh Scannánóirí na Todhchaí chun a bheith páirteach sa Chlár Teagmhála Criticiúla atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon. Go dtí seo, tá an grúpa tar éis taisteal chuig Fleadh Scannán na Gaillimhe chun sraith gearrscannán a fheiceáil, mar aon le léiriú de scannán de chuid Alice McDowell, *Spread Your Wings*, in Amharclann Ghlórach, Mainistir na Féile le linn na féile Glao agus Freagairt. Is féidir teacht ar thaifead de fhreagairt Amharclann Óige Chill Chaoi tar éis dóibh an léiriú a rinne Amharclann Óige Luimnigh ar Pride and Prejudice in 2023 anseo: [(5) Amharclann Óige Chill Chaoi CÁÓC- Clár Teagmhála Criticiúla - YouTube] | ***Leanúnach*** | ***Suas le 20 rannpháirtí thar trí shuíomh***<br><br>***20 rannpháirtí*** |
| ***Cláir Podchraoltaí*** | Cuireadh roinnt clár podchraoltaí i gcrích in éindí leis an ealaíontóir/teagascóir Sean Horgan: | ***Leanúnach*** | ***8 rannpháirtithe*** |
| | **Foróige, An Caisleán Nua:**<br>Táimid ag feitheamh ar chóipeanna de na podchraoltaí a rinne an t-ealaíontóir Sean Horgan leis an ngrúpa seo. | ***Leanúnach*** | |
| | **Ionad Óige an Taoibh Thiar:**<br>Cuireadh tús le clár do dhaoine óga in Weston le déanaí agus cuireadh líon beag ceardlann i gcrích. | ***Leanúnach*** | ***3 Teagascóirí/ Comhordaitheoirí*** |
| | **Traenáil Kinia**<br>D'fhreastail na teagascóirí Sean Horgan, Fiona Claffey-Kelly agus an Comhordaitheoir Monica Spencer ar an gclár traenála Kinia ba dhéanaí i mí | ***Réidh*** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Dheireadh Fómhair. Cuirfidh an t-uas-scilliú seo i measc na dteagascóirí leis an obair amharclannaíochta agus fuaime ar fud gach réimse. | | |
| ***Puinseáil Péinte in Iarthar Luimnigh*** | Tá **an Tionscnamh Puinseála Péinte** tar éis leathnú chomh fada le hEas Géitine agus tá déagóirí níos sine ag glacadh páirte sa tionscnamh anois. Rinneadh an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt le 'The GAFF', atá tar éis iarratas a dhéanamh ar a thuilleadh maoinithe chun an clár seo a leathnú in 2024. Is féidir teacht ar íomhánna de chuid an tionscnaimh seo san fhíseán seo a seoladh le linn na féile Glao agus Freagairt [Boxin' Trottin' CÁÓC le Criú Mhainistir na Féile - YouTube] | ***Puinseáil Péinte críochnaithe le haghaidh 2023*** | ***16 ógánach fir den Lucht Siúil idir 9 mbliana d'aois agus 20 bliain d'aois thar dhá shuíomh*** |
| ***Bráithre na Carthanachta, Inis*** | Chuir an t-ealaíontóir agus an teagascóir, Ana Colomer, tús le ceardlanna ag Bráithre na Carthanachta, Inis le déanaí. Tá Anna ag obair le déagóirí níos sine agus le daoine fásta óga ar chlár amharcealaíona. | ***Leanúnach*** | ***10 rannpháirtithe*** |
| **Tuairiscí chun dáta ó ranna Rialtais** | **Ciste Cothabhála Éire Ildánach**<br><br>D'éirigh le Mol Foghlama Luimnigh agus le Comhlacht Forbartha Bhealach Eabhra leis na hiarratais a chuir siad isteach ar Chiste Cothabhála Éire Ildánach. Déanfaidh an Mol Foghlama clár a sholáthar do dhaoine óga atá i mbun an aistrithe ó chúram stáit. I mBealach Eabhra, beidh daoine óga den Lucht Siúil páirteach i gclár drámaíochta. Leanfaidh na cláir seo ar aghaidh ó Eanáir 2024 chuig Meán Fómhair 2025 agus d'fhéadfaí go mbeidís á nascadh le cláir CÁÓC.<br><br>**Cruinnithe Náisiúnta CÁÓC**<br>Tionóladh an tríú cruinniú náisiúnta CÁÓC i dTeach Marascail ar an 30 Samhain. Bhí an seachtar comhordaitheoirí go léir i láthair; Corcaigh, Ciarraí, Laois/Uíbh Fhailí, Gaillimh/Ros Comáin, Sligeach//Maigh Eo/Liatroim, an Cabhán/Muineacháin agus ó Luimneach agus an Clár. D'fhreastail Tania Banotti, Kenneth Nally agus Dairne O'Sullivan ar an gcruinniú thar cheann Éire Ildánach. Cuireadh an bhéim ar chur chun cinn agus ar chumarsáid.<br><br>Scaip an Roinn Oideachais ríomhphost chuig na CÁÓCanna go léir inar cuireadh an méid seo a leanas in iúl: 'Ag an bpointe seo sa phróiseas buiséid, is féidir linn a dhearbhú go bhfaighidh gach CÁÓC maoiniú ón Roinn Oideachais in 2024, a bheidh ag teacht leis an maoiniú a tugadh dóibh in 2023.' | | |

**Suíomh Gréasáin Náisiúnta, Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach (CÁÓC)**
Threoraigh an BOO dearadh agus forbairt suímh gréasáin chun lógónna agus naisc chuig na trí Chomhpháirtíocht Phíolótacha BOO a óstáil - www.lcyp.ie. Táthar tar éis leathnú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin seo agus déantar nuashonrú air go rialta.

**Feidhm Oibre don Aos Óg**
Is é Stiúrthóir na Scoileanna atá freagrach as seirbhísí Oibre don Aos Óg a fhorbairt i Luimneach. Tugtar achoimre san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, lena n-áirítear an chiall atá le hobair don aos óg mar a leagtar amach san Acht um Obair Ógra 2001, ar phríomhról na hearnála reachtúla agus gur ról é chun tacú le cláir agus le seirbhísí oibre don aos óg agus iad a fhorbairt, agus chun comhordú níos fearr a spreagadh i gcomhar le seirbhísí eile do dhaoine óga.

Is í feidhm reachtúil BOO, mar a leagtar amach san Acht, ná chun 'tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt'. De réir Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, bhunaigh BOO Coiste Oibre don Aos Óg, a chuireann moltaí faoi bhráid an údaráis maidir le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna faoin Acht (Cuid 10):

> *j) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt,*
> *k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.*

Agus a chuid feidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh aige i ndáil le hobair don aos óg, oibríonn BOO i gcomhpháirt le raon príomhghníomhaireachtaí, gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla araon, a bhfuil ról acu maidir le soláthar seirbhísí don ógra sa réigiún.

Úsáidtear sciar suntasach de mhaoiniú feidhme Oibre BOO don Aos Óg don Scéim UBU Your Place Your Space. Soláthraíonn UBU Your Place Your Space tacaíochtaí do dhaoine óga taobh amuigh den láthair scoile. Áirítear raon leathan gníomhaíochtaí ar ardchaighdeán leis na tacaíochtaí seo agus is gníomhaíochtaí pobalbhunaithe iad an chuid is mó acu. Tríd an áit agus an spás a chur ar fáil dóibh, tá sé mar sprioc ag UBU an t-ógra go léir a chumasú chun barr a gcumas a bhaint amach.

Faoi láthair, tá 26 tionscnamh UBU i bhfeidhm ar fud an réigiúin. Oibríonn foireann Oibre don Aos Óg de chuid an BOO go dlúth in éindí leis na heagraíochtaí go léir chun tacú leo ina gcuid oibre le daoine óga.

Riar an fhoireann Oibre don Aos Óg réimse scéimeanna maoinithe in 2023

| **Sruthanna Maoinithe 2023** | **Dáileadh** |
|---|---|
| **UBU Your Place Your Space** | €3,320,132 |
| **Ionad Eolais don Aos Óg (2 ionad sa réigiún)** | €114,864 |
| **Maoiniú Caipitil don Aos Óg: a bhaineann go sonrach le UBU** | €162,134 |
| **Tionscnamh Spriocdhírithe Infhostaitheachta Óige (TSIÓ)** | €67,000 |
| **Scéim Oibre don Aos Óg, Clár Samhraidh** | €40,000 |
| **Miondeontas/Trealamh do Chlub Óige** | €15,000 |
| **Deontas na gClubanna Óige Áitiúla: 64 club** | €160,140 |
| **Fóram Drugaí agus Alcóil** | €148,000 |
| **Ciste Imeasctha: Imeascadh na ndaoine óga atá ar teitheadh ón gcogadh san Úcráin** | €135,000 |

D’oibrigh Coiste Oibre don Aos Óg de chuid BOO le Foireann Oibre don Aos Óg de chuid BOO agus raon leathan páirtithe leasmhara pobail agus deonacha, chun Plean Oibre nua don Aos Óg 2023– 2026 a fhorbairt. Beidh sé mar aidhm ag an bplean a chinntiú go n-éireoidh le BOO a fhreagrachtaí i ndáil lena bheith ag tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Luimnigh agus an Chláir a chomhlíonadh. Seoladh an plean ag Glór, Inis i mí na Bealtaine 2023.

Seo a leanas baill an Choiste Oibre don Aos Óg:

Sarah-Lee Kiely An BOO
Gabriel Keating An BOO
Sean McMahon An BOO
Maurice Walsh Seirbhís Óige Luimnigh
Margaret Slattery Seirbhís Óige an Chláir
Evelyn Hayes Banóglaigh na hÉireann
Eric O Brien Foróige (Bainisteoir Réigiún an Deiscirt)
Ursula Cosgrove Cumann Gasóg na hÉireann
Noel Leahy Cumann Gasóg na hÉireann

David Studer An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, TUSLA
Le líonadh isteach Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimnigh
Pádraig Tobin Rannán an Gharda Síochána, Luimneach
Saoirse Sexton Comhairle na nÓg, An Clár
Eoin Connolly Comhairle na nÓg, Luimneach
Suzi Cronin Fóram Óige don Chathair ar fad

**REALT (Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga) - Ag Tacú le Leanaí ón Úcráin i Luimneach agus sa Chlár**
Eagraíonn boird oideachais agus oiliúna réigiúnacha timpeall na hÉireann Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) agus is é pearsanra tacaíochta oideachais atá bunaithe sna réigiúin a oibríonn iontu.

Tacóidh REALT le scoileanna sa limistéar chun freastal ar riachtanais na bpáistí seo de réir mar a thagann sin chun cinn, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn i dtaca le hacmhainneacht nua a fhorbairt, más gá, agus chun soláthar seirbhísí oideachais do scoileanna agus teaghlaigh ina limistéar sainithe féin a chomhordú.

Ar dtús, díríonn REALTanna (Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga) isteach ar chabhair a chinntiú do pháistí chun áiteanna scoile a fháil nuair atá siad réidh le bheith páirteach sa chóras scoile. Tacaíonn an Fhoireann REALT le seirbhísí reatha, agus comhordaíonn siad na réimsí oibre seo a leanas:

- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh áiteanna scoile do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d’aistrigh isteach go dtí an ceantar.
- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh seirbhísí na Scéime Iompair scoile a bheith ar fáil do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d’aistrigh isteach go dtí an ceantar.
- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar acmhainní agus tacaíochtaí le haghaidh riachtanais bhreise acmhainneachta, folláine, teanga agus oideachais.
- Cabhrú le hobair maidir le soláthar foirne, lena n-áirítear teagascóirí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) de réir mar is gá, chun freastal ar riachtanais teanga leanaí ón Úcráin, daoine óga agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí, le teagmháil le Comhordaitheoirí BCTE sna BOOnna (Bord Oideachais agus Oiliúna).
- Acmhainneacht scoile reatha a chur i gcomhréir leis na háiteanna ina bhfuil teaghlaigh Úcránacha curtha, a oiread agus is féidir.
- Acmhainneacht bhreise a aimsiú laistigh dá limistéir thíreolaíocha chun ullmhú do chásanna ina bhféadfadh gur mhó an t-éileamh ná an acmhainneacht scoile, agus obair leis an Roinn agus le heagraíochtaí eile, más gá, d’fhonn an acmhainneacht bhreise seo a chur ar fáil.
- Dul i dteagmháil le struchtúir chomhordaithe eile a d’fhéadfadh a bheith bunaithe chun soláthar seirbhísí poiblí do theaghlaigh Úcránacha a chomhordú.

**Struchtúr**
Tá REALTanna lonnaithe sna BOOnna agus faigheann siad tacaíocht riaracháin uathu. Cuimsíonn gach REALT líonra de ghníomhaireachtaí tábhachtacha eile, lena n-áirítear:

- Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)
- Pearsanra réigiúnach de chuid SSNO (an tSeirbhís Síceolaíochta Náisiúnta Oideachais)
- Pearsanra réigiúnach de chuid CNOS (an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta)
- Ainmnithe áitiúla ó Bhord Bainistíochta
- agus gach comhpháirtí tábhachtach eile de réir mar is cuí

Ina theannta sin, comhoibreoidh REALTanna go dlúth le daoine ó raon de sheirbhísí eile, ag brath ar riachtanais na bpáistí a thagann go hÉirinn, agus na dúshláin atá roimh scoileanna. Ar na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí seo, d'fhéadfaí a áireamh:

- Seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí, lena n-áirítear SFGM (an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí) agus SSM (an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)
- Líonra na Lárionad Oideachais
- Comhairlí contae/údaráis áitiúla

**REALT Luimnigh agus an Chláir**
Tá foireann REALT Luimnigh agus an Chláir tar éis teacht le chéile gach seachtain chun rollú leanaí a bhfuil áiteanna scoile de dhíth orthu i Luimneach agus sa Chlár mar thoradh ar líon ard daoine atá tar éis bogadh isteach sa réigiún a phlé.
Chuir an Fhoireann REALT ranganna Béarla agus ceachtanna sóisialta mothúchán ar fáil do leanaí ón Úcráin agus dá dteaghlaigh ar tugadh cóiríocht dóibh in Ionaid Chóiríochta Mac Léinn Tríú Leibhéal in Ollscoil Luimnigh agus i gColáiste Mhuire Gan Smál le linn an tSamhraidh. Níor iarr Ollscoil Luimnigh ná Coláiste Mhuire Gan Smál aon táille ar na seomraí ranga seo a ligean ar cíos do na ranganna seo.
D'fhan suas le 2,000 duine ón Úcráin in ionaid chóiríochta mac léinn tríú leibhéal i gCathair Luimnigh ó Mheitheamh go Lúnasa. Daoine a bhí tar éis teacht go hÉirinn le déanaí ab ea an chuid is mó acu. Thug gníomhaireachtaí agus grúpaí deonacha éagsúla cuireadh do roinnt de na leanaí agus de na déagóirí chun freastal ar champaí samhraidh agus d'eagraigh an fhoireann REALT ceachtanna Béarla in dhá shuíomh; ag Óstán Punches agus ar Champas Choláiste Mhuire gan Smál. Trí uair an chloig in aghaidh na seachtaine a bhí i gceist leis na ceachtanna agus reáchtáladh iad thar thréimhse 4 seachtaine.
Rinneadh na grúpaí a rangú de réir aoise agus cumas Béarla. Dearadh an clár sa chaoi is go mbeadh sé idirghníomhach agus go dtacódh sé leis na leanaí nuair a bheidís cláraithe i mbunscoil nó i meánscoil. Ar an iomlán, fuarthas aiseolas dearfach i leith na gceachtanna agus bhí na teaghlaigh buíoch astu.

D'eagraigh BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) REALT an BOO seisiún faisnéise: Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) i Scoileanna ar an 26 Meán Fómhair idir 4 agus 5pm ag Ionad Oideachais an Chláir, Inis. Is í an phríomhsprioc ná chun breathnú ar ábhar BCTE, ar mhúineadh an Bhéarla do chainteoirí teangacha Slavacha, agus ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET).

Thairis seo, tá seirbhís meantóireachta a bhfuil grúpa teagascóirí BCTE de chuid an BOO ann ar fáil chun meantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí iar-bhunscoile nach bhfuil taithí acu le BCTE a mhúineadh. Thiomsaigh agus d'fhorbair REALT an BOO acmhainní BCTE atá ar fáil ar www.ETB.com. Gheobhadh gach scoil nuachtlitir ina léireofar na tacaíochtaí atá ar fáil maidir le múineadh an Bhéarla.

Tá faisnéis do thuismitheoirí maidir le rochtain a fháil ar áiteanna scoile ar fáil in Úcráinis agus i Rúisis ag www.lceb.ie

Seo a leanas baill na foirne REALT do 2023.

| Ainm | Ról | Eagraíocht arna n-ainmniú |
|---|---|---|
| George O'Callaghan | Príomhfheidhmeannach | An BOO |
| Donncha Ó Treasaigh | Stiúrthóir na Scoileanna (Cathaoirleach) | |
| Aobhán Haverty | Oifigeach Oideachais do Dhaoine Fásta | |
| Deirdre Honan | Comhordaitheoir REALT | |
| Aisling Wheeler | Comhordaitheoir BCTE REALT | |
| Miriam Gleeson | Oifigeach Sinsearach Leasa Oideachais | TUSLA |
| Dan O' Shea | Bainisteoir Réigiúnach | |
| Le líonadh | | CBBC (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha) |
| Alan Cunningham | Príomhoide Iar-Bhunscoile | CSPC (Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha) |
| Mona Hynes | Príomhoide Iar-Bhunscoile | CCB (Comhlacht Comhbhainistíochta) |
| David Quinn | Príomhoide Bunscoile | Oideachas le Chéile (Inis) |
| Richard Egan | Síceolaí Sinsearach | SSNO (an tSeirbhís Síceolaíochta Náisiúnta Oideachais) |
| Gerard Hogan | Bainisteoir Réigiúnach | CNOS (an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta) |
| Stephanie Ryan | Bainisteoir Réigiúnach Iomprais Scoile | Bus Éireann |

Dhearbhaigh an Roinn Oideachais gur cláraíodh 18,003 dalta ón Úcráin i scoileanna ar fud na hÉireann faoi dheireadh mhí na Nollag 2023. Ón bhfigiúr sin, cuireadh socruithe ar fáil do 11,165 dalta i mbunscoileanna agus cláraíodh 6,838 dalta in iar-bhunscoileanna.

Sonraí Rollaithe, Nollaig 2023:

| Bunscoil | | Iar-bhunscoileanna | |
|---|---|---|---|
| An Clár | 598 | An Clár | 336 |
| Luimneach | 359 | Luimneach | 207 |

Bhuail oifigigh ón Roinn Oideachais agus ón bhFoireann REALT le chéile ag cruinniú ar an láthair ar Champas na hInse, Dé Luain, an 6 Samhain 2023. Cuireadh tús leis an gcruinniú le plé ar nuashonruithe maidir le rollú agus le hiompras scoile. Ina dhiaidh sin ar mhaidin an chruinnithe, tugadh cuairt ar bhunscoil: Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile na hInse, agus iar-bhunscoil: Coláiste Pobail Thuamhan. Tá go leor daltaí ón Úcráin cláraithe sa dá scoil sin agus ba é an t-aiseolas a fuarthas ón Roinn ná go raibh siad an-tógtha le hobair na scoileanna agus le tionchar na hoibre sin. Dúirt an bheirt Phríomhoidí go bhfuil an cohórt ón Úcráin tar éis cur go mór le saol na scoile. Dúirt siad go n-oibríonn malartú cultúrtha an dá bhealach, ina dtugtar deis do dhaltaí Éireannacha foghlaim faoi thraidisiúin éagsúla agus éisteacht le teangacha eile.

Go nuige seo, tá na leanaí go léir a tháinig go dtí an réigiún cláraithe i scoil. Chuir na scoileanna fáilte mhór roimh na daltaí nua ón Úcráin agus thug siad an-tacaíocht dóibh. Is fiú a lua, mar sin féin, go bhfuil conair anois ag síneadh idir Tuaisceart an Chláir go Cathair Luimnigh ina bhfuil easpa mhór áiteanna scoile. Dá bhrí seo, beidh sé fíordheacair áiteanna scoile a sholáthar do dhaltaí nua a thiocfaidh chuig na ceantair seo a leanas: Tuaisceart an Chláir, ceantar na hInse, Sionainn/Bun Raite agus Cathair Luimnigh.

**Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna**




In 2023, bhain 29,584 duine leas as soláthar Breisoideachais agus Oiliúna BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir. Is é an Coláiste BrOO atá freagrach as na 28 Campas BrOOi Luimneach agus sa Chlár a bhainistiú agus a oibriú. Áirítear leis seo 37 ionad atá cláraithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ), ina gcuirtear réimse leathan soláthair lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil, mar aon le seirbhísí tacaíochta.

| 29,584 tairbhí de chuid Choláiste BrOO an BOO in 2023* | | |
|---|---|---|
| Printíseacht | Printíseacht 2016+ | 81 |
| Printíseacht | Printíseacht, Céimeanna (2,4,6) | 1,774 |
| Printíseacht | Printíseacht, Céim 7 | 205 |
| Lánaimseartha | Lárionaid Oiliúna Pobail | 110 |
| Lánaimseartha | Ceardlann Cheartais | 2 |
| Lánaimseartha | Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 24 |
| Lánaimseartha | Iar-Ardteistiméireacht (IA) | 975 |
| Lánaimseartha | Soláthraithe Sainoiliúna | 53 |
| Lánaimseartha | Oiliúint Sainscileanna | 259 |
| Lánaimseartha | Cúrsa Oiliúna, Fostaithe | 51 |
| Lánaimseartha | Cúrsa Oiliúna, Faoi Oiliúint | 296 |
| Lánaimseartha | Croíscéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais | 292 |
| Lánaimseartha | Ógtheagmháil | 274 |
| Lánaimseartha | Treasach | 1 |
| Páirtaimseartha | Croíscileanna | 5,228 |
| Páirtaimseartha | Oideachas Pobail | 6,668 |
| Páirtaimseartha | BCTE | 6,078 |
| Páirtaimseartha | Cúrsaí Oiliúna Tráthnóna | 2,430 |
| Páirtaimseartha | Uaireanta Comhoibrithe BrOO | 5 |
| Páirtaimseartha | Conairí Ó Scoileanna BrOO | 1,221 |
| Páirtaimseartha | Forbairt Scileanna Fostaithe agus Gairme | 1,871 |
| Páirtaimseartha | Scileanna le Dul Chun Cinn | 447 |
| Páirtaimseartha | Aitheantas d'Fhoghlaim Roimhe Seo | 58 |
| Páirtaimseartha | Maoiniú eile | 1,176 |
| Páirtaimseartha | Ríomhcholáiste ar Líne | 5 |

***Fuarthas na Sonraí seo ó CTFC***

**Forbairt Scileanna**
Lean an Coláiste BrOO in 2023, an Bhliain Eorpach um Scileanna, agus iad ag dul i ngleic leis an easpa scileanna i Réigiún an Iarthair Láir. Rinneadh naisc le fostaithe chun uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar fáil d'fhostaithe, chun riachtanais sa teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh, mar aon le riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair. Seo a leanas roinnt buaicphointí ó thaobh Forbairt Scileanna de:

- **Scannánaíocht agus na Meáin Dhigiteacha**
  Láidríodh comhpháirtíochtaí de chuid an Choláiste BrOO in 2023 chun Lárionad Barr Feabhais a dhéanamh den Choláiste i dTionscadal na Scannánaíochta agus na Meán Digiteach i réigiúin an Iarthair Láir. Lean sé ar aghaidh ag obair go dlúth le Film in Limerick, Troy Studios agus Fís Éireann chun tionscnaimh oiliúna nua a sholáthar sa réimse seo.
- **Scileanna Glasa**
  Chuir an Coláiste BrOO béim bhreise arís ar scileanna foghlaimeoirí a neartú in 2023 maidir leis na haistrithe digiteacha agus glasa. Éilíonn an t-aistriú glas cur chuige uile-institiúide, lena n-áirítear 'glasú' ábhar an churaclaim agus an timpeallacht foghlama, glasú an champais, forbairt scileanna do mhúinteoirí agus comhoibriú leis an tionscal, institiúidí taighde agus go leor páirtithe leasmhara seachtracha. Tá sé mar aidhm ag an gColáiste BrOO cur le cultúr na hinbhuanaitheachta ar a gcuid Campas. In 2023, cuireadh deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar fáil do dhaoine chun foghlaim mar gheall ar shaincheisteanna comhshaoil ar champais is i bhfoirgnimh BrOO. Thacaigh na deiseanna seo le foghlaimeoirí agus leis an bhfoireann BrOO 'dearcadh na hinbhuanaitheachta' a ghlacadh. Beidh tionchar 'síothlaithe' leis seo, ina rachaidh foghlaimeoirí san ionad oibre i bhfeidhm ar dhaoine eile agus spreagfar iad chun a machnamh a dhéanamh ar chleachtais níos inbhuanaithe agus na cleachtais sin a chur i bhfeidhm.
- **Cláir Inbhuanaitheachta SOLAS:** D'fhorbair comhghleacaithe de chuid SOLAS agus Rannpháirtíocht Fiontraíochta sraith de chláir Inbhuanaitheachta Comhshaoil san ionad oibre DCCÉ Leibhéal 4 agus 5. Go sonrach, tá sé mar aidhm ag raon micreacháilíochtaí feasacht a threisiú ar na saincheisteanna inbhuanaitheachta comhshaoil a théann i bhfeidhm ar fhostóirí agus ar fhostaithe agus na scileanna a thabhairt dóibh chun cur go dearfach le hinbhuanaitheacht san ionad oibre. Díríonn na micreacháilíochtaí sin ar na réimsí seo a leanas: Inbhuanaitheacht Comhshaoil san Ionad Oibre, Cleachtas Barainne don Ghnó Inbhuanaithe, Éifeachtúlacht Acmhainní d'Ionad Oibre Inbhuanaithe, an Geilleagar Ciorclach agus Soláthar ó Shlabhra Soláthair Inbhuanaithe.
- **Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Iarthair Láir:** Déanann Rannpháirtíocht Fiontair comhchathaoirleacht ar an líonra seo, agus mar thoradh ar seo bhí cruinnithe le toscaireacht ón Iorua ann in 2023, ina measc bhí ambasadóir na hIorua ag Institiúid Bernal ag Ollscoil Luimnigh. An aidhm atá ann ná píblíne leanúnach d'oibrithe le cáilíochtaí gairmscileanna a fhorbairt chun Port na Sionainne agus Fhainge, agus tionscadail fuinnimh gaoithe a bhaineann leis a fhorbairt.
- Bunaíodh **Grúpa Forbartha míosúil de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontraíochta (STRF) ar son Chláir Scileanna Glasa** chun cláir nua a aithint, amhail micreacháilíocht Scileanna Chun Cinn san Fheirmeoireacht Éisc, Scileanna chun a bheith Saor ó Charbón, próifíl fostaí á fhorbairt, etc.
- Soláthraíodh **an chéad leagan den Chúrsa Bunfheasachta ar Fhoirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de (NZEB)** d'fhoghlaimeoirí i mí Aibreáin 2023 ag an gCampas Nuálaíochta Glaise, lena n-áirítear an NZEB agus an tIonad Barr Feabhais Iarfheistithe i mBaile an Róistigh. Ar an gclár lánmhaoinithe lá amháin seo, aimsíonn rannpháirtithe prionsabail agus cleachtais Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de (NZEB) agus cíorann siad prionsabail NZEB, fisic, fabraic agus seirbhísí foirgnimh fuinneamh in-athnuaite, fótavoltacha, méadair chliste agus go leor eile. Bronnadh creidiúnú Feasachta Bunúsaí Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de NZEB (City & Guilds Assured) ar na rannpháirtithe nuair a bhí siad críochnaithe. Ag tabhairt aghaidh ar riachtanais scileanna an aistrithe ghlais ag leibhéal réigiúnach/áitiúil, tá an tIonad Barr Feabhais Gairme (IBFE) mar chuid 'd'éiceachóras scileanna' leathnaithe, áit a bhfuil soláthar scileanna bunaithe ar chomhpháirtíocht chomhoibritheach le tionscal, cumainn trádála, gníomhaireachtaí rialtais agus institiúidí taighde. In 2023, chuir an Coláiste BrOO líon mór cúrsaí ar fáil ón áis nua seo.

**Fáilteachas agus Turasóireacht**

Rinne foghlaimeoirí agus foireann de chuid **Champas Fáilteachais an Choláiste BrOO** gaisce arís in 2023.

- Is é an Campas Fáilteachais an chéad champas de chuid BOO in Éirinn ar bronnadh ballraíocht de Chumann na nÓstán Eorpach agus na Scoileanna Turasóireachta orthu.
- Is é an Campas Fáilteachais an t-aon Choláiste BrOO in Éirinn fós a bhfuil séala an Ionaid Barr Feabhais acu de réir an Chreata Eorpaigh um Bainistiú Cáilíochta, agus de réir Chumann Cócairí na Cruinne, a chinntíonn go gcloíonn eagraíochtaí fáilteachais le caighdeáin idirnáisiúnta ó thaobh cleachtais chócaireachta agus fáilteachais de. Tugadh ardú céime don choláiste in 2023 agus rinneadh comhpháirtí de chuid Comhpháirtithe Oideachais Chocairí na Cruinne díobh mar thoradh ar a gcuid ardchaighdeán.
- Tar éis do Phainéal Chócairí Éireann cuairt a thabhairt ar an gcoláiste i mí Iúil 2023, bronnadh plaic ar Bhainisteoir an Champais Fáilteachais, Bernadette Enright, in onóir dá cuid oibre agus dá cuid díograise le roinnt blianta anuas i gcomhar le Painéal Chócairí Éireann.
- D'éirigh thar barr leis an gCampas Fáilteachais ag Comórtas Cócaireachta Chócairí Éireann, an Taispeántas CATEX, ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2023. Bhuaigh siad 22 Bonn Óir, 18 mBonn Airgid, 12 Bhonn Cré-Umha, 5 Ghradam Barr-Ranga agus Gradam Chócaire na Bliana Iomláine 2023 don 3ú bliain as a chéile. Dearadh an comórtas lena bheith ina shárthaispeántas don earnáil bia, deochanna agus fáilteachais agus d'fhreastail na scórtha iomaitheoirí ar an gcomórtas i mbliana ó fud fad na hÉireann. Chaith na scothchócairí seo seachtainí agus míonna ag ullmhú don chomórtas iomráiteach agus iad ag cleachtadh a gcuid scileanna sna catagóirí ábhartha.
- Don dara bliain as a chéile, toghadh an Campas Fáilteachais mar Choláiste Barr Feabhais chun Foireann na hÉireann a thraenáil do na Cluichí Oilimpeacha Cócaireachta IKA sa Ghearmáin in 2024 agus toghadh Bainisteoir Champas Fáilteachais an Choláiste BrOO chun a bheith ar an bhFoireann Bainistíochta d'Fhoireann Oilimpeach na hÉireann; Sinsir agus Sóisir. Bainfidh foghlaimeoirí as coláistí eile leas as an gCampas Fáilteachais mar cheanncheathrú dá gcuid traenála chomh maith.

**Forbairt Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna**

Chuir an Coláiste BrOO béim mhór ar roghanna nua printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a fhorbairt arís i gCampas na Sionainne agus i gCampas an Ráithín in 2023 de réir na straitéise náisiúnta.

- Ó thaobh **Printíseachtaí Ceirde** de, cuireadh sceideal iomlán Printíseachtaí Ceirde Chéim 2 ar fáil do Champas na Sionainne in 2023. Bhí forálacha práinne i bhfeidhm fós ar chúrsaí Pluiméireachta agus Leictreachais.
- I mí Dheireadh Fómhair 2023, thosaigh Campas na hInse ag cur printíseacht Díolacháin ar fáil i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL). Rinne an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontraíochta naisc le Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (GBManna) agus le Corparáidí Ilnáisiúnta (CINanna) chun tacú leis an bhforbairt seo.
- I gCampas na Sionainne, tháinig méadú ar an éileamh **ar Phrintísigh Aerárthaigh** agus glacadh suas go 70 a glacadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise air in 2024 suas go 90.
- Ag an ócáid **Worldskills Éireann** ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2023, rinneadh ceiliúradh beo ar phrintíseachtaí, scileanna agus gairmeacha le taispeántais idirghníomhacha, le zóin do ghairmeacha éagsúla agus fostóirí atá i mbun earcaíochta. I measc na bprintíseach de chuid BOO a chuaigh san iomaíocht ag Worldskills Éireann i mbliana bhí Sophia Quinlan, Dean Cooke, Michael Ryan, Shaun Moloney, Quentin Smyth, agus Oran Fitzgerald. D'éirigh go hiontach leo ar fad ina gcuid catagóirí.
- Thairis seo, reáchtáil an BOO **an Ócáid Náisiúnta Bronnta Gradam Printíseachta i Luimneach** go luath i mí na Samhna 2023. Caitheadh solas ar fhoghlaimeoirí Choláiste BrOO an BOO ag an ócáid bronnta gradam. Ainmníodh Ceathrar Printíseach Innealtóireachta: Alana Kernan, Conor Wall, Jake Dunne agus Ryan McHugh.
- Thug an Oifig Náisiúnta Printíseachta cead do BOO dhá chlár nua printíseachta a fhorbairt, an **Phrintíseacht Náisiúnta i gCóireáil Áilleachta agus an Phrintíseacht Náisiúnta Bearbóireachta**.
- **Printíseacht Náisiúnta Gruagaireachta:** Leanann an BOO ar aghaidh ag cur oiliúint phrintíseachta den láthair oibre ar fáil don Phrintíseacht Náisiúnta Gruagaireachta i dtrí ionad éagsúla ar fud Choláiste BrOO.

**Cúrsaí Oiliúna**

- **Teicneoir Cothabhála Aerárthaí:** In 2023, bhí éileamh níos mó ar theicneoirí cothabhála aerárthach ón earnáil aerárthaigh agus cuireadh cúrsaí breise ar fáil i mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2023.

- Chuir Campas na Sionainne **cúrsa oiliúna ar spraephéinteáil aerárthaigh** ar fáil freisin i gcomhar le Cótaí Idirnáisiúnta Aeraspáis (CIA). Is cúrsa deimhnithe CNG City and Guilds Leibhéal 3 é agus déantar na measúnuithe trí agallamh gairmiúil. Ag ócáid bronnta teastas ag an IAC le déanaí, luadh go bhfuil breis is leath na gceannairí foirne ar an urlár táirgthe tar éis teacht tríd an Oiliúint Péinteála Sprae Aerárthaí
- Tá éileamh breise ar an **gCúrsa Oiliúna in Uathoibriú Próiseas Róbat** i gCampas na Sionainne. Tá an t-éileamh seo ag teacht ó FSS agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí.
- I gCampas an Ospidéil, chríochnaigh an chéad ghrúpa oiliúnaithe ar **Mhótartheicneolaíocht** a gcúrsa i mí Iúil 2023.
- I gCampas Seanghualann cuireadh **Cúrsa Oiliúna Scileanna Fostaíochta Leibhéal 4 nua ar fáil** i gcomhpháirtíocht le Campas an Ráithín. In 2023, bhain gach foghlaimeoir creidiúnú amach agus bhí deiseanna taithí oibre acu, a thacaigh leo a mBéarla a chleachtadh i bhfíorshuíomh oibre.
- Is ionad barr feabhais in oiliúint a bhaineann le cúrsaí muirí an **Cúrsa Ard-Oiliúna Bád Oibre** ag Campas Chill Rois. Arna fhorbairt le tacaíocht ó chomhpháirtithe tionscail, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn. Mar thoradh ar fhorbairtí maidir le teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a rinneadh le déanaí, tá forbairtí móra bonneagair mhuirí agus forbairtí gnó i ndán d'Inbhear na Sionainne agus na contaetha máguaird sna blianta amach romhainn.

**Tacaíochtaí Foghlaimeora**

**Ciste REACH** - Ó fógraíodh an Ciste REACH de chuid SOLAS (MAEDF mar a bhí ann ó thús) in 2020, cuireann an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach iarratas inmheánach isteach chun Ciste Tacaíochta Foghlaimeora a oibriú lena gcuirtear tacaíocht airgeadais aonuaire ar fáil d'fhoghlaimeoirí in anás airgeadais. Cuirtear gach iarratas in ord tosaíochta agus déantar iad a mharcáil, de réir na gcritéar seo a leanas:

- Ceantar ard-dífhostaíochta
- Ag fáil íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS)
- Cárta leighis a shealbhú
- Ó Ghrúpa Tosaíochta (9 gCúis & Míbhuntáiste Socheacnamaíoch)
- Ag cur suas le míbhuntáiste imthoisceach ar leith.

Ó 2020 i leith, tá cúnamh airgeadais aonuaire faighte a g 628 foghlaimeoir san iomlán. Is é an méid a cheadaítear ar an meán ná €198.57. Bhain go leor de thosaíochtaí na bhFoghlaimeoirí i mbliana le costais bhreise a bhain le taisteal chuig agus ó ranganna.

**Freagairt don Úcráin Choláiste BrOO 2023**

Tá an BOO tiomanta do bheith páirteach i bhfreagairt dhaonnúil Rialtas na hÉireann chun fáilte a chur roimh dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus ag atá lorg cosanta in Éirinn. I mí Dheireadh Fómhair 2023, léiríodh i staitisticí POS do réigiún an BOO go bhfuil 8,568 duine a tháinig ón Úcráin lonnaithe i Luimneach agus sa Chlár anois (bunaithe ar shonraí maidir le dáileadh UPSPanna). Is ionann teifigh ón Úcráin agus cuid mhór den daonra i roinnt ceantar anois. Is ionann teifigh ón Úcráin agus 11% den daonra i dtoghroinn Inis Díomáin anois, mar shampla.

Tá an BOO tar éis a bheith páirteach sa fhreagairt idirghníomhaireachta sa dá chontae agus is ball é d'Fhóraim Phobail na nÚdarás Áitiúil i Luimneach agus sa Chlár. Thairis seo, tá an BOO bainteach leis na fo-struchtúir lena ndéantar iarrachtaí comhordaithe, i gcomhar le RCS, FSS, Comhlachtaí Forbartha Áitiúla, Seirbhísí Inimirce agus eagraíochtaí pobail agus deonacha eile. D'fhorbair an Coláiste BrOO freagairt chomhtháite ar fud na seirbhíse. Buaileann grúpa oibriúcháin tras-seirbhíse, a bunaíodh chun díriú ar Chroí-Scileanna, ar BCTE agus ar Threoir agus Cuimsiú Gníomhach, le chéile ar bhonn seachtainiúil leis na hOifigigh Oideachais Aosaigh (OOAnna) ábhartha chun soláthar a phleanáil, saincheisteanna a athbhreithniú, buiséad a bhainistiú agus freagairtí nuálacha a fhorbairt.

**Freagairt Idirnáisiúnta Chosanta 2023**

Is iad Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (SCCI) atá freagrach as cóiríocht agus na seirbhísí ábhartha a sholáthar do dhaoine sa phróiseas Cosanta Idirnáisiúnta ('tearmann'). Osclaíodh roinnt Ionad Cóiríochta nua SCCI i Réigiún Luimnigh agus an Chláir le linn 2023. Mhéadaigh líon na n-iarrthóirí idirnáisiúnta tearmainn sa réigiún ó 757 Iarrthóir i mí Eanáir go 1120 iarrthóir i mí na Samhna 2023.

| | Staitisticí Seachtainiúla SCCI RLCMLÓ 01/01/2023[2] | Staitisticí Seachtainiúla SCCI RLCMLÓ 19/11/2023[3] |
|---|---|---|
| Contae an Chláir | 474 | 719 |
| Cathair agus Contae Luimnigh | 283 | 401 |
| Iomlán | 757 | 1120 |

Tá sé de cheart ag aon Iarrthóir Idirnáisiúnta Tearmainn atá ag tabhairt faoin bpróiseas Cosanta Idirnáisiúnta agus atá ag cloí le coinníollacha an phróisis sin Cárta Cónaithe Sealadach (CCS) a fháil. Tagann dáta eisithe an chárta leis an dáta a ndearna an duine iarratas ar thearmann in Éirinn. Ó thaobh dearcadh BCTE de, bíonn fáil ag iarrthóirí Idirnáisiúnta Tearmainn a bhíonn ag fanacht ar chinneadh ar feadh níos lú ná 6 mhí agus nach bhfuil Litir Cheada Margaidh Saothair acu ar thacaíochtaí BCTE agus ar thacaíochtaí litearthachta suas le DCCÉ leibhéal 3 amháin. Tar éis cúig mhí, is féidir le hiarrthóirí cead margaidh saothair a lorg. Ceadaítear a leithéid sa séú mí, de ghnáth. Tar éis do dhuine Cead Rochtana Margaidh Saothair a fháil, bíonn rochtain acu ar gach gné den soláthar Breisoideachais agus Oiliúna.

**Bileoga Faisnéise maidir le hIncháilitheacht**
Tá cineálacha éagsúla ceadanna cónaithe ar fáil in Éirinn agus tagann gach cineál ceada le catagóir chónaithe ar leith. Mar chuid den fhreagairt BCTE in 2023, agus de réir fhorbairt an Bheartais Aistrithe Rochtana agus Dul Chun Cinn, d’eisigh an treoirchomhairleoir a bhaineann go sonrach le himircigh dhá bhileog faisnéise - bileog amháin don fhoireann agus bileog eile d’iarratasóirí. Tugtar achoimre sa bhileog ar na riachtanais incháilitheachta chun rochtain a fháil ar na deiseanna oiliúna Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann Coláiste BrOO ar fáil.

**Ranganna BCTE**
Is é an riachtanas oideachais is práinní atá ag teacht chun cinn do dhaonra na hÚcráine ná an riachtanas do theagasc Béarla thar raon leibhéal. De réir na cáipéisíochta ón measúnú tosaigh, níl aon inniúlacht BCTE nó is beag inniúlachta BCTE atá ag 29% sa réigiún, tá 33% ag leibhéal A1/ A2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET), tá 33% ag leibhéal B1/ B2 ar an CTET agus dar le measúnú tá 5% ag leibhéal C1 ar an CTET.

Mhéadaigh an t-éileamh ar BCTE arís le linn 2023. Ba é an tionchar a bhain leis an bhfreagairt don chogadh san Úcráin ba mhó ba chúis leis seo, chomh maith leis an méadú ar líon na n-iarrthóirí Idirnáisiúnta Tearmainn sa réigiún. Léirítear i dtuairisc de chuid CTFC a rinneadh i mí na Samhna 2023 go bhfuil 5802 tairbhí ag baint leasa as, nó atá tar éis leas a bhaint as, soláthar BCTE ag an gColáiste BrOO.

Déantar bainistiú lárnach ar iarratais ar an soláthar BCTE leis an tSeirbhís Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach ar an seoladh ríomhphoist nua fetresponse@ETB.ie agus ar an uimhir theileafóin 1800 70 70 77. Tá bróisiúr ar a bhfuil dhá thaobh i mBéarla agus in Úcráinis, chomh maith le póstaeir, ar fáil trí bhallraíocht sna Fóraim Phobail agus ag na hIonaid SCCIA.

Tá an tSeirbhís Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (SFET) tar éis raon imeachtaí aonair aonuaire maidir le Treoir agus Faisnéis Oideachais a chur ar fáil, nó páirt a ghlacadh in imeachtaí dá leithéid agus chuathas i dteagmháil le go leor foghlaimeoirí ar an gcaoi seo. Reáchtáladh go leor de na himeachtaí seo i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Anuas ar na himeachtaí aonuaire, tá SFET tar éis amchlár seachtainiúil de sheisiúin Treoracha / Faisnéise a shocrú lena gcuirtear rochtain ar an tseirbhís treorach oideachais ar fáil d’fhoghlaimeoirí for-rochtana agus champasbhunaithe araon.

**Tacaíochtaí an Choláiste BrOO d’Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas**
Is é an aidhm atá ag an gColáiste BrOO timpeallacht a chruthú ina nglactar leis nach bac ar fhoghlaim é míchumas nó riachtanas sláinte (lena n-áirítear riachtanas meabhairshláinte) agus ina dtugtar deis do gach duine barr a c(h)umais a bhaint amach. Tugann an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna aird ar reachtaíocht chomhionannais, lena n-áirítear an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Acht CÉCDC, 2014), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018, agus an tAcht Oideachais, 1998.

Iarrtar ar iarratasóirí a dhéanann iarratas ar áit eolas maidir le haon mhíchumas, riachtanas sláinte fisiciúil, fadtéarmach nó riachtanas meabhairshláinte nó riachtanas breise tacaíochta foghlama a roinnt; is féidir é seo a dhéanamh mar chuid den phróiseas treorach réamhiontrála agus cuirtear eolas ar fáil faoi rún agus ní úsáidtear eolas ach amháin chun na críche a mbailítear é. Le linn 2023, leithdháileadh os cionn €200k chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas faoin gCiste d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas (CFM) agus faoi Chiste Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí an Choláiste BrOO.

**Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora**

Leagtar an chaoi a gcuireann an BOO Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora chun cinn amach i gCreat Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO. Tugtar léargas ann ar an mbealach a dtacaítear leis an bhfoghlaimeoir ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte. Tacaíonn an Creat leis an gColáiste BrOO chun ceannaireacht agus acmhainní a sholáthar chun Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora a chur chun cinn agus chun tacú leo.

Ag leibhéal an champais, tabharfar tús áite i gcónaí d'fholláine na bhfoghlaimeoirí agus na foirne. Is féidir leis na gníomhaíochtaí seo ar son na meabhairshláinte ag leibhéal an champais an stiogma a bhaineann le cúrsaí meabhairshláinte a bhaint. Thairis seo, cuireann na gníomhaíochtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le comhrá a dhéanamh le daoine eile. Thug comhairleoirí ar an láthair faoi deara gur mhéadaigh an t-éileamh ar sheisiúin chomhairleoireachta, ar chluichí idirghníomhacha, ar cheardlanna teacht aniar, bia folláin etc. Le linn 2023, cuireadh thart ar €30,000 ar fáil do na Foirne Meabhairshláinte agus Folláine ar an gcampas chun imeachtaí agus gníomhaíochta a reáchtáil lena dtacófar le dea-mheabhairshláinte lena spreagfar í. Áiríodh Laethanta Idirchultúrtha, Ócáidí Folláine ar Champas, Ilchomórtas Sacair, Trucail Uachtar Reoite, Turais ar Bhusanna, Cluichí Idirghníomhacha, Ceardlanna Teacht Aniar agus Bia Folláin leis na gníomhaíochtaí.

**Croíscileanna a Fhorbairt**

Tá an Coláiste BrOO tiomanta do na deiseanna oideachais agus oiliúna is fearr a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, rud a chuireann ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá ár soláthar Oideachais Pobail agus Croíscileanna bunaithe ar chláir áitiúla phobalbhunaithe a chur ar fáil, a bhfuil daoine aonair agus grúpaí páirteach iontu, daoine agus grúpaí a bhíonn ag déileáil le bacainní áirithe agus suntasacha ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint go minic. Cuireann an soláthar seo ar chumas na bhfoghlaimeoirí a gcuid riachtanais foghlama féin a aithint agus cuireann sé ar a gcumas a bheith páirteach i bhfoghlaim neamhfhoirmiúil fad-saoil ina bpobal féin.

Mar chuid den chur chuige 'STRAITÉIS Amháin - FOIREANN Amháin - COLÁISTE Amháin', oibríonn an fhoireann soláthair páirtaimseartha agus lánaimseartha BrOO go dlúth lena chéile chun dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a éascú. Déantar amhlaidh le soláthar agus sceidealú comhordaithe, agus bíonn fáil ar roghanna solúbtha. Cuireann an cur chuige ilchampais ar chumas an Choláiste BrOO líon ard foghlaimeoirí nua a mhealladh agus a choinneáil. Chuir an fhoireann soláthair páirtaimseartha i Luimneach Thoir 119 cúrsa ar fáil mar shampla, lena n-áiríodh Forbairt Scileanna Gairme agus Fostaithe (FSGF), Croí-Scileanna, Oideachas Pobail, BCTE, Scileanna Chun Cinn agus Aitheantas Réamhfhoghlama. Tá cúrsaí á seachadadh i gCampas Bhaile Chill Mocheallóg, Campas na Ceapaí Móire, Campas an Ospidéil agus Campas Chromadh, mar aon le roinnt cúrsaí i suímh phobail.

**Foghlaim Teaghlaigh**

Tá an BOO i gceannas ar na Treoirlínte um Litearthacht Teaghlaigh in BOOnna (SOLAS, ÁNLA agus BOOÉ, 2020) a chur i bhfeidhm. I mí Feabhra 2023, d'fhreastail 26 rannpháirtí ó sheacht BOO éagsúla ar sheisiúin oiliúna do Theagascóirí Foghlama Teaghlaigh in Inis. B'in é an chéad seisiún oiliúna duine le duine a rinneadh le trí bliana anuas. Cuireadh an oiliúint sa dá bhliain roimh sin i gcrích ar líne.

Is é an cúrsa "Mise agus Mo Leanbh" an cúrsa Foghlama Teaghlaigh is mó a bhfuil tóir air i gContae an Chláir fós. Is é príomhfhócas an chúrsa ná luathscileanna litearthachta a spreagadh i measc na dteaghlach agus cuirtear béim mhór ar an léitheoireacht. Cuireann Mise agus Mo Leanbh spás compordach, neamhfhoirmiúil ar fáil do thuismitheoirí ina gcuirtear fáilte rompu agus inar féidir leo foghlaim faoin tionchar tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith acu féin ar aistear foghlama a leanaí. Bíonn deis acu bualadh le daoine eile, am a chaitheamh lena leanaí, agus eolas praiticiúil a fháil

maidir le deiseanna foghlama coitianta ar féidir a úsáid chun tacú le luathscileanna liteartha agus uimhearthachta na leanaí.

Rinneadh leathnú ar chúrsaí Foghlama Teaghlaigh ar fud Chontae an Chláir ó méadaíodh an scéim DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna) ó 7 scoil go 32 scoil. Tá an soláthar foirne mar an gcéanna fós. Thapaigh 17 scoil DEIS i gCathair Luimnigh an deis le haghaidh uaireanta teagaisc oideachais pobail in 2023 chun cúrsaí Foghlama Teaghlaigh a reáchtáil. Reáchtáladh ranganna do thuismitheoirí amháin chomh maith, ina bhféadfadh le tuismitheoirí aghaidh a thabhairt ar a riachtanais foghlama agus ar a gcuid spéiseanna féin.

In 2023, thug Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla cuireadh do BOO Thiobraid Árann chun ionchur i ndáil le Foghlaim Theaghlaigh a chomhsholáthar le ceithre ghrúpa. Áiríodh leo sin 240 Comhordaitheoir nua Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail thar mhí Feabhra agus mí an Mhárta i mBaile Átha Cliath, i dTulach Mhór, i mBaile Átha Luain agus i bPort Laoise. Is bealach an-úsáideach é seo chun scoileanna BOO agus scoileanna DEIS a nascadh.

**Foghlaim Allamuigh**
Freastalaíonn an soláthar oideachais ag na hIonaid Oideachais agus Oiliúna allamuigh ar leibhéil bhunscoile, iar-bhunscoile, óige agus ar leibhéil bhreisoideachais agus oiliúna. Cuireann na cláir seo scileanna fad saoil, lena n-áirítear tras-scileanna, in iúl do dhaoine agus déantar na scileanna sin a fhorbairt. Cuireann na cláir neamhfhoirmiúla allamuigh seo dea-eispéiris foghlama ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Cuireann sé seo lena gcuid rannpháirtíochta foghlama trína bheith gníomhach, agus trína bheith ag caitheamh ama i measc an dúlra. Bítear ag foghlaim Scileanna Glasa neamh-fhoirmiúla le linn an ama a chaitear i measc an dúlra freisin. Bíonn an bhithéagsúlacht á fiosrú, forbraítear feasacht ar chaillteanas gnáthóg agus féachtar ar ghníomhartha inghnóthaithe ar son na haeráide.

Cuireann na hIonaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (IOOA) tacaíocht mhodúlach ar fáil do chláir eile BrOO chomh maith, lena n-áirítear Treorú Turais Réigiúnach agus Náisiúnta. I measc na scileanna a fhorbraítear le linn na seisiún seo tá bainistiú riosca, slándáil, ceannaireacht agus scileanna bainistithe grúpaí.

Sholáthair IOOAnna i Luimneach agus sa Chlár roinnt cúrsaí nua in 2023 lena n-áirítear na cúrsaí seo a leanas:
- Cláir Chonairí do Scoileanna do scoláirí idirbhliana ag scoileanna BOO.
- Oideachas Allamuigh agus oiliúint do sholáthar don Óige i gcomhpháirtíocht le Comhordaitheoir Oibre Óige BrOO.
- Comhoibriú le soláthar foghlama teaghlaigh, oideachas pobail chomh maith le soláthar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

**Oideachas Ceoil**
Is cuid riachtanach den soláthar BrOO é oideachas ceoil agus an deis chun a bheith cruthaitheach leis an gceol. Leis na tograí foghlama seo atá bunaithe ar thaithí, ligtear do na foghlaimeoirí go léir iad féin a thumadh sna hábhair a bhfuil siad paiseanta fúthu agus ina gcuid réimsí spéise, nó is féidir leo ábhair spéise nua a aimsiú. Cuireann Coláiste BrOO deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí leis na cláir 'Glúin an Cheoil' i Luimneach agus sa Chlár agus sa Scoil Cheoil i Luimneach.

**Conairí a Chruthú**
Is cuid d'obair leanúnach na Seirbhíse Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach de chuid an Choláiste BrOO é feasacht a ardú ar scileanna gairme agus tuiscint ar na scileanna sin a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí soláthair breisoideachais agus oiliúna, agus dóibh siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an oideachas chun uas-scilliú nó athscilliú a dhéanamh, nó ar mhaithe le forbairt phearsanta.

Tá Imeachtaí Speisialta chun tacú le Conairí á gcomhordú ag STRF i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha tionscail agus oideachais. I measc shamplaí 2023 tá:

- Tharraing an **mórthaispeántas Explore Engineering** na céadta cuairteoir chuig Aerfort na Sionainne i mí an Mhárta 2023.
- Tionóladh **an Chéad Taispeántas Buaic-Chúrsa de chuid an Chláir Náisiúnta Printíseachta Gruagaireachta** ag Campas an Ráithín chun scileanna na bPrintíseach Gruagaireachta a léiriú ag ócáid taispeána sa sciamhlann oiliúna úrscothach de chuid an Choláiste BrOO.
- Thacaigh STRF leis an **Mórthaispeántas Gairmeacha Printíseachta** i mí na Samhna 2023. D'fhreastail 2,000 scoláirí ó réigiún Luimnigh agus an Chláir ar an Mórthaispeántas idirghníomhach Gairmeacha Printíseachta a reáchtáiltear go bliantúil. Freastalaíonn ár gcuid comhpháirtithe oideachais, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne agus Ollscoil Luimnigh, ar an ócáid san Óstán Radisson chun printíseachtaí a chur chun cinn mar rogha fhiúntach d'fhágálaithe scoile sa réigiún. D'fhreastail breis agus 25 treoirchomhairleoir ar an ócáid agus tionóladh plé idirghníomhach le daoine a bhí i mbun printíseachtaí sa réigiún ag an am.




**Conairí ó Scoileanna**
Le linn 2023, chuir an Coláiste BrOO pacáiste faisnéise ar fáil a dearadh chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do phríomhoidí, do leas-phríomhoidí, do chomhordaitheoirí críochnaithe scoile, do chomhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus an phobail agus do threoirchomhairleoirí faoin tairiscint atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí iar-bhunscoile tríd an gColáiste BrOO.

Reáchtáladh **Blaschúrsaí** ar fud campais BrOO chomh maith, ina bhféadfadh le daoine bualadh le teagascóirí agus le foghlaimeoirí reatha, ina bhféadfaidís scileanna nua a thriail, a gcuid incháilitheachta a fhiosrú agus clárú do chúrsaí.

- Díríonn an tSraith nua Blaschúrsaí de chuid Conairí ó Scoileanna ar scoláirí meánscoile go príomha agus seoladh an clár i mí na Samhna 2022. Is é príomhsprioc an chláir ná léargas a thabhairt do scoláirí meánscoile ar an bhfiúntas, ar an suntas, agus ar thábhacht na gcúrsaí BrOO atá ar fáil sa Choláiste, agus ar na sceitimíní a ghabhann leo. Díríonn an tsraith ar scoláirí idirbhliana, mar aon le scoláirí ATF agus lucht na 5 agus na 6 bliana. Reáchtáladh 33 clár rathúil in 2023 i réimsí na Teiripe Spóirt/Áilleachta/Teiripe Cruthaithí agus Gruagaireachta. Ghlac 13 scoil/ionad páirt agus bhí 275 dalta i láthair le linn an chláir.
- In 2023, ghlac scoileanna ar fud an réigiúin páirt in dhá bhlaschúrsa éagsúla in earnáil an fháilteachais a forbraíodh go sonrach don idirbhliain: 'Blaschúrsa Cócaireachta' don Chócaire Sóisearach agus 'Blaschúrsa Scileanna Barista'. Thug breis agus 300 dalta de chuid na hIdirbhliana faoi na cúrsaí seo, iad siúd a bhfuil spéis acu san earnáil fáilteachais agus turasóireachta b'fhéidir mar rogha gairme nó chun scil a fhoghlaim don saol.
  Tháinig an t-eispéireas chun críche leis an tríú comórtas bliantúil Cócaire Sóisearach na Bliana 2023 de chuid Réigiún na Sionainne a reáchtáladh ag Óstán an Strand, Luimneach i mí Aibreáin. Fógraíodh gurb í Laura Naughton, scoláire Idirbhliana ó Choláiste Cuimsitheach an Chorráin CÍ buaiteoir iomlán an chomórtais agus bronnadh Bonn Óir uirthi don 1 Áit.

**Cláir Conairí Réamhphrintíseachta:** Lean an Coláiste BrOO ar aghaidh ag forbairt an chláir Conairí Printíseachta – tionscnamh ina gcuirtear raon cúrsaí ar fáil ar féidir le daoine tabhairt fúthu sula ndéanfar printíseacht. Cuireann na cúrsaí seo scileanna riachtanacha ar fáil atá deartha chun cabhrú le foghlaimeoirí rochtain a fháil agus díriú ar phrintíseacht iomlán. Ar aon dul le clár printíseachta, déantar cúrsaí réamhphrintíseachta a sholáthar le meascán d'oiliúint ar an láthair in éindí le fostóir, agus d'oiliúint den láthair oibre i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna.

**Conairí chuig Ardoideachas**
In 2023, lean an Coláiste BrOO ar aghaidh ag forbairt nasc níos dlúithe le hearnáil an Ardoideachais, d'fhonn dlús a chur le forbairt conairí dul chun cinn chun tairbhe foghlaimeoirí BrOO agus Ardoideachais araon. Lean an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna ar aghaidh ag forbairt naisc láidre le hInstitiúidí Ardoideachais sa réigiún.

I mí Iúil 2023, sheol an tAire Harris TD an Clár Treasach (CT) Náisiúnta. Bunaithe ag an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna, i gcomhthionscnamh idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus

SOLAS, cuireadh de chúram ar an Oifig Threasach Náisiúnta (OTN) na bealaí forásacha nua seo a fhorbairt trí bhreisoideachas go hardoideachas. Tá an chomhpháirtíocht seo lárnach d'fhís an rialtais maidir le córas oideachais tríú leibhéal aontaithe.

Bhí roinnt forbairtí in 2023 tar éis gur ceapadh beirt Bhainisteoir Threasacha Réigiúnacha (sa BOO agus OTS):

- Bunaíodh Grúpa Stiúrtha & Grúpaí Oibre idir OTS/BOO.
- Forbraíodh MT agus MC idir OTS/BOO. Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo, mar shampla, gur féidir le foghlaimeoirí ónár gcúrsa criadóireachta leibhéal 6 ar champas Inis Díomáin dul isteach in OTS sa dara bliain, rud a fhágann nach gá dóibh an chéad bhliain a dhéanamh. Is féidir le cúrsaí ealaíne BrOO cabhrú freisin le foghlaimeoirí punann a chruthú do chúrsaí dearaidh agus ealaíne agus ailtireacht.
- Socraíodh Comhaontú Comhpháirteach Rialaitheora idir an Oifig Threasach Náisiúnta (OTN) / Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS) agus Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO).
- Forbraíodh dhá chúrsa Céime Leibhéal 8, socraíodh ar an gCóras Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora (CTCF) iad agus d'fhaomh Dearbhú Cáilíochta iad. Is iad Staidéar Gnó - (Campas na hInse) & Ríomhaireacht Ghréasáin Soghluaiste (Campas Shráid Mulgrave). Rinneadh 76 iarratas ar na cláir nua seo.
- Oiliúint Foirne: Fuair cleachtóirí BrOO, a chuireann na cúrsaí nua seo ar fáil, ionduchtú don Tionscadal Treasach agus do chórais Banner & Guru OTS (le haghaidh scrúduithe agus measúnuithe).
- Ionduchtú agus tacaíochtaí don fhoghlaimeoir: Reáchtáladh lá intreorach agus ionduchtaithe ag OTS i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá foghlaimeoirí ar an Tionscadal Treasach (TT) cláraithe in BrOO agus OTS araon, áit ar féidir leo leas a bhaint as na tacaíochtaí/deiseanna atá ar fáil ar an dá láthair.

**Múineadh agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**
Is cuid riachtanach d'fhás gairmiúil cleachtóirí breisoideachais agus oiliúna é go gcruthaítear timpeallacht foghlama ina bhfuil tacaíocht ar fáil, trí mhúineadh agus trí fhoghlaim ar ardchaighdeán.

**Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (FFG)**
Mar chuid de thiomantas an BOO chun caighdeáin ghairmiúla a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus áitiúla, cuireann an Coláiste BrOO raon gníomhaíochtaí FFG ar fáil gach bliain. Tagann na tionscnaimh seo, a ndéantar iad a dhearadh agus a sholáthar i gcomhpháirt le Seirbhísí Tacaíochta nó Bainisteoirí tar éis dóibh teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara, le spriocanna straitéiseacha náisiúnta agus áitiúla araon.
Reáchtáil an BOO 125 imeacht uathúil FFG go háitiúil in 2023, ina raibh 2,300 ball foirne san iomlán rannpháirteach. Tarraingíonn an clár FFG ar shaineolas inmheánach agus seachtrach araon, agus cuirtear meascán de cheardlanna leathlae agus lae, dioplómaí speisialta agus cláir foghlama ar líne ar fáil atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha.

**Éagsúlacht, Ionchuimsitheacht agus Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil a bhaineann leis an mBéarla**
Ag leanúint ar aghaidh leis an treocht a bhí ann in 2022, tháinig méadú suntasach ar sholáthar an BOO d'fhoghlaimeoirí BCTE. Mar thoradh air seo, tá roinnt ball foirne nua tagtha chuig an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna. In 2023, rinne an tSeirbhís BCTE agus an tSeirbhís Tacaíochta d'Imircigh comhordú ar roinnt seisiún ionduchtaithe BCTE.

D'fhreastail 95 duine ar lá bliantúil FFG BCTE de chuid BOO, an seisiún ba mhó a bhí ann go dtí seo. Lean seisiún píolótach i gCleachtas Trámathreoraithe é seo, le grúpa 12 ball foirne ó Champas Ascaill Uí Chonaill. Rinneadh líon suntasach den fhoireann a bhfuil go leor taithí acu uas-scilliú sa réimse BMCTE (Béarla a Mhúineadh do Chainteoirí Teangacha Eile) in 2023, agus iad ag iarraidh tacú leis an soláthar BCTE nó chun cuidiú leo oibriú ar bhonn níos éifeachtaí le foghlaimeoirí BCTE sna cláir phríomhshrutha. Thacaíomar le 31 ball foirne chun cláir BMCTE Leibhéal 6 a chur i gcrích agus le beirt chun Teastas i Múineadh an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (TMBCTE) a chur i gcrích.

Bhí comhpháirtíocht againn i gcomhar le Scoil na dTeangacha in OL i mí Mheán Fómhair chun ceardlann lae a sholáthar dar teideal "Éagsúlachta agus Ionchuimsitheacht a Chur Chun Cinn: Dea-Chleachtais Ilteangacha agus Idirchultúrtha i soláthar Breisoideachais agus Oiliúna". De réir mar a n-éiríonn pobal na hÉireann níos éagsúla, éiríonn pobal na bhfoghlaimeoirí BrOO, a bhfuil taithí chultúrtha agus theangeolaíoch dhifriúil acu, níos éagsúla chomh maith. Cuireadh na cleachtais seo in iúl do na 127 rannpháirtí a d'fhreastail ar an gceardlann seo ó ar fud an Choláiste BrOO. Ghlac roinnt den fhoireann páirt sna himeachtaí nua Éagsúlachta agus Idirchultúrtha de chuid an Líonra Oideachais. Mar thoradh air seo, tugadh cuireadh do bheirt bhall foirne a dtuairimí a roinnt ag an ócáid in 2024. Ar leibhéal na gcampas, reáchtáiltear go leor imeachtaí bliantúla chun ár gcuid éagsúlachtaí a cheiliúradh, ina mbíonn deis ag daoine eolas mar gheall ar a gcuid éadaí, ceoil agus bia thraidisiúnta a roinnt.

**Pobal Cleachtais na Foirne Riaracháin**

Tá ról lárnach ag Foireann Riaracháin BrOO inár n-eagraíocht. Déanann an fhoireann riaracháin teagmháil ghníomhach le foghlaimeoirí, le cleachtóirí foghlama, le bainisteoirí agus páirtithe leasmhara seachtracha, agus tugann siad tacaíocht ríthábhachtach dóibh rud a chuireann go mór le hoibriú éifeachtúil na heagraíochta.

Bunaíodh grúpa oibre spriocdhírithe in 2023 chun bealaí nuálacha a fhiosrú chun tacú le forbairt agus foghlaim ghairmiúil na foirne. Tugadh foireann iomlán riaracháin an Choláiste Bhreisoideachais agus Oiliúna le chéile agus rinneadh cinneadh chun Líonra Pobail Cleachtais/FFG a chruthú ina ndíreofaí ar dhea-chleachtais a roinnt.

**Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**

Ba bhliain chinniúnach eile í 2023 dár rannpháirtíocht i Suaitheantas Digiteach an Fhóraim Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim. Is í seo an ceathrú huaire againn an suaitheantas a thairiscint agus an tríú huair a bheith páirteach sa chur i bhfeidhm náisiúnta. Bhí foireann de 3 éascaitheoirí suaitheantais againn, a thacaigh le cohórt rannpháirtithe ó gach cúinne den Choláiste BrOO chomh maith le comhghleacaithe ó BOO Chill Dara Chill Mhantáin. San iomlán bronnfar Suaitheantas Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) ar 27 rannpháirtí. Ghlac beirt bhall foirne páirt i gclár píolótach DUF chomh maith - bhí an clár, DUF Lasmuigh den Seomra Ranga, dírithe ar bhaill na foirne tacaíochta.

**FFG i ndáil le hAitheantas Réamhfhoghlama (ARF)**

In 2023, reáchtálamar an clár suaitheanta "Buneolas ar ARF do Mheantóirí agus do Mheasúnóirí" arís. Dearadh an clár chun oideachas agus oiliúint a chur ar fhoireann BrOO chun tacú le hiarratasóirí ARF. Bhí 4 sheisiún ar líne agus 2 sheisiún phearsanta le cur i gcrích mar chuid den chúrsa 6 seachtaine seo, agus ba é aidhm an chúrsa ná cur le tuiscint daoine ar phrionsabail agus ar chleachtais ARF, cumas meantóirí agus measúnóirí féideartha ARF a fhorbairt, agus eolas agus scileanna praiticiúla na mball foirne a bhí páirteach sa chúrsa a fheabhsú. D'éirigh le 18 nduine an cúrsa a chríochnú go rathúil agus fuair an cúrsa aiseolas dearfach uathu.

I mí an Mhárta 2023, tugadh aitheantas do Choláiste BrOO ag Gradam Sármhaitheasa an BOO Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, áit ar bronnadh an dara háit ar fhoireann an ARF as a dtionscnamh ceannródaíoch Réamhfhoghlama d'Ardteastas Leibhéal 6 sa Ghruagaireacht.

**Cláir Chreidiúnaithe agus Náisiúnta**

Gach bliain, molann an tSeirbhís Tacaíochta um Fhoghlaim agus Forbairt Ghníomhach don fhoireann páirt a ghlacadh i roinnt cláir náisiúnta a bhaineann leis na réimsí tosaíochtaí oibre. Is cláir chreidiúnaithe iad roinnt de na cláir seo. Seo a leanas achoimre ar na héachtaí iontacha a bhain an fhoireann amach:

| **Cláir Chreidiúnaithe** | | | |
|---|---|---|---|
| BMCTE Leibhéal 6 | 31 | Cur i bhFeidhm Náisiúnta Foghlama Teaghlaigh | 32 |
| Leibhéal 6 Oiliúnaí ar Láimhsiú Sábháilte | 2 | Suaitheantas Digiteach in DUF | 27 |
| ARF Leibhéal 9 | 17 | Feasacht um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil Leibhéal 5 | 8 |
| Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige Leibhéal 8 | 1 | Comhairleoireacht Leibhéal 6 | 1 |
| Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, Leibhéal 7, Coláiste Náisiúnta na hÉireann | 5 | Toiliú Gníomhach Leibhéal 9 | 4 |

**Idirnáisiúnú - Erasmus Plus**

In 2023, cuireadh dlús lenár gClár Soghluaisteachta Foirne Erasmus Plus, rud a chuir deiseanna ar fáil don fhoireann páirt a ghlacadh i dturais soghluaisteachta trínár dTionscadail Creidiúnaithe GOO agus Oideachas Aosach agus ár dTionscadal Comhtháthaithe Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta. Bhain 36 ball foirne san iomlán leas as an eispéireas idirnáisiúnta seo, lena n-áirítear freastal ar chomhdhálacha agus ceardlanna a bhí dírithe ar a bhforbairt ghairmiúil a fheabhsú.

Fuarthas aiseolas an-dearfach go deo i ndáil leis na turais seo. Thug na rannpháirtithe suntas do na caidrimh nua a chruthaigh siad agus don eolas fiúntach a d'fhoghlaim siad lena chur i bhfeidhm ar a gcuid oibre. Áiríodh na hábhair seo a leanas i measc na n-ábhar a pléadh sna tionscnaimh. Thug na deiseanna seo seans don fhoireann cur lena gcuid eolais agus dearcadh úr a fháil ar a gcuid oibre, rud a thacaíonn le fás agus le forbairt leanúnach na heagraíochta.
Is iomaí buntáiste a bhaineann le socrúcháin thar lear d'fhoghlaimeoirí chomh maith, agus cuireann siad go mór le forbairt oideachais agus gairme an fhoghlaimeora ar an iomlán.

**Fás agus Forbairt na Seirbhíse Tacaíochta BrOO um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT)**

Is éard atá i gceist le hobair Sheirbhís Tacaíochta FCT ná tionscnaimh straitéiseacha ar fud na seirbhíse a chur i bhfeidhm san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. Oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta FGG le FCT agus leis na Grúpaí Feidhmithe Straitéiseacha eile chun cabhrú leo dul i ngleic leis na tosaíochtaí forbartha gairmiúla laistigh de gach tionscnamh straitéiseach.
Príomhbhuaicphointe de chuid 2023 ab ea é leathnú STFCT chun tacú leis an bhfoireann ar bhonn áitiúil chun teicneolaíocht a úsáid don mhúineadh, don fhoghlaim agus do mheasúnú. Tá triúr Oifigeach Tacaíochta FCT ag an tseirbhís anois chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne tacaíochta i gcnuasaigh champais ar fud an réigiúin. Tá 3 chnuasach seaimpíní dhigiteacha ann anois a chinntíonn fócas nua cumasach ar thacú leis an bhfoireann ar fad atá ar champas.

Is é ról Sheirbhís Tacaíochta FCT ná tacú leis an bhfoireann go léir 'teicneolaíocht (teicneolaíochtaí foghlama) a úsáid go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí agus chun cuspóirí Chreat Straitéiseach Choláiste BrOO 2022 – 2025 de chuid an BOO (Plean Gníomhaíochta FCT 2022) a chomhlíonadhDá réir sin baineann sé le scileanna foirne a fhorbairt ionas go mbeidh siad muiníneach agus inniúil in úsáid na teicneolaíochta chun tacú le teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a sholáthar.

Chuir dul chun cinn sciobtha san Intleacht Shaorga Ghiniúnach, agus seoladh ChatGPT i mí na Samhna 2022 ach go háirithe, an-chuid deiseanna agus dúshlán roimh institiúidí oideachais, arbh éigean dóibh cinneadh a dhéanamh faoi mar a d'fhreagróidís don dul chun cinn ó thaobh soláthair de, agus i ndáil leis an tionchar a d'fhéadfadh IS a imirt ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú. Chuir STFCT tús le freagairt ilsnáithe i BOO lenar áiríodh na gnéithe seo a leanas:

- Ardú feasachta tosaigh: Is í an aidhm ná úsáid eiticiúil agus chuí IS a chur chun cinn. Thug Keith Quille ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OTB) léacht agus ceardlann ar IS giniúnach do gach bainisteoir BrOO mar chuid dár n-imeacht um Chlaochlú Digiteach BrOO i mí Feabhra 2023.

- **Treoir an Choláiste BrOO:** I mí an Mhárta 2023, d'eisigh foirne STFCT agus STDC treoir fhoirmiúil don fhoireann teagaisc maidir le húsáid IS sa mheasúnú. Bhí an BOO ar cheann de na chéad institiúidí oideachais in Éirinn a d'fhorbair treoir shonrach don fhoireann teagaisc agus forbraíodh an treoir chun tacú le húsáid fhreagrach agus eiticiúil IS giniúnach agus 'chun na scileanna a thabhairt dár bhfoghlaimeoirí chun dul i ngleic go criticiúil leo
- **Ceardlanna Treorach IS & Measúnaithe:** I mí na Samhna 2023, sholáthar comhghleacaithe STFCT agus STDC ceardlann le chéile chun a chinntiú go raibh an fhoireann ar fad muiníneach Treoir an Choláiste BrOO ar IS agus measúnú a chur i bhfeidhm ar a gcleachtais mheasúnaithe. Cuireadh 14 cheardlann ar fáil ar fud ár gcampais.

**Foghlaim Chumaisc agus Ar Líne**

Chun tacú le fás na foghlama cumaisc, chuaigh beirt bhall nua isteach san fhoireann foghlama cumaisc chun tacú le forbairt an Chláir Dearaidh Foghlama Cumaisc agus chun acmhainní ábhartha a fhorbairt. Cuireadh tús leis an gClár Dearaidh Foghlama Cumaisc (CDFC) i Meán Fómhair 2023. Tá an clár deartha chun tacú le cleachtóirí foghlama agus iad ag forbairt ábhar foghlama, gníomhaíochtaí agus measúnaithe don fhoghlaim chumaisc.

**Aistriú Digiteach BrOO**

In 2023, leanadh le hathrú digiteach BrOO a chur i bhfeidhm ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal an champais. I mí Feabhra 2023, d'eagraigh an STFCT imeacht tábhachtach chun gach Bainisteoir agus Comhordaitheoir BrOO a bhailiú chun páirt a ghlacadh i lá atá tiomnaithe do chlaochlú digiteach BrOO.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, i gcomhréir le ceanglais chomhlíonta i ndáil le faisnéis phoiblí, thosaigh suíomh Gréasáin an Choláiste BrOO próiseas athdhearaidh, chun a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag gach páirtí leasmhar ar phríomhfhaisnéis. Dírítear ar chomhéadan na bhfoghlaimeoirí chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí reatha agus foghlaimeoirí amach anseo ar fhaisnéis ábhartha. Thairis seo, i mí Lúnasa 2023, bhí Seirbhís Tacaíochta FCT i gceannas ar athfhorbairt an tsuímh Sharepoint FCT agus thacaigh sí le sé shuíomh SharePoint eile a athfhorbairt (DC, FFG, Earcaíocht agus Treoir, Rannpháirtíocht Fiontraíochta, Monatóireacht agus Measúnú, Pleanáil agus Tacaíocht Oibriúcháin). Bhí sé mar aidhm leis an athfhorbairt cumarsáid a fheabhsú agus gach úsáideoir Foirne BrOO a chur ar an eolas go soiléir faoi acmhainní. Tá an Láithreán FCT nua thar a bheith luachmhar do na himeachtaí oiliúna ar fad leis an bhfoireann, ó thaobh cur in aithne na seirbhíse agus na foirne de agus comharthaíocht shoiléir ar na hacmhainní go léir lena n-áirítear na hábhair oiliúna a úsáideadh an lá sin.

**Dearbhú Cáilíochta - Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta**

Tagann struchtúir Rialachais DC an Choláiste BrOO, struchtúir na Comhairle Cáilíochta agus a foghrúpaí gaolmhara (Deimhniú Cáilíochta agus Rialachas Clár), in éineacht le Líonra Pleanála Réigiúnach an Choláiste BrOO agus Grúpa Stiúrtha BrOO le chéile go rialta.

In 2023, rinneadh roinnt forbairtí ó thaobh dearbhú cáilíochta de.

- Tar éis dóibh an tuairisc athbhreithnithe ar an Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta a fhoilsiú, agus bliain amháin i ndiaidh dóibh an **Plean Gnímh um Athbhreithniú DC,** a chur isteach, chuir an BOO tuairisc leantach isteach chuig DCCÉ maidir le dul chun cinn an phlean agus maidir leis na bealaí a bhfuil siad ag dul i ngleic le torthaí an athbhreithnithe.
- Tionóladh an **Cruinniú Plé Débhliantúil i ndáil le Cáilíocht** idir an BOO agus DCCÉ i mí an Mheithimh 2023 sa Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas na hInse.
- Is cleachtas ríthábhachtach í **forbairt beartais** sa Choláiste BrOO. Cuireann sé treoir shoiléir ar fáil, cinntíonn sé go gcomhlíontar rialacháin, cuireann sé leanúnachas agus cothroime chun cinn, laghdaíonn sé baol rioscaí, tacaíonn sé le dearbhú cáilíochta, feabhsaíonn sé cumarsáid agus trédhearcacht, soláthraíonn sé cosaint dlí agus tagann sé le pleanáil straitéiseach. Rinneadh na forbairtí seo a leanas in 2023:
  - Tar éis forbartha, go leor comhairliúcháin agus cead a fháil ón gComhairle Cáilíochta, foilsíodh Beartas Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn de chuid an Choláiste BrOO. Déantar cur síos sa Bheartas ar chur chuige BOO maidir le Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn sa Choláiste BrOO, lena gcinntítear ionchuimsitheacht agus comhionannas deiseanna d'fhoghlaimeoirí reatha agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha.
  - Beartas Frithbhulaíochta
  - Treoircháipéis do chleachtóirí foghlama maidir le hIntleacht Shaorga a úsáid.
  - Treoirlínte um Dhearbhú Inmheánach do Mheasúnú DCCÉ sa Choláiste BrOO

- Próiseas Achomhairc ar Mheasúnaithe
- Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Measúnaithe Míchleachtais: bunaíodh grúpa oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar Nósanna Imeachta Measúnaithe Míchleachtais. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas seo chun a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta maidir lena bheith ag déileáil le cásanna ina bhfuil amhras ann maidir le míchleachtas, nó sa chás go bhfuil míchleachtas dearbhaithe, soiléir do Chleachtóirí Foghlama agus d'Fhoghlaimeoirí araon agus go bhfuil na pionóis a ghearrtar cothrom agus comhchuimseach. Déanfar nuashonrú ar an mbeartas chun tagairt a dhéanamh d'úsáid IS agus cuirfear nasc ann chuig Treoir an Choláiste BrOO i ndáil le húsáid IS san oideachas.

- **Cur i bhFeidhm Cosanta Leanaí sa Choláiste BrOO:** In 2023, cuireadh oiliúint nuashonraithe Teagmhálaí Ainmnithe (TA)/Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (LTA) ar 77 ball foirne i gcomhréir le ceanglais sa Chreat Athbhreithnithe Cáilíochta agus le ceanglais Cosanta Leanaí. Tá teimpléid Riachtanacha Cosanta Leanaí anois i bhfeidhm i gcampais BrOO agus i láithreacha Oideachais. Tá an próiseas um chomhlíonadh maoirseachta á thabhairt chun críche agus tionólfar seisiúin faisnéise ina leith i mí Eanáir 2024.
- I mí Dheireadh Fómhair 2023, rinne an Roinn Oideachais cigireacht ar Champas Ógtheagmhála an Taoibh Thuaidh agus measadh go raibh an caighdeán múinteoireachta agus foghlama ann go maith. Measadh go raibh eispéireas foghlama na bhfoghlaimeoirí ar ardchaighdeán agus tugadh le fios sa tuairisc gur léirigh na múinteoirí sárscileanna bainistíochta ranga. Tugadh le fios i dTuairisc Chigireacht na Roinne Oideachais chomh maith, go raibh an caighdeán ginearálta rialachais, ceannaireachta agus bainistíochta san ionad an-mhaith.

**Guth an fhoghlaimeora**

Is príomhsprioc straitéiseach don earnáil BrOO é Guth an Fhoghlaimeora a fhorbairt ar bhonn náisiúnta agus áitiúil. Feabhsóidh sé seo taithí an fhoghlaimeora aonair, láidreoidh sé ár bpróisis dearbhaithe cáilíochta agus measúnaithe agus tacóidh sé le forbairt agus cur chun cinn foriomlán na hearnála breisoideachais agus oiliúna.

- **Suirbhé Tionscnaimh Ghuth an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO**
  I mí Eanáir 2022, bunaíodh Grúpa Oibre Ghuth an Fhoghlaimeora chun ceistneoir a dhréachtú maidir le Guth an Fhoghlaimeora sa Choláiste BrOO. Scaipeadh an ceistneoir i mí Aibreáin 2023 le linn 'Seachtain Chomhairliúcháin le Foghlaimeoirí de chuid an Choláiste BrOO'. Scaipeadh an suirbhé ar MS Forms ar 25,000 foghlaimeoir lánaimseartha agus páirtaimseartha, agus printísigh. Rinneadh teagmháil leis na foghlaimeoirí cláraithe CTCF ar fad lena gcuid seoltaí ríomhphoist BOO agus le teachtaireachtaí téacs. Bhí 2,831 freagra ar an suirbhé, agus léirigh tromlach mór (90.8%) a sástacht lena dtaithí foghlama leis an gColáiste BrOO. Chuir an tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta na sonraí a bailíodh ón suirbhé le chéile agus ullmhaíodh Tuarascáil Achoimre Ghuth an Fhoghlaimeora 2023 don Chomhairle Cáilíochta.
- **Forbairt ar Bheartas Ghuth an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO**
  In 2023, d'fhorbair an Coláiste BrOO Beartas nua Ghuth an Fhoghlaimeora. Leagann sé amach scóip, príomhphrionsabail agus cuspóirí rannpháirtíocht fhiúntach na bhfoghlaimeoirí BrOO chun a dtuairimí a roinnt faoina dtaithí fhoghlama. Leagann sé amach freisin an raon meicníochtaí gutha foghlaimeora a úsáidtear ar fud an Choláiste BrOO - ó aiseolas neamhfhoirmiúil go suirbhéanna, nósanna imeachta gearáin, ionadaíocht foghlaimeoirí ar struchtúir BrOO, etc. Leagann sé béim ar na príomhróil agus príomhchúraimí a bhaineann le cur i bhfeidhm rathúil bheartas ghutha an fhoghlaimeora.
- **Cás-staidéar ghuth an fhoghlaimeora de chuid Aontas**
  Thug AONTAS cuireadh do Sheirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (STIG) de chuid an Choláiste BrOO ionchur ceardlainne a éascú ag an gCruinniú Mullaigh um Oideachas Aosach i Staid Aviva i mí na Samhna 2023. Áiríodh an BOO mar shampla den dea-chleachtas i dTuarascáil Ghuth an Fhoghlaimeora mar a labhair foghlaimeoirí ag grúpaí fócais an BOO faoi cé chomh hinrochtana agus a bhí an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach sa BOO agus cé chomh maith is a bhí an fhógraíocht ar a son.

**Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2023 - Nuashonrú ar Sholáthar Seirbhíse**

Ceanglaítear le hAlt 28 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ar BOOnna tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil isteach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain. Is léiriú príomha ar chuntasacht phoiblí do BOOnna é tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a fhoilsiú. Leagtar amach i bplean seirbhíse bliantúil an BOO na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar mar aon le meastachán ar ioncam agus caiteachas an bhoird don bhliain airgeadais sin (Alt 47, An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013). Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2023 maidir leis na gealltanais a leagadh amach i bPlean Seirbhíse BOO 2023 a chur i bhfeidhm.

| **Sprioc Straitéiseach 1 Eispéireas Ardchaighdeáin Mac Léinn agus Foghlaimeoirí**<br>Aidhm: Chun oideachas, oiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil d'ardchaighdeán a chur ar fáil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta, agus fostaíochta daoine inár bpobail. Is éard atá i gceist leis seo a chinntiú go bhfuil eispéiris foghlama agus mhúinteoireachta den chaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, ionaid agus cláir. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2023 | Éachtaí in 2023 |
| 1.1 Comhrochtain ar oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do chách, chun tairbhe ár bpobal. | Le linn 2023, oibreoidh gach ceann de na rannóga laistigh de Stiúrthóireacht **Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta BOO** (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipiteal agus Soláthar agus Seirbhísí Corparáideacha) i gcomhar le Stiúrthóir na Scoileanna agus Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BrOO) chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil agus gach lárionad breisoideachas agus oiliúna ar na hacmhainní (airgeadais, infreastruchtúir agus pearsanra) a chuirfidh ar a gcumas eispéiris dhearfacha a sholáthar do gach foghlaimeoir, foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe san áireamh. Áirítear ar na gníomhartha sonracha in 2023:<br>leanúint de thimthriall beartaithe feabhsuithe ar shaoráidí trí scéim na n-oibreacha samhraidh, an scéim oibreacha | Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas in 2023 mar fhreagairt ar riachtanais éigeandála agus ar riachtanais forbartha leanúnacha araon trí mhaoiniú a aimsiú faoi na cláir seo:<br>• Gaelcholáiste Luimnigh – Deisiúcháin Ardaitheora<br>• Coláiste Pobail Thuamhan – Deisiúcháin Dín<br>• Coláiste Pobail Naomh Áine – Deisiúcháin Dín<br>• Coláiste Oiliúna na Scairbhe – Deisiúcháin Dín<br>• Coláiste na Trócaire – Uasghráduithe Éagsúla Píopaí Teasa agus Gáis<br><br>Tugadh na tionscadail seo a leanas chun críche le linn 2023<br>• Coláiste Pobail Iósaif, Cill Chaoi – Suiteáil Soilsithe, Soilsithe Éigeandála & Aláram Dóiteáin<br>• Coláiste Pobail Iósaif, Cill Chaoi – Deisiúcháin Dín<br>• Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl – Athchóiriú Seomra Ranga<br>• Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl – Limistéar Súgartha Crua & Uasghrádú an Riain críochnaithe |

| | | |
|---|---|---|
| | éigeandála de chuid na Roinne Oideachais, Clár Caipitil agus Scéim Deontais Caipitil Spóirt na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíochta agus Eolaíochta. obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC sna scoileanna agus lárionaid bhreisoideachais agus oiliúna ar fad, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta. | • Oibreacha Uasghrádaithe ar Chórais Sábháilteachta Gáis i gColáiste Pobail Naomh Eoin Bosco<br><br>Ag an am céanna, rinneadh infheistíocht shuntasach i Scoileanna éagsúla i rith 2023 chun trealamh i Seomraí Ranga Speisialtóra a nuashonrú agus a athsholáthar chun na háiseanna is fearr agus is féidir a chur ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne.<br><br>I measc na dtionscadal ar tugadh fúthu faoi Chlár na nOibreacha Samhraidh bhí oibreacha Uasghrádaithe Saotharlainne Eolaíochta ag Coláiste Iosaef, Cill Mocheallóg & Coláiste Pobail Naomh Michíl, Cill Mhichíl.<br><br>Faomhadh maoiniú faoi Clár na nOibreacha Samhraidh do thionscadail i gColáiste Mhuire Eas Gétine agus Coláiste Dheasumhan An Caisleán Nua, in 2023 agus tabharfar faoi na hoibreacha in 2024.<br><br>Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag aithint agus ag baint leas as sruthanna maoinithe TFC atá ar fáil do gach réimse soláthair. |
| | Tabharfaidh Rannóg Scoileanna an BOO tacaíocht do scoileanna in 2023 chun leanúint d'fhorbairt cleachtas ionchuimsithe scoile lena n-áirítear tacaíocht leanúnach do Bhoird Bhainistíochta Scoile, ceannairí Scoile agus forbairt Foirne agus Comhordaitheoirí Tacaíochta Mac Léinn chun tacú le mic léinn agus baill foirne ag leibhéal na scoile. Áirítear ar na gníomhartha sonracha in 2023: | In 2023, bhí Rannóg Scoileanna an BOO tiomanta chun cleachtais ionchuimsithe scoile a chothú laistigh de scoileanna lena n-áirítear tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta Scoile, do cheannairí Scoile, agus d'fhorbairt Foirne Tacaíochta Mac Léinn agus Comhordaitheoirí. Áirítear ar na príomhghníomharthaí don bhliain:<br>• A chinntiú go gcomhlíontar bearta cosanta leanaí atá leagtha amach ag Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 de chuid na Roinne Oideachais. |

| | | |
|---|---|---|
| | • A chinntiú go bhfuil gach beart cosanta leanaí i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 de chuid na Roinne Oideachais.<br>• Oiliúint bhliantúil a chur ar gach Teagmhálaí Ainmnithe (DLP) agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (DDLP) nuacheaptha faoi Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcomhréir le beartas na Roinne Oideachais.<br>• Tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar fheachtais phátrúnachta i gcomhréir le Straitéis na Roinne Oideachais um Athchumrú agus comhairliúchán le pátrúin réigiúnacha eile.<br>• Bunú agus forbairt leanúnach Ranganna Speisialta i scoileanna agus coláistí an BOO.<br>• Obair leis an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun Scoil Speisialta il-sainchreidmheach nua a bhunú i Luimneach a bheidh le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2024.<br>• Athbhreithniú, athrú agus daingniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta iontrála a chuireann ionchuimsiú chun cinn agus a leagann béim ar thacaíochtaí do ghrúpaí imeallaithe. | • Oiliúint bhliantúil a chur ar fáil do gach Teagmhálaí Ainmnithe (TA) agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (LTA) nuacheaptha faoi Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i gcomhréir le beartas na Roinne Oideachais.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fheachtais phátrúnachta i gcomhréir le Straitéis na Roinne Oideachais um Athchumrú agus dul i mbun comhairliúchán le pátrúin réigiúnacha.<br>• Leanúint le bunú agus forbairt Ranganna Speisialta i scoileanna agus coláistí an BOO.<br>• Obair leis an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun Scoil Speisialta il-sainchreidmheach nua a bhunú i Luimneach a bheidh le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2024.<br>• Beartais agus nósanna imeachta iontrála a chuireann ionchuimsiú chun cinn agus a chuireann tacaíochtaí do ghrúpaí imeallaithe chun tosaigh a athbhreithniú, a mhodhnú agus a dhaingniú.<br>• Oiliúint a sholáthar do bhaill nua agus do bhaill sheanbhunaithe de na Foirne Tacaíochta Mac Léinn, a dhíríonn ar theagmhais chriticiúla a láimhseáil go héifeachtach.<br>• Leanúint ar aghaidh le forbairt agus cur i bhfeidhm acmhainní digiteacha chun eolas agus treoir a chur ar fáil.<br>• Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit ar nós Tusla, FSS, Barnardos, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (SMLÓ), agus Jigsaw chun tacú le mic léinn le linn uaireanta lasmuigh den scoil.<br>• Seisiúin Oiliúna a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta ar an Acht Iontrálacha Scoile 2020 agus ar Mheon Saintréitheach Scoileanna an BOO.<br>• Straitéis a dhéanamh maidir le hathruithe déimeagrafacha chun pleanáil réamhghníomhach agus oiriúnú a chinntiú. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Oiliúint a sholáthar do bhaill nua de na Foirne Tacaíochta Mac Léinn agus tuilleadh oiliúna a saincheapadh d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn seanbhunaithe i dtaca le teagmhais chriticiúla.<br>• Forbairt agus rolladh amach tacaíochtaí digiteacha a chuireann faisnéis agus treoir ar fáil.<br>• Obair go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile chun tacú le mic léinn lasmuigh de na huaireanta scoile - e.g. Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Barnardos, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Jigsaw.<br>• Cuirfear oiliúint ar fáil do Bhoird Bhainistíochta ar an Acht Iontrálacha Scoile 2020 agus ar Mheon Saintréitheach Scoileanna BOO.<br>• Pleanáil do dhéimeagrafaic athraitheach.<br>• Le roghanna nuálacha i gceantair faoi mhíbhuntáiste, Foireann Óige agus an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach, soláthrófar tacaíochtaí 'lasmuigh den scoil' (Campaí Samhraidh, Campaí Cásca, imeachtaí ag an deireadh seachtaine) agus neartófar iad.<br>• Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i | • Tacaíochtaí breise 'lasmuigh den scoil' a chur ar fáil ar nós Campaí Samhraidh, Campaí na Cásca, imeachtaí deireadh seachtaine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, éascaithe ag an bhFoireann Óige, agus Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaithí.<br>• Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i gcomhréir le treoracha beartais náisiúnta.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta reatha | |
| | Le linn 2023, cuirfidh **Roinn TFC** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** deiseanna comhoibre ar fáil, a bhainfidh úsáid as ardáin ar líne, lena n-áirítear córas StaffCONNECT (MS SharePoint) an BOO chun tacú le scoileanna agus lárionaid BOO. Le linn 2023, tabharfaidh an Roinn TFC tacaíocht do na gníomhartha seo a leanas:<br>• Cothabháil leanúnach suímh sonrach SharePoint do gach scoil mar aon leis an oiliúint agus tacaíocht a ghabhann léi.<br>• Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar chun tacú le rolladh amach Office 365, lena n-áirítear úsáid a bhaint as MS Teams do chianteagasc agus cianfhoghlaim.<br>• Leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC i scoileanna an BOO agus sna Coláistí/Lárionaid BrOO, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta. | In 2023, forbraíodh 18 suíomh shonracha SharePoint dár Scoileanna agus leanann an Roinn TFC de gach suíomh a chothabháil agus a nuashonrú.<br><br>Leanann an Roinn TFC uirthi ag cur oiliúint ar fáil i dtaca le húsáid Office 365 agus thug sí cuairt ar scoileanna agus ar ionaid chun foireann nua a oiliúint in 2023.<br><br>Leanfaidh an BOO ar aghaidh ag aithint agus ag baint leas as sruthanna maoinithe TFC atá ar fáil do gach réimse soláthair. Tá rolladh amach leanúnach ar Fhíordheimhniú Ilmhodhanna (FIM) Tá sé seo i bhfeidhm go hiomlán anois don fhoireann ar fad (thart ar 2,900).<br><br>Chuir an Roinn TFC córas nua i bhfeidhm don BOO in 2023 mar aon le córas nua rialaithe stoic TFC a thriail le húsáid chun sócmhainní TFC a chlibeáil.<br><br>Tá PowerApps curtha in ionad na bhfoirmeacha sonracha Infopath Staff go léir. Rinne an Roinn TFC iad seo a fhorbairt agus a imscaradh go hiomlán in 2023.<br><br>Déantar Measúnaithe Tionchair Cosanta Sonraí (MTCS) ar na bogearraí nua ar fad atá beartaithe. Ní fhaightear bogearraí gan MTCS a bheith déanta.<br><br>Leanaimid ar aghaidh ag feabhsú cosaint sonraí agus slándála sa BOO, ina gcosnaítear faisnéis íogair agus ina gcinntítear |

| | | |
|---|---|---|
| | • Cianrochtain shlán a chumrú trí Thairseach an BOO, a chuirfidh ar chumas ball foirne sonrach nascadh le bonneagar TFC an BOO chun tacú le cuspóirí an BOO.<br>• Tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil maidir le soláthar TFC.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar bhogearraí/crua-earraí BOO agus iad a nuashonrú freisin.<br>• Fíordheimhniú ilmhodha a leathadh amach sa BOO ar fad. Bainistíocht Tionscadal ar chórais nua, nuashonruithe san áireamh.<br>• Forbairt agus bainistíocht bonneagair.<br>• Cosaint agus Slándáil Sonraí TF.<br>• Comhairle ar Chibearshlándáil.<br>• Bainistíocht ceadúnas bogearraí. | ardchaighdeán, rúndacht agus infhaighteacht shonraí agus acmhainní TFC ár n-eagraíochta. |
| | Freagairt ar riachtanas na dTeaghlach Úcránach atá ruaigthe as a mbaile mar gheall ar Chogadh.<br>Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT).<br>Eagraíonn boird oideachais agus oiliúna réigiúnacha timpeall na hÉireann Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) agus is é pearsanra tacaíochta oideachais atá bunaithe sna réigiúin a oibríonn iontu.<br>Is é an príomhról atá ag REALT ná chun cur leis na struchtúir thacaíochta atá ann cheana, agus is í an chéad bhéim a bheidh acu ná chun cabhrú le teaghlaigh | Chuir an fhoireann REALT agus an BOO na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do scoileanna a bhfuil daltaí ag freastal orthu ar Tairbhithe Cosanta Sealadaí (TCS) agus Cosanta Idirnáisiúnta (CI) iad:<br>• Reáchtáladh seisiún faisnéise do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) in Ionad Oideachais an Chláir, Inis i mí Mheán Fómhair 2023.<br>• Pobal Cleachtais (PC) do mhúinteoirí BTB, arna éascú trí Ionad Oideachais an Chláir le PC amháin do mhúinteoirí bunscoile agus ceann eile do mhúinteoirí iar-bhunscoile.<br>• Ranganna breise BTB a chuirtear ar fáil tríd an gclár PATHWAYS.<br>• Seirbhís meantóireachta do mhúinteoirí iar-bhunscoile atá ag múineadh BTB den chéad uair. |

| | | |
|---|---|---|
| | chun áiteanna scoile a fháil. Tacóidh REALT le scoileanna sa limistéar chun freastal ar riachtanais na bpáistí seo de réir mar a thagann sin chun cinn, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn i dtaca le hacmhainneacht nua a fhorbairt, más gá, agus chun soláthar seirbhísí oideachais do scoileanna agus teaghlaigh ina limistéar sainithe féin a chomhordú.<br><br>Deimhníonn na foirne seo go bhfuil línte faisnéise soiléire agus inrochtana i bhfeidhm idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir thacaíochta náisiúnta i dtaca le daoine a thagann ón Úcráin.<br><br>I dtosach, díríonn na REALTanna isteach ar chabhair a chinntiú do pháistí le háiteanna scoile a fháil nuair atá siad réidh le bheith páirteach sa chóras scoile. Tacaíonn an Fhoireann REALT le seirbhísí reatha, agus comhordaíonn siad na réimsí oibre seo a leanas:<br><br>• Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh áiteanna scoile do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d’aistrigh isteach go dtí an ceantar.<br>• Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh seirbhísí | • Ceardlanna curtha ar fáil ar iarratas i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna do mhúinteoirí BTB.<br>• Ceardlanna curtha ar fáil ar iarratas i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna do mhúinteoirí i scoileanna príomhshrutha a bhfuil foghlaimeoirí BTB ina ranganna.<br>• Teagascóirí BTB a sholáthar ón bpainéal BOO chun uaireanta BTB a chomhlíonadh i meánscoileanna.<br>• Clár Samhraidh Béarla ceithre seachtaine do leanaí TCS i Luimneach i mí Iúil 2023.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | na Scéime Iompair scoile a bheith ar fáil do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar.<br>• Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar acmhainní agus tacaíochtaí le haghaidh riachtanais acmhainneachta breise, folláine, teanga agus oideachais.<br>• Cabhrú le hobair i réimse soláthair foirne, lena n-áirítear, más gá, teagascóirí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) chun freastal ar riachtanais teanga páistí, daoine óga agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí ón Úcráin, trí theagmháil a dhéanamh le Comhordaitheoirí BCTE sna BOOnna.<br><br>Acmhainneacht scoile reatha a chur i gcomhréir leis na háiteanna ina bhfuil teaghlaigh Úcránacha curtha, a oiread agus is féidir.<br><br>• Acmhainneacht bhreise a aimsiú laistigh dá limistéir thíreolaíocha chun ullmhú do chásanna ina bhféadfadh gur mhó an t-éileamh ná an acmhainneacht scoile, agus obair leis an Roinn agus le heagraíochtaí eile, más gá, d'fhonn an acmhainneacht bhreise seo a chur ar fáil. | (Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | • Dul i dteagmháil le struchtúir chomhordaithe eile a d'fhéadfadh a bheith bunaithe chun soláthar seirbhísí poiblí do theaghlaigh Úcránacha a chomhordú.<br><br>**Struchtúr**<br>Tá REALTanna lonnaithe sna BOOnna agus faigheann siad tacaíocht riaracháin uathu.<br><br>Cuimsíonn gach REALT líonra de ghníomhaireachtaí tábhachtacha eile, lena n-áirítear:<br>• Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)<br>• Pearsanra réigiúnach ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)<br>• Pearsanra réigiúnach ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)<br>• Ainmnithe áitiúla ó Bhord Bainistíochta<br>• agus gach comhpháirtí tábhachtach eile de réir mar is cuí<br><br>Ina theannta sin, comhoibreoidh REALTanna go dlúth le daoine ó raon de sheirbhísí eile, ag brath ar riachtanais na bpáistí a thagann go hÉirinn, agus na dúshláin atá roimh scoileanna. Ar na | (Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | gníomhaireachtaí agus comhlachtaí seo, d'fhéadfaí a áireamh:<br>• Seirbhísí tacaíochta múinteoirí, lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí<br>• Líonra na Lárionad Oideachais<br>• Comhairlí contae/údaráis áitiúla<br><br>**REALT Luimnigh agus an Chláir**<br>Tá foireann REALT Luimnigh agus an Chláir ag teacht le chéile gach seachtain chun rollú páistí a bhfuil áiteanna scoile de dhíth orthu i Luimneach agus an Clár a phlé.<br><br>Tá foireann REALT ag obair go sármhaith agus tá ag éirí go han-mhaith léi na cuspóirí a leag an Roinn Oideachais síos chun aghaidh a thabhairt ar an gcás a chomhlíonadh.<br><br>Go dtí seo, cláraíodh gach páiste i scoileanna ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoileanna i Luimneach agus an Clár. | |
| | Is é an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025 (paraiméadar 3.37) atá ag déanamh eolais don phleanáil i gcomhair cúrsa oiliúna lánaimseartha a sholáthar sa Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna, agus táthar feasach ar | Ó fógraíodh an Ciste SOLAS REACH (CMOM ar dtús) in 2020, tá iarratas inmheánach bliantúil curtha isteach ag an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach chun Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí a bhunú chun rochtain a sholáthar d'fhoghlaimeoirí atá in anás airgeadais ar chúnamh airgeadais aonuaire. |

| | | |
|---|---|---|
| | thorthaí thuarascáil Bacainní ar Rannphháirtíocht i gCláir Bhreisoideachais agus Oiliúna.<br><br>In 2023, leanfaidh an Coláiste BrOO air ag déanamh nasc le comhpháirtithe pobalbhunaithe tríd an **gCiste Rochtana** (Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú/CMOM roimhe seo) chun rochtain ar sholáthar BrOO a fheabhsú.<br><br>Chun cur le bunú rathúil **Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach BrOO an BOO** in 2018, tacóidh an BOO le foghlaimeoirí trí chonairí BrOO a shimpliú agus trína bheith ag comhoibriú go dlúth le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis na bacainní ar rochtain agus ar dhul chun cinn foghlaimeoirí. I measc na ngníomhaíochtaí atá pleanáilte, tá:<br>Cur i bhfeidhm Beartais nua Rochtana Aistrithe agus Dul Chun Cinn<br>Creat nua um BCTE agus Foghlaimeoirí Imirceach a chur ar bun<br>Measúnaithe agus Tacaíochta uilechuimsitheacha comhsheasmhacha chun rannpháirtíocht agus dul chun cinn foghlaimeoirí a fheabhsú.<br><br>Beidh an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim ina cur chuige tábhachtach i gcónaí. Tá tionscadail á ndearadh i gcomhairle le raon gníomhaireachtaí agus grúpaí agus | Ó 2020 i leith, tá cúnamh airgeadais aonuaire faighte ag 628 foghlaimeoir san iomlán agus an mheánmhéid ceadaithe ná €198.57. Bhain go leor de thosaíochtaí na bhFoghlaimeoirí i mbliana le costais bhreise a bhain le taisteal chuig agus ó ranganna.<br>In 2023, chuaigh an Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí tairbhe do 191 foghlaimeoir ar bhuiséad 40,000 Euro.<br><br>Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (STIG) BrOO a chinntiú, chomh fada agus is féidir le réasún, go gcuirtear na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do gach foghlaimeoir chun gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna oideachais atá ar fáil agus iad ag glacadh páirt i gclár BrOO a chuireann BOO ar fáil.<br><br>**Clárúcháin Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí STIG**<br>San iomlán chláraigh 1,673 foghlaimeoir le haghaidh tacaíochtaí éagsúla tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach i rith na bliana acadúla Meán Fómhair 2022 – Lúnasa 2023. Bhí formhór na bhfoghlaimeoirí a chláraigh (49%) ag lorg cineál éigin tacaíochta maidir le Cothromas Gléis, agus bhí an dara líon is airde foghlaimeoirí cláraithe le haghaidh Tacaíocht Foghlama (28%). Tuairiscíonn Comhairleoireacht Shíceolaíoch agus Tacaíocht Mhíchumais go bhfuil líon measartha beag fós ann, i.e. gurb ionann iad agus 6% agus 7% de na clárúcháin.<br><br>**Creat Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí an Choláiste BrOO**<br>Leagtar amach sa chreat seo na struchtúir agus na próisis atá curtha i bhfeidhm ag an gColáiste BrOO le cinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir agus foghlaimeoir féideartha amach anseo an fhaisnéis, an chomhairle, an treoir agus an tacaíocht is gá chun a rannpháirtíocht rathúil i soláthar BrOO a |

| | | |
|---|---|---|
| | béim ar Fhor-Rochtain, Rochtain agus Aistrithe. Chun tacú le haistrithe foghlaimeoirí, cuirfear cur chuige don Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna trí chéile i bhfeidhm. Díreoidh cúrsaí Scileanna Infhostaitheachta (e.g., Timpeallacht Thógtha, Leibhéal 3) isteach orthu siúd a chónaíonn i gceantair ard-dífhostaíochta agus ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach d'fhonn iad a ullmhú don ionad oibre agus/nó iad a chur ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint. Leathadh tionscnamh meantóireachta amach ar fud Ógtheagmhála (Faisnéis an Mhargaidh Saothair) agus leanfar leis an mbéim ar Líonra na Mol Foghlama.<br><br>Ó thaobh tacú le litearthacht, uimhearthacht agus ionchuimsiú digiteach de ar fud a réigiún, tá stair fhada ag an BOO, ach ina ainneoin sin, mar thoradh ar an bpaindéim, tá titim shuntasach tagtha ar an soláthar seo. Thar thréimhse an Chomhaontaithe seo, geallfaidh an BOO i dtosach go bhfillfidh sé ar leibhéil 2019, agus a aidhm ina dhiaidh sin ná go gcuirfear méadú 10% leis na leibhéil chéanna, rud a chuirfidh leis an leathnú foriomlán in infheistíocht litearthachta atáthar á éileamh i straitéis Litearthacht d'Aosaigh Don Saol (ALL). Beidh riachtanas ann mar chuid den | chinntiú ar bhealach atá oiriúnach dá riachtanais agus aidhmeanna.<br>Le linn 2023, d'fhonn feasacht a chur chun cinn agus rolladh amach an chreata, d'óstáil STIG oiliúint do Chomhordaitheoirí Soláthair an champais ar fad maidir le Creat Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí BrOO a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, sholáthar STIG roinnt ceardlann do mheithleacha san fhoireann ar théama 'Ag Tacú le Pobail Éagsúla Foghlama'.<br>**Líonra na Mol Foghlama**<br>Cuireann STIG le timpeallacht foghlama agus oibre an Choláiste BrOO trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt líonra an Mhoil Foghlama, rud a dhaingníonn samhail an Mhoil Foghlama. Tá ról sainithe ag na Moil Foghlama laistigh den champas agus feidhmíonn siad mar 'aghaidh shiopa' do raon tacaíochtaí foghlama agus ag an am céanna cuireann siad acmhainní agus áiseanna ar fáil chun tacú le foghlaim fhéinriartha agus teagascóra araon. Roghnaíodh a láithreacha chun díriú ar fhoghlaimeoirí a thagann ó cheantair ard-dífhostaíochta/ó cheantair dhíothacha.<br><br>Le linn 2023, forbraíodh dhá mhol foghlaimeora nua i gCampas Bhaile Chill Mocheallóg agus i gCampas na Ceapaí Móire. Tá ról lárnach ag na moil foghlama maidir le caidreamh gairmiúil agus tacúil a fhorbairt leis an iliomad soláthairtí agus foghlaimeoirí.<br><br>In 2023, chuir bainistíocht an Choláiste BrOO tús le hathbhreithniú inmheánach, toisc gur tháinig deireadh le treoirthréimhse an **Tionscnaimh Meantóireachta Foghlaimeoirí (TMF)** i mí na Nollag 2022. Rinneadh an tuarascáil athbhreithnithe i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus beidh sí mar bhonn eolais do chás gnó chun an TMF a phríomhshruthú, chun tacaíochtaí, acmhainní agus oiliúint riachtanach a fháil sa todhchaí. |

| | | |
|---|---|---|
| | leathnú seo, tacaíocht Béarla a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin.<br><br>I gcomhar le fostóirí, forbróidh an BOO cúrsaí oiliúna nua a bheidh le leathadh amach ar fud an réigiúin. Leanfar le forbairt cúrsaí oiliúna sonracha chun conairí fostaíochta a fheabhsú do theifigh Úcránacha agus do theifigh Idirnáisiúnta eile.<br><br>(Ar lean) | **Coláiste BrOO ESOL agus Creat d'Fhoghlaimeoirí Imircigh**<br>Tá méadú mór tagtha ar an éileamh ar sholáthar Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) sa Choláiste BrOO. Tá méadú an tsoláthair le roinnt blianta anuas á spreagadh, go príomha, ag Freagra BrOO ar líon méadaitheach na bhfoghlaimeoirí sna réigiúin faoi Fhreagra TCS (Úcránach) agus méadú ar líon na n-iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.<br><br>I gCampas Seanghualann cuireadh Cúrsa Oiliúna Scileanna Fostaíochta Leibhéal 4 nua ar fáil i gcomhpháirtíocht le Campas an Ráithín. In 2023, bhain gach foghlaimeoir creidiúnú amach agus bhí deiseanna taithí oibre acu, a thacaigh leo a mBéarla a chleachtadh i bhfíorshuíomh oibre. |
| | Tosaíocht BrOO: Conairí Breisoideachais agus Oiliúna a shimplí, agus obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun réitigh a aimsiú a théann i ngleic leis na bacainní atá ar rochtain agus dul chun cinn foghlaimeoirí.<br><br>Comhionannas deiseanna a fheabhsú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht chun cabhrú leo rochtain a fháil ar Bhreisoideachas agus Oiliúna, le go n-éireodh leo ann agus le go ndéanfaidh siad dul chun cinn ina dhiaidh. Le linn 2023, beidh an tSeirbhís Tacaíochta Ionchuimsithe Ghníomhaigh (STIG) i dtús cadhnaíochta ar fhorbairt cur chuige | In 2023, thacaigh an STIG le conairí BrOO a shimpliú agus aghaidh a thabhairt ar chonairí ar bhacainní ar rochtain agus ar dhul chun cinn trí Chreat Conairí Seirbhíse Uile a fhorbairt, Treoirthionscadail Conairí spriocdhírithe, nascadh le gníomhaireachtaí tacaíochta, BTCE a chur chun cinn agus tacú leis agus Pobail Foghlaimeoirí Imircigh, rud a chruthóidh seirbhís inrochtana atá saor ó bhacainn ar fáil, a fhorbróidh tacaíochtaí foghlaimeora, a thacóidh le Meabhairshláinte agus Folláine foghlaimeora, measúnuithe ar scileanna digiteacha, conairí gairme agus oideachais, chun feabhas a chur ar chumarsáid foghlaimeoirlárnach, chun dearadh uilíoch a ghlacadh le haghaidh foghlama, agus chun tabhairt faoi thimpeallachtaí foghlama agus oibre atá cuimsitheach agus éagsúil a chur ar fáil.<br><br>**Conairí d'Fhoghlaimeoirí an Lucht Siúil agus na Romach**<br>Is píosa ríthábhachtach d'obair an Oideachasóra Aosaigh de chuid an Lucht Siúil/Romach é comhoibriú le grúpaí pobail an |

| | | |
|---|---|---|
| | comhtháite fheasaigh chun Conairí comhtháite a thógáil ina mbeidh:<br>Conairí go Breisoideachas agus Oiliúint le haghaidh grúpaí atá faoi ghannionadaíocht,<br>Conairí laistigh de Bhreisoideachas agus Oiliúint agus<br>Conairí ón Scoil go Breisoideachas agus Oiliúint<br>Conair ó Bhreisoideachas agus Oiliúint go hArdoideachas agus Conairí chun Fostaíochta.<br><br>Freagracht: Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna, Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna, Oifigeach Oideachais Aosach STIG, Conairí Oideachais Aosach. | Lucht Siúil agus na Romach, le cuideachtaí comhpháirtíochta agus le hEagraíochtaí Neamhrialtais (ENRanna). Le linn 2023, bhain an obair chomhoibritheach seo le naisc a dhéanamh le cláir forbartha pobail faoi stiúir an Lucht Siúil, foirne cúraim sláinte, oibrithe óige, agus grúpaí idirghníomhaireachta éagsúla sa Chlár agus i Luimneach. Tá ionadaíocht ag an gColáiste BrOO ar na grúpaí idirghníomhaireachta seo a leanas:<br>• Grúpa idirghníomhaireachta don Lucht Siúil faoi stiúir CDLC sa Chlár<br>• Grúpa pobail nua faoi stiúir CDLC sa Chlár<br>• Grúpa idirghníomhaireachta trámathreoraithe faoi stiúir an Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ)<br>• Grúpa idirghníomhaireachta athnuachana Chathair Luimnigh<br>• Líonra Oideachais Pobail Luimnigh, Cathair Luimnigh<br>• Líonra Foghlama Thuaisceart an Chláir |
| | Tosaíocht BrOO: Teagmháil ionchuimsithe le Pobail BCTE agus Foghlaimeoirí Imircigh a chur chun cinn agus tacú léi, chun cur ar a gcumas páirt rathúil a ghlacadh i mBreisoideachas agus Oiliúint. | Tá méadú mór tagtha ar an éileamh ar sholáthar Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) sa Choláiste BrOO. Ceadaíonn an Coláiste BrOO BCTE agus Creat d'Fhoghlaimeoirí Imircigh struchtúir a fhorbairt chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ionchuimsitheach agus éifeachtach a phleanáil agus a sholáthar d'fhoghlaimeoirí Imircigh a bhfuil tairbhe á baint acu as raon leathan cúrsaí BrOO, BCTE san áireamh.<br>Tá roinnt freagairtí i bhfeidhm:<br>• Rochtain leanúnach ar ghairmthreoir oideachasúil duine ar dhuine d'imircigh a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach agus dóibh siúd a chónaíonn go neamhspleách i mórphobail Luimnigh agus an Chláir<br>• Measúnuithe agus ranganna Béarla a bhfuil íos-amanna feithimh acu a chur ar fáil do dhaoine |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Clinic buail isteach dírithe ar imircigh go sonrach i Luimneach, á reáchtáil i gcomhar le Doras agus an Paul Partnership.<br>• Ceapadh agus soláthraíodh cláir shaincheaptha thacaíochta maidir le hinfhostaitheacht d'imircigh i gcomhar le dhá ghníomhaireacht áitiúla, an Paul Partnership agus Doras.<br>• Tá raon de cheardlanna éagsúla curtha ar fáil ag Clinic Bóthar an Duga chun daoine a chur ar an eolas go príomha ar oideachas agus ar fhostaíocht, ach freisin ar thacaíochtaí agus ar ghníomhaireachtaí eile sa cheantar, go háirithe iad siúd a thacaíonn le mná ar nós Adapt agus Ruhama.<br>• Socraíodh cuairteanna grúpa d'fhoghlaimeoirí ionchasacha ar ár gcláir oiliúna ar Champas an Ráithín, agus mar thoradh air seo tá líon níos mó imirceach ag clárú ar chúrsaí oiliúna i gcomparáid le blianta roimhe sin<br>• Mar thoradh ar obair i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál bunaíodh clár Béarla sé seachtaine go sonrach chun críocha acadúla. Reáchtáladh trí cinn de na cúrsaí seo go dtí seo agus bhí rannpháirtíocht mhaith iontu ó iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus ó Thairbhithe Cosanta Sealadaí (TCSanna). |
| | Tosaíocht BrOO: Tacaíocht agus meantóireacht ábhartha a chur ar fáil do bhaill foirne i réimse an mhíchumais, lena n-áirítear forbairt acmhainní, cur chun cinn tuarascáil AROF (Achoimre ar Riachtanais Oideachais agus Foghlama) agus cur chun feidhme Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (FFG) | Is é an aidhm atá ag an gColáiste BrOO timpeallacht a chruthú ina nglactar leis nach bac ar fhoghlaim é míchumas nó riachtanas sláinte (lena n-áirítear riachtanas meabhairshláinte) agus ina dtugtar deis do gach duine barr a c(h)umais a bhaint amach.<br>Le linn 2023, leithdháileadh os cionn €200k chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas faoin gCiste d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas (CFM) agus faoi Chiste Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí an Choláiste BrOO.<br>Tá oiliúint AHEAD Start curtha i gcrích ag gach ball foirne den Mhoil Foghlama maidir le Measúnuithe Riachtanas a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí a bhfuil dúshláin bhreise foghlama nó míchumais acu. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Agus an méid seo á fhorbairt le linn 2023, díríodh ar aird a tharraingt ar éagsúlacht na riachtanas a dtiocfadh a bheith ag foghlaimeoirí san earnáil BrOO.<br>Ag leibhéal an champais, bhí tionscnaimh nua ann freisin chun timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas. |
| | I **bPlean Gnímh Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta an Choláiste BrOO** leagtar amach 11 ghníomh éagsúla faoin gceannteideal: Foghlaimeoirí agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT). Is é aidhm na ngníomhartha seo ná a chinntiú go bhfuil guth an fhoghlaimeora i lár na forbartha i dtaca le húsáid teicneolaíochta, trí úsáid a bhaint as cuir chuige fhianaisebhunaithe ar fud BrOO (lena n-áirítear prionsabail Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) agus ról a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i gcomhdhearadh na foghlama). Baineann siad le hionchuimsiú digiteach agus le cinntiú nach bhfágtar foghlaimeoirí faoi bhuntáiste nó ar leataobh mar gheall ar theicneolaíocht, a mhalairt ghlan, go n-úsáidtear teicneolaíocht ar mhaithe le hionchuimsiú agus rochtain. Baineann siad le húsáid leanúnach teicneolaíochta ag foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le foghlaim fhéinriartha, rannpháirtíocht i bpobail foghlama, féinmheasúnú agus a gconairí pearsanta foghlama a phleanáil. | Is éard atá i gceist le hobair Sheirbhís Tacaíochta FCT ná tionscnaimh straitéiseacha ar fud na seirbhíse a chur i bhfeidhm san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. Oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta FGG le FCT agus leis na Grúpaí Feidhmithe Straitéiseacha eile chun cabhrú leo dul i ngleic leis na tosaíochtaí forbartha gairmiúla laistigh de gach tionscnamh straitéiseach.<br>Príomh-bhuaicphointe in 2023 a bhí i leathnú na Seirbhíse Tacaíochta FCT (STFCT) le tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt don fhoireann go háitiúil chun teicneolaíocht a úsáid le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú. Tá triúr Oifigeach Tacaíochta FCT ag an tseirbhís anois chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne tacaíochta i gcnuasaigh champais ar fud an réigiúin. Tá 3 chnuasach seaimpíní dhigiteacha ann anois a chinntíonn fócas nua cumasach ar thacú leis an bhfoireann ar fad atá ar champas.<br>Chomh maith leis sin, chuaigh beirt bhall nua isteach san fhoireann foghlama cumaisc chun tacú le forbairt an Chláir Dearaidh Foghlama Cumaisc agus chun acmhainní ábhartha a fhorbairt.<br><br>I measc na roghanna a bhí ar fáil in 2023 bhí:<br>• Glacadh le formáid fheabhsaithe nua do **Show & Tel** (Ár n-ardán lárnach do chleachtóirí foghlama le bheith ag roinnt, le bheith ag foghlaim agus le bheith ag spreagadh a |

| | | |
|---|---|---|
| | Baineann siad le measúnú tosaigh ar scileanna digiteacha agus le forbairt leanúnach ar scileanna digiteacha ar fud an aistir foghlama. | gcomhghleacaithe chun an úsáid is fearr a bhaint as uirlisí FCT)<br>• **Ceardlanna Athionduchtaithe ar Teams Outlook and Moodle**: Ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2023 chuir an STFCT clár achoimre FGL dírithe ar gach ball foirne teagaisc BrOO agus soláthraíodh 40 ceardlann ar fud ár gcampais i Luimneach agus sa Chlár.<br>• **Intleacht Shaorga**: Le dul chun cinn gasta maidir le IS giniúnach, chuir an STFCT tús le freagairt ilghnéitheach lena n-áirítear:<br>• **Ardú feasachta tosaigh**: Chuir STFCT tús le comhráite leis an bhfoireann ar fad á spreagadh chun uirlisí ar nós ChatGPT a thriail. Ba í an aidhm ná úsáid eiticiúil agus chuí IS a chur chun cinn.<br>• **Treoir an Choláiste BrOO:** I mí an Mhárta 2023, d'eisigh foirne STFCT agus STDC treoir fhoirmiúil don fhoireann teagaisc maidir le húsáid IS sa mheasúnú. Bhí an BOO ar cheann de na chéad institiúidí oideachais in Éirinn a d'fhorbair treoir shonrach don fhoireann teagaisc agus forbraíodh an treoir chun tacú le húsáid fhreagrach agus eiticiúil IS giniúnach agus 'chun na scileanna a thabhairt dár bhfoghlaimeoirí chun dul i ngleic go criticiúil leo<br>• **Ceardlanna Treorach IS & Measúnaithe:** I mí na Samhna 2023, sholáthar comhghleacaithe STFCT agus STDC ceardlann le chéile chun a chinntiú go raibh an fhoireann ar fad muiníneach Treoir an Choláiste BrOO ar IS agus measúnú a chur i bhfeidhm ar a gcleachtais mheasúnaithe. Cuireadh 14 cheardlann ar fáil ar fud ár gcampais.<br>• **Meastóireacht Chriticiúil ar IS:** I mí na Nollag 2023, seoladh Tionscnamh nua chun tacú leis an bhfoireann meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí IS chomh maith le banc acmhainní comhroinnte IS a fhorbairt, a bhfuil meastóireacht chriticiúil déanta orthu. |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | Mar chuid de Phlean Gnímh FCT, tá an BOO ag forbairt straitéise, beartas agus nósanna imeachta foghlama cumaisc, atá foghlaimeoirlárnach, ionchuimsitheach agus solúbtha agus a mhéadaíonn rochtain trí dheiseanna foghlama cumaisc agus ar líne ar ardchaighdeán a thairiscint mar dhlúthchuid den soláthar. | Cuireadh tús leis an gClár Dearaidh Foghlama Cumaisc (CDFC) i Meán Fómhair 2023. Tá an clár deartha chun tacú le cleachtóirí foghlama agus iad ag forbairt ábhar foghlama, gníomhaíochtaí agus measúnaithe don fhoghlaim chumaisc. |
| 1.2 Chun a chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin is airde ó thaobh oideachais, oiliúna agus eitice de ar fud scoileanna agus champais bhreisoideachais agus oiliúna na heagraíochta. | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO uirthi ag fáil tacaíochta d'fhoghlaim agus eispéireas ó na scoileanna tacaíochta trína fóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, an Grúpa Comhairleach um fhéinmheastóireacht chun dearbhú cáilíochta a chinntiú i dtaca le hardchaighdeán i dteagasc agus foghlaim a choinneáil. Tacóidh Foireann Tacaíochta na Rannóige le feidhmiú leanúnach an tionscnaimh um Fheabhsú Scoile a Threorú (FST) agus thionscnamh | Sa bhliain 2023, lean Rannóg Scoileanna an BOO uirthi ag déanamh scafallú ar an bhfoghlaim agus eispéireas a fuarthas ó na scoileanna tacaíochta trína fóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, an Grúpa Comhairleach um fhéinmheastóireacht chun dearbhú cáilíochta a chinntiú agus ardchaighdeáin i dtaca le teagasc agus foghlaim a choinneáil. Thacaigh Foireann Tacaíochta na Rannóige le feidhmiú leanúnach an tionscnaimh um Fheabhsú Scoile a Threorú (FST) agus thionscnamh na gCeannairí Curaclaim le linn na bliana, rud a chuir ar chumas ár scoileanna dul i mbun páirt réamhghníomhach a ghlacadh i bhféinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe Scoile agus |

| | | |
|---|---|---|
| | na gCeannairí Curaclaim in 2023, chun cur ar chumas ár scoileanna dul i mbun rannpháirtíochta go réamhghníomhach le féinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe Scoile agus Pleanáil Deis. Áirítear ar na gníomhartha in 2023:<br>• An próiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm.<br>• Tacú le hullmhúcháin do na Meastóireachtaí ar Scoileanna Uile (MSU), meastóireachtaí clár agus meastóireachtaí ábhar tríd an tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim a Threorú (TFT).<br>• Comhoibriú gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn trí na Líonraí Foghlama Gairmiúla agus cnuasócáidí amhail an Tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim a Threorú (TTFT), Fóram na hIdirbhliana, Ceannairí Digiteacha, Fóram SENCO, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Grúpa Comhordaitheoirí Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí Foirne Tacaíochta Mac Léinn, agus Fóram na Leas-Phríomhoidí.<br>• Eagrófar cruinnithe le Stiúrthóireacht na Roinne Oideachais do scoileanna i dtaca le samhlacha dea-chleachtais.<br>• Ceannairí Ghuth an Mhic Léinn a chur ar bun i ngach Scoil de chuid an BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir agus tacú le rannpháirtíocht mac léinn trí | Pleanáil DEIS. I measc na bpríomhfhorbairtí a rinneadh in 2023 tá:<br>• Cuireadh an próiseas Féinmheastóireachta Scoile i bhfeidhm.<br>• Tacaíodh le hullmhúcháin do na Meastóireachtaí ar Scoileanna Uile (MSU), meastóireachtaí clár agus meastóireachtaí ábhar tríd an tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim a Threorú (TTFT).<br>• Cuireadh Comhoibriú gairmiúil múinteoirí chun cinn trí na Líonraí Foghlama Gairmiúla agus cnuasócáidí amhail an Tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim a Threorú (TTFT), Fóram na hIdirbhliana, Ceannairí Digiteacha, Fóram SENCO, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Grúpa Comhordaitheoirí Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí Foirne Tacaíochta Mac Léinn, agus Fóram na Leas-Phríomhoidí.<br>• Eagraíodh cruinnithe le Cigireacht na Roinne Oideachais chun samhlacha dea-chleachtais a phlé.<br>• Bunaíodh Ceannairí Ghuth an Mhic Léinn i ngach Scoil de chuid an BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir agus tacaíodh le rannpháirtíocht mac léinn le Comhairlí Mac Léinn i gcomhar le hAontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn (AMLDLÉ).<br>• Cuireadh Deiseanna Forbartha gairmiúla ar fáil do Cheannairí Ghuth an Mhic Léinn. |

| | | |
|---|---|---|
| | Chomhairlí Mac Léinn i gcomhar le hAontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn (AMLDLÉ).<br>• Forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do Cheannairí Ghuth an Mhic Léinn. | |
| | Ghlac an BOO le cur chuige nuálach i dtaca le soláthar a chomhtháthú, agus é ag athrú ó bhéim chlárbhunaithe i dtreo timpeallacht Coláiste ionchuimsithe, rud atá léirithe ag struchtúr nua an Choláiste BrOO atá le feiceáil ar champais na hInse agus na Sionainne. Ina theannta sin, comhtháthaíodh an soláthar cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (CIA) agus SDOG a bhí ann roimhe ina soláthar lánaimseartha comhtháite atá nasctha thar leibhéil 3, 4, 5 & 6. Déanfar tuilleadh feabhsaithe air seo trí dhul i dtreo cur chuige "Straitéis Aonair, Foireann Aonair, Campas Aonair".<br><br>Toradh gnímh a aithníodh ón Athbhreithniú Tosaigh ar Dhearbhú Cáilíochta ab ea "Ba chóir na cláir bhreisoideachais a bhain le trí Choiste Gairmoideachais nach ann dóibh níos mó, a chuíchóiriú i sraith amháin de chláir ar féidir a chur ar fáil sna trí réigiún BOO." Cuirfear é seo i bhfeidhm i dtosach trí churaclam cláir a fhorbairt thar leibhéil 1-3, agus curaclam coitinn acu thar gach campas Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna. | Sa bhliain 2023, bhí an tSeirbhís Tacaíochta FCT i gceannas ar athfhorbairt shuíomh FCT SharePoint, agus thacaigh sí le hathfhorbairt shé shuíomh SharePoint eile, (DC, F&FG, Earcaíocht & Treoir, Rannpháirtíocht Fiontraíochta, Monatóireacht & Measúnú Pleanála, Pleanáil & Tacaíocht Oibriúcháin).<br><br>Bhí sé mar aidhm leis an athfhorbairt cumarsáid a fheabhsú agus gach úsáideoir Foirne BrOO a chur ar an eolas go soiléir faoi acmhainní. Tá an Láithreán FCT nua thar a bheith luachmhar do na himeachtaí oiliúna ar fad leis an bhfoireann, ó thaobh cur in aithne na seirbhíse agus na foirne de agus comharthaíocht shoiléir ar na hacmhainní go léir lena n-áirítear na hábhair oiliúna a úsáideadh an lá sin.<br>In 2023, lean foireann Forbartha Curaclaim an STDC uirthi ag athbhreithniú agus ag caighdeánú naoi Modúl TF chun go mbeadh aon leagan amháin le húsáid ar fud na heagraíochta. Leanfar leis an bpróiseas seo chun na modúil L3 go léir a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú in aon leagan amháin. Cuireadh grúpa oibre ar bun freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sé mhodúl teanga Leibhéal 3, agus tá Cócaireacht Bricfeasta, Arán, Císte & Milseoga, Sláinte & Folláine, Feasacht Sláinte & Sábháilteachta faoi athbhreithniú freisin. |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| 1.3 Chun riachtanais aitheanta phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta agus infhostaitheachta ár bpáirtithe leasmhara a fhreagairt. | Méadóidh BOO a chumas chun soláthar BrOO a athbhreithniú agus a fhorbairt, le cinntiú go bhfuil sé dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de, ábhartha agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais daoine aonair agus pobal, agus go ndúnfaidh sé na bearnaí scileanna tionsclaíocha atá sa réigiún.<br><br>I gcomhréir le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir (FRSIL), an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus an Plean Gnímh maidir le Poist, bhunaigh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna de chuid an BOO **Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (STRF).** Le linn 2023, leanfaidh an STRF air ag dul i mbun rannpháirtíochta le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí chun rannpháirtíocht fostóirí a mhéadú idir an BOO agus comhlachtaí amhail FRSMI, Comhlachais Tráchtála, OFÁnna, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, GFT, an Roinn Coimirce Shóisialaí, agus ar an mbealadh sin cuirfear ar chumas an BOO freastal ar riachtanais shonracha oiliúna agus cláir shaincheaptha a dhearadh nuair is gá. | In 2023, Bliain Eorpach na Scileanna, bhí an Coláiste BrOO, tríd an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (STRF) ag leanúint ar aghaidh leis an bplé le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí, chun béim a leagan ar ról straitéiseach an BOO i ndáil le forbairt scileanna sa Iarthar Láir.<br><br>Lean Coláiste BrOO ar aghaidh le gairmchúrsaí láidre agus soláthar níos solúbtha ó thaobh modúlú de a chur ar fáil. Chuir soláthar an Choláiste BrOO 2,912 cúrsa ar fáil ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2023. Chlúdaigh na cúrsaí seo go leor cnuasach scileanna, is dhírigh siad ar na riachtanais scileanna i réigiún an Iarthair Láir.<br><br>Chuige sin, tá STRF ar an Sainghrúpa Comhairleach ar Scileanna Gaoithe Amach ón gCósta agus Riachtanais Lucht Saothair de chuid na Roinne Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, (RBTNE), agus is comhchathaoirligh iad ar Bhraisle Oideachais agus Oiliúna In-athnuaite an Iarthair Láir. Bhí obair forbartha i réimse na Scileanna Glasa agus freagairt ar Thuarascáil Thascfhórsa Inbhear na Sionainne ar siúl go leanúnach.<br><br>I measc tionscnaimh eile in 2023, de réir mar a leanann an tIarthar Láir ar aghaidh ag forbairt earnáil Bithchógaisíochta MedTech, bhí an STRF mar chuid de thionscadal comhairleach réigiúnach arna reáchtáil ag gnólacht comhairliúcháin de chuid an RA Urban Foresight chun staidéar féidearthachta a fhorbairt agus bearnaí a aithint sna heolaíochtaí beatha réigiúnacha/san éiceachóras bithchógaisíochta. |

| | | |
|---|---|---|
| | Le linn 2023 beidh an STRF:<br>• Leanúint le bheith mar bhall gníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir.<br>• Leanúint de chinntiú sé go bhfreastalaíonn soláthraithe oideachais ar riachtanais tionscail trí ionadaíocht BOO ar Chomhlachais Tráchtála, Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir, OFÁnna, Fiontraíocht Éireann agus IBEC.<br>• Leanfaidh sé le cnuasghrúpaí tionscail a fhorbairt san Iarthar Láir i.e. Fáilteachas agus Turasóireacht, Innealtóireacht, TF, Miondíola.<br>• Oibreoidh sé le 'Luimneach don Innealtóireacht' chun nasc díreach a dhéanamh le fostóirí d'fhonn píblíne printíseach, teicneoirí agus innealtóirí a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais shonracha na hearnála innealtóireachta san Iarthar Láir.<br>• ag neartú an bhoinn scileanna atá ag fostaithe i bhFáilteachas, Turasóireacht, agus Áineas ar Champas Fáilteachais an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna agus trí sholáthar eile. | In 2023, neartaigh an Coláiste BrOO a chuid comhpháirtíochtaí chun é féin a bhunú mar Lárionad Barr Feabhais do thionscal na Scannán agus na Meán Digiteach i réigiún an Iarthair Láir. Lean sé ar aghaidh ag obair go dlúth le Film in Limerick, Troy Studios agus Fís Éireann chun tionscnaimh oiliúna nua a sholáthar sa réimse seo. Leanann STRF air ag obair le scannán san Iarthar Láir agus tá sé ina chathaoirleach ar Líonra Oiliúna Scannán agus Oideachais. Bhí baint ghníomhach aige le Tuarascáil Anailíse ar Acmhainneacht an Infreastruchtúir Táirgeachta (AAIT) ina ndearnadh staidéar domhain ar an earnáil léiriúcháin scannán sa réigiún.<br><br>In 2023, lean Campas Fáilteachais an Choláiste BrOO ag cur lena cháil mar ionad barr feabhais san earnáil seo. Soláthraíonn an Campas oiliúint scileanna i roinnt réimsí den earnáil fáilteachais agus leanann sé ar aghaidh ag cur an leibhéal is airde oiliúna cócaireachta agus fáilteachais ar fáil, agus forbraíonn sé caidrimh láidre laistigh de thionscal fáilteachais na hÉireann agus ag nascadh foghlaimeoirí go díreach le deiseanna fostaíochta. In 2023, ba é an chéad champas BOO é le bheith ina bhall faofa de Chumann Eorpach na Scoileanna Óstáin agus Turasóireachta. Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud na hEorpa. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.4 Forbairt an duine aonair mar dhuine iomlán a chothú chun a chumas a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | Oibreoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le cinntiú go gcuirfidh ár scoileanna an fhoghlaim, an teagasc, an measúnú agus na heispéiris folláine is airde caighdeán ar fáil in 2023. Áirítear ar na tionscnaimh shonracha in 2023:<br>• Leanfaidh na scoileanna ar aghaidh le tacaíocht a fháil ó na Cnuasghrúpaí agus Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020 chun comhairle a chur ar scoileanna faoi dhea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha chun eispéiris na mac léinn a fheabhsú.<br>• Obair le Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir agus é chun comhpháirtíocht idir na scoileanna agus gnóthaí agus an tionscal agus an pobal taighde a fheabhsú.<br>• Obair leis an Roinn Oideachais agus 4 Scoil BOO chun Céim 1 den siollabas Corpoideachais nua don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm.<br>• A chinntiú go ndéanann níos mó scoileanna obair ullmhúcháin chun Siollabas Ardteistiméireachta Corpoideachais, Ríomheolaíochta, Polaitíochta agus Sochaí ar fáil don tSraith Shinsearach.<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta mar ábhar in 2 iar-bhunscoil BOO. | In 2023, d'oibrigh Rannóg Scoileanna an BOO go díograiseach le cinntiú gur chuir ár scoileanna an fhoghlaim, an teagasc, an measúnú agus na heispéiris folláine is airde caighdeán ar fáil. Áirítear i measc na dtionscnamh ar leith ar tugadh fúthu i rith na bliana:<br>• Leanadh de thacaíocht a chur ar fáil do scoileanna trí na Cnuasghrúpaí agus Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020, lenar cuireadh comhairle ar scoileanna faoi dhea-chleachtais agus straitéisí éifeachtacha chun eispéiris na mac léinn a fheabhsú.<br>• Comhoibríodh le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair Láir chun comhpháirtíochtaí idir scoileanna, gnólachtaí, tionscail agus an pobal taighde a fheabhsú.<br>• Comhoibríodh leis an Roinn Oideachais agus ceithre Scoil BOO chun Céim 1 den siollabas Corpoideachais nua don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm.<br>• Deimhníodh go ndearna níos mó scoileanna obair ullmhúcháin chun Siollabas Ardteistiméireachta Corpoideachais, Ríomheolaíochta, Polaitíochta agus Sochaí a chur ar fáil don tSraith Shinsearach.<br>• Leanadh ar aghaidh ag tacú le tabhairt isteach Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta mar ábhar i scoileanna BOO.<br>• Síníodh Meabhrán Tuisceana idir Roinn Oideachais Ollscoil Luimnigh agus an BOO in 2023.<br>• Cuireadh beartais náisiúnta éagsúla i bhfeidhm tríd an bpróiseas FMS atá nasctha le creat cáilíochta Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA), is léireoidh sé meas ar thréithe uathúla gach pobail scoile.<br>• Cothaíodh an chomhpháirtíocht le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh chun feasacht faoi fholláine a mhúscailt. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Leanúint ar aghaidh ag obair le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh chun Meabhrán Tuisceana a fhorbairt idir Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh agus an BOO.<br>• Beartais náisiúnta éagsúla a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas FMS atá nasctha le creat cáilíochta Ag breathnú ar an Scoil Againne (ABSA) a léireoidh meas ar gach pobal scoile.<br>• Comhpháirtíocht leanúnach le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh, agus le feasacht faoi fholláine a mhúscailt.<br>• Cur i láthair a dhéanamh do Bhord Bainistíochta gach scoile ar bhunluachanna an Teagaisc, na Foghlama agus an Mheasúnaithe inár scoileanna.<br>• Leathadh amach leanúnach oiliúint Éiteas agus Bunluachanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Pobail. | • Cuir i láthair a sholáthar do Bhord Bainistíochta gach scoil maidir le croíluachanna an Teagaisc, na Foghlama agus an Mheasúnaithe inár scoileanna.<br>• Leanadh ar aghaidh le rolladh amach oiliúint Éiteas agus Bunluachanna BOOÉ do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Pobail. |
| | Tosaíocht BrOO: Feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus aistrithe foghlaimeoirí trí mheasúnuithe agus thacaíochtaí cuimsitheacha, comhsheasmhacha ar feadh a n-aistear foghlama. | Leagtar amach sa chreat Tacaíochta seo d’Fhoghlaimeorí an Choláiste BrOO na struchtúir agus na próisis atá curtha i bhfeidhm ag an gColáiste BrOO lena chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir agus foghlaimeoir féideartha amach anseo an fhaisnéis, an chomhairle, an treoir agus an tacaíocht is gá chun a rannpháirtíocht rathúil i soláthar BrOO a chinntiú ar bhealach atá oiriúnach dá riachtanais agus aidhmeanna. |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | **Clárúcháin Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí STIG.** San iomlán chláraigh 1,673 foghlaimeoir le haghaidh tacaíochtaí éagsúla tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach i rith na bliana acadúla Meán Fómhair 2022 – Lúnasa 2023.<br><br>Tá ról sainithe ag **na Moil Foghlama** laistigh den champas agus feidhmíonn siad mar 'aghaidh shiopa' do raon tacaíochtaí foghlama agus ag an am céanna cuireann siad acmhainní agus áiseanna ar fáil chun tacú le foghlaim fhéinriartha agus teagascóra araon. Roghnaíodh a láithreacha chun díriú ar fhoghlaimeoirí a thagann ó cheantair ard-dífhostaíochta/ó cheantair dhíothacha.<br><br>Le linn 2023, lean Líonra na Mol Foghlama ar aghaidh ag soláthar spás fisiciúil ina gcuireann foireann na Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach, i gcomhar le Seirbhís Tacaíochta na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT), tacaíochtaí duine le duine agus le grúpaí beaga ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Forbraíodh dhá mhol foghlaimeora nua i gCampas Bhaile Chill Mocheallóg agus i gCampas na Ceapaí Móire. Tá ról lárnach ag na moil foghlama maidir le caidreamh gairmiúil agus tacúil a fhorbairt leis an iliomad soláthairtí agus foghlaimeoirí.<br><br>**Ciste REACH** - Ó fógraíodh Ciste SOLAS REACH (CMOM ar dtús) in 2020, tá iarratas inmheánach bliantúil curtha isteach ag an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach chun Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí a bhunú chun rochtain a sholáthar ar chúnamh airgeadais aonuaire d'fhoghlaimeoirí atá in anás airgeadais. Cuirtear gach iarratas in ord tosaíochta agus déantar iad a mharcáil, de réir na gcritéar seo a leanas.<br>• Ceantar ard-dífhostaíochta<br>• Ag fáil íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | • Cárta Leighis a Shealbhú<br>• Ó Ghrúpa Tosaíochta (9 gCúis & Míbhuntáiste Socheacnamaíoch)<br>• Ag cur suas le míbhuntáiste imthoisceach ar leith.<br>• Ó 2020 i leith, tá cúnamh airgeadais aonuaire faighte ag 628 foghlaimeoir san iomlán agus an mheánmhéid ceadaithe ná €198.57. Bhain go leor de thosaíochtaí na bhFoghlaimeoirí i mbliana le costais bhreise a bhain le taisteal chuig agus ó ranganna. |
| | Tosaíocht BrOO: Meabhairshláinte agus Folláine foghlaimeoirí a chur chun cinn agus tacú leo ar bhealach atá struchtúrtha agus pleanáilte. | Leagtar an chaoi a gcuireann an BOO Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora chun cinn amach i gCreat Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO. Tugtar léargas ann ar an mbealach a dtacaítear leis an bhfoghlaimeoir ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte. Tacaíonn an Creat le Coláiste BrOO chun ceannaireacht agus acmhainní a sholáthar chun Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora a chur chun cinn agus chun tacú leo.<br><br>Le linn 2023, cuireadh timpeall €30,000 ar fáil d’Fhoirne Meabhairshláinte agus Folláine an Champais chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí a reáchtáil, a thacaíonn le dea-shláinte mheabhrach agus a chuireann í chun cinn i measc ár bpobal campais. Áiríodh leis an ghníomhaíocht Laethanta Idirchultúrtha, imeachtaí Folláine ar an Champas, tionscnaimh bratach ómra, Comórtais Sacair, Trucail Uachtair Reoite, Turais Bhus, cluichí idirghníomhacha, ceardlanna athléimneachta, bia sláintiúil, imeachtaí ealaíon, etc. |

| | | |
|---|---|---|
| | In 2023, leanfaidh Oifigeach Tacaíochta Aitheantais Réamhfhoghlama i Seirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta ag tabhairt tús áite d'**Aitheantas Réamhfhoghlama** agus á fheabhsú. Méadófar acmhainneacht eagraíochta le hoiliúint, beartas agus forbairt nósanna imeachta, etc.<br><br>(Ar lean) | In 2023, thairg an Coláiste BrOO F leagan eile dár gclár suaitheanta, "Buneolas ar Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) Meantóirí agus Measúnóirí", a dearadh chun oideachas agus oiliúint a chur ar fhoireann BrOO chun tacú le hiarratasóirí ARF. Bhí 4 sheisiún ar líne agus 2 sheisiún phearsanta le cur i gcrích mar chuid den chúrsa 6 seachtaine seo, agus ba é aidhm an chúrsa ná cur le tuiscint daoine ar phrionsabail agus ar chleachtais ARF, cumas meantóirí agus measúnóirí féideartha ARF a fhorbairt, agus eolas agus scileanna praiticiúla na mball foirne a bhí páirteach sa chúrsa a fheabhsú. D'éirigh le 18 nduine an cúrsa a chríochnú go rathúil agus fuair an cúrsa aiseolas dearfach uathu.<br><br>Choimisiúnaíomar freisin an saineolaí ARF Deirdre Goggin a bhfuil cáil uirthi go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun cúrsa ARF Leibhéal 9 a sholáthar go hinmheánach. An modúl dar teideal ARF: Ba dheis iontach é Beartas, Cleachtas, Oideolaíocht dár bhfoireann ARF cáilíocht fhoirmiúil a bhaint amach sa réimse seo chomh maith le cur lena gcuid eolais agus saineolais. Bhí áthas orainn go raibh 17 rannpháirtí páirteach sa chlár seo lena n-áirítear beirt chomhghleacaithe, ó Sheirbhís Tacaíochta Breisoideachais (STB) agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC)<br>I mí an Mhárta 2023, tugadh aitheantas do Choláiste BrOO ag Gradam Sármhaitheasa an BOO Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, áit ar bronnadh an dara háit ar fhoireann an ARF as a dtionscnamh ceannródaíoch Réamhfhoghlama d'Ardteastas Leibhéal 6 sa Ghruagaireacht. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.5 Faisnéis, treoir, comhairleoireacht agus seirbhísí tacaíochta mac léinn/foghlaimeoirí ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud scoileanna agus campais BrOO na heagraíochta. | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le creat treorach don scoil uile a fhorbairt, agus forbróidh sí naisc le BrOO agus le hInstitiúid Thríú Leibhéal trí fhóram na dTreoirchomhairleoirí (a bunaíodh i Mí Dheireadh Fómhair 2019). I measc na ngníomhartha do 2023, tá:<br>• Creat Treorach don Scoil Uile a fhorbairt. Cuirfear na réimsí foghlama seo a leanas san áireamh:<br>✓ Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a chothabháil.<br>✓ Idirghníomhú éifeachtach le daoine eile (aghaidh ar aghaidh & ar líne).<br>✓ Forbairt & fás ar feadh an tsaoil.<br>✓ Straitéisí éifeachtacha pearsanta a fhorbairt don fhoghlaim/do scrúduithe.<br>✓ Roghanna oideachais a dhéanamh i gcomhréir le huaillmhianta gairmiúla.<br>✓ Faisnéis agus foinsí a bhaineann leis an ngairm a úsáid go héifeachtach.<br>✓ Saol na hoibre agus róil an tsaoil a thuiscint.<br>✓ Forbairt gairme agus cinnteoireacht a bhainistiú.<br><br>• Tacaíocht leanúnach agus Forbairt Fhóram na dTreoirchomhairleoirí. | Thacaigh Rannóg Scoileanna an BOO le creat treorach don scoil uile a fhorbairt, agus d'fhorbair sí naisc le Breisoideachas agus Oiliúint agus le hInstitiúid Thríú Leibhéal trí fhóram na dTreoirchomhairleoirí (a bunaíodh i Mí Dheireadh Fómhair 2019). I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh in 2023 bhí:<br><br>• Creat Treorach don Scoil Uile a fhorbairt, inar cuireadh na réimsí foghlama seo a leanas san áireamh:<br>✓ Forbraíodh agus cothaíodh féinmheas agus féinchoincheap dearfach.<br>✓ Idirghníomhaíodh go héifeachtach le daoine eile (aghaidh ar aghaidh agus ar líne).<br>✓ Fásadh agus forbraíodh ar feadh an tsaoil.<br>✓ Forbraíodh Straitéisí éifeachtacha pearsanta don fhoghlaim/straitéisí scrúdaithe.<br>✓ Rinneadh roghanna oideachais i gcomhréir le huaillmhianta gairmiúla.<br>✓ Baineadh úsáid as faisnéis agus foinsí a bhaineann leis an ngairm go héifeachtach.<br>✓ Tuigeadh saol na hoibre agus róil an tsaoil.<br>✓ Bainistíodh forbairt ghairme agus cinnteoireacht.<br><br>• Soláthraíodh tacaíocht agus forbairt leanúnach d'Fhóram na dTreoirchomhairleoirí BOO, a bunaíodh in 2019.<br><br>• Forbraíodh Blaschlár na hIdirbhliana i gcomhar le BrOO chun an taithí i gconairí printíseachta agus conairí oiliúna (na hEalaíona Cócaireachta, Oiliúint Barista etc.) a fheabhsú.<br><br>• Leanadh ar aghaidh le forbairt agus leathnú ar chomhpháirtíocht an Acadaimh Shóisearaigh um Eolaíochtaí Sláinte i gcomhair le hOllscoil Luimnigh agus Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Blaschlár na hIdirbhliana a fhorbairt i gcomhar le BrOO chun an taithí i gconairí printíseachta agus conairí oiliúna (na hEalaíona Cócaireachta, Oiliúint Barista etc.) a fheabhsú.<br><br>• Forbairt agus leathnú leanúnach ar chomhpháirtíocht an Acadaimh Shóisearaigh um Eolaíochtaí Sláinte i gcomhar le hOllscoil Luimnigh agus Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh. | |
| | Forbróidh **Rannóg Scoileanna** an BOO straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama chun foghlaim fhéinriartha agus foghlaim chomhoibritheach a chur cinn i measc mic léinn ina scoileanna trí dheiseanna líonraithe phroifisiúnta a chur chun cinn i measc a mball foirne ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Leanfaidh Rannóg na Scoileanna ar aghaidh ag forbairt acmhainní agus tacaíochtaí do scoileanna ar féidir iad a úsáid ag leibhéal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar riosca an mhíbhuntáiste oideachais.<br><br>Tabharfar tacaíocht do Scoileanna i gcónaí le cúrsaí oiliúna d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn i ngach scoil chun | D'fhorbair Rannóg Scoileanna an BOO straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama chun foghlaim fhéinriartha agus foghlaim chomhoibritheach a chur cinn i measc mic léinn ina scoileanna trí dheiseanna líonraithe phroifisiúnta a chur chun cinn i measc a mball foirne ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Le linn na bliana, lean Rannóg na Scoileanna ar aghaidh ag forbairt acmhainní agus tacaíochtaí do scoileanna ar féidir iad a úsáid ag leibhéal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar riosca an mhíbhuntáiste oideachais.<br><br>Tugadh tacaíocht do Scoileanna le cúrsaí oiliúna d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn i ngach scoil chun cabhrú le mic léinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.<br><br>D'oibrigh Rannóg na Scoileanna i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte agus Ranna eile in 2023 chun moltaí An Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige, an Tionscadail Pathfinder um Meabhairshláinte na hÓige agus |

| | | |
|---|---|---|
| | cabhrú le mic léinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.<br><br>Oibreoidh Rannóg na Scoileanna i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn sláinte agus Ranna eile in 2023 chun moltaí An Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige, an Tionscadail Pathfinder um Meabhairshláinte na hÓige agus na Straitéise Ag Nascadh don Saol (2015-2021) a chur i bhfeidhm.<br><br>Oibreoidh Rannóg na Scoileanna i gcomhar le Scoil na Síceolaíochta i Luimneach chun MY-Psychology a chomhfhorbairt.<br>Clár nuálach a théann i ngleic le Meabhairshláinte agus Folláine i ndaoine óga is ea MY-Psychology a bunaíodh mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta in 2022. Rinneadh é a dhearadh le múinteoirí agus daltaí i scoileanna an BOO rud a chinntíonn go bhfuil sé ábhartha agus suimiúil do dhaoine óga. | na Straitéise Ag Nascadh don Saol (2015-2021) a chur i bhfeidhm.<br><br>Chomh maith leis sin, chomhoibrigh Rannóg na Scoileanna le Scoil na Síceolaíochta i Luimneach chun MY-Psychology a chomhfhorbairt.<br><br>Is clár nuálach a théann i ngleic le Meabhairshláinte agus Folláine i measc daoine óga é MY-Psychology a bunaíodh mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta in 2022. Rinneadh é a dhearadh le múinteoirí agus daltaí i scoileanna an BOO rud a chinntigh go raibh sé ábhartha agus suimiúil do dhaoine óga.<br><br>Ba chlár oideachais síceolaíochta ceannródaíoch é MY-Psychology, nó MY-Psy, a leagann béim ar mheabhairshláinte dhearfach agus folláine a chur chun cinn. Tá MY-Psy á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus is í an Dr. Jennifer McMahon, Léachtóir Sinsearach i Síceolaíocht in Ollscoil Luimnigh agus Stiúrthóir SCY-Lab (Saotharlann Mheabhairshláinte agus Folláine, Scoile, Linbh agus Óige) atá i gceannas air. Comhoibriú/comhpháirtíocht a bhí ann idir an SCY-Lab, an tAcadamh Eolaíochtaí Sláinte Sóisearacha (Grúpa Ospidéal UL, Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir, Ollscoil Luimnigh) agus an BOO, ag tabhairt speisialtachtaí taighde, oideachais agus cúram sláinte le chéile. I measc mórpháirtithe leasmhara eile, bhí Jigsaw Luimnigh, Seirbhís don Aos Óg Luimnigh, agus an fhoireann múinteoireachta i limistéar Luimnigh agus an Chláir. |
| | Leis an BrOO a chuireann sé ar fáil, tá infheistíocht shuntasach déanta ag BOO i rochtain a fheabhsú agus in aistir foghlaimeoirí atá níos saoráidí. | Le linn 2023, chuir an Coláiste BrOO **pacáiste faisnéise** ar fáil a dearadh chun an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do phríomhoidí, do leas-phríomhoidí, do chomhordaitheoirí críochnaithe scoile, do chomhordaitheoir teagmhála baile, |

| | | |
|---|---|---|
| | Is ceannaire BrOO é BOO i dtaca le teagmháil le scoileanna chun tacú le **Conairí ó scoil go BrOO**. Tá raon leathan modúl Idirbhliana ar fáil, chomh maith le blas-seisiúin ar mhéid áirithe réimsí scileanna, lena n-áirítear fáilteachas, printíseacht, innealtóireacht, oideachas lasmuigh, blaschúrsaí i ríomhrialú uimhriúil, gruagaireacht chomh maith le scileanna don todhchaí, ar nós Intleacht Shaorga agus réamhchúrsa róbataice.<br><br>Thar na chéad trí bliana eile, leanfaimid orainn ag cur dlúis lena obair for-rochtana scoile agus geallaimid go bhforbróimid roghanna do gach cineál chlár Leibhéal 5 agus 6 agus tairgfear iad tríd an suíomh BrOO atá dírithe ar fhágálaithe scoile agus atá nasctha leis an Lár-Oifig Iontrála (CAO).<br><br>Bheadh an BOO sásta dá mbeadh ról ag tionscnamh tosaigh chun modúil phíolótacha a chomhtháthú ag an tsraith shinsearach, mar chuid den tionscnamh leasaithe todhchaí (ní mar chuid den Idirbhliain) i bhfianaise cé chomh maith is atá a bhfeidhmíocht sa réimse seo. | scoile agus an phobail agus do threoirchomhairleoirí faoin tairiscint atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí iar-bhunscoile tríd an gColáiste BrOO.<br><br>De réir mar atá an éagsúlacht sna seomraí ranga inár réigiún ag méadú, tá múinteoirí ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le hobair le daltaí ó raon cúlraí cultúrtha. Aithníonn scoileanna go bhfuil gá le tacaíocht maidir le Béarla mar Theanga Bhreise (BTB), d'fhoghlaimeoirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu a gcuid smaointe a chur in iúl agus ábhar acadúil a thuiscint mar gheall ar bhacainní teanga. Bhí ról lárnach ag ár **gclár BTB** maidir le forbairt teanga a chothú agus tacú le foghlaimeoirí iar-bhunscoile an leibhéal B2 Béarla a bhaint amach a theastaíonn chun dul ar aghaidh go cúrsaí IA.<br><br>Chomh maith leis sin, bhí breis is 600 foghlaimeoir ionchais ó scoileanna, Seirbhísí Óige, grúpaí Ógtheagmhála, Doras Luimní agus eagraíochtaí comhpháirtíochta eile páirteach sna **blas-seisiúin 'Try Sessions',** áit a bhféadfadh daoine bualadh le teagascóirí, foghlaimeoirí atá ann cheana féin, scileanna nua a thriail, incháilitheacht a sheiceáil agus clárú le haghaidh cúrsaí.<br><br>Tá clár **Blas-sraithe nua Conairí ón Scoil** ar Champas Shráid Mulgrave dírithe ar dhaltaí meánscoile. Tá an tsraith dírithe ar na daltaí Idirbhliana, mar aon le daltaí ATF ón gcúigiú agus ón séú bliain. Reáchtáladh 33 clár rathúil in 2023 i réimsí na Teiripe Spóirt/Áilleachta/Teiripe Cruthaithí agus Gruagaireachta. Ghlac 13 scoil/ionad páirt agus bhí 275 dalta i láthair le linn an chláir. Cuireann Coláiste BrOO go leor bealaí eile ar fáil d'fhoghlaimeoirí reatha agus d'fhoghlaimeoirí ionchais anseo.<br><br>**Cláir Ghinearálta Conairí**, cosúil le ranganna Béarla, ranganna tacaíochta matamaitice, etc. |

| | (Ar lean) | **Cláir Shonracha Earnálacha Conairí**, cosúil le hOiliúint Barista, Blaschúrsa do Chócairí Príntíseacha Sóisearacha, Conairí don Oideachas Lasmuigh agus Conairí d'Obair Thógála.<br><br>In 2023, chuir Campas na Sionainne cúig **bhlaschúrsa** ar feadh coicíse ar fáil ar Chothabháil Aerárthaí, Déantúsaíocht Miotail, Bunchúrsa Táthaithe, Bunchúrsa Pluiméireachta agus Dearadh Innealtóireachta. Reáchtáladh Oiliúint Barista freisin i gcomhar leis an gCampas Fáilteachais. In 2023, cuireadh oiliúint ar bhreis is 250 dalta meánscoile.<br><br>In 2023, ghlac scoileanna ar fud an réigiúin páirt in dhá bhlaschúrsa éagsúla in earnáil an fháilteachais a forbraíodh go sonrach don idirbhliain: **'Blaschúrsa Cócaireachta' don Chócaire Sóisearach agus 'Blaschúrsa Scileanna Barista**. Thug breis agus 300 dalta de chuid na hIdirbhliana faoi na cúrsaí seo, iad siúd a bhfuil spéis acu san earnáil fáilteachais agus turasóireachta b'fhéidir mar rogha gairme nó chun scil a fhoghlaim don saol. Ag deireadh an éispearais, bhí an tríú gradam **Cócaire Sóisearach na Bliana Réigiún na Sionainne 2023.**<br><br>In 2023, reáchtáil na **hIonaid Oideachais Allamuigh (IOAnna** cúrsa Conairí ón Scoil freisin, lenar áiríodh caint faoi ghairmeacha chun deiseanna fostaíochta agus bealaí oiliúna BrOO a fhiosrú.<br><br>Reáchtáil na IOOAnna freisin **conairí do Ghairm Lasmuigh do Sholáthar Óige**. Cuireadh cláir ar fáil freisin d'fhoghlaimeoirí BrOO chun tras-scileanna, Gníomhaíochtaí Aeráide, Inbhuanaitheacht, Meabhairshláinte agus Folláine a fhorbairt. |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | Lean an Coláiste BrOO ar aghaidh ag forbairt an chláir **Conairí Printíseachta** – tionscnamh ina gcuirtear raon cúrsaí ar fáil ar féidir le daoine tabhairt fúthu sula ndéanfar printíseacht. Cosúil le struchtúr mar phrintíseacht, cuirtear conairí chuig cúrsaí printíseachta ar fáil trí mheascán d'oiliúint ar an láthair oibre atá á soláthar ag fostóirí agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna. |
| | Mar gheall ar **ghealltanas an rialtais do chóras treasach aontaithe**, ní mór cur leis an obair seo trí naisc níos dlúithe a fhorbairt le comhpháirtithe Ardoideachais sa réigiún agus beidh sé riachtanach córas a chur i bhfeidhm a cheadaíonn conairí isteach sa Bhreisoideachas agus Oiliúint ag gach tráth den saol agus den ghairm.<br><br>Tá Meabhráin Tuisceana i bhfeidhm le hinstitiúidí, ach aithnítear go bhfuil tuilleadh oibre ag teastáil chun gníomhartha inbhraite a chur chun cinn níos mó. (thíos);<br><br>Tá straitéis ann chomh maith chun dul chun cinn ó chlár Breisoideachais agus Oiliúna amháin go ceann eile a éascú, le tábhacht ag baint le Treoir Foghlaimeora, Tacaíocht Litearthachta (Foghlama) agus Dearbhú Cáilíochta chun a chinntiú gur féidir na conairí féideartha seo a fheiceáil ón tús. | I mí Iúil 2023, sheol an tAire Harris an Clár Treasach Náisiúnta (TP) go hoifigiúil. Bunaithe ag an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna, i gcomhthionscnamh idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus SOLAS, cuireadh de chúram ar an Oifig Threasach Náisiúnta (OTN) na bealaí forásacha nua seo a fhorbairt trí bhreisoideachas go hardoideachas. Tá an chomhpháirtíocht seo lárnach d'fhís an rialtais maidir le córas oideachais tríú leibhéal aontaithe.<br>Bhí roinnt forbairtí in 2023 tar éis gur ceapadh beirt Bhainisteoir Threasacha Réigiúnacha (sa BOO agus OTS):<br>• Bunaíodh Grúpa Stiúrtha & Grúpaí Oibre idir OTS/BOO.<br>• Forbraíodh MT agus MC idir OTS/BOO. Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo, mar shampla, gur féidir le foghlaimeoirí ónár gcúrsa criadóireachta leibhéal 6 ar champas Inis Díomáin dul isteach in OTS sa dara bliain, rud a fhágann nach gá dóibh an chéad bhliain a dhéanamh. Is féidir le cúrsaí ealaíne BrOO cabhrú freisin le foghlaimeoirí punann a chruthú do chúrsaí dearaidh agus ealaíne agus ailtireacht.<br>• Comhaontú Comhrialaitheoirí bunaithe idir NTO/OTS/an BOO.<br>• Forbraíodh dhá chúrsa Céime Leibhéal 8, socraíodh ar an gCóras Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora (CTCF) iad agus d'fhaomh Dearbhú Cáilíochta iad. Is iad Staidéar Gnó - (Campas na hInse) & Ríomhaireacht Ghréasáin Soghluaiste |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | (Campas Shráid Mulgrave). Rinneadh 76 iarratas ar na cláir nua seo. Tríd an gcomhoibriú dlúth seo le TUS maidir le forbairt agus soláthar comhroinnte na gclár treasach seo, cuirfear aistriú réidh ar fáil do dhaltaí ó BrOO go hArdoideachas agus cosán foghlaimeora atá sainithe go soiléir ar aghaidh go dtí an cleachtas gairmiúil.<br>• Oiliúint Foirne: Fuair cleachtóirí BrOO, a chuireann na cúrsaí nua seo ar fáil, ionduchtú don Tionscadal Treasach agus do chórais Banner & Guru OTS (le haghaidh scrúduithe agus measúnuithe).<br>• Ionduchtú agus tacaíochtaí don fhoghlaimeoir: Reáchtáladh lá intreorach agus ionduchtaithe ag OTS i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá foghlaimeoirí ar an Tionscadal Treasach (TT) cláraithe in BrOO agus OTS araon, áit ar féidir leo leas a bhaint as na tacaíochtaí/deiseanna atá ar fáil ar an dá láthair. |
| | Tá **Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (STFET) an Choláiste BrOO de chuid BOO (STFET)** tiomanta chun Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Tacaíochta Treorach (STFET) a chur ar fáil aici do gach foghlaimeoir. Cuireann sé tacaíochtaí treorach agus faisnéis faoin gclár ar fáil atá soiléir, trédhearcach, inrochtana agus duine-lárnach ag an gcéim réamhiontrála, a dearadh chun rochtain a éascú d'fhoghlaimeoirí. Áirítear orthu seo:<br>Fógráin Réamhiontrála - le scaipeadh sa réigiún le faisnéis shoiléir maidir le cé air a bhfuil an tseirbhís dírithe, na rudaí ar | In 2023, earcaíodh beirt Treoirchomhairleoirí nua i gColáiste BrOO, Campas na hInse. Rinneadh dul chun cinn ar fheachtais eolais agus earcaíochta, agus d'fhorbair an STFET físeán beochana nua do shuíomh Gréasáin Choláiste BrOO agus do na Meáin Shóisialta *[www.collegeoffet.ie/guidance,](www.collegeoffet.ie/guidance)* ina léirítear an luach a bhaineann le bualadh le Treoirchomhairleoir de chuid an Choláiste BrOO chun cabhrú le hoideachas agus conair ghairme a phleanáil, do dhaoine fásta atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an oideachas.<br>D'fhorbair an STFCT Físeán Promóisin do Champas Mhainistir na Féile freisin chun aird a tharraingt ar an raon spreagúil de chúrsaí páirtaimseartha solúbtha atá ar fáil, na seirbhísí tacaíochta agus na háiseanna den scoth atá ar fáil ar an gCampas.<br>Ar leibhéal an champais, seoladh réamheolaire BrOO 2023 - 2024 agus, den chéad uair, chuimsigh sé an soláthar |

| | | |
|---|---|---|
| | féidir le húsáideoirí a bheith ag súil leo agus conas teacht air.<br>Freastalaíonn foireann STFET ar aontaí áitiúla agus réigiúnacha, cruinnithe faisnéise tionscail agus fóraim eile chun deiseanna Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun cinn.<br>Beidh gach faisnéis atá ag teastáil faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint sa réigiún ar fáil sna Moil Faisnéise i Luimneach agus an Clár.<br><br>Thar na chéad trí bliana eile, beidh sé ina thosaíocht mhór conairí chun Breisoideachais agus Oiliúna a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Ar cheann de na fócais atá ag an bhforbairt, beifear ag obair leis an Líonra Náisiúnta Foghlama le cinntí go bhfuil conairí comhtháite ón tús ag foghlaimeoirí a thosaíonn leo mar chuid den Soláthar Oiliúna Speisialtóra. | lánaimseartha ar fad ag Campas Bhóthar Chill Mocheallóg agus ag Campas Shráid Mulgrave.<br>Ar leibhéal an champais, léiríodh áiseanna agus tairiscintí cúrsa an Choláiste i roinnt de na gníomhaíochtaí, agus leagadh béim ar go leor conairí dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí reatha agus d'fhoghlaimeoirí ionchais anseo.<br>**Seimineáir Ghréasáin ar líne**: In 2023, reáchtáil STFET Chathair agus Chontae Luimnigh a gcéad sraith seimineáir gréasáin ar líne 'Dilemmas -Opportunities - Pathways' trí úsáid a bhaint as CTCF/Fetch le haghaidh rannpháirtithe ar mhaith leo clárú. Bhí daoine ó cheann ceann na tíre páirteach ann, roinnt acu don tsraith iomlán agus daoine eile do sheimineáir shainiúla.<br>**Ceardlanna agus Aontaí Oscailte maidir le conairí Oideachais agus Fostaíochta**:<br>Mar chur chuige comhtháite maidir le faisnéis ar dheiseanna BrOO agus gairmthreoir, oibríonn an STFET agus an STRF go dlúth le chéile chun BrOO a chur chun cinn mar bhealach inmharthana i dtreo breisoideachais agus fostaíochta.<br><br>Tá Imeachtaí Speisialta chun tacú le Conairí á gcomhordú ag STRF i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha tionscail agus oideachais. Is bealach uathúil agus nuálach é an cur chuige earnála seo maidir le forbairt scileanna an Iarthair Láir chun forbairt scileanna a chur chun cinn sa réigiún. Mar shampla, i mí an Mhárta 2023, mheall **taispeántas Explore Engineering** na céadta cuairteoir chuig Aerfort na Sionainne.<br><br>**Eolas & Laethanta Oscailte**<br>Mar chuid dá n-iarrachtaí earcaíochta, reáchtáil go leor campas BrOO laethanta oscailte ar scála mór i mí Lúnasa agus Meán Fómhair 2023 |

| | | |
|---|---|---|
| 1.6 Chun cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt don luach atá ag oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear oideachas lasmuigh agus oideachas ceoil agus an ról claochlaitheach atá ag Obair don Aos Óg inár bpobail. | Déanfaidh **Rannóg na Scoileanna** agus **Soláthar Obair don Aos Óg** iarracht a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine óga ar fud an réigiúin ar obair don aos óg ar ardchaighdeán. Bainfear é seo amach trí:<br>• Cabhrú agus tacú le próiseas Feabhsaithe Leanúnaigh na scéime maoinithe spriocdhírithe UBU Your Place Your Space, é a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh air.<br>• Tacú le cur chun feidhme na gCaighdeán Cáilíochta do ghrúpaí Oibre don Aos Óg Deonacha. | In 2023 rinneadh monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn agus is fianaise air sin an méid seo a leanas:<br>• Tacú le heagraíochtaí i dtaca le soláthar oibre don aos óg ar ardchaighdeán faoi phróiseas Feabhsaithe Leanúnaigh na scéimeanna spriocdhírithe atá á mbainistiú ag BOO.<br>• A chinntiú go bhfuil clubanna agus grúpaí a bhfuil rochtain acu ar Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla 2023 tiomanta do chreat na gCaighdeán Cáilíochta a chur chun feidhme.<br>• A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach tionscadal agus club oibre don aos óg agus ar scéimeanna deontais tríd an BOO.<br>(Ar lean) |
| | Roghnaíodh Rannóg Scoileanna an BOO, in éineacht le dhá BOO sa tír, chun maoiniú Óige Chruthaitheach a fháil ón gclár Éire Ildánach, d'fhonn Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach (LCVP) a reáchtáil ar bhonn píolótach. Is í aidhm na comhpháirtíochta seo, ná chun raon leathan acmhainní a thabhairt le chéile chun deiseanna cruthaitheacha do pháistí agus daoine óige lasmuigh d'uaireanta na scoile a chur ar fáil a thagann leis an obair a dhéantar i suíomh foirmiúil na scoile.<br><br>Seoladh an chéad phlean CÁÓC in 2021 is leagadh síos cuspóirí agus gníomhartha a | Tá seacht CÁÓC i bhfeidhm go náisiúnta anois agus ní mheastar an scéim seo a bheith ina scéim phíolótach a thuilleadh.<br><br>Áiríodh leis na Príomhthionscadail agus na Príomhchláir a cuireadh i bhfeidhm in 2023:<br><br>✓ Amharclann Óige Chill Chaoi - Grúpa Úcránach Nua agus méadú ar an mballraíocht reatha<br>✓ The Parish, ócáid amharclainne i bParóiste Naomh Muire, Luimneach<br>✓ Traveller Pride, Cláir Phodchraolta<br>✓ Oíche Chultúir, taispeántas ó Óige an Lucht Siúil<br>✓ Suímh Luathbhlianta i Luimneach agus sa Chlár<br>✓ Clár Rannpháirtíochta Criticiúil arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon<br>✓ Féile "Call & Response"<br>✓ Scannánóirí na Todhchaí 2023 |

| | | |
|---|---|---|
| | tharraingíonn ar Phlean um Obair don Aos Óg an BOO, agus ar Phlean Óige Chruthaitheach de chuid Éire Ildánach 2018-2021 a aithníonn 'go gcuireann gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach, folláine an duine aonair, an phobail agus na tíre chun cinn'. Amharcadh siar ar an dá phlean agus seoladh pleananna nua in 2023.<br><br>Le linn 2023, cuirfidh an BOO, trí Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Áitiúla Óige Cruthaitheachí, gníomhaíochtaí lasmuigh d'uaireanta na scoile ar fáil do pháistí agus daoine óga le béim ar leith ar phobail imeallaithe. | ✓ Ceardlanna leanúnacha, Soláthar Díreach, Ionaid Chóiríochta, Seirbhísí Míchumais<br><br>Bhí CÁÓC ar an gcéad ghrúpa ar fud na tíre a sheol plean straitéiseach do 2020-2022. Tá an plean seo fós i bhfeidhm faoi láthair agus déanfar athbhreithniú air sa bhliain atá romhainn.<br><br>Seoladh plean straitéiseach nua d'Obair don Aos Óg sa réigiún i mí na Bealtaine 2023. Soláthraítear sa phlean creat soiléir d'Obair Óige sa réigiún do na 3 bliana amach romhainn. |
| | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO uirthi ag déanamh forbairt ar thacaíochtaí agus ar fheasacht corpoideachais i scoileanna in 2023 trí na Lárionaid Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh. Cinnteoidh sé seo go bhfaighidh mic léinn an deis chun an seomra ranga lasmuigh a úsáid mar mheán cumhachtach agus uathúil ar mhaithe le foghlaim agus forbairt. Áirítear ar na gníomhartha sonracha le linn 2023:<br>• Úsáid an dá Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh (Cill Fhíonáin agus Boirinn) de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn i measc Coláistí Pobail, | In 2023, lean Rannóg Scoileanna an BOO uirthi ag déanamh forbairt ar thacaíochtaí agus ar fheasacht corpoideachais i scoileanna trí na hIonaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh. Chinntigh sé seo go bhfuair mic léinn an deis chun an seomra ranga lasmuigh a úsáid mar mheán cumhachtach agus uathúil ar mhaithe le foghlaim agus forbairt. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí ar leith ar tugadh fúthu i rith na bliana:<br><br>• Cuireadh úsáid an dá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh de chuid an BOO (Cill Fhíonáin agus An Bhoirinn) chun cinn i measc Coláistí Pobail, Scoileanna Pobail, agus Scoileanna Náisiúnta Pobail i Luimneach agus sa Chlár le haghaidh turais/gníomhaíochtaí folláine agus na hIdirbhliana.<br>• Cuireadh Clár "Going Well" CLG maidir le Folláine chun cinn i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhichíl |

| | | |
|---|---|---|
| | Pobalscoileanna, agus Scoileanna Náisiúnta Pobail i Luimneach agus sa Chlár le haghaidh turais/gníomhaíochtaí folláine agus Idirbhliana.<br>• Clár "Going Well" CLG maidir le Folláine a chur chun cinn i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhichíl Cíosóg chun pacáiste a fhorbairt do scoileanna ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as tacaíochtaí folláine.<br>• Ag tacú le scoileanna chun dul i dteagmháil le Lárionad Oideachais agus Oiliúna lasmuigh (IOOAnna) d'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá ag tabhairt faoi Gaisce (Gradam an Uachtaráin). Is é misean Ghradam an Uachtaráin ná "deiseanna a thabhairt do dhaoine óga lán a gcumas a bhaint amach trí dhúshláin phearsanta, rud a éascaíonn an t-aistriú ó dhuine óg go haosach óg agus a fheabhsaíonn a n-acmhainneacht agus an méid a chuirfidh siad leis an tsochaí mar rannphháirtithe gníomhacha"<br>• Leabhrán acmhainní rianadóireachta a chur ar fáil do Mhúinteoirí Corpoideachais chomh maith le FGL ar an láthair i Rianadóireacht agus Inbhuanaitheacht chun na mic léinn dara bliain atá acu a ullmhú | Cíosóg chun pacáiste a fhorbairt do scoileanna ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as tacaíochtaí folláine.<br>• Tacaíodh le scoileanna chun dul i dteagmháil le hIonaid Oideachais agus Oiliúna lasmuigh (IOOAnna) d'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá ag tabhairt faoi Ghaisce (Gradam an Uachtaráin).<br>• Cuireadh leabhrán acmhainní rianadóireachta ar fáil do Mhúinteoirí Corpoideachais chomh maith le FGL ar an láthair i Rianadóireacht agus Inbhuanaitheacht chun a mic léinn dara bliain a ullmhú d'imeachtaí Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht i mBóthar Lee agus i mBóthar Pháirc Fhoraoise na Cora agus cuireadh cúrsaí a bhaineann le curaclam chun cinn ar fud na scoileanna BOO lena n-áirítear:<br><br>✓ Oideachas Allamuigh chun tacú le Corpoideachas ó thaobh Folláine agus Inbhuanaitheachta de.<br>✓ Tacaíocht do sholáthar Ghearrchúrsa Rianadóireachta na Sraithe Sóisearaí do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (CBA) in IOOA Chill Fhíonáin agus Bóthar Lee, Inis.<br>✓ An tImeacht Bliantúil Rianadóireacht d'Inbhuanaitheacht do Scoileanna don dara bliain a leathnú amach go hInis agus go dtí an Chora.<br>✓ Comórtas Bollánóireachta na Scoileanna. Cuireadh faighte ag gach scoil BOO.<br>✓ Cuireadh inbhuanaitheacht chun cinn agus comóradh Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht ag imeachtaí Rianadóireachta an dara bliain.<br><br>• Cuireadh pacáistí cianfhoghlama le chéile do scoileanna chun cláir bhreise bunaithe ar theoiric a sholáthar. |

| | | |
|---|---|---|
| | d'imeachtaí Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht i mBóthar Lee agus i mBóthar Pháirc Foraoise na Cora agus cúrsaí a bhaineann le curaclam a chur chun cinn ar fud na scoileanna BOO lena n-áirítear:<br>✓ Oideachas Allamuigh chun tacú le Corpoideachas ó thaobh Folláine agus Inbhuanaitheachta de.<br>✓ Tacaíocht do sholáthar Ghearrchúrsa Rianadóireachta na Sraithe Sóisearaí do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (CBA) in IOOA Chill Fhíonáin agus Bóthar Lee, Inis.<br>✓ An tImeacht Bliantúil Rianadóireacht d'Inbhuanaitheacht do Scoileanna don dara bliain a leathnú amach go hInis agus go dtí an Chora.<br>✓ Comórtas Bollánóireachta na Scoileanna. Cuireadh faighte ag gach scoil de chuid an BOO.<br>✓ Inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht a chomóradh ag imeachtaí Rianadóireachta an dara bliain.<br>✓ Pacáistí cianfhoghlama a fhorbairt do scoileanna chun cláir bhreise bunaithe ar theoiric a chur ar fáil do scoileanna.<br>✓ An rogha tugtha do scoileanna chun cur isteach ar chúrsaí Conairí Gairme | • Tugadh an rogha do scoileanna chun cur isteach ar chúrsaí Conairí Gairme in Oideachas Allamuigh trí lá do mhic léinn na hIdirbhliana.<br><br>• Cuireadh An líonra IOOA chun cinn i measc gach BOO trí Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí ag Ollscoil Luimnigh.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | in Oideachas Lasmuigh trí lá do mhic léinn na hIdirbhliana.<br>✓ An líonra IOOA a chur chun cinn i measc gach BOO trí Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí in Ollscoil Luimnigh. | |
| | Leanfaidh **Rannóg Chaipitil agus Soláthair BOO** uirthi ag tacú le forbairt an dá Lárionad Oideachais Allamuigh in 2023, trí thacaíocht a chur ar fáil chun deiseanna maoinithe a aimsiú chun infheistíocht a dhéanamh in infreastruchtúr na Lárionad agus chun freastal ar riachtanais deisiúcháin agus cothabhála. | Rinneadh mionoibreacha deisiúcháin agus cothabhála sa dá Ionad IOA i rith 2023. Críochnaíodh uasghrádú mór ar an soilsiú éigeandála agus ar an aláram dóiteáin in IOA Chill Fhíonáin in 2023.<br><br>Cuireadh tús le tuilleadh infheistíochta in oibreacha uasghrádaithe ar hallaí spóirt, i gcóiríocht foirne agus tógadh Cúrsa Rópaí Arda in 2023 agus tá sé le bheith críochnaithe go luath in 2024. |
| | Déanann an BOO cathaoirleacht ar thionscnamh EOECNA **Chathair Foghlama Luimnigh**. Tacaíonn sé seo le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe EOECNA a bhaint amach, agus cuireann sé le Cultúr Foghlama ar feadh an tSaoil sa chathair agus sa réigiún.<br><br>In 2023, óstálfaidh an BOO an Líonra Uile-Éireann de Chathracha Foghlama i mí na Bealtaine<br><br>Leanfaidh an Coláiste BrOO air **ag cur foghlaim ó thaithí chun cinn** mar chonair | Tá STRF ina chathaoirleach ar **Learning Limerick**, grúpa stiúrtha ilghníomhaireachta atá i gceannas ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus ar choincheap an réigiúin foghlama a chur chun cinn. I mí na Bealtaine 2023, rinneadh ceiliúradh ag Féile bhliantúil 'Limerick Lifelong Learning' ar Luimneach mar Chathair-Réigiún Foghlama UNESCO.<br>D'óstáil 'Learning Limerick' clár malartaithe cathrach foghlama 'Oileán Comhroinnte' do Líonra Cathracha Foghlama na hÉireann (LCFÉ). Áirítear ar an LCFÉ Luimneach, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Doire, an tSrath Bán agus Béal Feirste.<br><br>Sholáthair **IOOAnna** i Luimneach agus sa Chlár roinnt cúrsaí nua in 2023 lena n-áirítear na cúrsaí seo a leanas: |

| | | |
|---|---|---|
| | chun breisoideachais agus fostaíochta, trína soláthar oideachais allamuigh agus oideachais ceoil. | • Cláir 'Conairí do Scoileanna' do dhaltaí idirbhliana sna scoileanna BOO.<br>• Oideachas Allamuigh agus oiliúint do sholáthar don Óige i gcomhpháirtíocht le Comhordaitheoir Oibre Óige BrOO.<br>• Comhoibriú le soláthar foghlama teaghlaigh, oideachas pobail chomh maith le soláthar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.<br>Cuireann Coláiste BrOO deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí leis **na cláir 'Glúin an Cheoil' i Luimneach agus sa Chlár agus sa Scoil Cheoil i Luimneach**.<br>In 2023, d'oibrigh Glúin Cheoil an Chláir agus Glúin an Cheoil Chathair Luimnigh le chéile le himeacht ceardlainne cruthaithí/comhoibrithí a sholáthar in Ollscoil Luimnigh.<br>I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'óstaigh Glúin Cheoil an Chláir a gcéad Fhéile Tíre, le tacaíocht ó Éire Ildánach.<br>D'éascaigh Glúin Cheoil an Chláir campaí samhraidh do dhéagóirí ón Úcráin chomh maith.<br>In 2023, bronnadh cistí ar Scoil Cheoil Luimnigh ón gCiste Idirghabhála Sóisialta chun uirlisí a cheannach le haghaidh cláir chomhpháirtíochta le bunscoileanna áitiúla |

| **Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**<br>Aidhm: Timpeallacht oibre thacúil, chomhoibritheach, shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann ar fad trí thacaíochtaí freagrúla ábhartha agus beartais agus nósanna imeachta cuí a sholáthar a bhfuil cultúr forbartha gairmiúla leanúnaí mar bhonn faoi. Is é an aidhm atá leis seo timpeallacht oibre dhearfach a chruthú a bhfuil cultúr measa, dínite agus comhionannais mar bhonn léi. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2023 | Éachtaí in 2023 |
| 2.1 Foireann den chaighdeán is airde a mhealladh, a earcú agus a choinneáil, trí straitéisí solúbtha earcaíochta agus bordála a fhorbairt. | Cinnteoidh **Roinn Acmhainní Daonna** an BOO go mbeidh dea-chleachtas i bhfeidhm i dtaca le hearcú agus roghnú foirne san eagraíocht trí chéile in 2023. San áireamh sa phróiseas seo, beidh sonraíocht fostaí, sainchuntais phoist, cáipéisíocht agallaimh bunaithe ar inniúlacht d'ardchaighdeán ar fáil chun tacú le beartas phróiseas an agallaimh, beartais earcaíochta agus roghnúcháin agus le hoiliúint na gcomhaltaí boird.<br><br>Ag obair laistigh de gach foireann, aontóidh na Príomhoifigigh Chúnta ar chuspóirí aonair, is beidh cruthúnas acu gur chuir siad deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus Forbartha agus Aiseolas ar fáil chun tacú le dea-chleachtas. | Earcaíodh 304 post in 2023<br><br>Líonadh 52 Post Ceannaireachta agus Bainistíochta inár nIar-bhunscoileanna sa bhliain acadúil 2023/2024/.<br><br>Leanadh ar aghaidh ag comhoibriú le Seirbhísí Comhroinnte Párolla Ardoideachais (SCPAO) in 2023 chun ardán People XD a nuashonrú. Tá feabhsuithe déanta ar an modúl Pinsin ar an ardán seo.<br><br>In 2023 d'éirigh linn feidhmiúlacht an chórais People XD a scaipeadh ar fhoireann an BOO<br><br>Eisíodh 1,100 Ráiteas Sochair de chuid na Scéime Pinsin Aonair do bhaill na Scéime Pinsin Aonair in 2023. |
| | Éascóidh **Rannóg na Scoileanna** imeacht ionduchtaithe (ar líne) go luath i mí Mheán Fómhair 2023 chun na tacaíochtaí a leagan amach atá ar fáil do mhúinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta atá nuacheaptha ag scoileanna an BOO sna réimsí seo:<br>• Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe.<br>• Tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla ón BOO.<br>• Treoir maidir le straitéisí bainistíochta ranga.<br>• Úsáid foghlama le cuidiú teicneolaíochta. | D'óstáil an BOO seimineár gréasáin do gach múinteoir nuacheaptha a thosaigh ina scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2022 nó mí Mheán Fómhair 2023 ag cruinniú speisialta ar líne Dé Luain an 18 Meán Fómhair 2023 ó 8.00 pm go 9.00 pm. Cuireadh tús leis an imeacht le fáilte ó Phríomhfheidhmeannach an údaráis, an tUasal George O'Callaghan, ó Stiúrthóir na Scoileanna, an tUasal Donncha Ó Treasaigh, ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha |

| | | |
|---|---|---|
| | • Folláine.<br>• Folláine phearsanta agus tacaíochtaí atá ar fáil don fhoireann mar chuid de Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe an BOO. | Eagraíochta, an tUasal Eamon Murphy agus ón Fhoireann Tacaíochta Rannóg na Scoileanna.<br><br>Ba é cuspóir na hócáide seo forbhreathnú a thabhairt do bhaill foirne nuacheaptha ar Rannóg Scoileanna an BOO agus ar an tacaíocht atá ar fáil do mhúinteoirí ar fud an BOO. (Bord Oideachais agus Oiliúna). |
| | Obair le Grúpa Stiúrtha Breisoideachais agus Oiliúna agus Roinn na nAcmhainní Daoine chun ár **bPróisis Ionduchtaithe agus Tabhairt ar Bhord Breisoideachais agus Oiliúna** a fhorbairt. | Tá tuilleadh nuashonruithe ar mhodúil Ionduchtaithe agus Ionghabhála an BOO beartaithe do 2024 agus déanfaidh Roinn Acmhainní Daonna an BOO, agus í ag obair i gcomhar le Foireann Cumarsáide an BOO, na nuashonruithe seo a chur i bhfeidhm. Chríochnaigh gach ball foirne nua a fostaíodh in 2023 próiseas Ionduchtaithe agus Ionghabhála an BOO. |
| 2.2 Beartas forbartha gairmiúla leanúnaí a chur i bhfeidhm agus a choinneáil cothrom le dáta ina léirítear cuspóirí na heagraíochta agus tiomantas na heagraíochta d'fhás agus d'fhorbairt na bhfostaithe. | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO uirthi ag cloí le dea-chleachtas trí thacaíocht a chur ar fáil do scoileanna le laethanta cnuasaigh, cur chuige ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2019. Áirítear ar na gníomhartha sonracha in 2023:<br>• Beidh rochtain ag scoileanna ar chomhairle agus tacaíocht trí thairseach na scoileanna laistigh de StaffCONNECT.<br>• Tacófar le fóram na gCeannairí Digiteacha trí dheiseanna a thabhairt do bhaill foirne breithmheas a fháil ar a gcuid oibre agus tairbhe a bhaint as cúrsaí uasoiliúna ionas go mbeidh ar a gcumas tionscnaimh foghlama digití a stiúradh ag leibhéal scoile.<br>• Tairgfear tacaíochtaí saincheaptha do scoileanna a úsáideann MS Office 365, sa chaoi is go mbeidh siad in ann suímh MS SharePoint a úsáid ina scoileanna chomh maith le MS Teams. | Lean Rannóg Scoileanna an BOO uirthi ag cloí le dea-chleachtas maidir le tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna le laethanta cnuasaigh, cur chuige ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2019. I measc na ngníomhaíochtaí faoi leith a rinneadh in 2023 bhí:<br><br>• Bhí rochtain ag scoileanna ar chomhairle agus tacaíocht trí thairseach na scoileanna laistigh de StaffCONNECT.<br>• Tacaíodh le fóram na gCeannairí Digiteacha trí dheiseanna a thabhairt do bhaill foirne breithmheas a fháil ar a gcuid oibre agus tairbhe a bhaint as cúrsaí uasoiliúna ionas go mbeidh ar a gcumas tionscnaimh foghlama digití a stiúradh ag leibhéal scoile.<br>• Tairgeadh tacaíochtaí saincheaptha do scoileanna a úsáideann MS Office 365, sa chaoi is go mbeidh siad in ann suímh MS SharePoint a úsáid ina scoileanna chomh maith le MS Teams. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Leanfaidh an BOO air ag forbairt fhóram Google Education Group Ireland chun tacú le scoileanna inár BOO agus in Éirinn trí chéile.<br>• Déanfar nuashonrú ar an tsraith de thacaíochtaí atá ar fáil chun dea-chleachtas i ndáil le straitéisí maidir le húsáid Cianfhoghlama (CF) a chur chun cinn agus nuashonrófar an tacar de réir mar is gá.<br>• Aiseolas maidir le dul chun cinn a gcuid páistí a chur ar fáil go rialta do thuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí inár scoileanna.<br>• Gach cruinniú Tuismitheoirí is Múinteoirí i scoileanna a reáchtáil mar chruinnithe físchomhdhála trí úsáid a bhaint as Zoom, Microsoft Teams nó Google Meets más gá.<br>• Dul i dteagmháil le foghlaimeoirí chun aiseolas a iarraidh faoinár soláthar agus seirbhísí chun eolas a dhéanamh d'fheabhsú leanúnach agus d'fhorbairt clár.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar www.ETB.com mar thairseach forbartha foirne do bhaill foirne atá bunaithe sna scoileanna.<br>• An seimineár gréasáin bhliantúil uilescoileanna 'Muintearas inár Scoileanna - Connectedness in our Schools' a sholáthar d'fhoireann scoile uile sna scoileanna BOO agus don aos óg. | • Lean an BOO air ag forbairt fhóram Google Education Group Ireland chun tacú le scoileanna inár BOO agus in Éirinn trí chéile.<br>• Rinneadh nuashonrú ar an tsraith de thacaíochtaí atá ar fáil chun dea-chleachtas i ndáil le straitéisí maidir le húsáid Cianfhoghlama (CF) a chur chun cinn agus nuashonraíodh an tacar de réir mar is gá.<br>• Cuireadh aiseolas maidir le dul chun cinn a gcuid páistí ar fáil go rialta do thuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí inár scoileanna.<br>• Reáchtáladh gach cruinniú Tuismitheoirí is Múinteoirí i scoileanna mar chruinnithe físchomhdhála trí úsáid a bhaint as Zoom, Microsoft Teams nó Google Meets de réir mar ba ghá.<br>• Rinneadh teagmháil le foghlaimeoirí chun aiseolas a iarraidh faoinár soláthar agus seirbhísí chun eolas a dhéanamh d'fheabhsú leanúnach agus d'fhorbairt clár.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar www.ETB.com mar thairseach forbartha foirne do bhaill foirne atá bunaithe sna scoileanna.<br>• Soláthraíodh an seimineár gréasáin bhliantúil uilescoileanna 'Muintearas inár Scoileanna - Connectedness in our Schools' d'fhoireann scoile uile sna scoileanna BOO agus don aos óg. |
| | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2023. | Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do gach grád foirne in 2023 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tugadh tacaíocht do go leor ball foirne tríd an gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL ar nós MOODLE, Privacy Engine agus CORE University |

| | | |
|---|---|---|
| | Cuirfear béim láidir ar ról Forbartha agus Foghlama Gairmiúla Leanúnaí i dtaca le **huasoiliúint agus athoiliúint foirne**, trí úsáid a bhaint as an mol Foghlama agus Forbartha Gairmiúla agus oiliúint do bhaill foirne an BOO atá gaolmhar leis.<br>Tá infheistíocht mhór déanta ag an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúint in uasoiliúint foirne, go háirithe cleachtóirí foghlama, agus leanann sé ag déanamh amhlaidh. Baintear é seo amach trí úsáid a bhaint as samhlacha comhoibritheacha foghlama agus forbartha gairmiúla.<br>Le linn 2023, cuirfidh an **tSeirbhís Tacaíochta Forbartha Gairmiúla** i gcomhar le Grúpa Stiúrtha agus Comhordaitheoirí Breisoideachais agus Oiliúna deiseanna ar fáil d'fhoireann BrOO chun a chinntiú go bhfuil siad ag úsáid scileanna agus modheolaíochtaí atá cothrom le dáta chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí.<br><br>Áireofar ar na gníomhartha in 2023:<br>• Féilire míosúil a chur ar fáil d'imeachtaí agus de chumarsáid fógraíochta - ina ndéantar mionsonrú ar dheiseanna oiliúna do gach ball foirne. Cuirfear na deiseanna i gcomhréir le cur chun feidhme an Chreata Straitéisigh BrOO agus i gcomhréir le réimsí tosaíochta atá leagtha amach sa bheartas náisiúnta agus i gcreataí áitiúla, e.g. FCT, DC, Ionchuimsiú Gníomhach, (ARF), Meabhairshláinte agus Folláine etc.<br>• Idirnáisiúnú feabhsaithe – lena n-áirítear maoiniú Erasmus agus chlár Shoghluaisteacht Foirne AE chun deiseanna forbartha agus foghlama gairmiúla thar lear a sholáthar do bhaill foirne. | **In 2023, reáchtáil an Coláiste BrOO 125 imeacht uathúla F&FG go háitiúil, le 2,300 ball foirne san iomlán ag glacadh páirt ann.** Tarraingíonn an clár FFG ar shaineolas inmheánach agus seachtrach araon, agus cuirtear meascán de cheardlanna leathlae agus lae, dioplómaí speisialta agus cláir foghlama ar líne ar fáil atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha.<br><br>Soláthraíonn ár Nuachtlitir Wakelet míosúil nuashonruithe rialta agus tarraingíonn sé aird ar dheiseanna F&FG a bheidh á reáchtáil go luath d'fhoireann BrOO. Le fáil freisin tá naisc áirithinte agus chlárúcháin, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar chumas na foirne tairbhe a bhaint as gach deis F&FG. In 2023, ghlacamar páirt freisin in athdhearadh ar ár dTairseach StaffConnect - a bhfuil feidhmiúlacht i bhfad níos fearr aici anois chun imeachtaí a chur go díreach le d'fhéilire, agus tairseacha dár dtionscadail Inmheánacha.<br><br>I dtéarmaí treochtaí, chonaiceamar méadú ar ghníomhaíochtaí F&FG, sna réimsí **Ionchuimsithe Ghníomhaigh, Éagsúlachta, BCTE, Teanga, ARF agus FCT.** Maidir le modhanna soláthair, chuireamar fáilte roimh líon méadaithe seisiún, a reáchtáladh aghaidh ar aghaidh, lena n-áirítear go leor imeachtaí ar mhórscála a mheall idir 70 agus 125 rannpháirtí. Bhaineamar taitneamh fós as na buntáistí a bhaineann le hinrochtaineacht agus áisiúlacht a cuireadh ar fáil trí imeachtaí oiliúna sioncronacha ar líne.<br><br>Tá ról lárnach ag Foireann Riaracháin BrOO inár n-eagraíocht. In 2023, **bunaíodh grúpa oibre tiomanta chun bealaí nuálacha a phlé chun tacú le foghlaim ghairmiúil agus le forbairt na foirne riaracháin.** Bunaíodh Pobal |

| | | |
|---|---|---|
| | • Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh chomhoibritheacha i mBrOO, amhail deiseanna a chuirfear i láthair ar Mhol Náisiúnta Foghlama agus Forbartha Gairmiúla BOOÉ.<br><br>(Ar lean) | Cleachtais/Líonra F&FG chun díriú ar dhea-chleachtas a roinnt.<br><br>Ba bhliain chinniúnach eile í 2023 dár rannpháirtíocht i **Suaitheantas Digiteach an Fhóraim Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim.** Is í seo an ceathrú huaire againn an suaitheantas a thairiscint agus an tríú huair a bheith páirteach sa chur i bhfeidhm náisiúnta. Bhí foireann de 3 éascaitheoirí suaitheantais againn, a thacaigh le cohórt rannpháirtithe ó gach cúinne den Choláiste BrOO chomh maith le comhghleacaithe ó BOO Chill Dara Chill Mhantáin. San iomlán bronnfar Suaitheantas Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) ar 27 rannpháirtí.<br><br>In 2023, cuireadh dlús lenár **gClár Soghluaisteachta Foirne Erasmus Plus**, rud a chuir deiseanna ar fáil don fhoireann páirt a ghlacadh i dturais soghluaisteachta trínár dTionscadail Creidiúnaithe GOO agus Oideachas Aosach agus ár dTionscadal Comhtháthaithe Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta. Bhain 36 ball foirne san iomlán leas as an eispéireas idirnáisiúnta seo, lena n-áirítear freastal ar chomhdhálacha agus ceardlanna a bhí dírithe ar a bhforbairt ghairmiúil a fheabhsú.<br>I measc samplaí de mhalartuithe in 2023 bhí tionscadal nua KA2 in 'Fiontraíocht d'Áiteanna Glasa Tuaithe', agus oiliúint soghluaisteachta + san Íoslainn i mí Lúnasa 2023 dar teideal 'Cultúr agus Oidhreacht san Íoslainn, Stíl mhaireachtála inbhuanaithe atá nasctha leis an gcomhshaol áitiúil'.<br><br>In 2023, bhí an tIonad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais (IOOF) ina ionad faofa ag an AHET freisin, an Comhlachas Eorpach chun dearcadh Eorpach a chur chun cinn i measc |

| | | |
|---|---|---|
| | | Scoileanna Óstáin agus Turasóireachta. Tabharfaidh an t-aitheantas seo deis do theagascóirí agus d'fhoghlaimeoirí cosáin a fhorbairt le comhghleacaithe idirnáisiúnta agus le coláistí a dhéanann speisialtóireacht ar Fháilteachas. |
| | **Leagann Plean Gnímh Foghlama FCT an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna 14 ghníomh shoiléire amach faoin gceannteideal: Foireann agus FCT.** Baineann sé seo leis an bhfoireann ag admháil na húsáide a bhaineann siad as teicneolaíocht i dteagasc agus i bhfoghlaim agus a bhForbairt Ghairmiúil (FG) féin. Baineann sé le teagmháil chriticiúil i dtaca le húsáid teicneolaíochta, eispéiris agus cuir chuige a chomhroinnt atá bunaithe ar eispéiris iarbhír Cleachtóirí Foghlama. Baineann sé le taighde, faire na fáistine agus glacadh le teicneolaíocht bunaithe ar thaighde. Baineann sé le forbairt pobal cleachtais (PCanna) agus pobal fiosrúcháin (PFanna) a chur chun cinn i measc cleachtóirí sna disciplíní ar fad.<br><br>(Ar lean) | In 2023, sholáthar an STFCT clár FGL athionduchtaithe dírithe ar gach ball foirne teagaisc BrOO agus bhí soláthar 40 ceardlann ar fud ár gcampais i Luimneach agus sa Chlár mar chuid de. Bhí dearadh agus comhroinnt príomhacmhainní don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí i gceist leis an tionscnamh freisin.<br>Le dul chun cinn gasta maidir le IS giniúnach agus go sonrach seoladh ChatGPT, chuir STFCT an BOO tús le freagairt ilghnéitheach lena n-áirítear:<br>• **Ardú feasachta tosaigh**: Bhí sé mar aidhm aige úsáid eiticiúil agus chuí IS a chur chun cinn tríd úsáid a bhaint as Crios Foghlama FCT agus seisiún tiomanta 'Show & TEL'. Thug Keith Quille ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OTB) léacht agus ceardlann ar IS giniúnach do gach bainisteoir BrOO mar chuid dár n-imeacht um Chlaochlú Digiteach BrOO i mí Feabhra 2023.<br>• **Treoir an Choláiste BrOO:** I mí an Mhárta 2023, d'eisigh foirne STFCT agus STDC treoir fhoirmiúil don fhoireann teagaisc maidir le húsáid IS sa mheasúnú. Bhí an BOO ar cheann de na chéad institiúidí oideachais in Éirinn a d'fhorbair treoir shonrach don fhoireann teagaisc agus forbraíodh an treoir chun tacú le húsáid fhreagrach agus eiticiúil IS giniúnach agus 'chun na scileanna a thabhairt dár bhfoghlaimeoirí chun dul i ngleic go criticiúil leo.<br>• **Ceardlanna Treorach IS & Measúnaithe:** I mí na Samhna 2023, cuireadh 14 cheardlann ar fáil ar fud ár gcampas agus thug siad seo an seans do mhúinteoirí na deiseanna |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus na dúshláin a bhaineann le IS giniúnach a fhiosrú agus an cleachtas is fearr a roinnt leo.<br>• **Meastóireacht Chriticiúil ar IS: I mí na Nollag 2023,** seoladh Tionscnamh nua chun tacú leis an bhfoireann meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí IS chomh maith le banc acmhainní comhroinnte IS a fhorbairt, a bhfuil meastóireacht chriticiúil déanta orthu. |
| 2.3 Baill foirne a spreagadh, a mhealladh agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2023.<br><br>(Ar lean) | Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do gach grád foirne in 2023 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Chomh maith leis sin, tacaíodh le neart ball foirne tríd an gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL eile ar nós Moodle, eCollege agus CORE University. Eagraíodh cúrsaí oiliúna praiticiúla faoi phacáistí bogearraí in 2023.<br>Ina theannta sin, d'fhreagair baill foirne do na riachtanais uasoiliúna a theastaíonn chun freastal ar athruithe reachtacha, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir faoi ábhair éagsúla lena n-áirítear: Saoráil Faisnéise, RGCS, Cibearfheasacht, Clár Ríomhfhoghlama um Thús Áite do Leanaí, Garchabhair, Ag Obair ar Airde, Tástáil Gléasra Iniompartha (TGI), Láimhsiú Sábháilte agus Sábháilteacht Dóiteáin.<br>Leanann an BOO ar aghaidh ag feabhsú cumais foghlama ar líne le sraith físeán oiliúna intí uaslódáilte chuig Privacy Engine. Tá na físeáin oiliúna seo in úsáid mar chuid de phróiseas ionduchtaithe gach baill foirne nuacheaptha de chuid an BOO.<br>Leanadh ar aghaidh le hoiliúint FGL maidir le Cosaint Leanaí a chur ar fáil in 2023 agus tá clár cothrom le dáta de na TAnna agus na LTAnna go léir á choinneáil. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuireadh cúrsaí oiliúna athnuachana ar fáil do TAnna agus LTAnna in 2023.<br><br>Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar Thacaíochtaí agus Acmhainní d'fhonn a chinntiú go bhfuil Nósanna Imeachta um Chumhdach agus Cosaint Leanaí á gcomhlíonadh.<br><br>Cuireadh oiliúint éigeantach ar gach ball foirne a earcaíodh in 2023 maidir le Nósanna Imeachta um Chumhdach/Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus léirítear comhlíonadh sa réimse seo trínár mbogearraí saincheaptha, Privacy Engine, a úsáidtear chun an comhlíonadh sin a thaifeadadh agus a léiriú.<br>Rinneadh athbhreithniú cosanta leanaí in 2023 d'fhonn a chinntiú go raibh gach seicliosta, athbhreithniú agus dearbhú scoileanna agus campas a bhaineann le riachtanais Cumhdaigh Leanaí á dtiomsú. |
| | Deiseanna Forbartha Gairmiúla (PD) le linn 2023. Áireofar ar na gníomhartha in 2023:<br>• Tacaíocht bhreise a chur ar fáil do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí nuacheaptha trí chlár meantóireachta Cheannairí Scoileanna an BOO.<br>• Próiseas promhaidh do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Múinteoirí déanta i ngach scoil, chomh maith le Cláir Dearbhaithe Cáilíochtaí an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM).<br>• Plean oiliúna agus tacaíochta breise do Cheannairí Curaclaim, comhordaitheoirí Feabhsú Scoile a Threorú (LSI) agus Ceannairí Digiteacha a chur i bhfeidhm. | Áiríodh na gníomhartha seo a leanas leis na Deiseanna Forbartha Gairmiúla (FG) le linn 2023:<br><br>• Cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí nuacheaptha trí chlár meantóireachta Ceannairí Scoileanna an BOO.<br><br>• Rinneadh próiseas promhaidh do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Múinteoirí i ngach scoil, chomh maith le Cláir Dearbhaithe Cáilíochtaí an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM). |

| | | |
|---|---|---|
| | • Forbairt leanúnach ar Fhóram Comhordaitheoirí na hIdirbhliana chun tacú le clár na hIdirbhliana.<br>• Tuilleadh forbartha ar mhúinteoirí mar cheannairí i réimsí amhail curaclam, cúrsaí digiteacha, uileghabhálacht agus tacaíocht mac léinn.<br>• Clár leasaithe de phlean forbartha gairmiúla na bhFoirne Tacaíochta do scoileanna a chur i bhfeidhm ina n-áireofar:<br>• Tacaíocht Scoileanna DEIS.<br>• Forbairt Ghairmiúil i dtaca le hÉiteas a chur chun cinn i scoileanna.<br>• Acmhainní agus Uasoiliúint do Ranganna Speisialta.<br>• Clár Forbartha Gairmiúla ar Ghuth an Mhic Léinn do scoileanna.<br>• Oiliúint chomhairle na mac léinn do scoileanna, líonra tacaíochta Corpoideachais agus Folláine i gcomhar le AMLDLÉ. | • Cuireadh Plean oiliúna agus tacaíochta breise do Cheannairí Curaclaim, comhordaitheoirí um Fheabhsú Scoile a Threorú (LSI) agus Ceannairí Digiteacha i bhfeidhm.<br><br>• Leanadh ar aghaidh le forbairt ar Fhóram Comhordaitheoirí na hIdirbhliana chun tacú le clár na hIdirbhliana.<br><br>• Rinneadh na múinteoirí a fhorbairt tuilleadh mar cheannairí i réimsí amhail curaclam, cúrsaí digiteacha, ionchuimsitheacht agus tacaíocht mac léinn.<br><br>• Cuireadh clár athbhreithnithe d’fhorbairt ghairmiúil na Foirne Tacaíochta i bhfeidhm do scoileanna, lena n-áirítear:<br>✓ Tacaíocht Scoileanna DEIS.<br>✓ Forbairt Ghairmiúil i dtaca le hÉiteas a chur chun cinn i scoileanna.<br>✓ Acmhainní agus Uasoiliúint do Ranganna Speisialta.<br>✓ Cláir Forbartha Gairmiúla ar Ghuth an Mhic Léinn do scoileanna.<br>✓ Oiliúint Chomhairle na Mac Léinn do líonra tacaíochta Corpoideachais agus Folláine na scoileanna i gcomhar le AMLDLÉ.<br><br>**Seimineáir Meáncheannaireachta**<br>Eagraíodh trí sheimineár ar líne d’fhoirne Ceannaireachta & Bainistíochta Scoileanna BOO le linn 2023. Ba é cuspóir na seimineár seo ná rannpháirtithe a spreagadh agus tacú leo chun an méid atá i gceist le Meáncheannaireacht a phlé, agus an méid a cheanglaíonn sí ar mhúinteoirí a oibríonn ag an leibhéal seo a cheistiú. Bíonn teoiric an dea-chleachtais |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | agus foghlaim ó thaithí fheidhmeach mar bhonn agus mar thaca leis na gnéithe seo ar fad. Thacaigh an tsraith seo le rannpháirtithe chun cur lena n-inniúlacht agus lena muinín maidir le freagairt d'athruithe i scoileanna.<br>**Muintearas inár Scoileanna**<br>D'eagraigh Rannóg Scoileanna an BOO seimineár ar líne d'fhoireann na scoileanna uile ar an 30 Samhain 2023 leis an síciteiripeoir iomráiteach, an Dr. Coleman Noctor. Seisiún thar a bheith spreagúil agus inspioráideach a bhí san imeacht seo agus eagraíodh é chun aitheantas a thabhairt d'obair agus tiomantas iontach na foirne ar fad inár scoileanna BOO. |
| | Leanfaimid orainn ag cur acmhainní ar fáil do rannpháirtíocht i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil agus í a chur chun cinn.<br><br>Úsáidfear an buiséad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun íoc as imeachtaí foirne, costais oiliúna, táillí cúrsaí agus costais phá d'fhoireann pháirtaimseartha nuair is gá.<br><br>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi thacaíochtaí amhail Ciste Forbartha Foirne na nAcmhainní Daonna agus teidlíochtaí Saoire Staidéir chun glacadh le deiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a spreagadh. | Tá Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (2019-2024) arna fhorbairt ag Coláiste BrOO atá dírithe ar chur chuige córasach dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de i leith na forbartha gairmiúla a chur i bhfeidhm. Cuimsítear sa phlean seo an próiseas iomlán, ó riachtanais a aithint go pleanáil, soláthar, meastóireacht agus rianú gníomhaíochtaí.<br><br>In 2023, reáchtáil an Choláiste BrOO 125 imeacht uathúla F&FG go háitiúil, le 2,300 ball foirne san iomlán ag glacadh páirt ann. Tarraingíonn an clár FFG ar shaineolas inmheánach agus seachtrach araon, agus cuirtear meascán de cheardlanna leathlae agus lae, dioplómaí speisialta agus cláir foghlama ar líne ar fáil atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha.<br><br>Ba é €350,000 an buiséad BrOO do F&FG atá eagraithe go lárnach agus ailínithe go straitéiseach. Tá suaitheantas bronnta le haghaidh gach F&FG forbartha go lárnach, agus tá an F&FG seo á rianú agus monatóireacht á déanamh air. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuireann cuid de bhuiséad F&FG BrOO le Ciste Forbartha Foirne AD agus le teidlíochtaí Saoire Staidéir arna mbainistiú ag Roinn Acmhainní Daonna an BOO. |
| 2.4 Cultúr a spreagadh agus a chur chun cinn a bhfuil ár luachanna ceannaireachta, cóitseála agus meantóireachta dár bhfoireann go léir mar bhonn leo. | Dearadh struchtúr **Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO chun ceannaireacht agus nuálaíocht a chur chun cinn i measc ball foirne ar gach grád. Le linn 2023, leanfar le cruinnithe foirne struchtúrtha mar nós, sna ranna agus idir na rannóga. Áirítear ar na gníomhartha breise in 2023:<br>• Tacú le rannpháirtíocht na foirne i bhfóraim, líonraí agus meithleacha oibre, agus ar an gcaoi sin, deiseanna a chur ar fáil chun beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn. | Ionadaíocht foirne ag cruinnithe fhóram BOOÉ maidir le hAcmhainní Daonna, Airgeadas, Rialachas Corparáideach, Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise agus Comhlíonadh Rialachais.<br><br>Buaileann na grúpaí seo le chéile go rialta ar líne agus go pearsanta chun dea-chleachtas a roinnt agus chun cur leis an dea-chleachtas agus chun bonn eolais a chur faoi.<br>Ghlac baill fhoirne ón Rannóg C & S páirt san Fhóram Náisiúnta Soláthair agus i bhFóram na bhFoirgneamh.<br>D’oibrigh foireann an BOO leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), an tSeirbhís Soláthair Oideachais (SSO) agus BOOnna eile ar thairiscintí náisiúnta agus earnála le linn 2023.<br>Ghlac baill foirne ón Rannóg Caipitil agus Soláthair páirt san Fhóram Náisiúnta Soláthair agus i bhFóram na bhFoirgneamh.<br><br>D’oibrigh foireann BOO le OSR, SSO agus BOOnna eile ar thairiscintí náisiúnta agus earnála.<br><br>Tá roinnt ball foirne ag an BOO freisin atá ainmnithe do ghrúpaí oibre náisiúnta le SCPAO i réimsí Párolla agus Pinsin. |

| | | |
|---|---|---|
| | Tabharfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO tacaíocht do phobail scoile in 2023, chun ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt leis na gníomhartha seo a leanas:<br>• Leanfar le heagrú cruinnithe an Fhóraim Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí in 2023.<br>• Cuirfear tacaíochtaí do chur chun feidhme na ceannaireachta roinnte i ngníomh ag an leibhéal cuí le linn 2023, agus beidh freastal Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon ar gach cruinniú na gCeannairí Scoile mar chuid de.<br>• Déanfar Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí meantóra a oiliúint chun obair le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha in 2023.<br>• Clár Meáncheannairí (ar líne) a fhorbairt, a eagrú agus a chur ar fáil do Leas-Phríomhoidí thar líonra scoileanna i gcomhar le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh.<br>• Forbairt leanúnach ar ghrúpa postála ar a bhfuil gach Leas-Phríomhoide chun ábhar a bhaineann le cúrsaí ceannaireachta a chomhroinnt.<br>• Éascófar foireann na scoileanna chun a bheith rannpháirteach i bhFóraim Náisiúnta agus chun cur leo, lena n-áirítear Líonra Príomhoidí BOOÉ, Comhdháil Bhliantúil Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus an Clár Ionduchtaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí. | In 2023, thug Rannóg Scoileanna an BOO tacaíocht do phobail scoile, chun ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt leis na gníomhartha seo a leanas:<br>• Eagraíodh cruinnithe rialta de chuid Fhóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí i rith na bliana.<br>• Cuireadh tacaíochtaí do chur chun feidhme na ceannaireachta roinnte i ngníomh ag an leibhéal cuí, agus bhí freastal Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon ar gach cruinniú na gCeannairí Scoile mar chuid de.<br>• Rinneadh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí meantóra a oiliúint chun obair le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha le linn na bliana.<br>• Rinneadh Clár Meáncheannairí (ar líne) a fhorbairt, a eagrú agus a chur ar fáil do Leas-Phríomhoidí thar líonra scoileanna i gcomhar le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh.<br>• Rinneadh forbairt leanúnach ar ghrúpa postála ar a bhfuil gach Leas-Phríomhoide chun ábhar a bhaineann le cúrsaí ceannaireachta a chomhroinnt.<br>• Éascaíodh foireann na scoileanna chun a bheith rannpháirteach i bhFóraim Náisiúnta agus chun cur leo, lena n-áirítear Líonra Príomhoidí BOOÉ, Comhdháil Bhliantúil Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, agus an Clár Ionduchtaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí. |

| | | |
|---|---|---|
| 2.5 Chun Plean Gnímh um Chomhionannas, Éagsúlacht, agus Ionchuimsiú a chur i bhfeidhm mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí. | A chinntiú go bhfuil ár dTuarascáil Mheasúnaithe a foilsíodh in 2021 mar bhonn eolais do phointí tábhachtacha i dtimthriall pleanála agus athbhreithnithe an BOO agus go bhfuil sé daingnithe iontu | Rinneadh athbhreithniú ar gach cáipéisíocht phleanála agus athbhreithnithe le cinntiú go dtugann siad aghaidh chuí agus oiriúnach ar gach ceist chomhionannais agus ceart daonna a aithníodh sa Tuarascáil Mheasúnaithe (foilsithe in 2021). Aithníodh gach gníomhaíocht bheartaithe foráil a d'fhéadfadh teacht salach ar ár luachanna comhionannais agus ceart daoine nó ar aon fhreagairt éifeachtach atá againn ar na ceisteanna comhionannais agus ceart daonna. |
| | Mar chuid de Chéim Mheasúnaithe ár nDualgais Earnála Poiblí, i mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na ceisteanna ceart daonna agus comhionannais atá roimh ár bpáirtithe leasmhara ó gach ceann de na 9 bhforas idirdhealaitheacha, chomh maith le daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Tuarascáil Mheasúnaithe Dhualgas na hEarnála Poiblí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (ETB.ie).<br><br>Mar fhreagra air sin, tá sé mar aidhm ag Rannóg BrOO an BOO a chinntiú, a oiread agus is féidir le réasún, go dtugtar tacaíochtaí saincheaptha dó do gach foghlaimeoir chun ligean dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh agus tairbhe a bhaint astu.<br><br>Ceanglaíonn an Dualgas Earnála Poiblí ar an BOO measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an mbealach a bhfuil Comhionannas agus Cearta Daoine á ndaingniú ina phróisis phleanála agus tuairiscithe agus dul i ngleic leis. | I rith 2023, cuirtear na tacaíochtaí a theastaíonn ar fáil d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla agus do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht chun go mbeidh siad in ann lánpháirt a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil agus lántairbhe a bhaint astu agus iad ag glacadh páirte i gcúrsa Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann an BOO ar fáil.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | **Tosaíocht BrOO: A chinntiú go bhfuil gach ball foirne BrOO ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orainn faoin Dualgas Earnála Poiblí is atá leagtha amach inár n-acmhainní, lena n-áirítear** Creat agus Plean Gnímh an Dualgais Earnála Poiblí Measúnú ar Cheisteanna Ceart Daonna agus Comhionannais Próiseas Cur Chun Feidhme an Dualgais Earnála Poiblí. | Tugadh deiseanna d'fhoireann forás agus uasoiliúint a fháil i réimsí tábhachtacha (DUF, teicneolaíochtaí, an dualgas earnála poiblí, dearbhú cáilíochta etc.) chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht agus ar sholáthar teagaisc agus foghlama, seirbhísí riaracháin agus coimhdeacha in BrOO d'fhonn a chinntiú go bhfuil na tacair scileanna acu chun tacaíochtaí tábhachtacha spriocdhírithe a chur ar fáil nuair is gá. |
| 2.6 A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh BOO ag feidhmiú ag an gcaighdeán is airde agus is féidir do gach duine. | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthar an BOO uirthi ag cur an Chláir Ilbhliantúil Infheistíochta Caipitil i bhfeidhm i ngach Scoil agus Lárionad ar fud an BOO le linn 2023, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag Mic Léinn, Foghlaimeoirí, agus baill foirne ar shaoráidí oideachais den chaighdeán is airde. Tá infheistíocht shuntasach chaipitil i Scoileanna agus Coláistí BrOO i gceist leis seo.<br><br>I measc na dtionscadal Caipitil Scoileanna in 2023, tá:<br>• Críochnú Champas nua Ghaelcholáiste Luimnigh do 750 mac léinn.<br>• Tógáil Choláiste Pobail Mhungairit Luimnigh do 1,000 mac léinn atá fós ag dul ar aghaidh.<br>• Forbairt Scoile Nua ag Pobalscoil, Mol an Óige.<br>• Forbairt Scoile Nua ag Pobalscoil Choill an Ráithín.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Pobail Thuamhan.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Oiliúna na Scairbhe.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Chaladh an Treoigh.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail Naomh Michíl, Cill Mhichíl.<br>• Síneadh le Coláiste na Trócaire, Ráth Caola. | Achoimre ar Éachtaí 2023:<br>• Forbairt deartha ag leanúint ar aghaidh do Scoileanna Náisiúnta Pobail nua ar láithreáin úrnua - Scoil an Ráithín agus Scoil Mhol an Óige.<br>• Críochnaíodh Iarfheistiú Pathfinder in 2023.<br>• Rinneadh dul chun cinn ar thógáil Ghaelcholáiste Luimnigh nua ar an suíomh agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú go luath in 2024.<br>• Cuireadh tús le tógáil Choláiste Pobail Mhungairit nua i mí Lúnasa 2022 agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú i lár 2024.<br>• Críochnaíodh tógáil an tsínte ar Choláiste Pobail na Scairbhe i rith an tsamhraidh 2023.<br>• Cuireadh tús leis an síneadh a fhorbairt ag Coláiste Pobail Thuamhan agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú in R1 2024.<br>• Tugadh cead pleanála don síneadh ag Gaelscoil Mhichíl Cíosóg in 2022. Ní fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo, áfach, mar cuireadh achomharc in aghaidh an chinnidh sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Faomhadh cead pleanála mar gheall ar an gcinneadh a rinneadh ar an achomharc seo.<br>• Deonaíodh iarratas pleanála Mhóin an Lín chun an scoil atá ann faoi láthair a scartáil agus 32 Seomra Ranga nua |

| | | |
|---|---|---|
| | Ina theannta sin, tabharfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOO tacaíocht do scoileanna nach scoileanna BOO iad in 2023, lena n-áirítear:<br>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis.<br>• Scoil Náisiúnta an Chroí Ró-Naofa Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua, Sionainn.<br>• Bunscoil Naomh Muire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí.<br>• Bunscoil Bhríde, Luimneach.<br>• Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn.<br>• Scoil San Cleimint, Luimneach<br>• Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois.<br><br>Forbróidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair na tionscadail mhóra Bhreisoideachais agus Oiliúna seo a leanas in 2023:<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas an Ráithín.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas na Sionainne.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas an Chaisleáin Nua.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas na Scairbhe.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Choláiste Breisoideachais Luimnigh.<br>• Críochnú na Saoráide Oiliúna Foirgníochta atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB).<br>Le linn 2023, leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOO le timthriall beartaithe feabhsuithe ar shaoráidí trí Scéim na nOibreacha Samhraidh (An Roinn Oideachais) an Scéim Oibreacha Éigeandála (an Roinn Oideachais (RO) | a thógáil agus táthar ag súil go leanfar leis an bpróiseas tairisceana don tionscadal seo in 2023, ag brath ar chead ón Roinn Oideachas.<br>• Pleanáil do bhunscoil nua a thógáil, Gaelscoil Donncha Rua, agus cuireadh an tionscadal ar tairiscint in 2023. Tógáil le tosú in 2024 faoi réir fhaomhadh na Roinne Comhshaoil.<br>• Ceapadh Foireann Deartha agus chuir sé tús leis an bpróiseas deartha don síneadh atá le cur le Coláiste Chaladh an Treoigh.<br>• Chomh maith leis na Mórthionscadail atá liostaithe thuas, seo a leanas achoimre ar éachtaí eile in 2023:<br>• Cuireadh tionscadail éagsúla Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Éigeandála i gcrích agus rinneadh dul chun cinn de réir mar a sonraíodh níos luaithe sa Tuarascáil.<br>• Cuireadh iarratas isteach in 2023 ar mhaoiniú Caipitil Spóirt chun áiseanna a fhorbairt ag Coláiste Pobail na hInse, Coláiste Pobail na Scairbhe agus Thuamhan.<br>• Tionscadail Fuinnimh:<br>• Ceapadh conraitheoir don iarfheistiú domhain fuinnimh ar Choláiste Pobail na hInse agus críochnaíodh an tionscadal seo in 2023.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | agus an RBATNE) agus an Scéim Deontais Caipitil Spóirt i suímh éagsúla. | |
| | Leanfaidh an BOO lena chlár infheistíochta i **mbonneagar caipitil BrOO** chun soláthar a thabhairt faoi scáth shamhail Choláiste BrOO na Todhchaí i gceantair uirbeacha ach ag an am céanna for-rochtain phobail láidir agus rochtain ar BrOO a choinneáil ar fud a réigiúin.<br><br>Ba chóir go mbeidh an obair atá ar siúl chun Coláiste BrOO comhtháite in Inis a chur ar bun, ina eiseamláir d'fhorbairt ar fud na hearnála, agus beidh SOLAS ag obair leis an BOO chun tacú le tuilleadh tionscnamh caipitil a thacóidh le comhtháthú, daingniú agus speisialú i gcomhréir le riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta.<br><br>Déanfaidh an BOO tuilleadh feabhsaithe ar thimpeallachtaí foghlama agus oibre Breisoideachais agus Oiliúna, nuair a thógfaidh sé líonra de Champais Bhreisoideachais agus Oiliúna atá inrochtana agus slán ó thaobh an chomhshaoil de agus atá oiriúnach dá fheidhm. | In 2023, lean an Coláiste BrOO ag forbairt a shaoráidí chun timpeallacht a chruthú atá fabhrach do theagasc agus foghlama nua-aimseartha, a thacaíonn le soláthar éifeachtach, a chothaíonn rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí, agus a chinntíonn ábharthacht, fás agus iomaíochas an Choláiste BrOO.<br><br>I mí Aibreáin 2023, d'fhógair an tAire Harris agus an tAire Collins maoiniú caipitil €8 milliún do na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOnna), mar chuid d'infheistíocht leanúnach Thionscadal 2040 san earnáil breisoideachais agus oiliúna (BrOO). Tabharfaidh an deontas caipitil cineachta, a dháiltear trí SOLAS, an rogha do na BOOnna cinntí a dhéanamh ar thosaíochtaí infheistíochta BrOO mionscála ar leibhéal áitiúil. Is féidir an maoiniú a úsáid le haghaidh oibreacha mionscála lena n-áirítear oibreacha infreastruchtúir agus feabhsúcháin riachtanacha, agus chun trealamh a cheannach.<br><br>I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Simon Harris TD go raibh maoiniú ar fáil do thionscadal ag Campas na Scairbhe de chuid an Choláiste BrOO. Tacóidh an maoiniú leis an BOO chun síneadh saintógtha a chur leis an gcampas.<br><br>Tá na fógraí seo ar aon dul le tosaíocht Chreat Straitéiseach BrOO an BOO chun a chinntiú go soláthraíonn áiseanna BrOO na timpeallachtaí foghlama agus oibre is fearr a |

| | | |
|---|---|---|
| | | léiríonn caighdeáin cháilíochta agus tionscail, agus a chuireann nuálaíocht agus inbhuanaitheacht chun cinn. |
| | **Bonneagar Breisoideachais agus Oiliúna:** Tá an BOO freagrach as 26 Coláiste agus Ionad BrOO. Tógadh roinnt mhaith de na foirgnimh seo ag tús na 1900idí agus tá athchóiriú suntasach chomh maith le deisiúchán agus cothabháil leanúnach le déanamh orthu. Éilíonn sé seo clár deisiúchán agus athfhorbartha leanúnach agus cuirtear tionscadail in ord tosaíochta chun freagairt do riachtanais.<br>Le linn 2023, cuirfear na tionscadail infreastruchtúir seo a leanas chun cinn:<br>• Lárionad BrOO, Ascaill Uí Chonaill: Chun freastal ar riachtanais chomhlíontacht Chuid M, tá gá le hardaitheoir a shuiteáil laistigh den fhoirgneamh le rampa rochtana seachtrach do chathaoireacha rotha.<br>• An tSaoráid Léirithe Oiliúna NZEB a chríochnú sa Choláiste BrOO ar an gCampas Glas Nuálaíochta.<br>• Roinnt feabhsuithe ar Champas an Ráithín a chur chun cinn.<br>• Réiteach cóiríochta fadtéarmach a fhorbairt do Champas na Sionainne.<br>• Dul chun cinn ar thionscadal an Chiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (CUBS) ar sheanláthair Eircom ar Champas Choláiste Breisoideachais Luimnigh i gCathair Luimnigh. | Idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa 2023, mar thoradh ar thionscadal mór tógála áiseanna, rinneadh iarfheistiú leictreach iomlán agus bonneagar nua cáblaithe sonraí i gCampas Shráid Mulgrave agus sa Scoil Cheoil. Tá bonneagar leictreach agus sonraí níos sábháilte ag Campas Shráid Mulgrave (CSM) anois agus tá sé níos nua-aimseartha agus tíosach ar fhuinneamh. Tionscadal mór a bhí ann le go leor dúshlán eagrúcháin a bhain freisin le hathlonnú sealadach na foirne go léir atá lonnaithe ag CSM suas go Campas Bhóthar Chill Mocheallóg (CBCM ar feadh mhí na Bealtaine ar fad.<br><br>• Chomh maith leis sin, i gCampas Shráid Mulgrave, tá Svuít nua den scoth tiomnaithe do na Meáin ina limistéar cruthaitheachta anois.<br>• I mí Feabhra, seoladh an Sciamhlann Oiliúna i gCampas na hInse. Éascaíonn forbairt na háise oiliúna úrscothaí seo soláthar an chláir oiliúna lánaimseartha (FSGF).<br>• Soláthraíodh roinnt cúrsaí páirtaimseartha deimhniúcháin atá aitheanta ag an Tionscal (ITEC/VTCT) agus fuarthas aiseolas sármhaith ó na comhlachtaí deimhniúcháin maidir le cáilíocht agus gairmiúlacht na foirne agus na bhfoghlaimeoirí. Cuirfidh na háiseanna seo le soláthar clár printíseachta teiripe scéimhe nua, atá á fhorbairt faoi láthair. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Tús a chur le Tionscadal na Tuarascála Straitéisí Measúnachta (TSM) ar shuíomh BOO ar an gCaisleán Nua.<br><br>(Ar lean) | • 2 Mhol Foghlaimeora a Chruthú - Campas Bhaile Chill Mocheallóg agus Campas na Ceapaí Móire. Rinneadh uasghrádú ar áiseanna ar an dá champas i rith an tsamhraidh freisin.<br>• Oideachas Allamuigh: Tá uasghrádú bonneagair TF san IOOA, sa Bhoirinn, agus uasghrádú ar Chórais Sábháilteachta Saoil in IOOA, Cill Fhíonáin beagnach críochnaithe; Tá pleananna ar siúl freisin chun cúrsa Ardrópaí a fhorbairt ag IOOA, Cill Fhíonain.<br>• I rith an tsamhraidh 2023, chuir Grúpa Oideachais Pobail Naomh Muire cistin nua teagaisc / oiliúna isteach trí úsáid a bhaint as Deontais Mhaoiniúcháin BrOO an BOO. Is iontach na forbairtí seo a fheiceáil ag tacú le feabhsú an Oideachais Pobail.<br>• I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'oscail an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee sciathán príosúin nua do mhná go hoifigiúil. Tá Aonad Oideachais nua i bPríosún Luimnigh san áit, lena n-áirítear salón gruaige, rang ealaíne agus seomra ríomhaireachta. |
| 2.7 Feasacht ghníomhach ar shláinte, sábháilteacht, leas agus folláine a chur chun cinn i measc gach baill foirne ag leibhéal pearsanta agus eagraíochta. | Leanfaidh **Coláiste BrOO** an BOO air ag tacú le leathnú amach Tionscnamh Folláine sna campais uile, lena n-áirítear:<br>• Cláir a nascann Oideachas Lasmuigh, Spórt agus Folláine le chéile.<br>• Cláir a nascann Ceol le Folláine.<br>• Lárionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna a reáchtálann imeachtaí feasachta ar mheabhairshláinte (Bratacha Ómra, Seachtain na Folláine, etc.).<br>• Tionscnaimh oiliúna d'fhoireann, Garchabhair Mheabhairshláinte ina measc, etc. | Leagtar an chaoi a gcuireann an BOO Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora chun cinn amach i gCreat Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO. Tugtar léargas ann ar an mbealach a dtacaítear leis an bhfoghlaimeoir ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte.<br><br>Le linn 2023, cuireadh timpeall €30,000 ar fáil d'Fhoirne Meabhairshláinte agus Folláine an Champais chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí a reáchtáil, a thacaíonn le dea-shláinte mheabhrach agus a chuireann í chun cinn i measc ár bpobal campais. Cuidíonn gníomhaíochtaí meabhairshláinte le fáil réidh leis an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte agus léirigh siad d'fhoghlaimeoirí an |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | tábhacht a bhaineann le labhairt le duine éigin. Thug comhairleoirí ar an suíomh faoi deara go bhfuil éileamh méadaithe ar sheisiúin chomhairleoireachta.<br><br>Cur chuige uile-champais i leith Meabhairshláinte agus Folláine - Faoin gcreat Meabhairshláinte agus Folláine, bunaíodh coistí ar uile-champais chun príomhimeachtaí a eagrú.<br><br>I measc na ngníomhaíochtaí, bhí Laethanta Idirchultúrtha, imeachtaí Folláine Campais, Comórtais Sacair, Trucail Uachtair Reoite, Turais Allamuigh, cluichí idirghníomhacha, ceardlanna athléimneachta, imeachtaí faoi bhia sláintiúil, imeachtaí ealaíne, etc.<br>Áirítear leis na tionscnaimh eile:<br>• Bhí Aonad Oideachais Phríosún Luimnigh mar ionad freisin do roinnt cainteanna agus ceardlanna ó 'Limerick Suicide Watch' agus 'Limerick Mental Health'.<br>• I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'eagraigh foireann Champas Bhóthar Chill Mocheallóg imeacht chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chur chun cinn agus d'éascaigh siad sraith imeachtaí seachtaine i gcomhar le Campas Shráid Mulgrave chun Seachtain na Meabhairshláinte a chur chun cinn.<br>• **Tionscnaimh Bratach Ómra** - tá an tionscnamh á reáchtáil ag Teach Pieta chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí aonair soláthraithe oideachais agus grúpaí pobail timpeallachtaí sláintiúla, ionchuimsitheacha a chruthú a thacaíonn le meabhairshláinte agus folláine. I mí na Bealtaine 2023, fuair na foirne Meabhairshláinte agus Folláine i gcampais na hInse, Ascaill Uí Chonaill agus Iarthar Luimnigh a mBratach Ómra ó Theach Pieta. |

| | | |
|---|---|---|
| | A chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.<br>Tabharfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO tacaíocht do thimpeallacht dhearfach agus thacúil in 2023 trí ghrúpaí comhairleacha a fhorbairt go leanúnach a thacóidh leis na príomhréimsí seo a leanas:<br>• Clár Riosca a bhfuil Cosaint Páistí mar chuid de.<br>• Sláinte agus Sábháilteacht.<br>• Riachtanais Speisialta Oideachais.<br>• Scoileanna lán-Ghaeilge.<br>• Tuismitheoirí agus Caomhnóirí.<br>• Foghlaim Dhigiteach.<br>• Curaclam, Teagasc agus Foghlaim san áireamh.<br>• Teagmháil leanúnach le SNSO (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais).<br><br>Sraith de sheimineáir ghréasáin ar líne do thuismitheoirí/baill foirne i gcaitheamh na bliana chun tacú le folláine. | Cinntíodh go rabhthas ag cloí go hiomlán le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.<br><br>Tugadh Rannóg Scoileanna an BOO tacaíocht do thimpeallacht dhearfach agus thacúil in 2023 trí ghrúpaí comhairleacha a fhorbairt go leanúnach chun tacaíocht a chur ar fáil sna príomhréimsí seo a leanas:<br><br>• Clár Riosca a bhfuil Cosaint Páistí mar chuid de.<br>• Sláinte agus Sábháilteacht.<br>• Riachtanais Speisialta Oideachais.<br>• Scoileanna lán-Ghaeilge.<br>• Tuismitheoirí agus Caomhnóirí.<br>• Foghlaim Dhigiteach.<br>• Curaclam, Teagasc agus Foghlaim san áireamh.<br>• Teagmháil leanúnach le SNSO (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais).<br><br>Eagraíodh sraith de sheimineáir ghréasáin ar líne do thuismitheoirí/baill foirne i gcaitheamh na bliana chun tacú le folláine.<br><br>D’oibrigh Rannóg Scoileanna an BOO leis an Roinn Oideachais agus a Seirbhísí Tacaíochta chun an Creat Cleachtais don Fholláine i Scoileanna a chur i bhfeidhm is a dhaingniú i gcaoi is go gcuirfear folláine mac léinn chun cinn inár scoileanna is go dtacófar léi. |

| | | |
|---|---|---|
| | Oibreoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO leis an Roinn Oideachais agus a Seirbhísí Tacaíochta chun an *Creat Cleachtais don Fholláine i Scoileanna* a chur i bhfeidhm is a dhaingniú i gcaoi is go gcuirfear folláine mac léinn chun cinn inár scoileanna is go dtacófar léi.<br><br>(Ar lean) | In 2023, chuir an BOO an Creat Cleachtais don Fholláine i Scoileanna na Roinne Oideachais i bhfeidhm agus daingníodh é chun folláine mac léinn a chur chun cinn agus tacú léi ina scoileanna. Ghlac an BOO le cur chuige cuimsitheach chun an creat a nascadh le cleachtais laethúla agus éiteas a chuid institiúidí oideachais.<br><br>Ar an gcéad dul síos, d’éascaigh an BOO seisiúin oiliúna agus ceardlanna d’fhoireann na scoile chun iad a chur ar an eolas faoi phrionsabail agus gnéithe an Chreata Folláine. Thug na seisiúin seo an t-eolas agus na scileanna riachtanacha d’oidí chun an creat a chur i bhfeidhm go héifeachtach ina scoileanna.<br><br>Chomhoibrigh an BOO go dlúth leis an Roinn Oideachais agus a Seirbhísí Tacaíochta chun comhréiteach agus leanúnachas a chinntiú sa phróiseas cur chun feidhme. Bhí cumarsáid leanúnach, comhairliúcháin agus treoir i gceist leis seo chun aghaidh a thabhairt ar aon dúshláin agus chun comhtháthú éasca an chreata a chinntiú.<br><br>Ina theannta sin, chuir an BOO tacaíocht agus acmhainní leanúnacha ar fáil do scoileanna chun cur ar a gcumas an creat a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Áiríodh leis an tacaíocht seo rochtain ar oiliúint bhreise, ábhair agus comhairle ó shaineolaithe chun rud éigin a dhéanamh maidir le riachtanais agus cúinsí sonracha laistigh de gach pobal scoile.<br><br>Chomh maith leis sin, chothaigh an BOO cultúr folláine agus meabhairshláinte dearfaí laistigh dá scoileanna trí fheasacht agus tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le folláine na mac léinn a chur chun cinn i measc na mac léinn, |

| | | |
|---|---|---|
| | | na foirne, na dtuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne. Baineadh é seo amach trí thionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear feachtais feasachta, imeachtaí, agus gníomhaíochtaí dírithe ar mheabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn.<br><br>Eagraíodh roinnt tionscnamh folláine trí líonra BOO na nIonad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Ollscoil Luimnigh, Loch Goir, Músaem Hunt agus Ionad Mhíchíl Cíosóg. |
| 2.8 Leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cleachtais oibre nua-aimseartha agus sholúbtha a thacaíonn le cuspóirí eagraíochtúla, táirgiúlacht, sásamh foirne agus folláine. | Thacaigh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO le baill foirne, trí oiliúint agus bonneagar a chur ar fáil a thacaíonn le cianobair chun soláthar saoráideach teagaisc agus foghlama a chinntiú, chomh maith le leanúnachas sholáthar an BOO a chinntiú ar fud rannóg Scoileanna agus BrOO an BOO. | Lean an tionscadal píolótach Cianoibre ag feidhmiú go rathúil le linn 2023 sa Phríomhoifig. Chuir an tionscadal píolótach seo bonn eolais faoi straitéis Cianoibre na heagraíochta. |
| 2.9 Leanúint ar aghaidh ag tacú le próiseas deartha eagraíochta ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, chun níos mó comhsheasmhachta agus leanúnachais a chinntiú i ndáil le struchtúir foirne agus dearadh eagraíochta in earnáil BOO trí chéile. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2023. | Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do gach grád foirne in 2023 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Chomh maith leis sin, tacaíodh le neart ball foirne tríd an gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL eile ar nós Moodle, eCollege agus CORE University. Eagraíodh oiliúint phraiticiúil i bpacáistí bogearraí in 2023 agus tá sé beartaithe tuilleadh cúrsaí oiliúna a reáchtáil in 2023.<br><br>Tá FGL agus Uasoiliúint leanúnach fhoireann TFC ar siúl. Ina measc, bhí roinnt laethanta oiliúna a bhí dírithe ar MS SharePoint, PowerApps, MS Office365 Teams, Zoom, etc., agus tá sé beartaithe níos mó laethanta oiliúna a reáchtáil in 2024. Ina theannta sin, d’fhreagair baill foirne do na |

| | | |
|---|---|---|
| | | riachtanais uasoiliúna a theastaíonn chun freastal ar athruithe reachtacha, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir faoi ábhair éagsúla in 2023 lena n-áirítear: Saoráil Faisnéise, RGCS, Cibearfheasacht, an Clár Ríomhfhoghlama um Thús Áite do Leanaí, an Cód Rialachais do Charthanais, Sábháilteacht ó Dhóiteán, agus Sláinte agus Sábháilteacht.<br><br>Leanann an BOO ar aghaidh ag feabhsú cumais foghlama ar líne le sraith físeán oiliúna intí uaslódáilte chuig Privacy Engine. Tá na físeáin oiliúna seo in úsáid mar chuid de phróiseas ionduchtaithe gach baill foirne nuacheaptha de chuid an BOO. Tá Bainisteoir Oiliúna tiomnaithe ag an BOO freisin. |
| | Tá cur chuige straitéiseach ag an BOO i dtaca le foireann a sholáthar do BrOO. Léirítear béim na n-acmhainní sinsearacha ar phleanáil straitéiseach, dearbhú cáilíochta, FCT agus sonraí, trí fhís shoiléir d'fhorbairt sa todhchaí agus trí phleananna atá á gcur i gcomhréir leis an straitéis Ag Claochlú na Foghlama. Leanfaidh an BOO air ag déanamh infheistíochta sna príomhinniúlachtaí seo.<br><br>Chomh maith leis sin, oibreoidh sé le SOLAS agus le RBATNE ag an leibhéal náisiúnta chun struchtúr bainistíochta BrOO a chur chun cinn atá i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagadh amach sa Straitéis BrOO. Ní mór lamháil a bheith sa struchtúr nua seo do sholúbthacht i dtaca le hathshannadh ról de dheasca riachtanas seirbhíse agus tacóidh BOO le ról nua cleachtóra BrOO a thabhairt isteach más gá.<br><br>Cuirfidh BOO sonraí bonnlíne ar fáil faoin líon foirne BrOO atá ann anois chun eolas a dhéanamh don bhonnlíne | Príomhbhuaicphointe in 2023 ab ea leathnú na Seirbhíse FCT chun tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt don fhoireann go háitiúil chun teicneolaíocht a úsáid le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú. Tá triúr Oifigeach Tacaíochta FCT ag an tseirbhís anois chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne tacaíochta i gcnuasaigh champais ar fud an réigiúin. Tá 3 chnuasach seaimpíní dhigiteacha ann anois a chinntíonn fócas nua cumasach ar thacú leis an bhfoireann ar fad atá ar champas.<br><br>Chomh maith leis sin, chun tacú le fás na foghlama cumaisc, chuaigh beirt bhall nua isteach san fhoireann foghlama cumaisc chun tacú le forbairt an Chláir Dearaidh Foghlama Cumaisc agus chun acmhainní ábhartha a fhorbairt.<br><br>Is é ról Sheirbhís Tacaíochta FCT ná tacú leis an bhfoireann go léir 'teicneolaíocht (teicneolaíochtaí foghlama) a úsáid go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí |

| | | |
|---|---|---|
| | náisiúnta, bearnaí a aithint sna BOOnna ar fad agus chun struchtúr foirne BrOO sa todhchaí a fhorbairt | agus chun cuspóirí Chreat Straitéiseach Choláiste BrOO 2022 – 2025 de chuid an BOO (Plean Gníomhaíochta FCT 2022) a chomhlíonadh |
| | Dhear agus soláthraíonn an BOO Clár Iasachta Foghlama Cumaisc, a bhfuil naonúr ball foirne ag glacadh páirt ann, chun tacú le cláir foghlama cumaisc ar ardchaighdeán a fhorbairt. Is é an BOO amháin a dhéanann an cineál seo infheistíochta i bhforbairt foirne, agus cuirfidh sé sinn ar thús cadhnaíochta san earnáil.<br><br>(Ar lean) | In 2023, lean Coláiste na gcleachtóirí BrOO ar aghaidh ag fáil aitheantas as a gcuid saineolais agus as barr feabhais ina réimse féin.<br><br>Chun tacú le fás na foghlama cumaisc, chuaigh beirt bhall nua isteach san fhoireann foghlama cumaisc chun tacú le forbairt an Chláir Dearaidh Foghlama Cumaisc agus chun acmhainní ábhartha a fhorbairt.<br><br>Chuir an fhoireann foghlama cumaisc agus cleachtóirí foghlama ón gClár Iasachta Foghlama Cumaisc moltaí cur i láthair faoi bhráid trí chomhdháil idirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an gClár Dearaidh Foghlama Cumaisc (CDFC) i Meán Fómhair 2023. Tá an clár deartha chun tacú le cleachtóirí foghlama agus iad ag forbairt ábhar foghlama, gníomhaíochtaí agus measúnaithe don fhoghlaim chumaisc.<br><br>I mí Feabhra 2023, d’eagraigh an STFCT imeacht tábhachtach chun gach Bainisteoir agus Comhordaitheoir BrOO a bhailiú chun páirt a ghlacadh i lá atá tiomnaithe do chlaochlú digiteach BrOO. Béim ar Fhoghlaim Chumaisc ina ndearnadh iniúchadh ar thodhchaí na foghlama Cumaisc |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus ar thodhchaí na foghlama ar líne trí úsáid a bhaint as ceacht meabhairmhapa. |

| **Cuspóir Straitéiseach 3: Dea-Rialachas**<br>Aidhm: Chun creat rialachais agus tacaíochta a chur ar fáil a éascaíonn soláthar éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fad. Is éard atá i gceist leis ná a chinntiú go bhfaigheann soláthar oideachais agus oiliúna an údaráis tacaíocht ó chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais de, i dtaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, córa agus luach ar airgead. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2023 | Éachtaí in 2023 |
| 3.1 A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre, atá i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha athraitheacha, mar bhonn lenár struchtúir. | Leanfaidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** air ag cur chun feidhme an timthrialla athbhreithnithe beartais le linn 2023, chun a chinntiú go ndéantar gach cáipéisíocht a athbhreithniú agus a nuashonrú laistigh de thrí bliana. | Rinne **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** athbhreithniú ar 29 beartas le linn 2023, agus leanfaidh sé ag cinntiú go ndéanfar gach cáipéisíocht a athbhreithniú agus a nuashonrú laistigh de thrí bliana. |
| | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht TFE, Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna** an BOO go bhfuil gach beart cosanta leanaí atá riachtanach i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. | Chuir an BOO oiliúint oiriúnach ann dár mball foirne BOO uile i dtaca le Cumhdach/Cosaint Leanaí.<br><br>Cuireadh cúrsaí oiliúna athnuachana ar fáil do na TAnna agus LTAnna ar fad in 2023.<br><br>Leanadh na nósanna imeachta chuí uile agus éisíodh na fógraí ábhartha i gcomhréir le nósanna imeachta.<br><br>Tá maoirseacht agus athbhreithniú leanúnach ag an Ardbhainistíocht i bhfeidhm don réimse ríthábhachtach oibríochta seo. |
| | Tá sé mar aidhm ag Roinn Caipitil agus Soláthar an BOO raon réiteach soláthair a aithint agus a chur i bhfeidhm, a dheimhneoidh comhlíontacht, luach ar airgead, éifeachtacht agus dea-chleachtas do pháirtithe leasmhara an BOO. | Lean Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin is airde maidir le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí. |

| | | |
|---|---|---|
| | Chuige seo, tá struchtúr soláthair hibrideach i bhfeidhm ag an BOO, a bhfuil feidhm láraithe soláthair ann in éineacht le freagracht chineachta ag Lucht Bainistithe Buiséad i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair. | (Ar lean) |
| | Le linn 2023, cuirfidh **Roinn TFC** an BOO deiseanna comhoibritheacha ar fáil chun tacú lenár scoileanna agus lárionaid, a mbeidh ardáin ar líne mar chuid díobh, StaffCONNECT san áireamh. Le linn 2023, tabharfaidh an Roinn TFC tacaíocht do na gníomhartha seo a leanas:<br>• Leanúint le suímh shonracha MS SharePoint a fhorbairt do gach scoil, mar aon leis na cúrsaí oiliúna agus an tacaíocht ghaolmhar.<br>• Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil chun tacú le rolladh amach Office 365.<br>• Obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC sna scoileanna BOO agus sna coláistí/lárionaid bhreisoideachais agus oiliúna ar fad, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta.<br>• Fíordheimhniú Ilmhodhanna a rolladh amach sa BOO. | Tá 18 suíomh ar leith SharePoint forbartha againn anois dár Scoileanna agus leanaimid de gach suíomh a chothabháil agus a nuashonrú.<br><br>Leanann an Roinn TFC uirthi ag cur oiliúint ar fáil i dtaca le húsáid Office 365 agus thug sí cuairt ar scoileanna agus ar ionaid chun foireann nua a oiliúint in 2023.<br><br>Leanann an BOO ar aghaidh ag aithint sruthanna maoinithe TFC atá ar fáil do gach réimse seachadta agus ag baint leas astu.<br><br>Tá rolladh amach leanúnach ar Fhíordheimhniú Ilmhodhanna (FIM) Tá sé seo i bhfeidhm go hiomlán anois don fhoireann ar fad (thart ar 2,900)<br><br>Chuir an Roinn TFC córas nua i bhfeidhm don BOO in 2023 mar aon le córas nua rialaithe stoic TFC a thriail le húsáid chun sócmhainní TFC a chlibeáil. Tá PowerApps curtha in ionad na bhfoirmeacha sonracha Infopath Staff go léir. Rinne an Roinn TFC iad seo a fhorbairt agus a imscaradh go hiomlán in 2023. Déanfaimid na réitigh PowerApps a atrial agus a fheabhsú go leanúnach ag brath ar aiseolas ó úsáideoirí agus ar riachtanais athraitheacha. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Bainistíocht tionscadal ar chórais nua, nuashonruithe san áireamh.<br>• Forbairt agus bainistíocht bonneagair.<br>• Cosaint agus Slándáil Sonraí TF.<br>• Comhairle ar Chibearshlándáil.<br>• Bainistíocht ceadúnas bogearraí. | Déantar Measúnaithe Tionchair Cosanta Sonraí (MTCS) ar na bogearraí nua ar fad atá beartaithe. Ní fhaightear bogearraí gan MTCS a bheith déanta.<br><br>Leanaimid ar aghaidh ag feabhsú cosaint sonraí agus slándála sa BOO, ina gcosnaítear faisnéis íogair agus ina gcinntítear ardchaighdeán, rúndacht agus infhaighteacht shonraí agus acmhainní TFC ár n-eagraíochta. |
| | Rialachas/Airgeadas/Acmhainní daonna mar mhíreanna ainmnithe ar an gclár oibre do chruinnithe príomhoidí agus ionchuir ó Stiúrthóir TFE agus Príomhoifigigh Chúnta (PrCanna).<br><br>Déanfaidh Coiste um Obair don Aos Óg an BOO athbhreithniú ar an bPlean straitéiseach Oibre don Aos óg a bhí ann roimhe agus forbróidh sé Plean straitéiseach nua do na trí bliana atá le teacht (2023 – 2026). Is í príomhaidhm an phlean ná a chinntiú go n-éiríonn leis an BOO i dtaca lena freagrachtaí chun tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Is í 2023 bliain a trí den scéim UBU Your Place Your Space. In 2024, cuirfidh UBU Your Place Your Space tús le timthriall nua. Oibreoidh an BOO le RLCMLÓ agus le BOOÉ chun aistriú saoráideach a chinntiú go dtí an timthriall nua. | In 2023 seoladh an Plean Oibre don Aos Óg 2023 – 2026. Tugann an plean achomire ar réimsí tosaíochta do na 3 bliana amach romhainn.<br><br>Cuireadh tús le hullmhú do 'UBU Your Place Your Space' Timthriall 2 i Q4 2023, reáchtáladh roinnt ceardlainne le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe pobail chun iad a chur ar an eolas faoin gcéad timthriall eile den scéim.<br><br>Cruinnithe Athbhreithnithe Ráithiúla Rialta (PPRM) le gach tionscadal UBU chun a chinntiú go bhfuil an clár spriocdhírithe chomh héifeachtúil agus is féidir, agus go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le rialacha na scéime UBU Your Place Your Space.<br><br>D'oibrigh an fhoireann oibre don aos óg le colún Airgeadais BOO agus leis an ngrúpa comhordaithe chun comhlíonadh agus cuntasacht cistí poiblí a thagann faoina sainchúram a chinntiú. |

| | | |
|---|---|---|
| | Oibreoidh an BOO go dlúth agus i gcomhar le gach eagraíocht chun tacú leo freastal ar na riachtanais seo.<br><br>Reáchtálfaidh Foireann Oibre don Aos Óg an BOO cruinnithe gach ráithe le Rannóg Airgeadais BOO chun athbhreithniú agus rianú a dhéanamh ar an gcaiteachas airgeadais ar fad. | (Ar lean) |
| | Tá sé mar aidhm ag Plean Gnímh FCT a chinntiú go bhfuil an úsáid a bhainimid as FCT go hiomlán i gcomhréir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Baineann sé go sonrach leis an mbealach ina n-úsáidfimid (Coláiste BrOO an BOO) teicneolaíocht (teicneolaíochtaí foghlama) chun dul i ngleic le tosaíochtaí Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna BOO (2023 – 2025) agus chun cuspóirí na straitéise sin a chomhlíonadh. Tabharfar sa phlean sonraí faoi na gníomhartha a dearadh le go gcomhlíonfaí cuspóirí straitéiseacha na Rannóige BrOO a bhaineann le seirbhís tacaíochta FCT ag obair ar bhealach comhoibritheach sa Choláiste BrOO trí chéile. Feidhmeoidh sé mar phríomhdhoiciméad treorach don tSeirbhís Tacaíochta FCT le haghaidh obair/pleanáil tionscadal leanúnach agus le haghaidh monatóireacht agus meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le glacadh le | Is é ról Sheirbhís Tacaíochta FCT ná tacú leis an bhfoireann go léir ‘teicneolaíocht (teicneolaíochtaí foghlama) a úsáid go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí agus chun cuspóirí Chreat Straitéiseach Choláiste BrOO 2022 – 2025 de chuid an BOO (Plean Gníomhaíochta FCT 2022) a chomhlíonadh.<br><br>Dá réir sin baineann sé le scileanna foirne a fhorbairt ionas go mbeidh siad muiníneach agus inniúil in úsáid na teicneolaíochta chun tacú le teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin a sholáthar. Is éard atá i gceist le hobair Sheirbhís Tacaíochta FCT ná tionscnaimh straitéiseacha ar fud na seirbhíse a chur i bhfeidhm san Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.<br><br>In 2023, leanadh le **hathrú digiteach BrOO** a chur i bhfeidhm ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal an champais. I mí Feabhra 2023, d’eagraigh an STFCT imeacht tábhachtach chun gach Bainisteoir agus Comhordaitheoir BrOO a bhailiú chun páirt a ghlacadh i lá atá tiomnaithe do chlaochlú digiteach BrOO. Leis an imeacht áitíodh go raibh bunathrú digiteach mar phríomhthosaíocht do Choláiste BrOO an BOO.<br>I mí na Bealtaine 2023, thosaigh an STFCT ag obair freisin ar phróiseas a fhorbairt chun cabhrú le cleachtóirí foghlama agus leis an bhfoireann **meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar** |

| | | |
|---|---|---|
| | Teicneolaíochtaí Foghlama agus lena n-úsáid. Leanann an plean 5 réimse tosaíochta an Chreata Straitéisigh BrOO.<br><br>(Ar lean) | **theicneolaíochtaí foghlama.** Pléadh roinnt creataí agus samhlacha meastóireachta éagsúla chun tacú lena dhearadh agus aithníodh sraith treoirphrionsabal atá ag teacht le straitéisí Choláiste BrOO.<br><br>Faoi Eanáir 2023, chuir STFCT próiseas i gcrích chun teicneolaíochtaí foghlama a mheas go criticiúil. Rinneadh é a thriail ó shin mar mhodh chun uirlisí a fhaigheann tacaíocht anois ó STFCT, ar nós Canva agus Yuja, a mheas. Táthar ag súil go leanfaidh an cleachtas seo ar aghaidh ag forbairt tuiscint chriticiúil na foirne ar theicneolaíochtaí oideachais, na buntáistí a bhaineann leo, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhoghlaimeoirí.<br><br>I mí Dheireadh Fómhair 2023, i gcomhréir le **ceanglais chomhlíonta i ndáil le faisnéis phoiblí**, thosaigh suíomh Gréasáin an Choláiste BrOO próiseas athdhearaidh, chun a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag gach páirtí leasmhar ar phríomhfhaisnéis. Dírítear ar chomhéadan na bhfoghlaimeoirí chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí reatha agus foghlaimeoirí amach anseo ar fhaisnéis ábhartha.<br><br>Chomh maith leis sin, san fhómhair 2023, bhí an tSeirbhís Tacaíochta FCT i gceannas ar athfhorbairt shuíomh FCT SharePoint, agus thacaigh sí le **hathfhorbairt shé shuíomh SharePoint eile**, (DC, F&FG, Earcaíocht & Treoir, Rannpháirtíocht Fiontraíochta, Monatóireacht & Measúnú Pleanála, Pleanáil & Tacaíocht Oibriúcháin). Bhí sé mar aidhm leis an athfhorbairt cumarsáid a fheabhsú agus gach úsáideoir Foirne BrOO a chur ar an eolas go soiléir faoi acmhainní. Tá an Láithreán FCT nua thar a bheith luachmhar do na himeachtaí oiliúna ar fad leis an bhfoireann, ó thaobh cur in aithne na seirbhíse agus na foirne de agus comharthaíocht shoiléir ar na hacmhainní go léir lena n-áirítear na hábhair oiliúna a úsáideadh an lá sin. Tugann anailísí láithreáin le fios go dtabharfar cuairt air agus go n-úsáidtear é ar bhonn rialta, ach beidh cur chun cinn leanúnach riachtanach chun eolas a fháil air agus chun trácht a mhéadú sa bhliain atá romhainn. |

| | | |
|---|---|---|
| 3.2 Leanúint ar aghaidh le próisis straitéiseacha pleanála gnó a nuáil agus a neartú chun tosaíochtaí eagraíochtúla a chomhlíonadh | Oibreoidh Rannóg Scoileanna agus Rannóg BrOO le chéile leis an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca le linn 2023, chun riosca a aithint, a mheas, a fhaire agus a bhainistiú ar bhealach gníomhach i dtaca le gach ceann dá hoibríochtaí agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach.<br><br>Le linn 2023, cinnteoidh Rannóg Scoileanna agus Rannóg Bhreisoideachais agus Oiliúna BOO go bhfuil Clár Riosca na Scoile/ Clár Riosca BrOO ina mhír ar chlár oibre cruinnithe, is go ndéanfaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair athbhreithniú air go rialta. | Tugadh oiliúint do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Rannóg na Scoileanna maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Rioscaí de réir an Ráitis Straitéise in 2022 agus in 2023 lean Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair d'athbhreithniú rialta dhéanamh ar an gClár Rioscaí.<br><br>Bhí an Clár Rioscaí ar an gClár ag na cruinnithe go léir don BrOO agus do Rannóga na Scoileanna in 2023.<br><br>(Ar lean) |
| | Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le BOOnna eile maidir le **CRM/bunachar sonraí a fhorbairt** chun críche sonraí eagraíochtúla maidir le Dearbhú Cáilíochta agus rannpháirtíocht le fostóirí a bhainistiú. | Tá baint ag Coláiste BrOO freisin le tionscnaimh náisiúnta, amhail forbairt an Bhunachair Sonraí Straitéiseach um Rannpháirtíocht Fostóirí (BSSRF) – córas CRM arna fhorbairt agus arna mhaoiniú trí SOLAS. Soláthraíonn sé cur chuige comhaontaithe, ar ardán amháin, thar ár rannpháirtíochtaí fostóra go léir, a rianaíonn agus a thaifeadann an próiseas ó thús deireadh, chun réiteach néalbhunaithe a sholáthar do gach rannpháirtíocht fostóra. Comhtháthaíonn an réiteach seo go deas réidh lenár n-iarratais Office 365 mar aon le sonraí a bhaintear ónár gcórais reatha amhail CTFC agus ACSS. |

| | | |
|---|---|---|
| | Leanfaidh BOO agus Coláiste BrOO orthu ag díriú isteach ar cháilíocht na sonraí agus ar Chóras Tacaíochta Foghlaimeora Cláir (CTCF) láidir agus tráthúil a choinneáil, le cinntiú go ndéantar tomhas cáilíochta ar na spriocanna agus go bhfuiltear i gcomhréir le sonraí SOLAS.<br><br>Tá infreastruchtúr sonraí cumasaithe ag teastáil ó SOLAS chun sonraí torthaí níos tráthúla a chur ar fáil, go háirithe ó spriocanna an chórais atá nasctha leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a bhaineann le líon na bhfoghlaimeoirí a théann ar aghaidh chun fostaíochta agus chun ardoideachais. Forbróidh SOLAS meicníocht/deais do BOOnna chun an dul chun cinn a i dtaca le spriocanna córais náisiúnta 2022 - 2024 a rianú | Arna chomhordú ag an tseirbhís Tacaíochta Oibríochtaí BrOO, tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí BrOO ar fud na gcampas. Déantar gach cúrsa, foghlaimeoir agus gach toradh a thaifeadadh ar CTFC. Taifeadtar pleanáil bhliantúil in ILM agus gintear tuairiscí in aghaidh na ráithe. Déantar gníomhaíocht agus tinreamh sa seomra ranga a thaifeadadh ar an gCliant Amchláir agus ar Timetabler. Déantar tinreamh agus íocaíochtaí foghlaimeora a thaifeadadh ar TACS agus PeopleXD.<br><br>In 2023, rinneadh feabhsuithe ar CTCF agus ar rolladh amach Timetabler ar fud na gcampas BrOO go léir. Rud le tabhairt faoi deara in 2023, bhain STFET Chathair Luimnigh triail as taifeadadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Treorach ar CTCF le húsáid do threoir duine le duine agus treoir ghrúpa.<br><br>Cruthaíonn na córais go léir tuairiscí, a ndéantar athbhreithniú orthu ar dtús ag leibhéal áitiúil agus ina dhiaidh sin déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú orthu go tráthrialta, rud a dhéanann eolas do chinntí straitéiseacha. |
| | Daingneoidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair an Córas nua Bainistíochta Conarthaí (CBC) a forbraíodh i gcomhar le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SCPAO) chun freastal ar riachtanais na heagraíochta. Is samhail sreafa oibre é an Córas Bainistíochta Tairiscintí agus Conarthaí seo a tógadh chun an próiseas soláthair agus cáipéisíocht ó BOOnna a bhainistiú. | Rolladh amach nósanna imeachta ceannaigh athbhreithnithe na Roinne Airgeadais agus Caipitil & Soláthair in 2023. Déanann na nósanna imeachta cuíchóiriú ar chóras do gach duine a bhfuil baint acu le ceannach, díríonn siad ar an gceanglas maidir le comhlíonadh soláthair agus cuimsíonn sé na tairseacha soláthair náisiúnta athbhreithnithe. |

| | | |
|---|---|---|
| 3.3 Monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe agus iniúchtaí inmheánacha chun na caighdeáin is airde ó thaobh bainistíocht airgeadais agus riosca a chur chun cinn. | Faoi mar a luaitear sa chód, deimhneoidh an Bord go gceapfar Comhaltaí a bhfuil na scileanna, eolas agus taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais. Déanfaidh an Bord gach ceapachán i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Is féidir, más gá, comhairle speisialtóireachta a fháil ar chostas réasúnta agus faofa don BOO chun cabhrú leis na Coistí i dtaca le réimsí áirithe dá ghnó.<br><br>Tá ceapacháin déanta ag an mbord ar na coistí iniúchta agus airgeadais i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Ba chóir go mbeidh na scileanna iniúchta agus airgeadais agus an taithí atá ag teastáil ón ról ag na comhaltaí seachtracha. | Cloíodh le riachtanais an Chóid in 2023. Bhuail an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile CÚIG huaire in 2023 agus rinne sé athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha an BOO ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Feabhra 2023 agus d’fhaomh sé Ráiteas um Rialú Inmheánach 2022 ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí an Mhárta 2023.<br><br>Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire in 2023 agus rinne sé athbhreithniú ar Thairiscint SOLAS ag an gcruinniú a bhí ann i mí Feabhra 2023 agus d’fhaomh sé Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 ag an gcruinniú i mí an Mhárta 2023. |
| | **Bainistíocht Riosca:** Obair leis na Coistí Airgeadais, Iniúchta agus Riosca Le linn 2023, déanfaidh an BOO riosca a aithint, a mheas, a fhaire agus a bhainistiú ar bhealach gníomhach, i dtaca le gach ceann dá oibríochtaí agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Tá próiseas i bhfeidhm ag an BOO atá deartha chun go n-aithneofar is go rachfar i ngleic leis na | Nuashonruithe rialta curtha i láthair ag Stiúrthóir ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta & Riosca agus den Choiste Airgeadais. Cuireadh an ráiteas inghlacthachta riosca faoi bhráid an Choiste Airgeadais in 2023.<br><br>Bhí 11 chruinniú ann leis an bhfoireann TFE ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe agus chun faomhadh na Foirne Ardbhainistíochta (FAB) a lorg don Chlár Rioscaí.<br><br>Rinneadh 2 chur i láthair do Phríomhoidí agus Leasphríomhoidí ar an gClár Rioscaí in 2023. |

| | | |
|---|---|---|
| | rioscaí suntasacha a bhaineann le haidhmeanna an chomhlachta a bhaint amach. Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord sa chúram seo. | Rinneadh cur i láthair Bainistíochta Riosca don Choiste um Obair Óige in 2023 freisin. |
| | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO réadmhaoin BOO a bhainistiú, réadmhaoin atá faoi úinéireacht na heagraíochta nó léasaithe ag an eagraíocht, d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le gach riachtanas Reachtúil, Roinne agus Rialtais. Mar chuid de seo, oibreofar i ndlúthpháirt le Rannóg Scoileanna agus BrOO an BOO le cinntiú go bhfuil riachtanais chóiríochta na heagraíochta á gcomhlíonadh agus go bhfuil gach Scoil agus Foirgneamh BrOO oiriúnach dá bhfeidhm. | Rinne Rannóg Caiteachais & Soláthair (RCS) Clár an BOO de réadmhaoin léasaithe a chothabháil agus a nuashonrú in 2023. Cuireadh gach ábhar réadmhaoine, a raibh faomhadh Bhord an BOO ag teastáil ina leith in 2023, lena bhfaomhadh ag an mBord agus cuireadh iarratais faoi bhráid Rannóg Réadmhaoine na Roinne Oideachais. Leanann an Rannóg Caiteachais & Soláthair ar aghaidh a bheith i mbun idirchaidrimh le comhairleoirí dlí an BOO maidir le gach réadmhaoin de chuid BOO a chlárú. Déileáiltear le fáil agus diúscairt réadmhaoin BOO de réir Nósanna Imeachta Reachtúla agus Rialachais Chorparáidigh. |
| 3.4 Úsáid éifeachtúil acmhainní poiblí a uasmhéadú. | Déanfaidh an **Príomhfheidhmeannach** agus **Stiúrthóirí na Scoileanna, Breisoideachais agus Oiliúna agus TFE** a chinntiú go bhfuil tacaíocht faighte ag scoileanna, lárionaid agus seirbhísí chun creataí agus conarthaí lárnacha soláthair a úsáid a chuirfidh Oifigeach Soláthair Rialtais (OGP) i bhfeidhm le linn 2023.<br><br>Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO agus Rannóg Airgeadais an BOO go mbeidh dlúth-chomhoibriú leanúnach in 2023 idir na feidhmeanna Airgeadais agus Soláthair chun na caighdeáin is airde a | Lean Rannóg Airgeadais an BOO ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin is airde maidir le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí.<br><br>Shainaithin Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO agus Rannóg Airgeadais BOO agus rinne siad monatóireacht ar réimsí caiteachais neamh-chomhlíontaigh agus shainaithin siad píblíne tairiscintí chun déileáil le neamh-chomhlíontacht. Sholáthair an rannán Caipitil agus Soláthair nuashonruithe do thuarascálacha ráithiúla caiteachais a d'fhoilsigh an Rannóg Airgeadais ar shuíomh gréasáin an BOO. Eisíodh Tuarascálacha Tairisceana maidir le gach conradh a bronnadh a raibh luach níos mó ná €100,000 luaite leis chuig an gCoiste Airgeadais. Rinne baill foirne ón dá Rannóg idirchaidreamh maidir le Leathanaigh Chaipitil Leagan 15, Sonraí réadmhaoine, Ráiteas um |

| | | |
|---|---|---|
| | chinntiú i dtaca le comhlíontacht le Nósanna Imeachta Soláthair Poiblí, Treoirlínte agus Reachtaíocht. Mar chuid de seo, leanfar le raon réiteach soláthair a aithint agus a chur a bhfeidhm, a dheimhneoidh comhlíontacht, luach ar airgead, éifeachtacht agus dea-chleachtas don údarás le linn 2023. | Rialú Inmheánach (RRI) agus gach fiosrúchán ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistí (ARCC) a chomhlánú.<br><br>Cuireadh Plean Soláthair Ilbhliantúil an BOO faoi bhráid BOOÉ de réir an amfráma agus na gceanglas tuairiscithe. Ghlac foireann na Roinne Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon in 2023 maidir le forbairtí a bhaineann le soláthar, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht fuinnimh i gcomhthéacs comhlíonadh agus dea-chleachtas a chinntiú ar fud na heagraíochta.<br><br>Lean Rannóg C&P an BOO de Sholáthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm, ag baint úsáid as Treoir Soláthair Phoiblí Ghlais GCC<br>agus Critéir Soláthair Phoiblí Ghlais ar líne na hOifige um Sholáthar Rialtais. |
| | Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO agus Rannóg TF an BOO go mbeidh dlúth-chomhoibriú leanúnach in 2023 idir na feidhmeanna Soláthair TF chun na caighdeáin is airde a chinntiú i dtaca le comhlíontacht na Nósanna Imeachta Soláthair Poiblí, Treoirlínte agus Reachtaíocht.<br><br>Obair leanúnach a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Soláthair BOO (lena n-áirítear sraith de dhoiciméid teimpléid do thairiscintí atá os cionn agus faoi bhun thairseacha an AE) i dtaca le soláthar seirbhísí agus trealaimh TF in 2023. | Tá rannóg S&P an BOO ag obair go dlúth leis an rannóg TF, chun a chinntiú go bhfoilsítear faisnéis comhlíonta agus suas chun dáta faoi chonarthaí ar 'StaffConnect,' ag baint úsáid as Creataí OSR, PTSD, HeaNet. Foilsíodh Beartas Náisiúnta an BOO in 2023. Athbhreithníodh, nuashonraíodh agus eisíodh beartas an BOO ar an leibhéal áitiúil, mar aon le doiciméid tacaíochta.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| 3.5 Cosaint sonraí, rúndacht agus próisis bainistíochta taifead éifeachtacha a chinntiú. | Tá Privacy Engine ag leanúint air ag cabhrú linn agus ag cur ar ár gcumas RGCS a chomhlíonadh.<br><br>Déanfaidh sé seo cur i bhfeidhm an Leabhair Oibre Comhlíontachta a uathoibriú, agus le linn 2023, cabhróidh Roinn na Seirbhísí Corparáideach le Scoileanna agus Lárionaid a oiliúint i dtaca le comhlíontacht RGCS agus le hiniúchadh a dhéanamh orthu i dtaobh comhlíontachta GDPR. | Tá comhlíonadh á léiriú go leanúnach, agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na beartais go léir. Cuireadh cúrsaí oiliúna athnuachana ar fáil don fhoireann in 2023 agus tá cúrsaí oiliúna RGCS fós á reáchtáil mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin do gach ball foirne nua.<br><br>Roinneann grúpa líonraithe náisiúnta eolas faoin mbealach is fearr chun an fheidhmiúlacht laistigh den Privacy Engine a úsáid agus chun oibriú le chéile chun na sonraí a bhailítear a shainaithint agus taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála a uaslódáil. |
| | Cinnteoidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Bainistithe Taifead (CBT) agus go gcuirtear é i bhfeidhm go leanúnach le linn 2023, de réir Bheartas Coinneála Taifead agus Bheartas Bainistithe Taifead an BOO. | Scrúdaítear coinneáil taifead ar bhonn bliantúil agus eisítear treoracha scriosta nuair is infheidhme de réir an Sceidil Coinneála Taifead. |
| 3.6 Straitéis chumarsáide éifeachtach a choinneáil, a fheabhsú agus a leabú. | Forbróidh Stiúrthóireacht TFE an BOO Creat Cumarsáide in 2023 ina mbeidh maitrís Cumarsáide Inmheánaí a shoiléiríonn struchtúir, róil agus freagrachtaí na heagraíochta, agus a leagann amach na próisis chumarsáide agus chinnteoireachta éifeachtaí laistigh den BOO, BrOO, TFE agus Rannóg na Scoileanna san áireamh. Áirítear ar na gníomhartha breise in 2023:<br>• Tacú le foireann bainistíochta agus le baill foirne an BOO trí na | Tacaíonn sé seo le foireann bainistíochta agus foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí a sholáthar chun cumarsáid a fheabhsú, mar aon leis an oiliúint riachtanach, cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise maidir le Béarla Simplí agus forbairt leanúnach shuíomh gréasáin LCETB.ie agus meán sóisialta eile chun a chinntiú go bhfuil an BOO ag cur faisnéis ábhartha ar fáil dá fhoireann agus dá pháirtithe leasmhara i gcomhréir lena Bheartas Cumarsáide. |

| | | |
|---|---|---|
| | teicneolaíochtaí is nua-aimseartha agus is éifeachtaí a chur ar fáil chun cumarsáid a fheabhsú, mar aon leis na cúrsaí oiliúna riachtanacha.<br>• Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise maidir le Béarla Simplí.<br>• Forbairt leanúnach ar shuíomh BOO agus meáin shóisialta eile le cinntiú go gcuireann an BOO faisnéis ábhartha ar fáil do gach ball foirne agus páirtí leasmhar.<br>• Teagmháil agus líonrú le páirtithe leasmhara ag an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta (féach 1.8). | (Ar lean) |
| 3.7 Comhaontuithe seirbhíse/meabhráin tuisceana agus prótacail le gníomhaireachtaí seachtracha a gcuirfimid deontais/acmhainní ar fáil dóibh, a choinneáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu. | Cinnteoidh Roinn Airgeadais an BOO go mbeidh CS/MT i bhfeidhm atá i gcomhréir le hImlitir 13/2024 RCPA do gach ceann de na gníomhaireachtaí seachtracha a gcuireann an t-údarás deontais/acmhainní ar fáil dóibh. Nuair is cuí, áireofar leis seo Aguisín um Chosaint Sonraí maidir le hAirteagal 28 den Rialaitheoir RGCS maidir le hAistrithe Sonraí Pearsanta ag Próiseálaithe. | Leanann Roinn Airgeadais an BOO i gcomhar leis na Rannóga Scoile agus an BrOO go léir a fhaigheann deontais/acmhainní ag obair le gach gníomhaireacht sheachtrach chun a chinntiú go bhfuil Imlitir 13/2014 RCPA á chomhlíonadh. |
| | Forbróidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair Córas Bainistithe Conarthaí i gcomhar le SCPAO chun riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh. | Tá an Córas Bainistithe Conarthaí (CBC) in úsáid anois ag an rannóg C&S chun sreabhadh oibre a bhainistiú ar nós bainistíocht tairisceana agus aighneachta, breithmheasa feidhmíochta agus bainistíocht conartha. |
| | Leanfaidh **Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna** an BOO air ag úsáid CSanna le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n- | Oibríonn foireann BrOO go dlúth le comhpháirtithe pobail chun cúrsaí a fhorbairt a fhreastalaíonn ar gach foghlaimeoir le gach cineál riachtanais acu ar na campais agus ina bpobail féin. Cinntíonn sé seo |

| | | |
|---|---|---|
| | áirítear comhpháirtithe in Oideachas Pobail, a gcuireann sé deontais agus acmhainní ar fáil dóibh. Mar chuid de freisin, déanfaidh na páirtithe leasmhara seachtracha seo meastóireacht agus monatóireacht ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí BrOO. | soláthar oiriúnaitheach ón mbun aníos ag brath ar riachtanais áitiúla atá cruthaithe. Baintear úsáid as próiseas Clárúcháin Comhpháirtithe Pobail an BOO freisin agus déantar comhaontú foirmiúil a dhréachtú idir comhpháirtithe pobail agus Seirbhís Oideachais Pobail an BOO (CSanna). |
| 3.8 Leanúint ar aghaidh ag tacú le cultúr féinmheastóireachta ar fud na heagraíochta chun bonn eolais a chur ar fáil do phróiseas feabhsaithe leanúnaigh trí éifeachtacht na gcóras agus na gcleachtas riarachán a mheas go rialta. | Déanfaidh an **Príomhfheidhmeannach** agus **Stiúrthóir TFE** féinmheastóireacht in 2023 faoi mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Rinneadh féinmheastóireacht in 2023 de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna. |
| | Tá BOO, tríd an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna, tiomanta chun Guth an Fhoghlaimeora a mhéadú agus a neartú. Forbróimid meicníochtaí agus gníomhaíochta aiseolais d'fhoghlaimeoirí ar fud BrOO, san áireamh beidh ceistneoir foghlaimeora do BrOO trí chéile chun aiseolas a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara.<br><br>Feabhsóidh BOO a gcur chuige foghlaimeoirlárnach maidir le cumarsáid agus margaíocht, le feachtais atá dírithe ar cheantair áitiúla agus le comhéadan foghlaimeora feabhsaithe ar shuíomh idirlín collegeoffet.ie. | Príomhthosaíocht straitéiseach don earnáil BrOO ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil is ea forbairt Ghuth an Fhoghlaimeora. Glacadh le forbairt meicníochtaí comhsheasmhacha agus cáilíochta chun aiseolas na bhfoghlaimeoirí a bhailiú freisin mar chuid de na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú Institiúideach ar Dhearbhú Cáilíochta (2020). Bhí roinnt tionscnamh ann in 2023, a chuir an tosaíocht seo chun cinn.<br><br>**Suirbhé Tionscnaimh Ghuth an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO**<br>Scaipeadh ceistneoir Ghuth an Fhoghlaimeora Choláiste BrOO i mí Aibreáin 2023 le linn 'Seachtain Chomhairliúcháin an Fhoghlaimeora de chuid Choláiste BrOO'. Tugadh an suirbhé trí fhoirmeacha MS do 25,000 foghlaimeoir agus printíseach lánaimseartha agus páirtaimseartha, chuig a seoltaí ríomhphoist BOO. Bhí 2,831 freagra ar an suirbhé, agus léirigh tromlach mór (90.8%) a sástacht lena |

| | | |
|---|---|---|
| | Leanfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna air ag cloí le riachtanais féinmheastóireachta agus tuairiscithe lena n-áirítear: ábhar a chur le Plean Seirbhíse BOO agus le tuarascálacha Bliantúla, Tuarascáil Bhliantúil an Choláiste BrOO, agus Tuarascáil Bhliantúil Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta ar Institiúidí atá nua san earnáil de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. | dtaithí foghlama leis an gColáiste BrOO. Chuir an tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta na sonraí a bailíodh ón suirbhé le chéile agus ullmhaíodh Tuarascáil Achoimre Ghuth an Fhoghlaimeora 2023 don Chomhairle Cáilíochta.<br><br>**Forbairt ar Bheartas Ghuth an Fhoghlaimeora de chuid an Choláiste BrOO**<br>In 2023, bhunaigh an Coláiste BrOO dhá ghrúpa oibre (ceann amháin le Cleachtóirí BrOO tras-sholáthair agus seirbhísí tacaíochta, agus ceann amháin le Bainisteoirí), chun Beartas Ghuth an Fhoghlaimeora a fhorbairt. Leagann sé amach scóip, príomhphrionsabail agus cuspóirí rannpháirtíocht fhiúntach na bhfoghlaimeoirí BrOO chun a dtuairimí a roinnt faoina dtaithí fhoghlama. Leagann sé amach freisin an raon meicníochtaí gutha foghlaimeora a úsáidtear ar fud an Choláiste BrOO - ó aiseolas neamhfhoirmiúil go suirbhéanna, nósanna imeachta gearáin, ionadaíocht foghlaimeoirí ar struchtúir BrOO, etc. Leagann sé béim ar na príomhróil agus príomhchúraimí a bhaineann le cur i bhfeidhm rathúil bheartas ghutha an fhoghlaimeora. Táthar ag súil go mbeidh Beartas Ghuth an Fhoghlaimeora ann go luath in 2024.<br>**Lá Bliantúil na gComhordaitheoirí agus na dTeagascóirí Pobail**<br>Níos túisce i mbliana, chuaigh an chéad suirbhé BOO i bhfeidhm ar ghrúpaí pobail a d'fhreastail ar chruinniú (pleanála) Ghrúpaí Oideachais Pobail Chathair Luimnigh i mBealtaine 2023. Ar mholadh uathu, labhair triúr foghlaimeoirí agus triúr comhordaitheoirí áitiúla ó pharóiste Muire Lourdes ag cruinniú bliantúil mhí Mheán Fómhair ar fhreastail breis is 100 duine air, lena n-áirítear foireann an BOO ó Champas Ascaill Uí Chonaill, ionadaithe pobail áitiúla agus HSCLanna. Ba é '*Guth an Fhoghlaimeora san BrOO a chloisteáil* téama Lá Bliantúil na gComhordaitheoirí agus na dTeagascóirí Pobail.<br>**Cás-staidéar ghuth an fhoghlaimeora de chuid Aontas** |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | Thug AONTAS cuireadh do Sheirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach (STIG) de chuid an Choláiste BrOO ionchur ceardlainne a éascú ag an gCruinniú Mullaigh um Oideachas Aosach i Staid Aviva i mí na Samhna 2023. Áiríodh an BOO mar shampla den dea-chleachtas i dTuarascáil Ghuth an Fhoghlaimeora mar a labhair foghlaimeoirí ag grúpaí fócais an BOO faoi cé chomh hinrochtana agus a bhí an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach sa BOO agus cé chomh maith is a bhí an fhógraíocht ar a son.<br>**Imeachtaí faoi stiúir an fhoghlaimeora ar fud na gcampas**<br>Tacaíonn an Coláiste BrOO le tionscnaimh, clubanna nó cumainn a bhfuil foghlaimeoirí i gceannas orthu agus bíonn baint ag foghlaimeoirí le heagrú imeachtaí éagsúla, ar nós taispeántais oibre foghlaimeoirí, imeachtaí speisialta, imeachtaí carthanachta, etc. Is ceiliúradh barrfheabhais iad ar fud an tsoláthair BrOO i Luimneach agus sa Chlár. Is iomaí imeacht a d'eagraigh foghlaimeoirí in 2023, lena n-áirítear na samplaí thíos:<br>**Guth an Fhoghlaimeora a Chloisteáil**<br>In 2023, lean roinnt tionscnamh freisin de sholas a chaitheamh ar fhoghlaimeoirí atá i mbun cúrsaí BrOO faoi láthair agus ar fhoghlaimeoirí a rinne cúrsaí BrOO roimhe seo, a thug cuntas faoina n-eispéireas foghlama le BOO. Tá ról lárnach ag na moil foghlama maidir le caidrimh ghairmiúla agus thacúla a fhorbairt le foghlaimeoirí ar an gcampas.<br><br>In 2023, cuireadh sraith d'fhíseáin Ghuth an Fhoghlaimeora (Podchraoladh Ghuth an Fhoghlaimeora ar fáil anseo) le chéile le roinnt go hinmheánach chun foghlaimeoirí agus baill foirne araon a spreagadh.<br><br>Bhí ról lárnach ag Aonad Cumarsáide an BOO freisin maidir le teistiméireachtaí na bhfoghlaimeoirí a thaifeadadh i roinnt alt sna nuachtáin áitiúla agus sna nuachtáin náisiúnta. |

| | | |
|---|---|---|
| 3.9 Comhlíontacht i gcomhréir leis an reachtaíocht a chinntiú. | Leanfaidh Roinn Airgeadais agus Roinn Acmhainní Daonna an BOO faoin TFE orthu ag obair le foireann an tionscadail Náisiúnta Pinsean mar fhreagra ar riachtanais náisiúnta bheartais in 2023. | D'oibrigh Roinn Airgeadais agus Roinn Acmhainní Daonna an BOO faoi TFE go rathúil leis an Tionscadal Náisiúnta Pinsean in 2023 agus leanfar leis an obair sin in 2024. |
| | Aithníodh san Athbhreithniú Tosaigh Dearbhaithe Cáilíochta, a thionscain Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ina ról mar údarás rialála, 29 moladh le cur i bhfeidhm. Tá gníomhartha mionsonraithe agus plean taifeadta sa phlean gnímh a cuireadh faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar fhreagra. An Tuarascáil Cháilíochta Bhliantúil a chur ar ais chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann faoi mhí an Mhárta 2023, mar a éilítear le haghaidh próisis rialachais Dearbhaithe Cáilíochta.<br><br>(Ar lean) | Tar éis dóibh an tuairisc athbhreithnithe ar an Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta a fhoilsiú, agus bliain amháin i ndiaidh dóibh an Plean Gnímh um Athbhreithniú DC, a chur isteach, chuir an BOO tuairisc leantach isteach chuig DCCÉ maidir le dul chun cinn an phlean agus maidir leis na bealaí a bhfuil siad ag dul i ngleic le torthaí an athbhreithnithe.<br><br>Aithnítear sa tuarascáil an raon forbairtí agus cinntí straitéiseacha agus eagrúcháin a tharla laistigh den BOO ó foilsíodh an tuarascáil athbhreithnithe agus tugtar aghaidh ar gach céim de na príomhthorthaí agus moltaí a chuir na hathbhreithneoirí i láthair. Cuirfear spriocanna tábhachtacha san áireamh freisin, chomh maith le machnamh agus an méid a foghlaimíodh ón bpróiseas athbhreithniúcháin tionscnaimh. |
| | Ba chóir go gceapfaí ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ar an gCoiste Airgeadais Comhaltaí a bhfuil na scileanna, eolas agus taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha seo. | Ní raibh aon cheapachán nua ar an gCoiste Iniúchta & Riosca nó ar an gCoiste Airgeadais in 2023, ach beidh na sainscileanna, an t-eolas agus an taithí a theastaíonn ag gach duine a cheaptar ar na Coistí seo. |
| 3.10 Éiteas freagrachta sóisialta corparáidí agus inbhuanaitheachta comhshaoil a chur chun cinn | Le linn 2023, cinnteoidh **Rannóg na Scoileanna** an BOO go dtugtar tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh i dTionscnamh Scoileanna Glasa an Taisce, a | Le linn 2023, chinntigh Rannóg Scoileanna an BOO gur tugadh tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh i dTionscnamh Scoileanna Glasa an Taisce, a chuirfidh bainistíocht agus oideachas comhshaoil ar fáil. |

| | | |
|---|---|---|
| agus a chinntiú go bhfuil fianaise ar an éiteas seo le fáil san eagraíocht trí chéile. | chuirfidh bainistíocht agus oideachas comhshaoil ar fáil.<br><br>Réiteoidh scoileanna tuairisceáin gach ráithe i dtaca leis an úsáid a bhaintear as busanna i gcomhair turais scoile.<br><br>(Ar lean) | I rith na bliana, ghlac scoileanna an BOO páirt go gníomhach sa chlár 'Take 1' ar aeráid, rud a léirigh a dtiomantas d'inbhuanaitheacht comhshaoil agus do ghníomhaíocht ar son na haeráide.<br><br>Ghlac scoileanna an BOO páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh éagsúla a bhí dírithe ar fheasacht a ardú ar athrú aeráide, ar loirg charbóin a laghdú, agus ar chleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn laistigh dá bpobail scoile. Chomhoibrigh mic léinn agus oideachasóirí ar thionscadail dírithe ar chaomhnú comhshaoil, ar fhuinneamh in-athnuaite, ar laghdú dramhaíola, agus ar chaomhnú na bithéagsúlachta.<br><br>Thug rannpháirtíocht sa chlár 'Take 1' creat struchtúrtha do scoileanna an BOO chun oideachas aeráide a chur lena gcuraclam agus lena ngníomhaíochtaí seach-churaclaim. D'fhoghlaim na scoláirí faoi na cúiseanna agus na tionchair a bhaineann le hathrú aeráide, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht aonair agus le gníomhaíocht chomhchoiteann chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán domhanda seo.<br><br>Chuir scoileanna an BOO bearta praiticiúla i bhfeidhm chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, bearta ar nós tionscnaimh coigilte fuinnimh, straitéisí bainistíochta dramhaíola, agus cur chun cinn roghanna iompair nach ndéanann díobháil don chomhshaol. D'eagraigh siad imeachtaí feasachta, feachtais agus gníomhaíochtaí for-rochtana pobail chun cultúr inbhuanaitheachta a chothú.<br><br>Trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa chlár 'Take 1' maidir le haeráid, léirigh scoileanna an BOO a dtiomantas do mhaoirseacht ar an gcomhshaol agus bhí ról ríthábhachtach acu i dtodhchaí níos inbhuanaithe a mhúnlú dá bpobail agus níos faide i gcéin. Chuidigh a n-iarrachtaí le glúin saoránach a chothú atá coinsiasach ó thaobh an |

| | | |
|---|---|---|
| | | chomhshaoil de agus atá in ann dul i ngleic go díreach leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide.<br>Réitigh scoileanna tuairisceáin gach ráithe i dtaca leis an úsáid a bhaintear as busanna i gcomhair turais scoile. |
| | Béim láidir agus méadaitheach sa BOO ar scileanna glasa agus ar Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB). Tá an BOO ar cheann de na BOOnna a d'oscail agus a thiomnaigh Ionad Barrfheabhais NZEB le déanaí. Tá uaillmhian shuntasach ann an soláthar seo a mhéadú i gcomhréir le gealltanais náisiúnta atá leagtha amach sa Straitéis Tithíocht do Chách agus sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar chuid den oiliúint, beidh Leictreachas, Plástráil, Pluiméireacht, Bríceadóireacht, agus Siúinéireacht NZEB agus cuirfear leis sin le bunghnéithe NZEB, Aerdhíonacht, Aerú, agus Insliú. Déanfar tuilleadh feabhsaithe air seo le cúrsaí uasoiliúna i dTeicneolaíochtaí Grianfhuinnimh agus Teaschaidéil. Cuirfidh an tsaoráid, a bhfuil 14,000 troigh chearnach inti, oiliúint scileanna do dhaoine atá dífhostaithe agus do dhaoine atá i bhfostaíocht ach atá ag iarraidh uasoiliúint a fháil. Tairgfidh Ionad nua NZEB agus Barrfheabhais Iarfheistithe i mBaile an Róistigh de chuid an BOO oiliúint do thart ar 1,500 foghlaimeoir gach bliain agus beidh sé mar chuid d'fhorbairt níos leithne ar Champas Nuálaíochta | Cuireadh an chéad leagan de Chúrsa Feasachta Bunúsacha NZEB ar fáil d'fhoghlaimeoirí i mí Aibreáin 2023 ag NZEB agus Ionad Barrfheabhais Iarfheistithe i mBaile an Róistigh.<br><br>Ar an gclár lánmhaoinithe lá amháin seo, aimsíonn rannpháirtithe prionsabail agus cleachtais Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de (NZEB) agus cíorann siad prionsabail NZEB, fisic, fabraic agus seirbhísí foirgnimh fuinneamh in-athnuaite, fótavoltacha, méadair chliste agus go leor eile. Bronnadh creidiúnú Feasachta Bunúsaí Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de NZEB (City & Guilds Assured) ar na rannpháirtithe nuair a bhí siad críochnaithe.<br><br>In 2023, chuir an Coláiste BrOO líon mór cúrsaí ar fáil ón áis nua seo.<br><br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | Glaise. I measc na BOOnna bhí an BOO ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an gcúrsa micreadhintiúir Leibhéal 4 in Inbhuanaitheacht a fhorbairt. Déanfaidh sé foireann a uasoiliúint le hacmhainní oiliúna don oiliúnóir agus leathfar é seo amach mar chlár cumaisc ar fud soláthair BrOO agus trí mhodúl náisiúnta scileanna glasa ar líne a bheith ar fáil trí RíomhCholáiste. | |
| | Tá BOO tiomanta chun béim leanúnach a chur ar Bhainistíocht Fuinnimh agus chun astaíochtaí Carbóin a laghdú ós rud go bhfuil ar 'Comhlachtaí Poiblí ról eiseamláireach a imirt i dtaca le hÉifeachtacht Fuinnimh i dtreo spriocanna agus gníomhartha atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtacht Fuinnimh' (I.R.426)<br><br>Táthar ag súil go nglacfar le Straitéis Fuinnimh Comhlachta Earnála Poiblí (CEP) roimh R1 2023<br><br>Tabharfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOO, i gcomhréir lena freagrachtaí mar Chomhlacht Earnála Poiblí, faoin sprioc 50% de laghdú ar úsáid fuinnimh a bhaint amach agus 51% de laghdú ar Astaíochtaí Ceaptha Teasa a bhaint amach faoi 2030. Le linn 2023, leanfaidh an BOO air ag cur infheistíocht leanúnach i mbearta | Tá an BOO páirteach sa Ghrúpa Stiúrtha, i dteannta na Roinne Oideachais agus ÚFIÉ, atá ag obair ar an gClár Náisiúnta Píolótach Fuinnimh Pathfinder do Scoileanna. I rith 2023, mar chuid de Chlár Pathfinder, leanadh ar aghaidh le húsáid a bhaint, ar bhonn píolótach, as cuir chuige éagsúla maidir le hiarfheistithe domhanfhuinnimh scoileanna ar fud na tíre. Áiríodh leis seo bronnadh an chonartha le haghaidh iarfheistiú ar Choláiste Pobail na hInse, atá críochnaithe anois, chomh maith le Clár Dearaidh agus Tógála ag Coláiste Collchoille, Drom Collachair, ar cuireadh tús leis in 2023 agus atá le críochnú in 2024.<br><br>Lean an BOO ar aghaidh le cúrsaí a phlé le hAonad Foirgneamh na Roinne Oideachais, SOLAS agus RBATNE i rith 2023 ar mhaithe leis an infheistíocht atá á déanamh i Scoileanna agus Ionaid a mhéadú agus chun a chinntiú go gcloíonn ár saoráidí leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin ábhartha, agus leis na caighdeáin is airde éifeachtachta fuinnimh. Cuireadh iniúchtaí fuinnimh i gcrích ag suímh úsáide ardfhuinnimh BrOO a d'fhéadfaí a áireamh i gClár Pathfinder BrOO. Thosaigh an tSaoráid Oiliúna nua NZEB i Luimneach ag feidhmiú i mí Eanáir 2023. Cuireadh Tuairisceáin Faireachais agus Tuairiscithe ar úsáid fuinnimh an BOO faoi bhráid an ÚFIÉ in 2023. |

| | | |
|---|---|---|
| | laghdaithe fuinnimh chun cinn trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh ábhartha ar nós an Chláir Náisiúnta Pathfinder agus chlár Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).<br><br>Leanfaidh an BOO air ag déanamh teagmháil leis an Roinn Oideachais agus an RBATNE chun an infheistíocht a dhéantar i Scoileanna agus Lárionaid an BOO a uasmhéadú d'fhonn a chinntiú go gcloíonn ár saoráidí le gach reachtaíocht, rialachán ábhartha agus leis na caighdeáin is airde ó thaobh éifeachtachta de. | Chuir an BOO a chéad treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil in 2023. Tríd an treochlár, tá sé mar aidhm ag an BOO, ní amháin ár spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach ach chun glacadh leis na dúshláin a bhaineann le ceannaireacht a ghlacadh ar dhul i ngleic le hathrú aeráide. Sa chomhthéacs seo tá sé mar aidhm ag an treochlár tacaíocht a thabhairt do thimpeallacht ina n-aithníonn mic léinn, foghlaimeoirí agus baill foirne go bhféadfadh tionchar fíordhearfach a bheith ag a ngníomhartha aonair agus ag a gcomhghníomhartha ar thodhchaí ár n-aeráide.<br><br>Bhí Rannóg Caipitil agus Soláthair an BOO i dteagmháil le clár Luathaithe um Rannpháirtíocht Daoine ÚFIÉ in 2023. Cabhróidh an clár le rannóg C&S an BOO aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht na foirne trí chreat struchtúrtha a sholáthar chun athrú iompraíochta san ionad oibre a fhorbairt agus a chothú. Is iad na cuspóirí lárnacha:<br>• Cuir chuige éifeachtacha um athrú iompraíochta a chruthú chun coigilt fuinnimh a uasmhéadú.<br>• Ceannaireacht Comhshaoil san Ionad Oibre a chur chun cinn.<br>• Teicnící dea-chleachtais a roinnt ar fud na seirbhíse poiblí.<br>• Meantóireacht agus tacaíocht a sholáthar maidir le cuspóirí aeráide agus inbhuanaitheachta an BOO a chur i bhfeidhm.<br>• Treoir maidir le forbairt straitéise. |

| **Cuspóir Straitéiseach 4: Comhpháirtíocht**<br>Aidhm: Freagraí agus tacaíochtaí ábhartha a sholáthar de réir mar a éilíonn an Roinn Oideachais, rannóga agus gníomhaireachtaí eile an Rialtais, agus comhphairtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt a fhreagraíonn do na riachtanais oideachais agus oiliúna atá ag athrú sa réigiún. Is éard atá i gceist leis seo ná ceanglais reachtúla a chomhlíonadh agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt chun ról an oideachais agus na hoiliúna i dtaca le hiomaíochas eacnamaíochta agus ionchuimsiú sóisialta an réigiúin a chur chun cinn. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2023 | Éachtaí in 2023 |
| 4.1 Cultúr comhoibrithe san eagraíocht trí chéile a shaibhriú. | Comhoibriú idir-rannóige a éascú agus úsáid acmhainní, saoráidí agus seirbhísí inmheánacha a spreagadh ar mhaithe le heispéireas na foirne, na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. | Lean an Roinn Caipitil agus Soláthair ar aghaidh ag obair i gcomhar le agus i gcomhpháirt chun dlús a chur le bunú tionscadal nuálach neamh-BOO éagsúil de réir CSanna agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais in 2023 ar mhaithe lenár bpáirtithe leasmhara go léir inár réigiún.<br><br>In 2023, rinne Coláiste BrOO a shuímh SharePoint a athdhearadh chun cumarsáid a fheabhsú agus chun acmhainní a chur ar fáil go soiléir d'úsáideoirí uile na Foirne BrOO. |
| 4.2 Cultúr atá bunaithe ar chomhoibriú, nuálaíocht agus comhpháirtíocht a chur chun cinn ar mhaithe leis na deiseanna atá ag gach páirtí leasmhar dár gcuid sa réigiún a fheabhsú. | Leanfaidh Roinn Caipitil agus Soláthair an BOO air ag bainistiú agus ag críochnú tionscadal do Scoileanna neamh-BOO le linn 2023, chun a chinntiú go bhfuil cistí poiblí á gcaitheamh ar an mbealach is éifeachtaí agus éifeachtúla ó thaobh costas de.<br><br>Oibreoidh BOO leis na Scoileanna neamh-BOO seo a leanas, in 2023, le cinntiú go dtabharfar na tionscadail seo chun críche trí straitéisí bainistíochta tionscadal éifeachtacha a chur i bhfeidhm:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy, Luimneach.<br>• Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis. | Tá achoimre le fáil thíos maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le scoileanna neamh-BOO in 2023:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy – Cuireadh deireadh leis an obair thógála ar an láthair.<br>• Gaelscoil Mhichíl Cíosóg – Fuarthas cead pleanála don síneadh in 2022. Ní fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo, áfach, mar cuireadh achomharc in aghaidh an chinnidh sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Ceadaíodh Pleanáil Iomlán ar achomharc in 2023<br>• Scoil an Chroí Rónaofa, Móin an Lín – Faomhadh iarratas pleanála chun an scoil atá ann faoi láthair a scartáil agus scoil nua, 32 Seomra Ranga, a thógáil agus táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal ar tairiscint, ag brath ar fhaomhadh ón Roinn Oideachais.<br>• Gaelscoil Donncha Rua – Fuarthas cead pleanála do scoil nua agus cuireadh an tionscadail ar tairiscint in 2023. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Scoil Náisiúnta an Chroí Ró-Naofa Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua, Sionainn.<br>• Bunscoil Bhríde, Luimneach<br>• Bunscoil Naomh Muire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí.<br>• Scoil San Cleimint, Luimneach<br>• Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois. | • Scoil Náisiúnta Bhríde – Tuarascáil Mhionsonraithe Chéim 1 curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus tá sé beartaithe an tionscadal seo a chur i gcrích mar chuid de Chlár Píolótach Modúlach Adhmaid na Roinne anois. Oibreacha le tosú in 2024<br>• Bunscoil Naomh Muire, Luimneach - Cuireadh Tuarascáil Mhionsraithe Chéim 1 isteach agus faomhadh é in 2023. Oibreacha ag dul ar aghaidh ar thuarascáil Céim 2a<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí - Cuireadh Tuarascáil Mhionsonraithe Chéim 1 isteach agus faomhadh é in 2023.<br>• Gaelscoil Uí Choimín - Foireann Dearaidh ceaptha agus tuairisc mhionsonraithe chéim 1 curtha isteach. D'iarr an Roinn Comhshaoil leasuithe a dhéanamh ar an dearadh.<br>• Coláiste San Cleimint – Ag feitheamh ar Thuarascáil Chéim 1 a bheith faofa ag an Roinn Oideachais.<br>• Scoil Chuimsitheach Phádraig, an tSionainn - Forbairt dearaidh ar siúl faoi láthair agus tuarascáil chéim 1 curtha isteach, ionchur agus soiléiriú breise ón Roinn Chomhshaoil ar mhéid na n-oibreacha le déanamh. |
| | In 2023, oibreoidh Obair don Aos Óg i gcomhpháirtíocht i raon leathan fóram laistigh agus lasmuigh den réigiún chun:<br>• ábhar a chur leis an bhforbairt beartais a bhaineann le hobair don aos óg agus réimsí gaolmhara.<br>• luach agus infheictheacht oibre don aos óg mar idirghníomhaíocht do gach duine óg a chur i dtábhacht.<br>• a chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach idir gach eagraíocht atá ag obair le daoine óga sa réigiún. | Páirt a ghlacadh i struchtúir BOOÉ – Líonra Obair Óige agus comhairliúcháin ad hoc agus cruinnithe a eagraíonn an RLCMLÓ.<br><br>Rannpháirtíocht ar raon coistí, bord, grúpaí comhairliúcháin, e.g. Fóram Drugaí agus Alcóil, Coistí Athghiniúna, Comhairle na nÓg, Cleachtais Aisiríocha, Comhordú Soláthar an tSamhraidh, CSLDÓ, Struchtúir phobail áitiúla agus líonraí tacaíochta eile. |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá baint ag BOO leis na tionscadail chomhoibritheacha seo a leanas:<br>• Fóraim Réigiúnacha Scileanna an Iarthair Láir.<br>• Cathaoirleacht ar Chathair Fhoghlama Luimnigh EOECNA.<br>• Cathaoirleacht ar Ghrúpa Oideachais agus Oiliúna Scannánaíochta an Iarthair Láir.<br>• Comhchathaoirleacht ar Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Iarthair Láir.<br>• Ballraíocht sa Chomhlachas Tráchtála.<br>• Ballraíocht sna cnuasaigh Thionscail seo a leanas:<br>• Teicneolaíocht Faisnéise<br>• Lóistíocht<br>• Eitlíocht<br>• Comhpháirtíocht Bia<br>• Innealtóireacht a Fhiosrú | Lean an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (STRF) ar aghaidh leis an bplé le raon leathan páirtithe leasmhara, chun béim a leagan ar ról straitéiseach an BOO i ndáil le forbairt scileanna sa Iarthar Láir.<br><br>Faoi **Scileanna Glasa a fhorbairt:**<br>• tá an STRF ar. **Shainghrúpa Comhairleach ar Scileanna Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta** na Roinne Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), agus Riachtanais Lucht Saothair agus déanann sé comhchathaoirleacht ar Bhraisle Oideachais agus Oiliúna In-athnuaite an Iarthair Láir.<br>• **Cláir Inbhuanaitheachta SOLAS:** D'fhorbair comhghleacaithe de chuid SOLAS agus Rannpháirtíocht Fiontraíochta sraith de chláir Inbhuanaitheachta Comhshaoil san ionad oibre DCCÉ Leibhéal 4 agus 5. Go sonrach, tá sé mar aidhm ag raon micreacháilíochtaí feasacht a threisiú ar na saincheisteanna inbhuanaitheachta comhshaoil a théann i bhfeidhm ar fhostóirí agus ar fhostaithe agus na scileanna a thabhairt dóibh chun cur go dearfach le hinbhuanaitheacht san ionad oibre.<br>• **Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Iarthair Láir:** Déanann Rannpháirtíocht Fiontair comhchathaoirleacht ar an líonra seo, agus mar thoradh ar seo bhí cruinnithe le toscaireacht ón Iorua ann in 2023, ina measc bhí ambasadóir na hIorua ag Institiúid Bernal ag Ollscoil Luimnigh. An aidhm atá ann ná píblíne leanúnach d'oibrithe le cáilíochtaí gairmscileanna a fhorbairt chun Port na Sionainne agus Fhainge, agus tionscadail fuinnimh gaoithe a bhaineann leis a fhorbairt;<br>• Bunaíodh **Grúpa Forbartha míosúil de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontraíochta (STRF) ar son Chláir Scileanna Glasa** chun cláir nua a aithint, amhail micreacháilíocht Scileanna Chun Cinn san Fheirmeoireacht Éisc, Scileanna chun a bheith Saor ó Charbón, próifíl fostaí á fhorbairt, etc. |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | I measc tionscnaimh eile in 2023, de réir mar a leanann an tIarthar Láir ar aghaidh ag forbairt earnáil Bithchógaisíochta MedTech, bhí an STRF mar chuid de thionscadal comhairleach réigiúnach arna reáchtáil ag gnólacht comhairliúcháin de chuid an RA Urban Foresight chun staidéar féidearthachta a fhorbairt agus bearnaí a aithint sna heolaíochtaí beatha réigiúnacha/san éiceachóras bithchógaisíochta.<br><br>Trí líonrú a dhéanamh le Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair Láir, GFT, na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, FBManna, etc., forbraíodh idirghabhálacha faoi Scileanna le Dul Chun Cinn (SDDC) agus soláthar eile. Ag obair go dlúth le fiontair bheaga agus mheánmhéide, cabhraíonn Scileanna le Dul Chun Cinn le fostóirí riachtanais scileanna a aithint agus infheistíocht a dhéanamh ina lucht saothair trí oideachas agus oiliúint fóirdheonaithe a chuir ar fáil don fhoireann. Le measúnuithe riachtanas oiliúna sa tionscal, aithníodh bearnaí scileanna a d'fhéadfadh a bheith ann i ngnólachtaí éagsúla, agus mar thoradh air seo cuireadh cúrsaí nua ar fáil, i.e. Inbhuanaitheacht Comhshaoil san Ionad Oibre, Bainistíocht, turasóireacht agus Scéimh, etc. Le linn 2023, d'aistrigh FSGF Co. an Chláir go soláthar modúlach iomlán agus cuireann siad roghanna ábhar aonair ar fáil a bhféadfadh foghlaimeoirí teastas iomlán a bhaint amach iontu dá bharr. |
| 4.3 Leanúint ar aghaidh ag cur le comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun dea-chleachtas a chomhroinnt agus ár bpróifíl mar phríomhsholáthraí | Tá caidrimh láidre forbartha ag an BOO le hInstitiúidí Ardoideachais sa réigiún, agus cuireann na caidrimh sin comhoibriú, nuálaíocht chun cinn agus cinntíonn siad conairí dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais. I measc na gcomhaontuithe atá i bhfeidhm, tá:<br>• Meabhrán Tuisceana le OL, Coláiste Mhuire gan Smál | I mí an Mheithimh 2023, shínigh Ollscoil Luimnigh agus Bord an BOO MT nua chun oibriú go dlúth le chéile thar raon leathan réimsí lena n-áirítear foghlaim a bhaineann leis an bpobal. Forbraíodh an MT mar fhreagra ar an bPlean Straitéiseach UL@50, ar Ráiteas Straitéise an BOO 2022-2026 agus ar Bheartas Eolaíochta an Chórais Threasaigh Aontaithe de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.<br><br>I mí Mheán Fómhair 2023, shínigh Coláiste Mhuire gan Smál (CMS) agus an BOO comhaontú nua freisin chun tacú le foghlaim phobalbhunaithe |

| | | |
|---|---|---|
| oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur chun cinn. | • Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne:Lár Tíre.<br>• Meabhrán Tuisceana le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo.<br><br>In 2023, tabharfaidh an Coláiste BrOO faoi thionscadail **soghluaisteachta foghlama Erasmus+** faoi Phríomhghníomhaíocht 1 an chláir, chun tacú le heagraíochtaí deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí, oiliúnóirí na foirne agus do bhaill oideachais eile den fhoireann.<br><br>Leanfaimid orainn ag **comhroinnt dea-chleachtais ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta** trí chomhdhálacha, oiliúint agus páipéir a roinnfear le soláthraithe oideachais. | ar fud an Iarthair Láir. Bunaithe ar sheanchomhpháirtíocht tairbheach, sainaithnítear sa Mheabhrán Tuisceana (MT) nua roinnt leasanna frithpháirteacha, lena n-áirítear comhoibriú ar chomhdhearadh agus ar chomhsheoladh clár nua agus ar chláir reatha; deiseanna feabhsaithe chun dul chun cinn i dtreo cúrsaí Ardoideachais ó sholáthar Breisoideachais & Oiliúna; agus comhoibriú ar fhorbairt nua áiseanna comhlonnaithe i Luimneach agus sa Chlár le comhtháthú níos dlúithe maidir le réadmhaoin agus cuspóirí straitéiseacha don réigiún.<br><br>In 2023, cuireadh dlús lenár gClár Soghluaisteachta Foirne Erasmus Plus, rud a chuir deiseanna ar fáil don fhoireann páirt a ghlacadh i dturais soghluaisteachta trínár dTionscadail Creidiúnaithe GOO agus Oideachas Aosach agus ár dTionscadal Comhtháthaithe Teanga, Litearthachta agus Uimhearthachta. Bhain 36 ball foirne san iomlán leas as an eispéireas idirnáisiúnta seo, lena n-áirítear freastal ar chomhdhálacha agus ceardlanna a bhí dírithe ar a bhforbairt ghairmiúil a fheabhsú. |
| 4.4 Leanúint orainn tionscnaimh a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais beartais náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. | Ó thaobh FCT, ceanglaítear orainn inár bplean Gnímh páirt straitéiseach agus ghníomhach a ghlacadh i líonraí bunaithe ar phríomhchuspóirí straitéiseacha ár Straitéise BrOO agus an plean gnímh seo lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:<br><br>• SMART Grúpa Oibre ar ionchuimsiú digiteach i Luimneach (faoi ionchuimsiú digiteach). | Ag obair i gcomhar le hOifigeach Forbartha Teicneolaíochta Foghlama an BOO, rinne Líonra Oideachais Pobail Luimnigh iarratas rathúil ar mhaoiniú faoin straitéis 'ALL' le haghaidh tionscadal ionchuimsithe pobalbhunaithe maidir le litearthacht dhigiteach. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal a chinntiú go bhfuil an bonneagar TF bunúsach atá riachtanach ag na hionaid phobail agus go bhfuil na bunscileanna atá ag teastáil chun tacú le litearthacht dhigiteach i measc foghlaimeoirí ina n-ionaid ag na daoine atá ag obair sna hionaid sin. Tá an chéad ghníomh tugtha chun críche, is é sin le rá iniúchadh ar bhonneagar TF/digiteach agus plean feabhsúcháin in ionaid phobail ina bhfuil baill LOPL (Líonra Oideachais Pobail Luimnigh) acu. Áirítear ar ghníomhaíochtaí leantacha |

| | | |
|---|---|---|
| | • Fóram Teagaisc agus Foghlama (Suaitheantais Dhigiteacha, AOO/Creative Commons etc.).<br>• ILTA (Teicneolaíocht Foghlama/Taighde FCT).<br>• BOOÉ (Líonra FCT, Líonra sraithe Foghlama Cumaisc).<br>Líonra Comhordaitheoirí FCT (Comhroinnt acmhainní, beartas, treoirlínte, nósanna imeachta etc.).<br>Seoladh **Scileanna chun dul in Iomaíocht** mar thionscnamh chun déileáil leis an athrú struchtúrtha a tháinig ar an margadh saothar mar thoradh ar an bpaindéim. Beidh sé ina rogha príomhshrutha acu siúd atá ag iarraidh uasoiliúint a fháil chun obair inmharthana a aimsiú. Mar chuid de seo, díreofar ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach i gcomhréir le gealltanais Chonairí chun Oibre Breisoideachais agus Oiliúna.<br><br>Tairgfidh Ionad nua NZEB agus Barrfheabhais Iarfheistithe i mBaile an Róistigh de chuid an BOO oiliúint do thart ar 1,500 foghlaimeoir gach bliain agus beidh sé mar chuid d'fhorbairt níos leithne ar Champas Nuálaíochta Glaise. Cuirfidh an lárionad seo go suntasach leis **na tosaíochtaí beartais náisiúnta i dtaca le Tithíocht do Chách** lena n-áirítear tógáil tithe, iarfheistiú tithe, agus laghdú carbóin.<br><br>Leagann an **Straitéis Litearthachta Aosach don Saol (ALL)**, a sheol an rialtas i mí Mheán | in 2024 measúnú agus clár forbartha ar riachtanais inniúlachta dhigiteacha foirne pobail.<br><br>In 2023, bunaíodh Grúpa Forbartha na gClár Scileanna Glasa STRF a bhuaileann le chéile go míosúil chun cláir nua a aithint ar nós micreacháilíochta i bhFeirmeoireacht Scileanna le Dul Chun Cinn, scileanna le haghaidh 'Carbón Nialasach,' próifíl fostaithe i bhforbairt, etc.<br><br>Cuireadh an chéad leagan de Chúrsa Feasachta Bunúsacha NZEB ar fáil d'fhoghlaimeoirí i mí Aibreáin 2023 ag NZEB agus Ionad Barrfheabhais Iarfheistithe i mBaile an Róistigh. Ar an gclár lánmhaoinithe lá amháin seo, aimsíonn rannpháirtithe prionsabail agus cleachtais Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de (NZEB) agus cíorann siad prionsabail NZEB, fisic, fabraic agus seirbhísí foirgnimh fuinneamh in-athnuaite, fótavoltacha, méadair chliste agus go leor eile. Bronnadh creidiúnú Feasachta Bunúsaí Foirgnimh atá nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de NZEB (City & Guilds Assured) ar na rannpháirtithe nuair a bhí siad críochnaithe.<br><br>Ag tabhairt aghaidh ar riachtanais scileanna an aistrithe ghlais ag leibhéal réigiúnach/áitiúil, tá an tIonad Barr Feabhais Gairme (IBFE) mar chuid 'd'éiceachóras scileanna' leathnaithe, áit a bhfuil soláthar scileanna bunaithe ar chomhpháirtíocht chomhoibritheach le tionscal, cumainn trádála, gníomhaireachtaí rialtais agus institiúidí taighde. In 2023, chuir an Coláiste BrOO líon mór cúrsaí ar fáil ón áis nua seo.<br>(Ar lean) |

| | | |
|---|---|---|
| | Fómhair 2021, amach cur chuige uaillmhianach tras-Rialtais agus tras-Sochaí 10 mbliana chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais litearthachta nach bhfuiltear ag freastal orthu. Tá ról riachtanach ag BOOnna maidir leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Beidh Comhordaitheoirí Réigiúnacha Litearthachta acu a spreagfaidh comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla trí Chomhghuaillíocht Réigiúnach Litearthachta agus cuirfidh sé Plean Gnímh Litearthachta le chéile a chuirfidh le hoifig náisiúnta cláir ALL nua.<br><br>Beidh riachtanas ann mar chuid den leathnú seo, tacaíocht Béarla a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin. | |
| | Ar iarratas ón Roinn Oideachais, is ball é an BOO den Ghrúpa Stiúrtha don Chlár Náisiúnta Pathfinder do Scoileanna in éineacht leis an Roinn agus an ÚFIÉ. Tá raon de bhearta iarfheistithe fuinnimh á gcur i bhfeidhm i scoileanna roghnaithe ar fud na tíre faoin gclár seo agus í an aidhm ná straitéis a fhorbairt chun an clár seo a leathadh amach do gach scoil faoi 2040, faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta. | Leanann an BOO de thacaíocht soláthair a chur ar fáil don Chlár Náisiúnta 'Pathfinder' 2023/24 atá cistithe go comhpháirteach, le spriocbhuiséad €35 milliún ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus arna riar ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ A) agus an Roinn Oideachais. |
| 4.5 Leanúint ar aghaidh ag neartú nasc le fiontar chun deiseanna dár mic léinn/foghlaimeoirí a uasmhéadú, agus cabhrú le forbairt an | Beidh uasoiliúint ag gach tráth den saol agus den ghairm ag teastáil ó shaol na hoibre sa todhchaí agus ó luas géar na n-athruithe eacnamaíochta agus sóisialta. Tá teagmháil le fostóirí agus le tionscal ar fud an BOO éifeachtach agus comhleanúnach. Tá | Is iomaí cineál gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le fostóirí atá ann, ó chruinnithe straitéiseacha ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil, comhairliúcháin, cuairteanna suímh, ionchar i bhforbairt an churaclaim, etc. Is é an sprioc dheiridh ná ábharthacht ár soláthair BrOO a chur chun cinn agus a fheabhsú, agus freagairt le solúbthacht do riachtanais scileanna an tionscail áitiúil. Forbraíonn an Campas Coláiste BrOO naisc |

| | | |
|---|---|---|
| éiceachórais scileanna do réigiún an Iarthair Láir. | ionadaíocht ag an BOO ar roinnt cnuasach Tionscail laistigh den réigiún rud a chabhraíonn linn idirphlé a dhéanamh agus freastal go tapa ar riachtanais scileanna. I measc na **gcnuasach tionscail reatha** tá Lóistíocht; TF; Scannánaíocht; Déantúsaíocht; Innealtóireacht.<br><br>Leanfar le **ról ceannaireachta an BOO i dtaca le teagmháil le tionscal** sna trí bliana atá le teacht, is leanfaidh sé air ag méadú an rogha Scileanna chun Dul Chun Cinn atá aige, agus ag cur lena chumas roghanna solúbtha ar líne agus cumaisc solúbtha a fhorbairt.<br><br>Beidh an **t-infreastruchtúr teagmhála le fiontar** a chuir BOO le chéile, ina acmhainn thábhachtach agus cuirfear leis seo trí uirlis Bainistíochta Caidrimh Custaiméara (BCC) earnála a úsáid chun an ghníomhaíocht seo a bhainistiú go straitéiseach. Méadóidh an BOO ar na deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna atá ann do ghnóthais bheaga agus do ghnóthais mheánmhéide sa réigiún trí chur chuige straitéiseach spriocdhírithe a úsáid i dtaobh teagmhála le fiontar. Cinnteoidh meascán de chúrsaí gearra agus cúrsaí meánacha go mbeidh raon de dheiseanna uasoiliúna ar fáil d'fhostóirí, agus cuirfidh sé le buntáistí ar fáil d'fhostaithe sa mhargadh fostaíochta. Leanfaidh an BOO air ag úsáid a chur chuige straitéiseach fógraíochta chun feasacht a spreagadh i measc fostóirí agus fostaithe maidir le conas is féidir le Scileanna le | láidre go háitiúil freisin le gnóthaí agus le heagraíochtaí reachtúla agus deonacha ar nós na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS), FSS, agus eagraíochtaí Infhostaitheachta, Líonraí Foghlama Cuideachtaí Forbartha Áitiúla chun na riachtanais scileanna éagsúla i Luimneach agus sa Chlár a aithint agus freagairt dóibh agus chun deiseanna a chruthú do shocrúcháin oibre agus d'fhoghlaimeoirí BrOO fostaíochta.<br><br>D'fhostaigh campais éagsúla sa Choláiste BrOO saineolaithe tionscail trí mhaidineacha Fiontraíochta agus eagraíodh léachtaí nó ceardlanna d'fhoghlaimeoirí. Mar shampla, i mí na Bealtaine 2023, bhain foghlaimeoirí agus baill foirne ó Champas Acadamh Óige Mhaigh Rois taitneamh as turas timpeall ar shuíomh an Cheoldráma i gCathair Luimnigh, a d'óstáil Limerick Regeneration agus ag an ngrúpa SISK. As seo amach, cuirfear socrúcháin oibre ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Is deis an-mhaith í seo chun comhpháirtíocht a chruthú le fostóir eile i dTionscal na Tógála.<br><br>In 2023, bhí Campas Fáilteachais an Choláiste BrOO ar an chéad champas BOO le bheith ina bhall ceadaithe de Chumann Eorpach na Scoileanna Óstáin agus Turasóireachta. Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud na hEorpa.<br><br>In 2023, lean an Coláiste BrOO ag cur lena fhócas ar fhorbairt roghanna printíseachta agus oiliúnaithe nua ar a champais sa tSionainn agus sa Ráithín, ag teacht leis an straitéis náisiúnta.<br><br>I measc na bpríomhfhorbairtí a rinneadh:<br>• Maidir le Printíseachtaí Trádála, bhí sceideal iomlán de phrintíseacht Cheardaíochta Céim 2 sceidealaithe do Champas na Sionainne in 2023. Bhí forálacha práinne i bhfeidhm fós ar chúrsaí Pluiméireachta agus Leictreachais. Moltaí maidir le ceardlanna |

| | | |
|---|---|---|
| | Dul Chun Cinn cabhrú le dúshláin eacnamaíochta.<br>Tá an Coláiste BrOO ag iarraidh cur lena ról mar acmhainn d'fhiontar, tá sé chun uasoiliúint a mhéadú i réimsí ar nós bainistíochta, cúrsaí Barainne, inbhuanaitheacht agus scileanna digiteacha is beidh géarú suntasach ar sholáthar **Scileanna le Dul Chun Cinn**.<br><br>I roinnt de na príomhréimsí a bheidh mar chuid d'**fhorbairt scileanna** pléifear úsáid cúrsaí micridhintiúir agus bealaí le cur le samhlacha nua inbhuanaitheacht. Beidh roghanna nua scileanna nuálacha ann mar fhreagra ar riachtanais scileanna atá ag méadú, lena n-áirítear i réimsí na hidreacarbón, oiliúint ar Obair Ilchodach, Suiteáil agus Cothabháil Grianphainéal, soláthar Uathoibrithe Tionsclaíoch chomh maith le Cúrsa Oiliúna Máistreachta ar Bháid Oibre chun freastal ar riachtanais na dtionscadal inathnuaite atá beartaithe d'Inbhear na Sionainne.<br>Príomhthosaíocht eile atá againn is ea rannpháirtíocht ban i mBreisoideachas agus Oiliúint a mhéadú, e.g. Códú do Mhná i bhfianaise an ghá atá ann do níos mó mná in ETIM agus i róil chódaithe i dtionscal.<br><br>Ó thaobh **printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna de,** tá an BOO tiomanta go mór do phrintíseachtaí ceardaíochta agus 2016+. Méadóidh an Coláiste BrOO soláthar an BOO i dtaca le printíseachtaí, lena n-áirítear soláthar ceardaíochta go háirithe | breise le haghaidh Pluiméireachta, Leictreachais, Cearpantóireachta agus Siúinéireachta á mbreithniú freisin.<br>• Tá conradh eisithe chun 5 Cheardlann Leictreachais nua a thógáil ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg;<br>• •Foilsíodh tairiscint chun Ceardlann Phluiméireachta nua a fhorbairt ar Champas na Sionainne in 2024.<br>• I mí Dheireadh Fómhair 2023, thosaigh Campas na hInse ag cur printíseacht Díolacháin ar fáil i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL). Rinne an STRF naisc freisin le FBManna agus Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CIN) chun tacú leis an bhforbairt seo.<br>• I gCampas na Sionainne, tháinig méadú ar an éileamh ar Phrintísigh Aerárthaigh agus glacadh suas go 70 a glacadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise air in 2024 suas go 90.<br>• Tá faomhadh faighte ag an BOO ón Oifig Náisiúnta Printíseachta chun dhá chlár printíseachta nua a fhorbairt, an Phrintíseacht Náisiúnta Teiripe Scéimhe agus an Phrintíseacht Náisiúnta Bearbóireachta.<br>• Printíseacht Náisiúnta Gruagaireachta: Leanann an BOO ar aghaidh ag cur oiliúint phrintíseachta den láthair oibre ar fáil don Phrintíseacht Náisiúnta Gruagaireachta i dtrí ionad éagsúla ar fud Choláiste BrOO. In 2023, tharla forbairtí tábhachtacha sa phrintíseacht náisiúnta gruagaireachta (PNG). In PNG, tá ról lárnach ag teicneolaíocht cláir maidir le próisis ARF a chumasú dóibh siúd atá ag obair sa tionscal agus chun tacú leo. Tá DC agus PNG i gceannas an phróisis ARF, a oibríonn le STFCT chun a chinntiú go n-úsáideann próisis teicneolaíocht go saoráideach le haghaidh ARF. Ligeann HairApp (suíomh Moodle PNG) d'iarratasóirí ARF tabhairt faoi roinnt próisis dhifriúla chun deimhniú a bhaint amach. Soláthraíonn an cosán uasiontrála bonn eolais, tástáil teoirice agus cúrsa traschóirithe a thacaíonn le hiontráil dhíreach i gcéim 2 den phrintíseacht ghruagaireachta. Tá aitheantas d'fhoghlaim |

| | | |
|---|---|---|
| | speisialú i gcúrsaí leictreoireachta, agus cuirfidh sé go mór lena bprintíseachtaí nua, i ngruagaireacht, teiripe scéimhe agus bearbóireacht go háirithe.<br><br>Ó thaobh ceardaíochta de, cuireann BOO oiliúint ar fáil do phrintísigh i leictreoireacht; cearpantóireacht agus siúinéireacht; pluiméireacht; mótarmheicneoireacht; déantúsaíocht miotail; bríce agus cloch; Meicneoireacht Chothabhála Uathghluaisneach Mheicniúil; uirliseoireacht; déantúsaíocht adhmaid Ionstraimíocht leictreach agus Meicníocht Aerárthaí. Cuireann an BOO oiliúint ar fáil sa phrintíseacht aerchóirithe agus cuisniúcháin, lena n-áirítear gnéithe aonair agus comhpháirteanna le haghaidh conairí, amhail in ábhar F-Gháis. Tá an t-éileamh an-ard sna réimsí seo, agus tá fianaise go bhfuil torthaí maithe ann d’fhoghlaimeoirí agus d’fhostóirí. Tá tuilleadh acmhainneachta curtha ar fáil ag an BOO i Leictreachas chun cabhrú leis an riaráiste atá in oiliúint a ghlanadh ós rud é gur aontaigh sé le trí ghrúpa ranganna leictreachais a thógáil in aghaidh na bliana agus ar an gcaoi sin, an soláthar a mhéadú faoi 50%.<br><br>Tá sé mar ardaidhm ag BOO cláir nua phrintíseachta a fhorbairt thar thréimhse an chomhaontaithe seo agus rannpháirtíocht bhan a mhéadú go háirithe. | dheimhnithe (AFD) ar fáil d’iarratasóirí a bhain leibhéal 5 nó cáilíocht choibhéiseach amach roimhe seo. Tá iarratasóirí ar Aitheantas Réamhfhoghlama ó Thaithí (ARFT) cláraithe a bhfuil taithí oiriúnach tionscail bainte amach acu cheana féin.<br>**Cúrsaí Oiliúna**<br>• Teicneoir Cothabhála Aerárthaí: In 2023, bhí éileamh níos mó ar theicneoirí cothabhála aerárthach ón earnáil aerárthaigh agus cuireadh cúrsaí breise ar fáil i mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá 5 chúrsa oiliúna ag Campas na Sionainne curtha ar fáil maidir le cothabháil aerárthach in eagraíochtaí cothabhála áitiúla, i.e. Atlantic Aviation Group agus PAM. Tá sé beartaithe le dul i mbun earcaíochta le haghaidh trí chúrsa breise in 2024. I ndiaidh na tréimhse oiliúna a chríochnú go rathúil, faigheann foghlaimeoirí a gceadúnas CAT A ón IAA agus tairgtear conarthaí fostaíochta dóibh ón gcuideachta óstaí.<br>• Chuir Campas na Sionainne cúrsa oiliúna ar spraephéinteáil aerárthaigh ar fáil freisin i gcomhar le Cótaí Idirnáisiúnta Aeraspáis (CIA). Is cúrsa deimhnithe CNG City and Guilds Leibhéal 3 é agus déantar na measúnuithe trí agallamh gairmiúil. Ag ócáid bronnta teastas ag an IAC le déanaí, luadh go bhfuil breis is leath na gceannairí foirne ar an urlár táirgthe tar éis teacht tríd an Oiliúint Péinteála Sprae Aerárthaí<br>• Tá éileamh breise ar an gCúrsa Oiliúna in Uathoibriú Próiseas Róbat i gCampas na Sionainne. Tá an t-éileamh seo ag teacht ó FSS agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air seo cuireadh cúrsaí breise leis an bhféilire.<br>• I gCampas an Ospidéil, chríochnaigh an chéad ghrúpa oiliúnaithe ar Mhótartheicneolaíocht a gcúrsa i mí Iúil 2023. Chuaigh daoine a chríochnaigh an cúrsa oiliúna nua seo ar aghaidh le tabhairt faoi phrintíseacht Mhótarmheicneoireachta nó faoi chéimeanna innealtóireachta in OTS agus 3 acu fós i bhfostaíocht. Chuir an cúrsa seo na scileanna a bhaineann go sonrach leis an bpost, lena n-áirítear gnáthaimh dhiagnóiseacha, chothabhála agus shuiteála ar |

| | | |
|---|---|---|
| | (Ar lean) | chomhpháirteanna leictreonacha agus meicniúla a úsáidtear i dtionscal na mótartheicneolaíochta sa lá atá inniu ann.<br>• I gCampas Seanghualann cuireadh Cúrsa Oiliúna Scileanna Fostaíochta Leibhéal 4 nua ar fáil i gcomhpháirtíocht le Campas an Ráithín. In 2023, bhain gach foghlaimeoir creidiúnú amach agus bhí deiseanna taithí oibre acu, a thacaigh leo a mBéarla a chleachtadh i bhfíorshuíomh oibre.<br>• Is ionad barr feabhais in oiliúint a bhaineann le cúrsaí muirí an Cúrsa Ard-Oiliúna Bád Oibre ag Campas Chill Rois. Arna fhorbairt le tacaíocht ó chomhpháirtithe tionscail, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn. Tá sé deartha bunaithe ar na scileanna agus an deimhniú a theastaíonn chun a bheith ag obair ar bord raon leathan soithí a oibríonn timpeall ar chósta na hÉireann. |
| 4.6 Leanúint de neartú agus de chothú nasc le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear líonrú le BOOnna eile agus institiúidí tríú leibhéal, i dtaca le seirbhísí poiblí a chur ar fáil ar fud an réigiúin chun foghlaim agus aistrithe a chur chun cinn agus chun tacú leo. | Leanfaidh an Coláiste BrOO ag úsáid na hacmhainneachta atá cruthaithe i ndearbhú cáilíochta chun forbairt cláir/curaclaim shofhreagrúil a spreagadh i gcomhar le tionscal agus le BOOnna eile. | In 2023, lean an Coláiste BrOO ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis an tionscal i ngach earnáil. D’oibrigh Oifigigh Faisnéise agus treoirchomhairleoirí i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair agus leis an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach, chun pacáistí faisnéise saincheaptha a sholáthar do chomhpháirtithe tionscail. Chinntigh na tionscnaimh seo go raibh faisnéis cothrom le dáta agus ábhartha ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le gach bealach agus deis BrOO atá ar fáil. |

**Aguisín 2**
**Soláthar agus Seirbhísí**

**SCOILEANNA**

**Scoileanna Náisiúnta Pobail**
Scoil Náisiúnta Pobail Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir (ina bhfuil Seomra Ranga Satailíte Ghleann Rua, Gleann Rua, Co. Luimnigh)
Scoile Náisiúnta Pobail Choill an Ráithín, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

**Coláistí Pobail**
Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Íde agus Iósaif, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Coláiste Iósaif, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh
Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh
Coláiste Dheasumhan/Gaelcholáiste Uí Chonbá, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse/Gaelcholáiste an Chláir, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir
Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach
Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach

**Scoileanna Pobail**
Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh
Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir
Pobalscoil Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir
Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

**FEIDHM OIBRE DON AOS ÓG**
Seirbhísí do Chathair agus Contae Luimnigh
  An Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
  Seirbhísí do Chontae an Chláir
  Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Bóthar an Stáisiúin, Inis, Co. an Chláir

**COLÁISTE BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**
Campas Mhainistir na Féile, Mountmahon, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Campas na Ceapaí Móire, An Drom Salach, An Cheapach Mhór, Co. Luimnigh
Campas Chromadh, An tSráid Ard, Cromadh, Co. Luimnigh
An Campas Orgánach/An tIonad Glas, An Cheathrú Ard Thiar, Droim Collachair, Co. Luimnigh
Campas na hInse, Páirc Ghnó Chluain Ráda, Cluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Campas Inis Díomáin, Sráid an Teampaill, Inis Díomáin, Co. an Chláir

Campas an Ospidéil, An Phríomhshráid, An tOspidéal, Co. Luimnigh
An Campas Fáilteachais, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach
Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Bóthar an Iarnróid, Co. Luimnigh
Campas Chill Rois, Bóthar Chuar an Chláir, Co. an Chláir
Campas Shráid na Cathrach, Bóthar an Bhaile Aird, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir
Coláiste Breisoideachais Luimnigh Champas Shráid Mulgrave, Sráid Mulgrave, Luimneach
Campas an Chaisleáin Nua, Bóthar an Stáisiún/Bóthar Mhuire, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Campas Ascaill Uí Chonaill, Institiúid Teicneolaíochta, Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
Campas an Ráithín, Ascaill Chloch Céitinn, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach
Campas Glas Nuálaíochta, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach
Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois, The Bays, Bóthar Chnoc an Lisín, Maigh Rois, Luimneach
Campas na Scairbhe, Baile Driú, An Scairbh, Co. an Chláir
Campas Seanghualann, An Phríomhshráid, Seanghualainn, Co. Luimnigh
Campas na Sionainne, Eastáit Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir
Campas Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Sionainn, Co. an Chláir
Campas Thuaim Gréine, Áras Bhriain Bhórú, An Phríomhshráid, Tuaim Gréine, Co. an Chláir
Campas Chrois Theach na Foraire, Bóthar Chill Liaile, Luimneach
Lárionaid Oiliúna Pobail
Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís don Aos Óg Luimnigh
Inis - faoi choimirce Sheirbhís don Aos Óg na hInse

**SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**
Seirbhís Tacaíochta Earcaíochta Faisnéise agus Treorach
Cathair agus Contae Luimnigh - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Contae an Chláir - An Coláiste BrOO, Campas na hInse, Inis, Co. an Chláir
Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair
An Coláiste BrOO, Campas an Ráithín, Luimneach
Seirbhís Tacaíocht um Ionchuimsiú Gníomhach
Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Seirbhís Tacaíochta um Nuáil, Forbairt agus Cáilíocht
Taighde, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta - An Coláiste BrOO, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Dearbhú Cáilíochta - An Coláiste BrOO, Campas na hInse, Inis, Co. an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ALLAMUIGH**
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhoirne, Béal an Chloga, Co. an Chláir
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Chill Fhíonáin, Cill Fhíonáin, Co. an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS CEOIL**
Scoil Cheoil Luimnigh
Glúin an Cheoil Chathair Luimnigh
Glúin an Cheoil Chontae Luimnigh
Glúin an Cheoil an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS PRÍOSÚIN**
Lárionad Oideachais, Príosún Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach

**Aguisín 3**
**Gluais Giorrúchán**

| | |
|---|---|
| TTOA | Tionscnamh Treorach don Oideachas Aosach |
| CTIC | Ciste Tearmainn Imirce agus Comhtháthaithe |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| MRB | Measúnú Rangbhunaithe |
| PF | Príomhfheidhmeannach |
| CP | Coláiste Pobail |
| CTET | Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha |
| CBrO | Coláiste Breisoideachais |
| LGGS | Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána |
| IL | Imlitir |
| SNP | Scoileanna Náisiúnta Pobail |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| POS | Príomh-Oifig Staidrimh |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RGFCS | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| TA | Teagmhálaí Ainmnithe |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ILM | Iarraidh ar Leithdháileadh Maoinithe |
| BrOO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| GGS | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána |
| S&S | Sláinte agus Sábháilteacht |
| MeT | Measúnú Tosaigh |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| FET | Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir |
| CCBSA | Creat Cáilíochta Ag breathnú ar an Scoil Againne |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| CFA | Cuideachta Forbartha Áitiúil |
| PÁEP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| PIS | Plean Ilbhliantúil Soláthair |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| FRSMI | Fóram Réigiúnacha Scileanna an Mheán-Iarthair |
| ANLA | Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| NZEB | Caighdeán Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh |
| IOOA | Ionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh |
| OSR | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| TFE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| FG | Forbairt Ghairmiúil |
| CSF | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta |
| SFGM | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| IA | Iar-Ardteistiméireachta |
| CTCF | Córas Tacaíochta Foghlaimeora Cláir |

| | |
|---|---|
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| CS | Comhaontú Seirbhíse |
| FAB | Foireann ArdBhainistíochta |
| CFS | Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| FS | Féinmheastóireacht Scoile |
| ETIEM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Mata |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, agus Mata |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| AMBCTE | Ag Múineadh Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ARO | Anailís ar Riachtanais Oiliúna |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| TFF | Timpeallacht Fhíorúil Foghlama |
| CG | Coiste Gairmoideachais |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| MSU | Meastóireacht ar an Scoil Uile |